



Is wise
David

ANNE HOLM

Is wise
David

Is wise
David

ANNE HOLM

An chéad chló 1963 mar DAVID le Gyldendal, Cóbanhávan
An chéad chló sa Bhreatain Mhór 1965
Arna aistriú go Béarla © 1965 Methuen & Co Ltd
agus Harcourt, Brace & World Inc
Arna atheisiúint 2000 ag Egmont Children's Book Limited
236 Kensington High Street, Londain W8 6SA

Cóipcheart © Anne Holm 1963

Eagrán CCEA arna fhoilsiú 2013

Léiriú as *I am David* © David Kearney 2000
Arna fhoilsiú ag Egmont UK Ltd
Londain agus baineadh úsáid as le cead

Pádraig de Bléine, ar Léachtóir Sinsearach é
le Roinn na Gaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire
i mBéal Feirste, a d'aistrigh an t-úrscéal seo

A hAon

Luigh David gan corraí as sa dorchadas, agus é ag éisteacht le monabhar íseal na bhfear. Ní raibh ina nglóir an tráthnóna áirithe seo ach callán doiléir i gcéin nach raibh ciall ar bith leis, agus níor thug sé lá airde ar an méid a bhí le rá acu.

‘Caithfidh tú éalú anocht,’ a d’inis an fear dó. ‘Bí i do dhúiseacht le go mbeidh tú réidh go díreach sula n-athrófar an garda. Nuair a fheicfidh tú mé ag lasadh cipín, gearrfar an sruth aibhléise agus tig leat dreapadh thar an tsreang dheilgneach – beidh leathbhomaite agat, gan aon soicind níos mó.’

Istigh ina intinn féin chonaic David arís eile an seomra liath folamh a raibh eolas maith aige air. Chonaic sé an fear agus mhothaigh sé, áit éigin i log an ghoile, an fuath a bhí aige air gach uair a d’fheicfeadh sé é. Bhí dath geal ar shúile an fhir, agus iad beag, déistineach, gan athrú ar bith ag teacht ar a ndreach,

bhí a aghaidh gránna agus ramhar. Bhí aithne ag David air lena bheo, cé nár labhair sé leis ach nuair ab éigean dó a chuid ceisteanna a fhreagairt; agus cé go raibh a ainm ar eolas aige lena chuimhne, níor thug sé ach ‘an fear’ air nuair a labhair sé air nó nuair a smaoinigh sé air. Dá dtabharfadh sé ainm air bheadh sé ag admháil ar dhóigh éigin go raibh aithne aige air; chuirfeadh sé ar comhchéim leis na daoine eile é.

Ach an tráthnóna sin, áfach, labhair sé leis. ‘Agus cad é a tharlóidh mura n-éalóidh mé?’ ar seisean leis.

Chroith an fear a ghuailí. ‘Ní de mo ghnósa é sin. Caithfidh mise an áit seo a fhágáil amárach, agus cibé rud a shocróidh mo chomharba duitse, ní bheidh cead agam baint dó. Ach ní fada go mbeidh tú i do ghasúr mór, agus tá gá lena leithéid de dhaoine atá láidir go leor le bheith ag obair i gcuid mhaith áiteanna.’

Bhí a fhios ag David go maith nach mbeadh na háiteanna eile mórán ní b’fhearr ná an campa ina raibh sé faoi láthair. ‘Agus má éalaím, gan iad ag breith orm, cad é a tharlóidh ina dhiaidh sin?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Go díreach in aice leis an chrann mhór sa mhothar atá ar an bhóthar a théann amach as na mianaigh, tiocfaidh tú ar bhuidéal uisce agus chompás. Lean an compás ó dheas go dtí go mbaineann tú Teasaloinicé amach, agus ansin nuair nach mbeidh duine ar bith ag amharc ort, gabh ar bord loinge agus gabh i bhfolach. Beidh ort fanacht i bhfolach agus an long ar farraige, agus beidh an t-uisce de dhíth ort mar sin. Aimsigh long atá ag dul chun na hIodáile, agus nuair a bhainfidh tú an Iodáil amach, taistil ó thuaidh go dtí go dtiocfaidh

tú go tír darb ainm An Danmhairg – beidh tú slán sábháilte ansin.’

Is beag nár léirigh David an t-iontas a bhí air, ach choinnigh sé smacht air féin, agus gan a chuid mothúchán a léiriú, ní dúirt sé ach, ‘Níl a fhios agam cad é is compás ann.’

Thaispeáin an fear ceann dó, ag insint dó gur sheasaigh na ceithre litreacha do; thuaidh, theas, thoir agus thiar, agus gur dhírigh an tsnatháid a luasc go saor sa treo ceart. ‘Gearrfar an sruth aibhléise ar feadh leathbhomaite agus gearrfar duitse amháin é. Má dhéanann tú iarracht duine ar bith eile a thabhairt leat, tig leatsa a bheith cinnte de nach n-éireoidh le ceachtar agaibh éalú. Anois imigh leat sula gcronófar thú.’ ar seisean fosta.

Ní raibh a fhios ag David cad é a bhuail é le é a rá – níor iarr sé riamh rud ar bith ar an fhear, ar bhealach de bhrí go raibh a fhios aige nárbh fhiú a shaothar, ach go príomha de bhrí nach n-iarrfadh – nuair a bhí fuath agat ar dhuine, níor iarr tú rud ar bith air. Ach d’iarr sé anocht air: nuair a bhain sé an doras amach, d’iompaigh sé ar a sháil, agus é ag breathnú ar an aghaidh ghairgeach sin idir an dá shúil dúirt sé, ‘ba mhaith liom píosa gallúnaí.’

Ar feadh bomaite bhí ciúnas iomlán sa seomra folamh liath sin. Ansin thóg an fear barra gallúnaí a bhí ina luí ar thaobh an bháisín láimhe sa choirnéal gur chaith sé ar an tábla é. Ní dúirt sé ach, ‘Imigh anois.’

Agus bhí David imithe, chomh gasta agus ab fhéidir leis gan é ag cur cuma air féin go raibh sé faoi dheifir.

Bhí monabhar na bhfear ní b'ísle arís anois – caithfidh sé gur thit cuid acu ina gcodladh. Bhí an duine a bhí i ndiaidh teacht chuig an champa ag labhairt go fóill. D'aithin David a ghuth de bhrí nach raibh sé chomh leamh céanna ná chomh díoscánach céanna leis an chuid eile. Nuair a thiteadh an néal ar an duine a bhí i ndiaidh teacht chuig an champa, thagadh tromluí air agus ansin, mhúsclaíodh siad uilig arís. An oíche roimhe, tharla sé seo go díreach sular athraíodh an garda, ach dá nglacadh sé ní b'fhaide air titim ina chodladh tráthnóna, b'fhéidir go mbeadh David ábalta sleamhnú amach sula músclófaí an chuid eile arís.

Ní raibh David cinnte de go fóill cé acu a dhéanfadh sé iarracht nó nach ndéanfadh. Rinne sé iarracht oibriú amach dó féin cén fáth a ndúirt an fear leis é a dhéanamh. Gaiste a bhí ann gan amhras: go díreach agus é ag dreapadh thairis, d'iompófaí an solas cuartaithe go tobann agus bhéarfadh sé air lena gha solais, agus ansin scaoilfeadh siad é. B'fhéidir go mbeadh rud éigin taitneamhach ag dul a tharla amárach agus go raibh an fear ag iarraidh go scaoilfí ar dtús é. Bhí a fhios ag David i gcónaí go raibh fuath ag an fhear air, go díreach an oiread céanna fuatha agus a bhí ag David airsean. Ar an láimh eile, níor tharla rud ar bith taitneamhnach sa champa riamh le cuimhne David, agus bhí seisean dhá bhliain déag d'aois – bhí an méid sin scríofa ar a chárta aitheantais.

Agus ansin, go measartha tobann, shocraigh David go ndéanfadh sé é. Chuaigh sé siar air ina intinn go dtí go raibh mearbhall air agus nár thuig sé cén fáth

ar inis an fear dó éalú. Cuir i gcás gur gaiste a bhí ann agus gur scaoil siad é, bheadh sé uilig thart. Dá scaoilfí thú agus tú ag déanamh iarrachta éalú, bheifeá marbh taobh istigh de bhomaite. Bheifeá, shocraigh David go ndéanfadh sé iarracht.

Ní bheadh mórán ama fágtha anois. Thiocfadh leis iad a chluinstin ag bogadh thart agus á ngléasadh féin thall i seomra na ngardaí, agus thiocfadh leis an garda a chluinstin ag méanfach agus a luas coiscéime ag éirí ní ba mhoille. Ansin, chualathas trup coiscéimeanna nua agus bhrúigh David é féin ní ba chóngaraí arís in éadan an bhalla. Ba é an fear é; lonraíodh an solas beag buí baite i seomra na ngardaí ar feadh bomaite ar a ghaidh agus é ag dul thart leis an fhuinneog. Chuaigh sé a fhad leis an gharda, agus go tobann mhothaigh David fann folamh ar an taobh istigh agus bhí sé cinnte de nach mbeadh ann bogadh nuair a thiocfadh an t-am. Ansin chonaic sé roimhe na laethanta, na míonna agus na blianta i dtoll a chéile nach mbeadh deireadh leo a thiocfadh thart mura mbogfadh sé. Dá bhfanfadh sé, mharófaí sa deireadh é, ach b'fhéidir go nglacfadh sé na blianta fada. Agus d'éireodh sé ní ba mheasa agus ní ba mheasa, i rith an ama: theann David a fhiacra chomh daingean sin ar a chéile gur mhothaigh sé matáin a sceadamáin ag éirí teann fosta. Ansin, las an fear an cipín.

A naoi déag, fiche ... bheadh an leathbhomaite istigh nuair a dhéanfadh sé cuntas mall go tríocha ... chuir David a chos sa bhearna in airde ar an tsreang

dheilgneach ... Cén uair a thiocfadh an solas cuartaithe? Ní thiocfadh leo a bheith cinnte de go dtiocfadh siad air sa dorchadas ... agus mura ndéanfadh siad deifir bheadh sé thar an tsreang.

Bomaite ina dhiaidh sin bhuail sé an talamh ar an taobh eile, agus nuair a bhí sé ag rith dúirt sé go feargach leis féin, 'Nach mór an t-amadán thú? Tá cuid mhaith talaimh le cur díot go fóill – an píosa mór fada sin nach bhfuil oiread agus stocán crainn ann a thiocfadh le duine dul i bhfolach ar a chúl. Fanfaidh siad go dtí go mbeidh an mothar beagnach bainte amach agat ... sílfidh siad gur greannmhaire arís é más rud é go síleann tusa go bhfuil tú beagnach slán sábháilte.'

Cad chuige nach ndearna siad deifir? Bhí an smaoineamh seo ag léim ina intinn agus é ag dúil go lasófaí an talamh os a chomhair amach bomaite ar bith feasta. Ansin stad sé. Ní rithfeadh sé a thuilleadh. Nuair a bhuailfeadh an ga solais é, bheadh siad ábalta é a fheiceáil ag siúl uathu go socair suaimhneach. Ansin ní bhainfeadh siad an oiread céanna suilt as, mhothódh siad gur fheall sé orthu. Mhothaigh David caithréimeach leis féin agus an smaoineamh seo ina intinn.

Nuair a bhí sé beag, ba é an rud ba mhó a thaitníodh leis an lámh in uachtar a fháil orthu, go mór mór ar an fhear. Agus anois gheobhadh sé! Bheadh orthu é a scaoileadh agus iad ag amharc air ag siúl leis go ciúin calma gan lá airde aige orthu!

Bhí David chomh cailte sin ina smaointe faoin lámh

in uachtar a fháil orthu go ndeachaigh sé dúisín slat ní b'fhaide ná an mothar a chosain é ar radharc an champa sular aithin sé nár scaoil duine ar bith urchar leis. Stad sé achar beag ón fhál. Cad é a tharla? D'iompaigh sé, d'aimsigh áit sa mhothar a bhí tanaí go leor go dtiocfadh leis amharc go faillí amach ar na foirgnimh ísle a sheas amach os comhair na spéire dorcha, mar a bheadh smál ní ba dhuibhe arís dorchadais ann. Thiocfadh leis coiscéimeanna an gharda a chluinstin go fann, ach níor tháinig sé ní ba chóngaraí dó agus bhí an chuma air go raibh sé cosúil lena ghnáthshiúl, ach é giota beag ní b'fhaide i gcéin. Ní raibh an chuma ar an scéal go raibh athrú ar bith ann.

Chuir David grainc air féin sa dorchadas agus sheas ar feadh bomaite agus é idir dhá chomhairle: ní thiocfadh leis tarlú ...? Shiúil sé ar aghaidh de shodar, le ciumhais an mhothair i dtreo an chrainn mhóir, agus thosaigh a rith ní ba ghaiste agus é ag teacht i ngar dó, agus nuair a bhain sé an crann amach chuaigh sé de sciúird ar a cheithre boinn agus chuartaigh go díbhirceach lena lámha stoc an chrainn.

Bhí beartán ann. Bhain David a thaca as an chrann agus é ar crith le fuacht, cé nach raibh sé fuar ar chor ar bith. Is é a bhí sa bheartán ná rud éigin a bhí clúdaithe le ceirt a bhí ceangailte le snaidhm. Bhí sé ag útamáil leis an tsnaidhm, ach bhí a mhéara ciotach agus níor éirigh leo í a scaoileadh – agus ansin go tobann rith sé chuige nár chóir dó tabhairt faoin rud a scaoileadh ... Rinne sé iarracht a chuid smaointe a chur le chéile go n-oibreodh sé amach cad é a bheadh ann, ach níor samhlaíodh

dó go mbeadh rud ar bith eile ann ach buama.

Is beag an difear a dhéanfadh sé, a smaoinigh sé agus éadóchas air – urchar nó buama: níorbh fhada go mbeadh sé uilig thart, bealach amháin nó bealach eile. Streachail sé leis an tsnaidhm ar theann a dhíchill, a mhéara ag saothrú leo go ciotach.

Ach ní raibh buama ar bith sa bheartán a bhí clúdaithe le ceirt. Ciarsúr cearnógach a bhí ann agus é ceangailte trasna ar bhuidéal uisce agus chompás, go díreach mar a bhí ráite ag an fhear. Is beag nár éirigh leis bogadh ar leataobh sular tháinig tinneas air.

Ina dhiaidh sin, mhothaigh sé an beartán cearnógach go cúramach lena lámha. Buidéal, compás – bhí rud éigin eile ann. Bhí súile David cleachta leis an dorchadas: bhí bosca cipíní, builín mór aráin agus scian phóca sa bheartán chomh maith.

Mar sin de, bhí sé beartaithe ag an fhear go n-éalódh sé i ndeireadh na dála! Chuirfí buíon chuartaithe amach ar maidin, ach ní roimhe sin. Bheadh an oíche aige, agus bheadh sé ag brath air féin an deis a thapú.

Níor ghlac an rud seo ar fad ach cúpla bomaite, ach mhothaigh David amhail is go ndeachaigh na huaireanta an chloig thart. D'fháisc sé an ghallúnach ina lámh – níor scaoil sé a ghreim uirthi fiú ar feadh bomaite ó fuair sé de chéaduair í. Chuimhnigh sé ar na huaireanta an chloig a chaith sé an tráthnóna sin ina luí ar a leaba clár ag éisteacht le monabhar na bhfear a bhí ag déanamh a gcomhrá lena chéile agus é ag machnamh ar an méid a dúirt an fear. Chuimhnigh sé, fosta, go mbéarfaí air arís luath nó mall; ach ar nós gach

rud eile, ní raibh an chuma air go raibh tábhacht ar bith leis sin anois. Ba chuma faoi gach uile rud eile anois ach a mhála, a shaoirse agus an oíche a bheadh roimhe. Go mall d'ing sé an barra gallúnaí isteach i gcoirnéal an chiarsúir, chuir an buidéal, an t-arán agus an scian phóca ar a bharr, cheangail na coirnéil le chéile, fuair greim daingean ar an tsnaidhm agus d'amharc ar an chompás a bhí ina lámh aige.

Ansin d'imigh sé a chosa in airde.

Nuair a chuimhnigh sé siar ar an am sin ní b'fhaide anonn, níor chuimhnigh sé ar rud ar bith eile faoi na cúig lá a tháinig ina dhiaidh sin ach amháin go raibh sé ag rith agus é i gcónaí ag amharc ar a chompás le bheith cinnte de go raibh sé ag taisteal sa treo ceart. Gach oíche bhíodh sé ag rith, agus bhíodh sé ag rith an oíche ar fad. Tráth dá raibh shleamhlaigh sé isteach i bpoll uisce agus stolp an draoib air agus í á triomú. Ar ócáid eile bhí sé chomh scríobtha sin ag na craobhacha go raibh an fhuil ag púscadh as na scríoba ar chlár a éadain, a lámha agus a chosa. Ní dhéanfadh sé dearmad ar an oíche sin go lá a bháis. Tháinig sé a fhad le mothar sceach agus thaispeáin an tsnáthaid ar an chompás dó gur chóir dul díreach ar aghaidh. Stad sé ar feadh bomaite agus ansin rith sé ar feadh roinnt slat lena chiumhais, ach luasc snáthaid an chompáis ar an toirt. B'fhéidir go dtiocfadh leis teacht ar ais ar a bhealach ní b'fhaide anonn, ach is beag eolas a bhí aige ar chompáis agus ní raibh sé de mhisneach aige é sin a dhéanamh. Agus mar sin de, thug sé rúid tríd

an mhothar, a uillinneacha in airde aige le cosaint a dhéanamh ar a aghaidh. Ghortaigh an chéad chraobh a bhuaile é go mór, mar an gcéanna leis an ghearradh ar a lámh, ach ina dhiaidh sin níor mhothaigh sé rud ar bith agus é ag dul de rúchladh tríothu. Is gnách go mbíodh na hoícheanta an-chiúin ar fad, ach an oíche sin thiocfadh leis éagoin chneadach a chluinstin an t-am ar fad. Níor thuig sé go dtí ní b'fhaide anonn gur as féin a tháinig an fhuaim.

Ritheadh sé an t-am ar fad, in amanna go measartha mall agus mar sin de ghlacadh sé uaireanta fada air achar gairid a chur de, amanna eile ritheadh sé chomh gasta sin gur mhothaigh sé a chroí ag preabadh ina chliabh. Gach maidin luíodh sé síos agus théadh sé a chodladh le heirí na gréine. Ní raibh sé chomh deacair sin dó áit chodlata a aimsiú sa cheantar sin nach raibh mórán daoine ina gcónaí ann. Ní raibh barúil ar bith ag David cén chuma a bhí ar an tuath: ní raibh inti dó ach áit a ritheadh sé tríthi sa lá agus áit a dtéadh sé i bhfolach inti san oíche.

D'fhan dhá eachtra eile ina intinn: ba iad sin na hamanna nuair a tháinig an oiread sin eagla agus uafáis air gur shíl sé go ndeachaigh siad tríd mar a bheadh bior ann. Tharla an chéad eachtra go díreach agus é ag dul ó sholas tráthnóna dá raibh. Mhúscaíl David agus rud éigin te gruagach ag baint dá lámh. Luigh sé gan corraí as, agus é teann le heagla. Ghlac sé roinnt bomaití air sula raibh sé de mhisneach aige a chloigeann a iompú, agus ansin chonaic sé os a chomhair í – caora.

Ach bhí contúirt bainteach léi mar sin féin, dar leis, mar áit a mbíonn caoirigh caithfidh sé go mbíonn daoine ann fosta, agus an oíche sin níor stop David lena anáil a fháil leis arís ar feadh roinnt uaireanta an chloig ina dhiaidh sin.

Go fóill féin bhí sé sásta go leor teacht ar thuilleadh caorach níos moille an oíche chéanna. Bhí David cleachta le hobair chrua agus sásta go leor le beagán bia, agus bhí sé chomh coigilteach agus a thiocfadh leis ar an uisce agus ar an arán, ach i ndiaidh dhá lá iomlána bhí an buidéal folamh agus bhí an t-arán ite. Thiocfadh leis fáil ar aghaidh gan arán ach b' uafásach an scéal é agus íota tarta ort. Sa deireadh is beag nach raibh sé ábalta smaoineamh ar rud ar bith eile seachas uisce. Ach cá háit a bhfaigheadh sé é?

Go díreach ag an bhomaite sin, is beag nár baineadh barrthuisle as ar dhá thréadaí a bhí ina luí ina gcodladh ar an talamh agus iad soiprithe ina bhfallaingeacha. Chaill a chroí, a bhí á bhualadh chomh hard sin an oíche ar fad, chaill sé buille, de dheasca go raibh an oiread sin eagla air. Ach chuir sé stad leis féin go díreach in am: ní dhéanann duine costarnocht trup ar bith agus níor chuala an bheirt fhear a dhath.

Bhí David ar tí céim siar a ghlacadh, go mall agus go faicheallach, nuair a leag sé a shúile, i solas na gealaí, ar bhuicéad a raibh barr air agus ar aibhleoga tine a bhí caite. Bia! Agus áit a raibh bia, gach seans go raibh uisce ann chomh maith!

Ní dheachaigh David ní b'fhaide an oíche sin. Bhí sé ag faire amach go dtí gur éirigh an ghrian, agus é

fada go leor ar shiúl le seans a thabhairt dó féin éalú dá mba ghá leis, agus go fóill féin cóngarach go leor ionas go dtiocfadh leis a bheith ar ais taobh istigh de bhomaite a luaithe a bheadh an bheirt thréadaí imithe as radharc ar maidin. Ní raibh aon amhras ann ach gurbh é seo an áit a mbíodh siad ag campáil ar bhonn rialta, de bhrí gur fhág siad a mbeartáin agus a mbuicéad ina ndiaidh. B'fhéidir go mbeadh siad ar ais roimh i bhfad, ach shocraigh David go mbeadh air dul sa seans leis. Gan bhia, nó go cinnte, gan uisce, níorbh fhada a mhairfeadh sé. Bhí a fhios aige go maith óna thaithí sa champa cad é a tharla nuair a fágadh fear gan uisce.

Tharla go raibh an rud a bhí beagnach ina thubaiste ina rud maith sa deireadh. Bhí cuid anraith sa bhucicéad, agus tháinig sé ar chanta aráin i gceann de na beartáin. Bhris sé an t-arán go neamhrialta, ag fágáil píosa beag ina dhiaidh, agus ansin nuair a líon sé a bhuidéal le hanraith chuir sé an cumhdach ar ais air sular leag sé de arís é lena uillinn. Ní raibh a fhios aige cé acu a d'ith caoraigh arán agus anraith nó nár ith, ach bhí sé ag iarraidh an chuma a chur ar an scéal go raibh siad ann.

I ndiaidh na hoíche sin bhí sé cúramach go leor gur rith sé ní ba réidhe agus gur stop sé ní ba rialta, ach ar feadh tamaill ní ba ghairide, lena anáil a fháil leis arís. Ní thiocfadh leis dul sa seans arís go mbeadh sé chomh tuirseach traochta sin nach bhfeicfeadh sé a a dhath os a chomhair agus go mbeadh sé ag baint barrthuisle as féin sa dorchadas.

* * *

Shleamhnaigh David chun tosaigh go faichilleach ar a bholg. Ba é seo an dara huair a bhí sé cóngarach do bhaile, agus don dara huair bhí an compás á dhíriú i dtreo bóthair mhóir a bheadh le trasnú aige. Ní raibh sé de mhisneach aige gan an rud a bhí sé a léiriú a dhéanamh; bhí sé amhail is go raibh mír éigin den fhear féin ag taisteal ina chuideachta.

Ba chóir dó a fhiafraí de cá fhad a ghlacfadh sé air Teasaloinicé a bhaint amach. Ní raibh fágtha aige ach dhá bholgam anraith agus plaic aráin.

Agus bhí daoine thart. Chiollaigh sé sin nach raibh an oiread sin den oíche fágtha aige - bheadh air fanacht go rachadh siad a luí. D'inis sé dó féin gur chóir go mbeadh a fhios aige ón tús go dtiocfadh sé ar bhailte ó am go ham ... Thug sé air féin a bheith ina luí gan corraí as.

Ach ní raibh codladh air a thuilleadh, agus nuair nach raibh codladh air bhí sé beagnach dodhéanta a bheith ina luí gan corraí as, mar bhí sé doiligh dó gan a bheith ag machnamh ar rudaí – agus bhí a fhios ag David go gcaithfidh sé gan a bheith ag machnamh ar rudaí. D'fhoghlaim sé sin - an t-am sin. Is é an t-aon rud a thiocfadh leat a dhéanamh neamhaird iomlán a dhéanamh de gach rud: thiocfadh leat a bheith ag amharc agus ag éisteacht, ach caithfidh tú gan ligean do na rudaí a chuala tú nó na rudaí a chonaic tú dul isteach i d'intinn. Níor chóir duit ligean do do chuid smaointe trácht fhada a dhéanamh ar rud ar bith ní ba thábhachtaí ná cé acu a bheadh sé ag cur fearthainne nó an mbeadh an aimsir go breá, cé acu a bheadh an

chéad bhéile eile agat roimh i bhfad nó nach mbeadh, nó cá fhad a bheadh sé go n-athrófaí an garda. Agus níor chóir go mbeifeá róthógtha leis na smaointe sin ach oiread – ní raibh ann ach go gcaithfidh tú iad a úsáid le d'intinn a líonadh agus gan ligean do smaointe eile sleamhnú isteach inti.

Ón tráthnóna a d'éalaigh sé, ní raibh na rudaí a bhíodh gafa ina intinn ann níos mó, agus bhí rudaí eile ann ina n-áit. Chuir sé ina intinn é go ndéanfadh sé deifir agus é ag taisteal i rith na hoíche, go stopfadh sé a luaithe a d'éireodh an ghrian ionas go dtiocfadh leis cró maith folaigh a aimsiú sula mbeadh an lá geal ann, go dtabharfadh sé aire mhaith dá bheartán agus nach ligfí i gcathú é plaic sa bhreis a ithe nó braon sa bhreis a ól, go rachadh sé sa treo ceart i gcónaí ionas nach mbogfaí snáthaid an chompáis as áit. Líon na smaointe seo a intinn agus choinnigh siad ábhair eile amach aisti. Ach nuair a bhíodh sé ina luí gan néal air – bhí sé sin contúirteach! Mar sin de thosaigh sé a smaoineamh ar an dóigh ar mhothaigh sé cúpla uair an oíche roimhe – go raibh an talamh a raibh sé ag taisteal air ag athrú, ag éirí ní b'airde agus ní b'ísle ... go gcuirfeadh sléibhte cosc air taisteal ar an bhóthar go Teasaloinicé.

Ná bí ag smaoineamh ar rud ar bith, ná bí ag smaoineamh ar rud ar bith! Dhruid David a dhoirn, ag fáil greim ar thom féir. Níor chóir dó a bheith ag smaoineamh ar chor ar bith, mar dá mba rud é go smaoinodh sé, ní raibh ach rud amháin ann a mbeadh sé ábalta smaoineamh air – nach mbeadh sé ábalta a bheith ag rith níos mó. Cad chuige nár rug siad air

an oíche a chuaigh sé anonn an droichead? Ní raibh snámh aige, mar sin de, ba é an droichead an t-aon bhealach trasna na habhann, agus bhí sé lánchinnte de go mbéarfaí air ansin. Bhí, agus ba é sin an t-aon bhomaite suaimhnis a fuair sé i rith na laethanta agus na n-oícheanta fada – ag dul anonn an droichead sin agus é lánchinnte de go mbéarfaí air.

Ach níor tháinig duine ar bith.

Ní raibh a chosa ceangailte leis níos mó. Nuair ba chuma leis féin cad é a tharlódh, lean a chosa a mbealach féin go neamhspleách, ag éalú leo go callánach, muinéach, ag treorú a choirp le gur choinnigh siad é faoi na scáthanna agus gur sheachain siad constaicí, á stopadh in am, nó á ghríosú nuair a mheas sé gurbh fhéarr leis lúí go mbéarfaí air.

Agus d’iompair a chosa anonn an droichead é.

Theann sé a fhiacla ar a chéile. ‘Teasaloinicé!’ ar seisean de chogar agus dúirt sé an focal arís agus arís eile go dtí go raibh an chosúlacht ar an scéal gur líon sé a intinn. ‘Gabh ó dheas go dtí go mbainfidh tú Teasaloinicé amach. Ná bí ag smaoiniamh ar rud ar bith eile!’

Go díreach ag an bhomaite sin, chuala sé carr ag stopadh ar an bhóthar agus rinneadh staicín cloiche de. An raibh sé fada go leor ar shiúl ón bhóthar?

Chuala sé guthanna ansin. Bhí an oiread sin eagla air gur bheag nár thit an t-anam as. Ní raibh sé cleachta le guthanna a chluinstin anois; ba iad guthanna an gharda agus an fhir na cinn dheireanacha a chuala sé.

Ach bhí na cinn seo difriúil, agus bhí siad ag teacht

ní ba chóngraráí dó! Lig David lena intinn go huile is go hiomlán ionas go ndéanfadh sé a laghad calláin a thiocfadh leis, agus é ag ligean a intinne leis, shíl sé go mbeadh deireadh thart taobh istigh de bhomaite – deireadh thart.

Shuigh na fir píosa beag uaidh agus las a dtoitíní, agus de réir a chéile rith sé chuig David nach raibh siad sa tóir air ar chor ar bith. Thosaigh sé a éisteacht leis an méid a bhí siad a rá. Ba dhoiligh dó iad a thuiscint de bhrí go raibh a gcanúint difriúil le canúint an fhir, ach i ndiaidh tamaill bhí David ábalta focail a dhéanamh amach a bhí ar eolas aige.

Thiomáin siad veain seachadta, dála na bhfear a thug soláthair chun an champa. Bhí siad ag argóint lena chéile anois, ach ní ar dhóigh dháiríre: bhí duine acu ag iarraidh tiomáint ar aghaidh, agus bhí an duine eile ag iarraidh cuairt a thabhairt ar dhuine éigin sa bhaile ar dtús, an baile a chonaic David in aice láimhe. Sa deireadh fuair sé a bhealach féin; dúirt an chéad fhear go rachadh sé leis, ach ar feadh leathuair an chloig go díreach de bhrí gur turas fada abhaile a bheadh ann.

Mar a bheadh macalla ann ina chuid smaointe féin, chuala David an focal ‘Teasaloinicé’!

Ba é an chéad rud eile a mhothaigh sé ná go raibh sé ina shuí sa veain agus é ag imeacht chun siúil.

Thiomáin na fir i dtreo an bhaile, agus lig David dá chosa é a iompar go huathoibríoch i ndiaidh an veain. Stop sé ar imeall an bhaile, agus nuair a chuaigh an bheirt fhear as radharc isteach i dteach, ghéaraigh

David a choischéim go dtí gur bhain sé amach í.

Agus anois bhí síob aige! Bhí soilse ar siúl taobh istigh den teach ach ní fhaca duine ar bith é. Ní raibh doras an veain faoi ghlas, agus cé go raibh cúl an veain measartha lán de chásanna pacála, bhí go leor fairsinge ann go raibh David ábalta é féin a bhrú idir dhá cheann acu agus suí ar a ghogaide ar an urlár. Agus anois bhí sé ar a bhealach ... Bhí sé dubh dorcha taobh istigh de, de bhrí go raibh an oíche ann agus de bharr gur chlúdaigh na cásanna pacála an fhuinneog bheag sa bhearna a scar cúl an veain ó chában an tiománaí mar a raibh na fir ina suí. Fiú dá mba rud é go n-osclódh siad an doras ón taobh amuigh, ní bheadh siad ábalta David a fheiceáil gan na cásanna pacála uilig go léir a bhogadh. Mothúchán aisteach a bhí ann, ina shuí gan corraí as agus é á iompar sa veain. Bhí carranna agus leoraithe feicthe ag David, ach níor thaistil sé i gceann acu riamh, ná i bhfeithicil de chineál ar bith eile, agus go díreach nuair a rith sé chuige nach raibh barúil ar bith aige cad é mar a thuirlingeodh sé de arís, mhothaigh sé é féin ag éirí codlatach – millteanach codlatach. Rinne sé a dhícheall fanacht ina dhúiseacht chomh fada agus a thioctadh leis, ach idir crónán cothrom an innill agus gach aon chroitheadh agus luascadh a baineadh as an veain, ní raibh neart aige air. Thit sé ina chodladh.

Ní raibh barúil ar bith aige cá fhad a chodail sé. Mhúscaíl sé de bhrí go raibh fuaim eile ag teacht ón inneall, mar a bheadh sé á thosú. Ach is cinnte nach ndeachaigh mórán ama thart? Bhí sé as cleachtadh le dul a chodladh san oíche. Chomh faichilleach agus a

thiocfadh leis, le tarraingtí beaga nach dtabharfaí faoi deara, bhrúigh sé an cás pacála a bhí ina shuí in aice leis an chábán tiománaí mar a raibh na fir ina suí ar leataobh, go dtí go raibh oscailt chúng déanta aige, a dtiocfadh leis stiall den fhuinneog bheag a fheiceáil tríthi, nuair a leag sé súil amháin uirthi. Ní raibh sé geal, bhí sé dorcha go fóill: bhí sé dorcha mar a raibh na fir ina suí fosta.

Dá mba rud é go dtiocfadh leis tuirlingt de sula mbeadh an lá ann, sula n-osclódh siad an veain agus sula dtiocfadh siad air ...

Go tobann thuig sé cad é mar a mhothódh sé le bheith istigh i gceann de na cillíní ar labhair siad orthu sna campaí – faoi ghlas, ag déanamh ceirtlín díot féin sa dubh dorchadas gan a bheith ábalta bogadh, gan a bheith ábalta bás a fháil.

‘A Johannes!’ ar seisean de chogar. ‘A Johannes ...’

Ó bhí sé an-óg, ar feadh trí gheimheadh iomlána agus trí shamhradh iomlána, bhí a fhios aige nár chóir do ligean dó féin bheith ag smaoineamh, agus thar rud ar bith eile nár chóir dó a bheith ag smaoineamh ar Johannes. Agus anois, smaoinigh sé air.

Lig David dá chloigeann titim ar a ucht agus rinne sé iarracht troid in éadan an sruth cuimhní cinn a rith chuige, an t-uafás, an fuath agus na ceisteanna scanrúla a bhí ag dó go dtí na scamháin é. Agus tríd is tríd, bhí Johannes ann ... Johannes agus aoibh an gháire air; má d’éirigh a ghlór spadánta agus díoscánach dála na ndaoine eile níor athraigh Johannes riamh ar an taobh istigh; Johannes a dtiocfadh leat rud ar bith a rá leis –

agus Johannes a thit go talamh faoi dheireadh agus a d'fhan ina luí ansin, marbh.

Níor smaoinigh David air ón lá sin. An oíche sin, nuair a bhí siad uilig ina luí, chuaigh sé amach agus isteach sa chlós agus d'amharc ar an áit ar thit Johannes. Bhí sé ina sheasamh ansin ar feadh tamaill fhada nuair a tháinig an fear agus chonaic sé é.

'Taom de thinneas croí a mharaigh é,' ar seisean. 'Imigh leat anois agus gabh a luí!'

Ón lá sin ar aghaidh níor smaoinigh David ar rud ar bith eile seachas am na mbéilí agus athrú na ngardaí. Ar dtús, chuir sé tinneas air, ach ina dhiaidh sin d'éirigh sé cleachta leis. Cad chuige a dtiocfadh sé ar ais chuige go díreach ag an bhomaite seo nuair nach raibh rud ar bith eile ar intinn aige seachas dul go Teasalonicé?

Tháinig an guth chuige ó áit éigin i bhfad i gcéin. 'Tá mé ag dul in éineacht leat go Teasalonicé.' Ní raibh David cinnte de arbh é guth Johannes é, de bhrí gur mhothaigh sé go raibh sé chomh fada sin i gcéin; ach bhí a fhios aige go gcaithfidh sé gurbh é de thairbhe gur mhothaigh sé go tobann go díreach an dóigh ar mhothaigh sé nuair a bhí sé óg agus Johannes leis.

'Go raibh maith agat,' ar seisean de chogar.

Agus ina dhiaidh sin bhí sé furasta. Tháinig sé ar chás pacála nach raibh greamaithe le tairní mar ba cheart. Bhí bia de chineál éigin istigh ann, é cruinn agus crua, a raibh an blas air cosúil leis an phíosa cáise a fuair David uair amháin sa champa. Ghearr sé píosa di lena scian, píosa chomh mór agus a thiocfadh leis

a chur isteach ina chiarsúr. Stop na fir an veain agus é dorcha go fóill agus d'fhág í gan an doras cúil a oscailt. Mar sin de, léim David amach aisti agus thug sé faoi deara go raibh sé i lár baile mhóir, agus, bhí sé cúramach gur shiúil sé faoi scáth na dtithe – ar an ábhar nach raibh call ar bith le bheith amaideach fiú má bhí Johannes leis – ní raibh deacracht ar bith aige teacht ar an chuan mar a raibh na longa ar snámh. Bhí sconna uisce ar an bhealach fosta: d'amharc David ar fhear a chuir sa siúl é agus a d'ól as, agus nuair a bhí sé imithe agus an tsráid ciúin arís, bhí David ábalta siúl anonn chuige agus a bhuidéal a líonadh.

Níor ghá dó dul a lorg na loinge a bhí de dhíth air ach oiread: bhí sí ar snámh go díreach os a chomhair agus ar a deireadh chonaic sé an focal 'An Iodáil' péinteáilte i litreacha móra bána. Agus bhí sí ceangailte leis an ché le rópa mór tiubh, a dtiocfadh le David dreapadh suas agus ar bord air a luaithe a chuaigh an fear faire go taobh eile na loinge. Ní raibh le déanamh ag David ach fad sreinge a aimsiú lena bheartán a cheangal ar a choim agus é ag dreapadh an rópa. Níor chuala an fear faire é; níor chuala duine ar bith é, agus thíos ag bun na loinge bhí seomra ollmhór dorcha ann a raibh an oiread sin cásanna pacála istigh ann gur ar éigean a thiocfadh leis é féin a bhrú isteach.

Ar dtús bhí David ar bís fáil amach an raibh fuinneog ar bith thíos ansin, ach ansin mhothaigh sé go raibh sé anois faoi líne an uisce agus ar ndóigh ní bheadh ceann ar bith ann ... Bhí an t-am ann anois dó an taisce dheireanach dá chuid taiscí a oscailt, a bhosca

cipíní.

Bhí sé cúramach an bladhaire a chosaint lena lámha rud a chonaic sé gardaí an champa a dhéanamh chomh minic sin, agus gan níos mó ná cipín nó dhó a úsáid, ó tharla go gcaithfeadh sé a bheith coigilteach leo.

Chonaic sé cás i ndiaidh an cháis eile, ar bharr a chéile ag dul suas a fhad leis an deic thuas ... agus bhí málaí ann fosta. Tháinig sé ar choirnéal nach raibh ach cúpla mála ann, agus ar áit a dtiocfadh leis fanacht i bhfolach go maith inti fiú dá dtiocfadh duine éigin isteach sa bhroinn. Ach is ar éigean a tharlódh sé sin – ní tharlódh sula mbainfeadh siad an Iodáil amach. Ba léir go raibh na cásanna agus na málaí ar a mbealach chun na hIodáile. Go díreach agus an dara cipín á mhúchadh, fuair David amharc ar bhuidéal leathlíonta a bhí ina sheasamh ar imeall cáis. Chuir sé a bheartán ar bharr na málaí, agus shín é féin ar a bhairricíní le greim a fháil air, bhain an corc as agus sháigh a mhéar isteach ina mhúineál. Mhóthaigh sé a mhéar go cúramach. B'fhéidir go dtiocfadh leis é a ól. Bhain David an buidéal anuas agus shocair é féin go compordach ar a mhálaí. Ba mhaith an rud go mbeadh sé aige dá mba rud é go mbeadh sé ar farraige ar feadh méid áirithe ama.

Mhúscail tormán na n-inneall David, ach níorbh é go dtí go raibh an long faoi lán seoil gur chaill sé an mothú aisteach a bhí cosúil le brionglóid a bhí leis ón bhomaite sin sa veain nuair a rith Johannes chuige ina chuimhní cinn. Bhí a fhios aige ansin cad é a tharla. Shuigh sé chomh díreach le feag ar a mhála, a shúile

ar leathadh ar dtús agus ansin dúnta sa dorchadas aige, bhí a fhios aige nach raibh Johannes leis níos mó – d’fhan seisean thiar i dTeasaloinicé!

Streachail David ar theann a dhichill in éadan na heagla a d’fhás ann. D’inis sé dó féin arís agus arís eile, ‘Níor gheall sé níos mó dom: ní raibh ann ach go ndúirt sé go bhfanfadh sé liom go dtí gur bhain muid Teasaloinicé amach.’

Ach níor chuidigh sé sin leis. Líon an fuacht, an dorchadas agus an t-uaigneas síoraí intinn David go dtí gur mhothaigh sé go raibh sí ag dul a phléascadh. Ansin ní raibh a dhath ar bith eile ar eolas aige.

Agus chuaigh na laethanta thart. Ní raibh a fhios ag David cá mhéad acu a chuaigh thart, de bhrí go raibh sé dorcha an t-am ar fad agus nach raibh rud ar bith ann le hidirdhealú a dhéanamh idir lá agus oíche. Tráth dá raibh nuair a mhúscaíl sé, thóg sé an buidéal aisteach de thaisme in áit a chinn féin, agus ina dhiaidh sin, gach uair a d’óladh sé deoch as d’éiríodh sé deacair dó fanacht ina mhúscailt, mar fuair sé amach go gcuireadh sé codladh air nuair a d’óladh sé as. Bhí blas deas air fosta, - giota beag láidir, b’fhéidir ach ní raibh sé míthaitneamhach – agus ansin thiocfadh leis dul a chodladh tamall beag ní b’fhaide.

In amanna d’insíodh sé dó féin nach raibh le déanamh aige ach stretchailt ar na ceithre boinn a fhad leis an doras, é a oscailt agus dul suas na céimeanna go mbuailfeadh sé le duine éigin – bheadh a chuid deacrachtaí uilig thart. Ba mhian go mór leis nach mbeadh sé beo feasta ... ach ní bhogfadh a chosa,

dhiúltaigh a chosa é a iompar an t-achar beag a bheadh le taisteal aige sula dtiocfadh leis é féin a thabhairt suas. Bhí sé ag iarraidh é féin a thabhairt suas, ach ní ghéillfeadh a chorp dó.

Nuair a thángthas air faoi dheireadh, thángthas air gan fhios: mhúscail sé agus glór go díreach os a chionn a rá, '*Mamma mia*, cad é atá tusa a dhéanamh anseo?'

Phreab David ina sheasamh, ach ní dhearna sé aon iarracht teitheadh. Bhí gruaig iontach dubh ar an fhear, dála na nIodálach uilig. 'Rud ar bith,' a d'fhreagair David in Iodáilis.

D'oscail an mairnéalach a bhéal le scread a ligean as – ach rinne sé athsmaoineamh air agus ina áit sin, streachail sé ar na ceithre boinn a fhad leis an doras gur dhruid sé é. Tháinig sé ar ais ansin. Ní raibh sé cinnte de cén fáth a ndearna sé é seo. B'fhéidir de bhrí go raibh an gasúr chomh ciúin sin – gasúr thar a bheith tanaí, thar a bheith salach a bhí ina sheasamh ansin mar a bheadh staicín cloiche ann agus a raibh an aghaidh ba shuaimhní air dá bhfaca sé riamh.

Ba chóir dó glaoch ar dhuine éigin le go dtarraingeofaí an gasúr aníos isteach i ngile an lae. Ansin, le solas a thóirse, d'amharc sé síos ar an ghasúr bheag agus isteach ina shúile dorcha aisteacha agus bhí a fhios aige nach dtiocfadh leis. De bhrí gur shíl sé gurbh é sin go díreach an rud a shíl na súile sin a bhí sé ag dul a dhéanamh. Rinne an mairnéalach Iodálach iarracht an smaoineamh go raibh an gasúr ag dul a fháil bháis a chur as a intinn. Bhí an chuma chéanna ar shúile a sheanmhathár an lá sula bhfuair sise bás.

Ach thiocfadh le dul amú a bheith air, ar ndóigh: le fírinne, bhí súile a sheanmháthar donn agus bhí súile an ghasúir seo – bhuel, ní raibh sé furasta iad a fheiceáil sa mharbhsholas sin – iontach dubh liath, b'fhéidir, nó glas.

Mar sin de, dúirt sé an chéad rud a tháinig isteach ina cheann. 'An raibh tusa ag ól as mo bhuidéal fíona?'

'Bhí. Ní raibh uisce ar bith fágtha agam i mo bhuidéal. Ní raibh a fhios agam gur fíon a bhí ann. Go raibh maith agat.'

Chroith an tIodálach a cheann dubh catach. Níor casadh a leithéid de pháiste riamh air! 'Ar dtús slogann sé siar mo chuid fíona gan fhios dó cad é a bhí ann, agus ansin gabhann sé buíochas liom as a rá is de nach gadaíocht chruthanta a bhí ann!' Agus bhí sé chomh ciúin sin. Ba ghnách go n-imeodh gasúr a chosa in airde chomh tiubh géar agus a thiocfadh leis nuair a bhéarfaí air agus é ag cothú ceilge ... bheadh sé ag lúbarnaíl agus é ag iarraidh an bealach ab fhearr a fháil le héalú. Ní dhearna seisean ach fanacht ina sheasamh agus amharc ort idir an dá shúil!

'Cá háit a síleann tú a rachaidh tú?' a d'fhiafraigh sé de go hanbhann.

'Chun na hIodáile.'

'Hm. Bhuel, is dócha go mbeadh orm tú a thabhairt suas chuig an chaptaen ...'

Ach bhí a fhios ag an Iodálach go maith nach mbeadh sé ábalta é sin a dhéanamh. 'Ní dóigh liom go bhfuil ciall ar bith agat,' ar seisean. Ní raibh sé de mhisneach aige lámh a chur air: ní thiocfadh leis

é a dhéanamh. ‘Ar an lámh eile, beimid i Sailearna tráthnóna. Ní fiú é tú a tharraingt a fhad leis an chaptaen agus a mhór a dhéanamh ar bheagán cúise ... Tig leat léim thar bord go díreach sula dtéimid isteach, agus ansin ní bhainfidh sé liom a bheag nó a mhór ... féachfaidh mé chuige tú a fháil amach as an áit seo.’

‘Níl snámh agam,’ arsa an gasúr de ghlór íseal.

‘*Mamma mia!* Níl ciall ar bith agat, mar sin de! Ní bhainfidh mé leis a bheag nó a mhór. Tabharfaidh mé crios tarrthála duit agus beidh ort iarracht a dhéanamh dul i dtír leis an taoide.’

‘Go raibh maith agat.’

Chuaigh an tIodálach ar a bhealach agus é ag croitheadh a chloiginn.

Níor chodail David ina dhiaidh sin. Bhí ocras air – ach ansin bhí ocras air na ceithre huaire dheireanacha a mhúscail sé – agus ní raibh bia ar bith fágtha aige. Duine aisteach a bhí san fhear sin. Bhí sé iontach lách dó gan ligean don chaptaen é a ghabháil; ní aithneodh sé go raibh David chomh tuirseach sin gur bheag a bhí sé ábalta a mhéar a shíneadh amach roimhe. Agus anois bheadh air dul isteach san uisce! Ní raibh rud ar bith ar eolas aige faoi chriosanna tarrthála, ach is cosúil gur shíl an tIodálach go dtiocfadh leis dul i dtír san fheacht ar cheann acu. B’fhéidir go rithfeadh sé leis ar a bhealach ar feadh oíche eile, b’fhéidir ar feadh roinnt oícheanta, sula mbéarfadh siad air faoi dheireadh.

Cé gur mhothaigh David go raibh sé cinnte den rud a tharlódh sa deireadh, thosaigh a chorp á dhéanamh féin réidh. Gan smaoineamh, dhing sé a léine ghioblach

isteach ina bhríste a bhí chomh gioblach céanna, cheangail a bheartán go daingean agus shuigh ag fanacht le huair an imeachta.

Chuaigh tamall measartha thart sular fhill an fear. Nuair a tháinig sé, níor bhog David ar chor ar bith. B'fhéidir go ndearna an mairnéalach athsmaoineamh ar an chrios tarrthála ... ach bhí David beag beann air agus ar nós cuma liom.

Thug an tflodálach an crios tarrthála leis, áfach, agus canta aráin fosta. D'ith David leathchuid de ar an toirt agus an fear ag taispeáint dó an dóigh lena ghéaga a úsáid le bheith cinnte de go ndeachaigh sé sa treo ceart leis an taoide. D'amharc David air agus thuig anois go mbeadh an t-uisce thuas go dtí a mhúineál beagnach. Chuir sé grainc air féin – chuir an chaint ar na teoracha an compás i gcuimhne dó ... cad é a tharlódh dá ndéanfadh an t-uisce dochar dó? B'fhearr dó a bheartán a cheangal lena mhúineál, ar an dóigh sin.

D'ísligh an fear thar bord loinge é ar cheann rópa agus dúirt leis gan bheith ag lapadaíl san uisce go dtí go mbeadh an long píosa maith ar shiul, ar eagla go gcluinfí é. Ní raibh an t-uisce chomh fuar sin. D'amharc David siar ar an long agus í á seoladh ar aghaidh go gasta. Ar feadh bomaite shíl sé go raibh an t-uisce ag dul á bhá ... b'fhéidir gur bealach furasta é daoine a chur chun báis, crios mar sin ... Bhí sé cosúil le roth cairr, a shíl sé. Ach níor bád é, agus mhothaigh sé nár ghá dó fiú a lámha a chroitheadh san uisce mar a

dúradh leis, de bhrí gur chruthaigh an long laparnach láidir a thiomáin é ní ba chóngaraí agus ní ba chóngaraí do líne dhorcha an chósta.

Ach ba ghairid gur mhothaigh David nach raibh sé go díreach chomh furasta sin ... Chuaigh roinnt uaireanta an chloig thart sular tháinig sé i dtír, agus faoin am sin bhí sé chomh fuar sin go dtiocfadh le dúlaíocht an gheimhridh a bheith ann agus chomh spíonta sin nach raibh sé ábalta rud ar bith a mhothú: ba iad na cosa amháin a raibh an diongbháilteacht iontu é a iompar ar aghaidh.

Bhí barrthuisle á bhaint as David, na cosa ag imeacht uaidh agus é ag lámhacán ar aghaidh sa dorchadas, ag tógáil an aird an t-am ar fad, bhí an bóthar crua agus clochach: caithfidh sé gur taobh sléibhe a bhí ann ... Ansin tháinig sé a fhad le bóthar agus chuaigh trasna ag stámhailleach leis gan é fiú ag cuimhneamh ar amharc amach le fáil amach an raibh daoine eile thart ... ansin chuaigh sé ar aghaidh i gcoinne an aird chuig áit a raibh rud éigin ag fás i línte ísle díreacha ... ansin chuir sé achar eile sléibhe de a raibh clocha bioracha air a ghortaigh a chos. Agus ansin ní thiocfadh leis dul ní b'fhaide.

Ach ní raibh duine ar bith ann le cur isteach ar a chuid codlata an oíche sin, agus nuair a mhúscaíl sé ní raibh tuirse air níos mó. Ní raibh sé fiú fuar – leis an fhírinne a dhéanamh bhí sé deas te. Luigh sé agus é múscaílte ar feadh tamaill na súile druidte aige, ag baint taitnimh as teas a choirp féin agus, mar ba ghnách, bhí sé ag iarraidh a bheith ag éisteacht leis na fuaimeanna

thart air. Ach bhí an saol mór ina chodladh. D'oscail sé a shúile ansin agus shuigh siar gur amharc thart air féin.

Ní raibh David cleachta le dathanna ar bith seachas scáthanna éagsúla glais agus doinn, agus ar ndóigh goirme na spéire. Bhuel, le fírinne, chonaic sé bláth beag dearg uair amháin a tháinig isteach taobh thiar de bhallaí an champa de thaisme. Seachas sin, ní raibh sna dathanna ach rud ar chuala sé trácht orthu: ní fhaca sé ach íomhánna salacha tláithe díobh i míofaireacht an champa agus i gceathrúna na ngardaí a bhí chomh míofar céanna.

Ní raibh a fhios aige cá fhad a d'fhan sé ar thaobh an tsléibhe, ina shuí gan corraí as, ag stánadh roimhe ... níorbh é go dtí gur éirigh gach rud ceomhar gur mhothaigh sé go raibh sé ag caoineadh.

Bhí an fharraige ina luí thíos i bhfad uaidh, farraige a bhí ní ba ghoirme arís ná spéir ar bith dá bhfaca sé. Lúb an tír isteach agus amach ar an chósta: isteach agus amach, thíos agus thuas, bhí dath glas agus óir ar gach rud, agus thall is abhus bhí dath dearg na mbláthanna le sonrú a bhí rófhada ar shiúl chun iad a fheiceáil go soiléir. Thíos cois na farraige rith bóthar ag bun an tsléibhe, agus ina aice bhí sráidbhailte ann agus dathanna drithleacha drilseacha orthu. Bhí crainn ann a raibh dathanna éagsúla glais orthu a bhí ag síorathrú, agus os cionn gach rud bhí an ghrian ag ag lonrú go te – ní ar dhóigh bhánbhruithneach nimhneach dhóiteach, mar a lonraigh sí ar an champa i rith an tsamhraidh, ach ar dhóigh álainn órga chluthar.

Áilleacht. Chuala David Johannes ag úsáid an

fhocail tráth. Caithfidh sé gur rud éigin cosúil leis seo a bhí i gceist aige ... b'fhéidir gurbh é sin an fáth ar tháinig sé ar ais agus a ndeachaigh sé go Teasaloinicé leis, ionas go dtiocfadh leis, le David, seoladh trasna na farraige go dtí go dtiocfadh sé ar áit ina mbeadh gach rud álainn.

Lean sé air ag sileadh na ndeor, ní ba ghaiste agus ní ba ghaiste, agus chuimil sé go feargach iad ionas nach gceilfeadh an ceo ar a shúile an áilleacht a bhí os a chomhair amach.

Go tobann bhí a fhios aige nár mhaith leis bás a fháil.

Ní raibh sé ag iarraidh go mbéarfaí air, ní raibh sé ag iarraidh bás a fháil. D'iompair a chosa é chuig an áit a raibh an veain ina suí ag fanacht, agus nuair a d'éirigh ualach an uaignis róthrom dó choinnigh Johannes cuideachta leis go dtí gur bhain sé Teasaloinicé amach. Chuidigh an fear aisteach leis a raibh an ghruaig dhubh air teacht i dtír le crios tarrthála. Agus taithí aige anois ar áilleacht bhí sé ag iarraidh a bheith beo ...

A Dó

Ar feadh tamaill fhada d'fhan David ina shuí agus é ag stánadh ar an radharc álainn os a chomhair. D'amharc sé arís agus arís eile ar ghoirme na farraige, ar an chósta a bhí ag lúbadh ar an chladach: chonaic sé dathanna an tírdhreacha, agus an iliomad dathanna glasa air measctha le dath an óir agus dath dearg air anseo agus ansiúd, a chumaisc le chéile go híor na spéire agus a d'imigh as radharc agus isteach i ngoirme na farraige i bhfad i gcéin os cionn na sléibhte.

D'amharc David síos ar a lámh féin a bhí sínte ar an fhéar agus bhí a fhios aige láithreach an rud a bhí sé ag dul a dhéanamh a chéad uair. Bhí dath glas ar an fhéar cé go raibh sé anonn go maith sa samhradh; caithfidh sé go raibh uisce le fáil áit éigin ina chongar.

D'amharc sé ar an ghrian ar dtús, ansin ar a chompás, agus ansin ar an ghrian arís: bhí sé iontach luath ... bhí breis agus uair an chloig aige go fóill sula

mbeadh air cró folaigh a aimsiú leis an lá a chaitheamh ann. Fuair sé greim ar a bheartán agus phreab ina sheasamh. Agus bhí uisce ann: sruthán beag spadánta a bhí ann agus é ag drithliú i solas na gréine i lár leaba abhann a bhí i bhfad ní ba leithne a shnigh a bhealach isteach tríd na crainn agus na toim mar a dtiocfadh leis dul i bhfolach dá bhfeicfeadh sé duine ar bith. Bhain David a chuid éadaigh de gan mórán moille: ní raibh air ach léine agus péire bríste a bhí á choinneáil in airde air ag píosa sreinge. Leag sé a bhríste san uisce agus chuir cloch ar a bharr ar eagla go n-imeodh sé leis an sruth. Ansin thum sé a léine go maith san uisce agus d'oscail a bheartán.

Sheas sé ansin ar feadh bomaite, an ghallúnach ina láimh aige. In amanna nuair a bhain siad an campa amach a chéadair bhí siad measartha bán agus glan ó mhullach go sáil gan boladh ar bith orthu ... Is ar éigean a bhí sé de mhisneach aige triail a bhaint as – ansin rinne sé iarracht, ag tosú lena lámha.

D'oibrigh sé ... beagnach. Bhí David á sciúradh féin an oiread sin gur thosaigh sé a chur allais; thóg sé a léine le é féin a chuimilt léi agus ansin d'éirigh ní b'fhearr leis. Shíl sé le fírinne go mbeadh sé ní ba dheacra dó an salachar a bhaint de. Ansin chuimhnigh sé ar an fharraige: caithfidh sé gur chuidigh sé go mór leis go raibh sé fliuch go craiceann i rith na hoíche. Bhí cineál de dheacracht aige lena chloigeann, ach ní ghéillfeadh David slí: bhí sé ag dul a bhaint an tsalachair sin uilig de, an méid sin uilig a chuir an campa agus a bholadh i gcuimhne dó.

Luigh sé siar, agus d'ísligh a cheann isteach san uisce le go raibh a chuid gruaige uilig fliuch baite, chuimil sé an ghallúnach uirthi go dtí gur éirigh a ghéaga tuirseach, ansin thum a chloigeann arís san uisce agus chuimil a chuid gruaige lena léine go dtí nár mhothaigh sí greamaitheach níos mó. D'éirigh sé fuar, ach níor thug sé aird ar bith air seo; ní raibh smaoineamh ar bith eile ina intinn ach a bheith iontach iontach glan. Tháinig dath ní ba ghile ar a léine de réir a chéile, agus ansin thosaigh sé ar a bhríste fosta. Tháinig dath ní ba ghile air sin fosta. Sa deireadh shuigh sé a scian ina lámh aige agus scamh sé cipín go dtí go raibh adhmaid glan géar biorach aige. Phrioc sé é féin cúpla uair agus é á scamhadh, ach sa deireadh bhí a ingne coise glan fiú.

Bhí an ghrian ag drithliú ar bhraon uisce agus é ag titim dá lámh chuig a ghlúin. Chuimil David é de féin ach níor fhág sé smál ar bith ina dhiaidh: ní raibh salachar ar bith eile le sciúradh. Tharraing sé a anáil go domhain agus tháinig crith air. David a bhí ann. Bhí gach rud eile nite de, an campa, a bholadh, a mhothú – agus anois David a bhí ann, a mháistir féin, agus a shaoirse aige chomh fada agus a thiocfadh leis fanacht saor.

D'amharc David ina thimpeall – b'fhearrde dó gan fanacht ina shuí mar a raibh sé. Píosa beag ní b'airde ar an chnoc fuair sé amharc ar theach i measc na gcrann, agus bhí an bóthar píosa beag ní b'isle thíos faoi. Níorbh fhada go mbeadh daoine eile thart agus b'éigean dó cró folaigh slán sábháilte a aimsiú ar dtús.

Lean sé an sruthán tamall beag, ansin d'ímigh den bhealach agus chuaigh caol díreach i dtreo an chósta. Bhí an cosán crochta, ach bhí na sálaí tiubha a bhí ar David cleachta le háit a aimsiú a dtiocfadh leis greim na gcos a choinneáil uirthi, agus bhí a cholainn aclaí gasta agus ní raibh sé deacair dó fanacht ina sheasamh. Go díreach sular tháinig sé a fhad leis an bhóthar stad sé agus é idir dhá chomhairle: thiocfadh leis dul i bhfolach sa scrobarnach thíos ansin. Ach chiallaigh sé sin go mbeadh air a bheith ina luí ar shlat a dhroma an lá ar fad, agus nuair nach mbeadh sé ina chodladh bheadh sé cráite dá mbeadh air fanacht san áit chéanna an t-am ar fad beagnach.

Anois agus é cóngarach dón bhóthar, thiocfadh leis a fheiceáil go raibh tithe ann a bhí suite fad áirithe óna chéile ar dhá thaobh de – ní go díreach air, ach achar beag thuas nó thíos – a raibh geata ag dul isteach iontu. Tithe galánta a bhí iontu, a raibh dath bándearg bánbhuí agus bán orthu, agus doirse orthu a bhí péinteáilte go geal agus crainn ghlasa agus dreapairí ag fás ar na ballaí acu. Ach áit a mbeadh tithe bheadh daoine ann fosta.

Píosa beag ní b'fhaide anonn rith an talamh le fána chomh géar sin ón bhóthar nach raibh tithe le feiceáil ar feadh achair fhada ... bhí an chuma ar an scéal go mbeadh air dul trasna na habhann.

Thosaigh a chroí a phreabadh go gasta. Bhí an bóthar ag caismearnach suas i measc na gcnoc agus ní thiocfadh leat mórán de a fheiceáil ar feadh tamaill de bhrí gur choinnigh sé ag casadh go tobann thart ar na

speiríní. Fiú dá mba rud é go dtiocfadh leis a bheith cinnte de nach mbeadh duine ar bith ar an bhóthar faoi láthair, seans go dtiocfadh duine éigin ar an láthair agus é réidh le dul trasna. Ní na carranna, ná na daoine a bheadh ag siúl ar an dromchla crua, de thairbhe go raibh éisteacht mhaith ag David; ach ní bheadh sé ábalta duine ar bith a chluinstin a bheadh ag siúl ar an ghruaimhín go dtí go mbeadh sé go díreach os a chomhair. An rud é nach mairfeadh sé seo uilig ach maidin amháin, an áilleacht uilig, a mhian le bheith beo? An mbainfeadh coimhthíoch éigin a raibh faighte aige de, anois nó i gceann leathuair an chloig?

Ach dá bhfanfadh sé san áit a raibh sé bheadh sé go díreach chomh contúirteach céanna. Bhí rud éigin ag fás go híseal i measc na gcrann i sraitheanna fada: caithfidh sé gur cuireadh ansin é sa dóigh is go bhfásfadh sé ina leithéid de línte díreacha, agus seans go dtiocfadh duine éigin le haire a thabhairt dó. Fuair sé amharc ar rud éigin a raibh dath geal air san fhéar ghlas, ní buí ná dearg ach an dá dhath le chéile san aon dath amháin. Bhí sé cruinn agus iontach bog. Thóg David é gan smaoineamh agus shiúil an cúpla slat dheireanacha chuig an bhóthar.

Bhí sé luath go fóill ar maidin agus bhí gach áit ciúin faoi sholas na gréine; ní raibh duine ná deoraí le feiceáil. Chuaigh sé trasna an bhóthair. Ní go mall ná faoi dheifir. I ndiaidh tamaill nuair nach raibh a chroí ag preabadh chomh gasta sin, d'aithin sé gur athraigh a chinneadh gach rud. Ón oíche sin a tháinig sé ar an bheartán ina luí faoin chrann go díreach san áit ar inis

an fear dó a bheadh sé, d'iompair a chosa ar aghaidh é, ag socrú an bhealaigh dó.

An iarraidh seo b'eisean a rinne an cinneadh. Ní raibh a chosa ag iarraidh dul sa seans le dul trasna an bhóthair, ach chuir sé smacht orthu agus brú orthu é a dhéanamh. Mhottaigh David te agus saor ar an taobh istigh nuair a smaoinigh sé air. As seo amach dhéanfadh sé a chomhairle féin agus dhéanfadh sé a chinntí féin, agus bheadh a chosa agus a lámha agus a cholainn faoi smacht aige féin agus d'éistfeadh siad lena mhianta.

Thíos ar bhruach an uisce bhí foscadh aige ón bhóthar, agus bhí an teach ba ghaire dó píosa maith ar shiúl. Níor mheas David go mbeadh duine ar bith ábalta é a fheiceáil ón áit a raibh sé, ach ní raibh sé cinnte de – agus bheadh air a bheith cinnte de. Dá dtiocfadh leis dul anonn chuig an charraig sin, bheadh sé istigh i gcineál pluaise a raibh dhá bhalla agus giota de dhíon aige. Ach bhí sé róleathan ionas nach mbeadh sé ábalta léim trasna. Chuir David a bheartán síos agus shín a chos thar an bhruach, ag mothú thart le háit éigin a aimsiú lena chos a chur i dtaca; ach bhí sé iontach crochta agus sleamhain. Ní raibh ach slat idir é féin agus an cró folaigh ab fhearr dá bhfaca sé riamh!

'Éireoidh liom dul trasna!' ar seisean leis féin. Caithfidh sé go bhfuil sé indéanta, caithfidh sé go bhfuil bealach éigin ann ... B'fhéidir go mbeadh sé ábalta teacht ar chloch mhór agus í a chaitheamh isteach sa scoilt le go mbeadh sé ábalta dreapadh anonn? Ach in ainneoin a chuid iarrachtaí, ní raibh sé ábalta an

charraig a bhogadh a raibh an chuma uirthi go mbeadh sí mór go leor. Dá mbeadh rópa aige ... ach ní raibh rud ar bith ann a mbeadh sé ábalta é a cheangal leis ar an taobh thall, agus is é an t-aon rud amháin a bhí aige a bhí cosúil le rópa ná an píosa sreinge thart ar a bhríste.

Ansin fuair sé amharc ar rud éigin donn giota beag ní b'fhaide ar aghaidh ar thaobh s'aige den scoilt. Cás pacála adhmaid a bhí ann – nó cuid de cheann ba chóir a rá: clár.

Chuir David smacht ar na sceitimíní a bhí air. Ní raibh sé fada go leor, ar seisean leis féin. Ach ba chóir dó triail a bhaint as, go díreach le bheith cinnte de. Nuair a bhí a chroí ag preabadh mar ba chóir arís, chuaigh sé chun siúil le greim a fháil air. Bhí an clár fada go leor! Thiocfadh leis é a leagan trasna ar an scoilt mar a bheadh droichead ann, agus é a thógáil i ndiaidh dó dul anonn ar an dóigh nach mbeadh duine ar bith ábalta é a leanúint!

Ach an mbeadh sé tiubh go leor? D'aimsigh sé dhá chloch a bhí ní ba lú agus chuir ceann acu faoi gach taobh den chlár: ansin shiúil sé air go hiontach cúramach. Bhain sé díoscán beag as, ach bhí sé ábalta a mheáchan a iompar.

Bhí an áit bánaithe ar an taobh thall. Bánaithe ach slán sábháilte, agus bheadh a sháith fairsinge aige le luí siar; agus mar gheall ar fhoirmiú na carraige a bhí ag gobadh amach, bheadh sé faoi scáth an chuid is mó den am. Thiocfadh leis stiall ghairid de bhóthar a fheiceáil os a chionn ón áit seo gan duine ar bith ábalta

eisean a fheiceáil agus thiocfadh leis an cósta ar fad san oirthear a fheiceáil.

Bhain David a bhríste fliuch de agus leag é agus a léine amach faoin ghrian le triomú, agus ansin bhain a chuid earraí amach as a bheartán agus chuir síos go deas néata iad lena thaobh – a chompás, a scian, a bhuidéal, an canta aráin a thug an fear a bhí ar bord na loinge dó, agus sa deireadh an rud cruinn buí. Choinnigh sé greim daingean air ach go cúramach agus é á scríobadh le hionga a mhéire chuir sé poll isteach i gcráiceann an ruda lena mhéar. Bhí sé tais ar an taobh istigh. Bholáigh sé dá mhéar agus luigh í – bhí boladh deas ar an rud agus bhí blas milis agus searbh air. Mar sin de, bhain sé an craiceann ar fad de agus tharraing an taobh istigh as a chéile. Bhí sé measartha furasta é a roinnt ina bpíosáí beaga, gach ceann acu mar a bheadh corrán gealaí ann. Bhí ocras air, agus bhí canta aráin aige fosta. Mhachnaigh sé cé acu a bheadh an rud cruinn sin inite nó nach mbeadh.

Bhain sé plaic as, chogain é agus d’alp siar é agus d’fhan lena fháil amach cad é a tharlódh. Ach níor tharla rud ar bith, dada ach amháin go raibh blas deas air. Níor chuir sé tinneas air.

D’ith David leathchuid de na píosáí agus chogain píosá aráin. Ansin bhain sé triail as an chraiceann a raibh dath oráiste air, ach bhí blas searbh agus gránna air. Rinne sé iarracht an smaoineamh a chur amach as a intinn ach choinnigh sé ag teacht ar ais: ‘Níl rud ar bith *ar eolas* agam! Cad é mar a bheas mé ábalta a bheith saor nuair nach bhfuil eolas agam ar rudaí a bhfuil

eolas ag gach duine eile orthu? Níl a fhios agam fiú na rudaí atá inite agus na rudaí atá nimhiúil. Is é an t-aon chineál bia a bhfuil eolas agam air ná brachán agus arán agus anraith.'

Ar feadh tamaillín chaill sé a mhisneach. Cad chuige nár labhair sé leis na daoine eile sa champa? Cad chuige nár éist sé lena gcomhrá? Agus cad chuige nach bhfuair sé eolas ar an saol taobh amuigh de? Ní ar bhia, ar ndóigh, de bharr go raibh riail i bhfeidhm sa champa nach raibh cead ag duine ar bith labhairt ar bhia: an iarraidh seo, áfach, ní ceann *dá gcuid* rialacha a bhí ann, ach riail a chuir na cimí féin i bhfeidhm. Nuair nach raibh agat ach arán agus brachán, agus gan go leor díobh sin ann fiú, ní raibh tú ag iarraidh labhairt ar an chineál bia a bhíodh agat nuair a bhíodh an tsaoirse agat. Ach bhí rudaí eile ann a thioctadh leis a fhiosrú. A fhad agus a bhí Johannes leis, chuireadh sé ceisteanna air an t-am ar fad, ach ní raibh ann ach gasúr beag an t-am sin agus bhí sé ag cur ceisteanna faoi gach sórt rudaí nach mbeadh úsáid ar bith leo anois.

D'amharc sé amach ar an fharraige ghorm agus síos ar an chósta a bhí geal faoi sholas na gréine, agus theann a chár ar a chéile.

Bheadh air smaoineamh ar Johannes agus iarracht a dhéanamh cuimhneamh ar gach rud ar labhair siad air. Bheadh air smaoineamh fosta ar na rudaí a chuala sé na cimí eile a rá sula raibh siad rófhada sa champa lena thuilleadh a rá agus nach ndearna a dhath ina dhiaidh sin ach an t-am a mheilt agus na laethanta a ligean tharstu go leadránach.

In amanna fuair sé amach go raibh siad ag déanamh iarrachta éalú as an áit: leagadh siad a gcuid pleananna rompu, ag machnamh go cúramach ar dhá thaobh an scéil, ag obair amach an méid a shíl siad a bheadh indéanta, agus ag déanamh cinnte de go mbeadh na contúirtí ba mhó ar eolas acu. Níor éirigh riamh lena gcuid iarrachtaí éalú as an áit, ach ní raibh an locht orthu: is é an rud a bhí ann go raibh caolseans acu sa chéad dul síos.

Shocraigh David go leanfadh sé a lorg. Chuirfeadh sé plean aicsin le chéile, ag cur an méid a bhí ar eolas aige i gcomparáid leis an méid nach raibh ar eolas aige, agus chuirfeadh sé i gcrích é gan ligean dó féin a bheith in ísle brí dá mbeadh amhras air nó gan ligean don dóchas é a chur ar bhealach a aimhleasa.

Cé go raibh sé iontach tanaí bhí sé ina chuidiú aige go raibh matáin láidre urrúnta aige. Bhí sé géarshúileach géarchluasach, agus bhí sé cleachta le bheith ar an ghannchuid ó thaobh an bhia de.

Stad sé. An raibh buntáiste ar bith eile aige? Bhí, bhí sé réidh faoina gcoinne: bhí a modhanna ar eolas aige, na gaistí a chuireadh siad, an dóigh ghlic a ligeadh siad orthu go raibh cairdeas eatarthu a chiallaigh go raibh rud éigin faoi cheilt acu, an bhrúidiúlacht gan cheart gan chúis. Bhí taithí aige ar fhealltacht, agus ar an bhás.

Ach cad é an buntáiste a bheadh ann de bhrí go raibh taithí aige ar an bhás? Chuir David grainc air féin. Ansin, smaoinigh sé ar rud eile a bheadh ina chuidiú aige: thiocfadh leis daoine as tíortha éagsúla

a thuiscint nuair a bheadh siad ag labhairt. Chuidigh sé sin go mór leis nuair a d'fhoghlaim sé an dóigh le é sin a dhéanamh sa champa. Nuair nach mbíodh sé ábalta níos mó ama a mheilt ag smaoineamh ar am na mbéilí agus ar athrú na ngardaí, bhí teangacha éagsúla ann a thiocfadh leis a fhoghlaim. Rinne David cuntas ar an méid a bhí ar eolas aige. Ar dtús ar ndóigh bhí an teanga a labhair *siadsan* ann – thiocfadh leis í sin a léamh fosta. Chomh maith leis sin, bhí an Fhraincis aige ... ba í sin an teanga a labhair Johannes. Ar a bharr sin, bhí an Ghearmáinis, an Iodáilis agus Béarla aige. Bhí eolas áirithe aige ar an Spáinnis agus ar an Eabhrais.

Bhí sé ina chuidiú mór aige go raibh sé ábalta labhairt leis an mhairnéalach a tháinig air agus é ar bord loinge ... agus anois agus é san Iodáil, ba mhór an cuidiú é go raibh taithí aige ar an teanga. Thóg sé sin croí David – b'fhéidir go dtiocfadh rudaí eile a bhí ar eolas aige ar ais chuige de réir mar a d'éirigh sé cleachta le bheith ag smaoineamh arís.

Mar sin féin, bhí neart rudaí ann nach raibh eolas ar bith aige orthu. Bhí a fhios aige gurbh ann do léarscáileanna, ach ní fhaca sé ceann riamh agus bhí sé measartha aineolach ar an áit a raibh tíortha agus teorainneacha thíortha na hEorpa. Ní raibh sé cinnte de ar chor ar bith cé acu de na tíortha a mbeadh a saoirse acu: mheas sé nach mbeadh mórán acu ann, agus b'fhearrde dó a bheith ag déanamh go mbeadh *siadsan* achan áit ... fiú i dtíortha a mbeadh a saoirse féin acu.

Ar a bharr sin, bheadh cúrsaí bia i gceist – bheadh air a bheith beo ar an méid a thioctadh leis a aimsiú, agus gach aon uair a bheadh air dul sa seans agus b'fhéidir rud éigin nimhiúil a ithe de dheasca a aineolais, nó b'fhéidir an méid a bhí inite a ligean thairis, rud a chiallódh go mbeadh ocras air.

Ach ba é an rud ba mheasa ar fad, go raibh daoine ann. Dá mbeadh sé ag iarraidh a shaoirse a choinneáil, bheadh air iad a sheachaint. Ach ag an am céanna thuig sé go mbeadh air dul i dtaithí ar an dóigh ar mhair daoine taobh amuigh de champa géibhinn, ó tharla go mbeadh contúirt dhofheicthe ní ba chontúirtí arís ná contúirt a dtiocfadh leat a bheith ag ullmhú di roimh ré.

Agus mar gheall air seo rinne David socrú eile. Nuair a bheadh sé dorcha bheadh air dul isteach sa bhaile a bhí suite ní b'fhaide ar aghaidh ar an chósta thíos cois na farraige. Sa dorchadas bheadh sé ábalta dul i bhfolach i ngeata isteach chun tí nó dul thart ar choirnéal, rud a fuair sé amach i dTeasaloinicé; ach bheadh air dul amach nuair a bheadh daoine ar na sráideanna ionas go mbeadh sé ábalta fáil amach faoin dóigh ar mhair siad; agus b'fhéidir nach mbeadh cuma chomh hamhrasach céanna ar ghasúr i measc scaifte daoine agus a bheadh ar ghasúr aonair uaigneach agus gach duine sa bhaile faoi chónaí.

Cibé ar bith, ní bheadh sé chomh contúirteach céanna anois agus a bheadh sé ní ba mhoille, b'fhéidir, de bharr nach mbeadh a fhios ag duine ar bith cén áit a rachadh siad ar a thóir. B'fhéidir nach rachadh siad ar

a thóir ar chor ar bith?

Arís eile bhuail David in éadan balla bháin a aineolais féin. Ní raibh a fhios aige cé hé féin, ní raibh a fhios aige fiú cén tír inar rugadh é. Chónaigh sé riamh sa champa, agus ní raibh fiú Johannes, a raibh an oiread sin rudaí ar eolas aige, ábalta rud ar bith a fháil amach faoi de bharr nach raibh rud ar bith ar eolas ag duine ar bith, ba í sin an fhírinne lom.

Mhachnaigh David ar an chuma a bheadh air. Bhíodh scáthán i mbothóg na bhfear, ach bhí sé ar crochadh ró-ard. Shíl David in am amháin gur Giúdach a bhí ann ... ba ghnách gurbh iad na daoine a shocraigh dóibh féin an creideamh a bhíodh acu agus a scríobhadh leabhair agus ailt faoin chreideamh sin a chuirte faoi ghlas. Ach ní bhainfeadh sé sin leisean. Ar an lámh eile, áfach, ba mhinic a chuirte na Giúdaigh faoi ghlas de bharr nach raibh dúil *acusan* sna Giúdaigh ... Dúirt siad go raibh dúil acu iontu, ach ní raibh sé sin fíor.

Ach bhí sé raite ag Johannes go raibh sé cinnte de nach raibh David ina Ghiúdach.

Ní raibh sé i gcónaí soiléir cad chuige ar ghabh siad daoine, agus dá mba rud é gur tharla sé gur tháinig duine éigin air áit éigin agus gur thug sé chuig an champa é nuair a bhí sé measartha beag, seans nach mbeadh go leor tábhachta ag baint leis go ndéanfadh siad iarracht ar bith é a athghabháil. Ach ní thiocfadh leis a bheith cinnte de sin ... b'fhearr i bhfad dó a bheith ag déanamh go mbeadh sé an-tábhachtach dóibh é a athghabháil.

Thuig David go mbeadh sé tábhachtach dó go mbeadh a scéal féin aige. Bhí a fhios aige óna thaithí sa champa gur cúrsa beatha agus báis a bhí ann ‘scéal maith a bheith agat’ agus cloí leis ba chuma cá mhéad ceist a chuirí ort. Tráthnóna, nuair a d’fheicfeadh sé an dóigh ar mhair na daoine eile, b’fhéidir go mbeadh sé ábalta scéal a chumadh a dtiocfadh leis úsáid a bhaint as dá gceisteodh duine ar bith é. Níorbh é go mbeadh sé de rún aige labhairt le duine ar bith dá dtiocfadh leis é a sheachaint, ach b’fhearr i bhfad dó a bheith réidh.

Níor thug duine ar bith lá airde air. Nuair a bhí sé ar an bhóthar, thiontaigh fear thart gur amharc sé air, ach d’inis David dó féin, ‘Níor chóir duit an chuma a chur ort go bhfuil eagla ort!’ agus d’imigh sé leis ar nós cuma liom. Agus thíos anseo sa bhaile níor thiontaigh duine ar bith thart le breathnú air. Baile beag a bhí ann, murab ionann agus Teasaloinicé. Bhí na sráideanna beag cúng agus iontach crochta. Bhí daoine ag déanamh comhrá lena chéile ach an áit – bhí daoine ag siúl leo a raibh ciseáin agus bearta acu, bhí daoine ina seasamh taobh istigh de shiopaí mar a raibh na soilse lasta, agus iad uilig ag comhrá lena chéile. Is ar éigean a bhí David ábalta bogadh ar aghaidh an chéad uair a mhothaigh sé é – bhí beagnach gach duine ag gáire! Níorbh é an gáire gránna é a raibh sé cleachta leis sa champa nuair a bhíodh *siadsan* ag magadh faoi na cimí ... bhí na glórtha taitneamhach, fiú álainn, amhail is go raibh siad uilig ar a suaimhneas, agus go raibh cairdeas le sonrú eatarthu.

Bhí a fhios ag David ar ndóigh nach dtiocfadh leis sin a bheith fíor, ach b'fhéidir nach raibh an oiread céanna acu abhus san Iodáil, nó b'fhéidir go díreach nach raibh cuid ar bith acu ar an bhaile seo. Agus bhí na daoine gnaíúil! Chonaic David daoine gnaíúla roimhe – is minic a bhíodh siad gnaíúil nuair a bhaineadh siad an campa amach a chéadair, ach ba é Johannes an t-aon duine amháin a raibh an gnaoi ar caomhnú ina aghaidh aige suas go dtí an t-am a bhfuair sé bás. Agus bhí cuma an-difriúil ar fad leis an bheagán ban a chonaic sé roimhe agus na mná anseo ... bhíodh cuma chrua chrosta orthusan, mar a bhíodh i gcónaí, agus ... agus ... amhail is, amhail is gur beag an difear a bhí idir iadsan agus na fir.

Ach bhí siad gnaíúil san áit seo, bhí a gcuid gruaige fada dubh agus casadh inti, bhí craiceann galánta ar a n-aghaidh a bhí daite ag an ghrian, agus éadaí galánta a raibh an iliomad dathanna orthu á gcaitheamh acu, dála na farraige agus na dtorthaí órga.

Chonaic David na torthaí céanna arís, bhí an t-uafás acu i gciseán ollmhór taobh amuigh de shiopa. 'Arancia', an t-ainm a bhí air. D'aistrigh David an focal chuig an Ghearmáinis: 'apfelsinen' – chuala sé iomrá air ceart go leor. Dá mba rud é nach mbeadh na litreacha chomh deacair sin a léamh! Theagasc Johannes cruthanna na litreacha a d'úsáid daoine i dtíortha eile dó, ach tharla sé sin fadó. Dá mba rud é go mbeadh leabhar aige le go dtiocfadh leis cleachtadh a dhéanamh ar léamh na litreacha sin!

B'fhiú dó dul síos chuig an bhaile. Níor thug duine

ar bith lá airde air, agus thiocfadh leis cuid mhór a fhoghlaim agus é ag amharc isteach sna siopaí. Thiocfadh leis a fháil amach faoin chuma atá ar bhia, agus faoi chuid mhór rudaí eile fosta, nach bhfaca sé riamh roimhe agus nach raibh sé eolach ar an dóigh le iad a úsáid. Bhí an-chuid rudaí ina seilbh acu, ag na daoine seo ...

Mhóthaigh David mearbhall ina chloigeann agus é ag amharc ar an oiread sin rudaí, agus stop sé ar feadh bomaite. Bhí fear agus bean ag siúl leo os a chomhair, agus iad ag siúl agus ag gáire le chéile bhí siad ag ithe rud éigin a cheannaigh siad i siopa. Nuair a bhí siad críochnaithe, chaith an bhean an páipéar uaithe a raibh an bia ann. Agus a chroí ag preabadh ní ba ghasta, thóg David sa dorchadas é: is minic a bhíodh rud éigin clóscríofa ar pháipéar a mbíodh rudaí clúdaithe leis.

Dheifriugh sé chuig an solas ba chónagaraí dó – bhí, bhí rud éigin clóscríofa air, rud éigin a thiocfadh leis a chuid léitheoireachta a chleachtadh agus é á léamh! Amárach nuair a thiocfadh as an lá ... Ní raibh sé de mhisneach aige fanacht rófhada taobh amuigh de shiopa a raibh na soilse lasta go geal ann: agus ar a bharr sin, ní raibh sé ar fónamh, bhí tinneas cinn air agus mhóthaigh sé tinn. B'fhearr dó filleadh ar a charraig.

D'amharc sé suas agus fuair sé amach go raibh sé ina sheasamh i lár cearnóige móire. Ar dtús bhí eagla air, de bhrí gur mhóthaigh sé ní ba shábháilte ar na sráideanna cúnga, ach ansin rinne sé dearmad ar an eagla a bhí air nuair a chonaic sé foirgneamh iontach mór a raibh crois aige ar a bharr os a chomhair amach

ar thaobh eile na cearnóige.

Teach an phobail! ‘Má tá crois ann, is é teach an phobail é’, chuimhnigh sé gur inis Johannes é sin dó tráth. Ach níor inis sé dó go dtiocfadh le teach an phobail a bheith álainn – a chuid ballaí tógtha le cineálacha éagsúla cloch a rinne patrúin chasta áille, agus céimeanna maorga ag dul suas a fhad lena dhoirse. D’amharc David ar theach an pobail ar feadh tamaill fhada. Mhothaigh sé go raibh tábhacht éigin aige dó, ach ní thiocfadh leis a rá cad é a bhí ann. Mhothaigh a chloigeann iontach trom amhail is go raibh sé ag rith an oíche ar fad: bheadh air filleadh ar a chró folaigh.

Thiontaigh sé a dhroim leis an chearnóg go mall agus chuaigh síos isteach arís ar na sráideanna cúnga a bhí faoi shoilse geala. Stop sé taobh amuigh de shiopa ar bhácáil siad builíní cruinne cothromacha ann a raibh rudaí darbh ainm trátaí ar a mbarr acu ón méid a d’fhoghlaim sé. Bhí ocras air. Ní cíocrach faoi lathair, ach bheadh sé ar maidin. B’fhéidir go dtiocfadh sé ar oráiste eile ar maidin.

Thiontaigh sé le himeacht.

‘Haló, ar mhaith leat ceann acu, ah?’

Baineadh preab as David agus thiontaigh sé thart. Bhí an fear ina sheasamh sa doras agus é ag tairiscint ceann de na builíní dó. Shín David a lámh amach gan smaoineamh – agus thug ar ais go gasta í. Gaiste. Ghlacfadh sé leis an arán agus ansin chuirfeadh an fear fios *orthusan* ...

D’amharc sé suas ar aghaidh an fhir agus mhothaigh go raibh sí díreach cosúil le haghaidh an mhairnéalaigh

– an chuma measartha bómánta céanna uirthi, agus an chuma lách ina shúile. Stop David; b’fhéidir nach gcuirfeadh sé fios orthu. Bhí a leithéid de dhaoine agus daoine maithe ann – d’inis Johannes an méid sin dó – agus chuala sé an rud céanna ó chimí eile: Is minic a labhraíodh siad orthu siúd a chuidigh leo agus a thug foscadh dóibh ar feadh tréimhsí fada nuair a bhíodh *siadsan* sa tóir orthu.

Rinne an fear gáire dea-chroíoch, ar an dóigh a ndearna gach duine gáire anseo. ‘Bhuel, is féidir nach bhfuil an gasúr beag ocrach!’ ar seisean. ‘Tá, tá mé,’ a d’fhreagair David. ‘Go raibh míle maith agat!’ Thug sé an t-arán agus d’imigh sé leis de shiúl na gcos a bhí measartha gasta. Chuir an fear grainc air agus d’amharc air agus é ag iarraidh an gasúr a thuiscint. Chroith sé a ghuallí ansin suas a fhad lena chluasa agus lig dóibh titim arís, amhail is go raibh sé ag croitheadh rud éigin de, agus chuaigh ar ais chuig a chuid builíní.

Ní dheachaigh lá thart chomh gasta riamh i saol David agus a chuaigh an lá dár gcionn. Agus a shaoirse aige go fóill, d’éirigh leis filleadh ar na carraigeacha arís, d’ith sé leathchuid den bhuilbhín agus luigh síos agus chuaigh a chodladh. Nuair a mhúscail sé bhí an lá ann, agus bhí gach rud chomh te agus chomh hálainn céanna faoi sholas na gréine gile agus a bhí sé an lá roimhe. Rith sé a fhad leis an sruthán beag le é féin a ní sula raibh duine ar bith thart, agus is é rud nár chuir sé isteach ná amach air fiú gur éirigh an ghallúnach i bhfad ní ba thanaí de bhrí gur bhain sé an oiread sin úsáide aisti an lá roimhe. B’fhéidir de bharr gur

nigh sé a léine agus a bhríste léi fosta. Shocraigh sé go ndéanfadh sé cúis a lámha, a chosa agus a aghaidh a ní inniu agus go mbainfeadh sé úsáid choigilteach as a ghallúnach luachmhar. Ansin, rith sé síos an cnoc arís, agus de bharr go raibh sé ar bís dul ar ais chuig a pháipéir, is beag nach ndearna sé dearmad a bheith ag faire amach go cúramach sula ndeachaigh sé trasna an bhóthair. Níor chóir dó sin tarlú arís! Chuir sé fiachadh air féin cuntas a dhéanamh go céad sular thóg sé a chuid páipéar le cur i gcuimhne dó féin cé chomh tábhachtach agus a bhí sé gan rud ar bith a dhéanamh gan a mhachnamh a dhéanamh air.

Ba dhoiligh an ruainne páipéir a léamh. Léigh sé roinnt fógraí sa bhaile an oíche roimhe, ach bhí sé seo scríofa ina abairtí cuí agus cuid mhaith focal i dtoll a chéile. Dúirt David ainmneacha na litreacha leis féin faoina fhiacra, ar tús ina cheann agus ina cheann agus ina dhiaidh sin á rith le chéile ina dtriúr nó ina gceathrar in aon mheall amháin, agus i ndiaidh tamaill thosaigh cruth focal a bhí ar eolas aige cheana féin a theacht ar na fuaimeanna. Ansin thosaigh sé a léamh go ciúin dó féin a raibh ar an pháipéar. I ndeireadh na dála bhí díomá air leis: bhí cuid den eolas ar rudaí a thiocthadh leat a cheannach, agus níorbh fhiú a dhath cuid ar bith de do ghasúr a bhí ag teitheadh. Bhí eolas éigin ann ar ghluaisteáin, agus bhí an píosa deireanach ar rí. Ach ag an áit sin bhí an páipéar stróicthe, agus ní thiocthadh le David a fháil amach fiú cá has an rí.

Ón méid a chuala sé sa champa, thuig David go raibh na tíortha a raibh rí mar cheannaire acu saor

agus nár ghá go mbeadh eagla ar na daoine a chónaigh iontu rompu.

Ach bhí cuid mhaith tíortha mar sin ann, agus níorbh fhiú mórán an t-eolas dó ó tharla nach raibh a fhios aige cén áit a raibh na tíortha sin.

Bhí an chuma air, áfach, gur mhó a mhothaigh sé nach dtiocfaí air anois ná mar a mhothaigh sé an lá roimhe. Bhí an oiread sin feicthe aige sa bhaile go raibh a fhios aige ina chroí istigh go mbeadh air dul síos chuige arís, ach ní admhódh sé dó féin go fóill é. Bhí sé idir dhá thine Bhealtaine: bhí sé ar bís dul ar ais agus tuilleadh a fhoghlaim faoin dóigh a raibh an saol taobh amuigh den champa, agus ag an am céanna bhí inní air go ndéanfadh sé dearmad an eagla a bhí air a cheilt.

A fhad agus a bhí gile an lae ann ní smaoiníodh sé níos mó ar chuairt eile a thabhairt ar an bhaile. Bhí neart rudaí eile ann le cian a thógáil de: gach rud dá bhfaca sé an lá roimhe, gach rud dá raibh sé ag iarraidh a fháil amach agus a bheadh air féin a fháil amach. Agus bhí a pháiosa féin páipéir ann: fiú mura mbeadh a dhath ar bith air a rachadh chun sochair dó, thiocfadh leis na litreacha a léamh i gcónaí, ag cur na bhfocal mar a bhí siad i gcló i gcomparáid leis an dóigh ar fuaimníodh iad go dtí go mbeadh sé cinnte de go dtiocfadh leis iad a léamh mar ba cheart. Agus idir an dá linn, nuair a bheadh mearbhall ina cheann agus ualach an oiread fadhbanna nach raibh an chuma orthu go mbeadh réiteach ann dóibh choíche ag dul thart ina cheann, bhí na rudaí uilig ann nach n-éireodh sé bréan de

bheith ag amharc orthu choíche. An fharraige ghorm a shín amach ní b'fhaide ná fad a radhairc agus an tír lena cósta a bhí ag síorathrú ... na cnoic ghlasa, na carraigeacha loma dearga ... na tithe a raibh dathanna geala orthu a bhí ag lonrú mar a bheadh torthaí ann anseo is ansiúd faoin ghrian.

Nuair a bhí an tráthnóna ann chuaigh David síos chuig an bhaile arís. Agus arís an chéad tráthnóna eile, agus an chéad cheann eile ... agus gach uair dá ndeachaigh sé ann d'fhoghlaim sé rud éigin nua, go leor le cian a thógáil de an lá ar fad sa chró folaigh chreagach seo.

Tháinig sé ar scéal maith. An dara tráthnóna dó a bheith sa bhaile léigh sé rud éigin ar bhalla faoi shorcas. Thuig sé féin gur cineál amharclainne a bhí ann a thaistil thart: dá gcuirfí ceist air déarfadh sé go raibh sé bainteach le ceann acu agus go bhfillfeadh sé air in áit éigin eile – in áit éigin fada go leor ar shiúl a chuirfeadh cosc ar dhaoine a fháil amach cé acu a bhí sé fíor nó nach raibh.

Ach ní raibh deis ar bith aige triail a bhaint as a scéal.

Chuaigh sé síos chuig an bhaile arís tráthnóna. Bhí sé ag éirí an-eolach ar an áit de réir a chéile – na sráideanna cúnca casta, an fhairsinge chríche cois farraige, an chearnóg a raibh an eaglais ina seasamh inti. Théadh sé ansin i gcónaí sa deireadh le go mbíodh an balla álainn a raibh an oiread patrún cloch daite ann go húr ina intinn ar an bhealach ar ais chuig an charraig. Níor chruinnigh sé go leor misnigh go fóill

le dul isteach san eaglais cé gur bhreá go mór leis an chuma a bhí uirthi ar an taobh istigh a fheiceáil.

In amanna sheasadh David faoi na scáthanna taobh amuigh de shiopa agus d'éisteadh sé leis an chomhrá a bhí ag dul ar aghaidh taobh istigh de. Bhí sé furasta go leor de bharr go mbíodh siad i gcónaí ag labhairt os ard agus ba mhinic a phléascadh siad amach ag gáire. Ar an dóigh sin d'fhoghlaim sé an úsáid a bhí le cuid mhaith rudaí, rudaí a bhí aisteach dósan ach a ndearna daoine thart air talamh slán dóibh.

Níor chuala sé duine ar bith ag caint *orthusan* go fóill: uaireanta de thairbhe go raibh sé soiléir nach raibh duine ar bith *acusán* sa bhaile ní bhíodh sé chomh cúramach céanna. Shiúladh sé ar aghaidh i gcónaí dá n-amharcadh duine ar bith air, ach ó am go chéile is beag nach ndearna sé dearmad go raibh eagla air, agus líon sé a bhuidéal ag an chaidéal uisce go hoscailte thíos cois na trá agus ghlac sé le roinnt builíní ón fhear a bhacáil iad. Ar dtús, sheasadh sé ar feadh tamaill fhada faoi na scáthanna taobh amuigh den siopa agus é ag éisteach leis an chomhrá idir an báicéir agus a chuid custaiméirí – ach ní bhíodh siad ag labhairt *orthusan* in am ar bith, agus ní chuireadh sé ceist ar bith ar David seachas an raibh ocraí air, agus ansin thugadh sé builín dó agus aoibh chairdiúil an gháire ar a aghaidh leis.

Agus bhí sé cineál de nós ag David anois dul i bhfolach sa dorchadas taobh amuigh anois agus a bheith ag éisteach leo. An tráthnóna sin bhí an fear ag caint ar dhuine darbh ainm Guglio agus ar an mharú mhaith a bhí aige. Ar feadh bomaite bhí a chroí ina

bhéal ag David le heagla ... Ansin thuig sé go raibh siad ag caint ar mharú éisc ar farraige agus ní ar mharú daoine.

Sheas sé ansin ar feadh tamaill bhig eile, agus bhí an oiread sin faoisimh air go ndearna sé dearmad éisteacht leo. Go tobann ansin chuala sé an fear a rá, 'Cé hé an gasúr sin a thagann anseo gach tráthnóna faoi choinne builín? An bhfuil a fhios agat?'

'Cén gasúr?'

'Gasúr tanaí cifleogach, ach é i gcónaí glan. Tá cuma choimhthíoch air.'

Bhrúigh David é féin go dlúth i gcoinne an bhalla agus sheas ansin amhail is go raibh sé greamaithe den spota. Bhí fear eile ag labhairt anois, duine a raibh blas difriúil aige ón chuid eile, níos cosúla le blas David féin, 'Chonaic mé gasúr coimhthíoch gach tráthnóna an tseachtain seo: bíonn sé ina sheasamh ag amharc ar an eaglais. Rinne mé talamh slán de gur tháinig sé anall do bhaint an fhómhair. Fostaíonn Signor Missiani roinnt oibríthe aon uaire an t-am seo den bhliain.'

Ansin dúirt bean rud éigin. 'Níor tháinig duine ar bith go fóill do bhaint an fhómhair, a padre: d'inseodh Thérèse dom dá dtiocfadh. Chonaic mé féin an gasúr fosta. Caithfidh sé gurb é an duine céanna é. Níl sé cosúil leis an chuid eile agus imíonn sé leis i gcónaí a luaithe a amharcann tú air. Tá cuma an-saoithiúil ar a shúile...'

'Cén dóigh saoithiúil?' – ba é sin an duine ar thug siad 'padre' air a labhair arís: ciallaíonn 'padre' 'sagart' – 'ní fhaca mise é ach sa dorchadas agus é ina sheasamh

ar an taobh eile den chearnóg ... An bhfuil an chuma air go bhfuil sé ag cothú ceilge?’

‘Níl, níl, níl a fhios agam faoi sin, a padre, ach is gasúr coimhthíoch é mar sin féin. Má dhéanann tú aoibh an gháire leis ní dhéanann sé aoibh an gháire leatsa; ní theitheann sé uait ach oiread; is é rud go díreach go n-iompaíonn sé agus go siúlann sé leis. Agus a shúile ... tá an chuma orthu go bhfuil siad chomh ciúin sin. B’fhéidir gur chóir dúinn greim a fháil air agus a fhiafraí de cá has é.’

Níor chuala David rud ar bith ina dhiaidh sin. Gan an oiread céanna fuaimne agus a dhéanfadh puth gaoithe bhí sé ag bun na sráide agus taobh istigh den chéad doras oscailte a casadh air – síos trí phasáiste fada dorcha agus amach arís ar shráid eile. Níor mhothaigh sé riamh roimhe go raibh sé chomh deacair céanna dó siúl ar aghaidh go calma amhail is nach raibh eagla ar bith air. Ghéaraigh sé a choischéim, amach as an bhaile, amach chuig na carraigeacha – bheadh air imeacht láithreach sula dtosódh siad a theacht ar a lorg.

Is féidir go mbeidh siad ag cur fios *orthusan* cheana féin ... d’fhan David tamall iontach, iontach fada, i bhfolach ar thaobh an bhóthair, sula raibh sé de mhisneach aige dul a stámhailleach ar ais chuig a chró folaigh. An dá thráthnóna dheireanacha d’fhág sé a bheartán ansin, agus anois bheadh air é a thabhairt leis. Ach ar dtús bheadh air a bheith cinnte de nach raibh duine ar bith á leanúint.

Nuair a bhain sé sábháilteacht na gcarraigeacha amach, luigh sé siar, ach ní le dul a chodladh, is é rud

go díreach gur mhothaigh a chosa nach dtiocfadh leo a mheáchan a iompar a thuilleadh. Agus é ina luí ansin, thiocfadh leis soilse an bhaile a fheiceáil thíos faoi. Bhí cuma álainn orthu sa dorchadas. Ach bhí an ceart aige nuair a mhothaigh sé go raibh contúirt ann: bheadh air imeacht láithreach, an oíche chéanna sin.

Chuir an smaoineamh éadóchas mór air. Thosaigh sé a smaoineamh gurbh é a bhaile féin é, gur leisean an charraig. Bhí gach máchail ar a dromchla ar eolas aige, agus gach maidin nuair a d'osclaíodh sé a bheartán, d'eagraíodh sé a chuid rudaí ar an dóigh chéanna. Ba leisean amháin an sruth beag thuas ar an taobh eile den bhóthar, agus gach maidin thagadh sé ar oráiste.

Bhí áilleacht na háite uilig feicthe aige: an fharráige ar an chósta a bhí ag lúbadh ar an chladach, na dathanna áille uilig, na dathanna gorma, glasa agus dearga; agus na tithe gleoite, dathanna geala orthu fosta, agus iad ag lonrú mar a bheadh torthaí ann faoi sholas na gréine.

Sular tháinig sé chuig an bhaile ní raibh taithí aige ar rud ar bith ach amháin ar an bhás: d'fhoghlaim sé an dóigh ar mhothaigh sé le bheith beo i ndáiríre san áit seo, agus an dóigh lena rogha féin a dhéanamh, d'fhoghlaim sé an dóigh ar mhothaigh sé le tú féin a ní in uisce glan faoi sholas na gréine go dtí go raibh sé féin glan, agus an dóigh ar mhothaigh sé le do ghoile a shásamh le bia a raibh blas deas air; d'fhoghlaim sé faoi fhoghar an gháire a bhí saor ó bhrúidiúlacht; d'fhoghlaim sé faoi bhrí na háilleachta – agus anois b'éigean dó iad uilig a fhágáil ina dhiaidh gan filleadh

choíche arís orthu.

Chaoin David – ach ní ar feadh tamaill fhada. Shuigh sé go díreach agus d’amharc an athuair ar shoilse an bhaile. D’fhoghlaim sé fosta go dtiocfadh leis bheith ag smaoineamh arís gan eagla bheith air go raibh sé á dhéanamh.

Agus thiocfadh leis coinneáil ag smaoineamh; bhí sé saor go fóill, agus dá smaoineodh sé go cúramach ar gach rud, chomh soiléir agus chomh siosmaideach agus a thiocfadh leis, agus dá gcuimhneodh sé ar gach rud a d’fhoghlaim sé san áit seo, b’fhéidir go mbeadh an tsaoirse aige go ceann tamaill fhada eile.

Bhí an ceart aige a bheith ag déanamh go raibh *siadsan* gach áit, fiú san áit a raibh sé anois. Ach fuair sé amach fosta go raibh roinnt daoine ann a bhí lách cineálta. Agus mura raibh sé de mhisneach acu ligean orthu féin nach bhfaca siad thart é, is air féin a bhí an locht de bharr gur fhan sé ansin rófhada. Ach níor chóir dó fanacht san áit chéanna níos mó ná tráthnóna amháin. Bheadh air dul ar aghaidh ag seachaint daoine a mhéad a thiocfadh leis, agus bheadh air cuimhneamh air gan amharc orthu.

Ba mhian le David go mbeadh a fhios aige cad é a bhí chomh haisteach sin faoina shúile. Cad é a bhí siad a mhaíomh nuair a dúirt siad go raibh siad ciúin? B’fhéidir go dtiocfadh sé ar scáthán lá éigin agus go bhfaigheadh sé amach an chuma a bhí air féin. Lig David osna bheag as féin. Bhí sé doiligh do ghasúr bréagriocht a chur air féin. Thiocfadh le fir a bhí fásta aníos féasóg a fhás nó í a bhearradh díobh;

agus dá mbeadh airgead agat, thioctadh leat do chuid éadaigh a athrú, nó spéaclaí a chaitheamh, nó dath a chur i do chuid gruaige. Ach nuair a bhí tú i do ghasúr gan féasóg gan airgead, níorbh fhiú a bheith ag smaoineamh ar bhréagriocht a chur ort féin.

Phacáil David gach rud seachas a chompás isteach ina bheartán agus d'éirigh ina sheasamh. Nuair a chuaigh sé anonn an clár tharraing sé ina dhiaidh é gur iompair sé a fhad leis an bhóthar é le nach bhfeicfeadh duine ar bith an áit a raibh sé ag cur faoi. Sheas sé ar feadh tamaill agus d'amharc síos ar an bhaile.

Ansin d'imigh sé leis go ciúin ó thuaidh suas an sliabh.

A Trí

Spíonta agus scríobtha ó bhun go barr, bhí áthas ar David nuair a thosaigh sé a éirí geal. Ní raibh sé cleachta le bheith ag taisteal i rith na hoíche agus shocraigh go dtaistealódh sé i rith an lae ina áit sin chomh luath agus a bheadh sé fada go leor ar shiúl. Bhí an taisteal san oíche róthuirsiúil ar réimse talaimh a gcasfaí rud éigin ort air b'fhéidir nó a mbainfí barrthuisle asat air le gach coischéim dá siúlfá – plandaí, fréamhacha crainn, fána nach raibh tú ag dúil léi nó poll sa talamh. Thug sé faoi deara fosta, a fhad is nach raibh daoine ábalta amharc go géar air gur beag aird a thug siad air – ní raibh ann ach gasúr ag dul tríd an áit. Caithfidh sé go raibh cuid mhór gasúr ar domhan. Bhí inní mhór air fosta nuair a smaoinigh sé ar an oiread sin rudaí nár thug sé faoi deara. Seans go raibh gasúir san áit ina raibh sé fosta, ach bhí sé féin chomh gafa sin le foghlaim faoi na rudaí a bhí sna siopaí, le bheith ag éisteacht leis na hábhair

chainte a bhí ag na daoine agus le bheith ag léamh na bhfógraí nár thug sé faoi deara. Thiocfadh leis rud ar bith a léamh anois, a fhad agus a bhí sé scríofa i gcló, agus ba mhór an buntáiste é sin.

D'fhan sé go dtí go raibh sé geal go leor le fáil amach an raibh tithe ar na gaobhair agus ansin d'aimsigh tortán tom a dtiocfadh leis dul a chodladh ann.

Nuair a mhúscaíl sé baineadh geit as. Bhí an lá geal go fóill, agus é ag éirí ina shuí mhothaigh sé go raibh sé ag amharc caol díreach amach ar an fharraige! D'amharc sé go himníoch ar a chompás. An amhlaidh go raibh sé briste? Ach luasc an tsnáthaid mar ba chóir. Ar feadh bomaite shíl sé go ndeachaigh sé ar seachrán sa dorchadas agus go raibh sé ag spaisteoireacht thart i gciorcail go dtí go raibh sé ar ais i gcomharsanacht an bhaile arís.

Ansin rith smaoinemh eile leis: b'fhéidir gur lúb an fharraige thart an bealach ar fad agus gur thrasnaigh sé stráice talaimh a raibh an fharraige ar gach taobh de. Is ea, ba é sin é! D'éirigh David ina sheasamh go gasta agus rinne a bhealach síos chuig an trá go dtí go dtiocfadh leis an cósta ar fad a fheiceáil. Ansin fuair sé amach go raibh an ceart aige. Bhí an áit ar mheasc an tír, an fharraige agus an spéir le chéile déanta doiléir in aon dath amháin goirme, agus í suite sa treo eile – ar thaobh a láimhe deise agus é ina sheasamh ag amharc amach ar an fharraige, agus ní ar thaobh a láimhe clé áit a raibh sí óna charraig.

Ach cad é a dhéanfadh sé anois? Bheadh air dul ó thuaidh: ba é sin an méid a d'inis an fear dó. Den

chéad uair ó bhain sé an Iodáil amach, thiocfadh le David smaoineamh ar an fhear go ciúin staidéarach gan buaireamh ar bith. D’inis sé dó dul ó thuaidh go dtí go dtiocfadh sé chuig tír darb ainm an Danmhairg. Ach cén fáth a ndéanfadh sé an rud a d’inis an fear dó? Nárbh é David é, a mháistir féin, a dhéanfadh a chinneadh féin? Sa champa, ar ndóigh, b’éigean duit géilleadh don fhear. Ba é an ceannfort é, agus níor rith sé le David riamh gan géilleadh dó Bhí sé feicthe aige go rómhínic an rud a tharlódh mura ngéillfeá do ghnáthgharda fiú.

Ach anois ní raibh fáth ar bith ann go ngéillfeadh sé dó. Nó an raibh? *Bhí* an beartán ina luí faoin chrann, agus nuair a chuaigh sé ó dheas bhain sé Teasaloinicé amach. Agus *bhí* long ann a bhí á seoladh chun na hIodáile. Níor tháinig sé ar ghaiste ar bith go fóill a chuir an fear dó – ach b’fhéidir go mbeadh ceann acu ann sa tír darb ainm an Danmhairg. Bhí an scéal uilig iontach casta agus ní thiocfadh le David réiteach ar bith a aimsiú.

‘Ach ní gá domsa a bheith buartha faoi sin uilig anois,’ ar seisean leis féin. ‘Má ghobann an chuid den Iodáil a bhfuil mé anois inti go dtí seo isteach san fharrage, mar a shílim a ghobann, b’fhearrde domsa dul ní b’fhaide soir, mar de réir dealraimh, is é sin an bealach a bhfuil an tír ag dul.’

Ar an taobh abhus den leathinis, fosta, bhí an bóthar ag caismearnach suas cineál laftáin os cionn na farrage. Thrasnaigh David é, ag coinneáil a shúl greamaithe den bhóthar agus é ag dul trasna –

b'fhéidir go dtiocfadh sé ar oráiste, agus is beag bia a bhí fágtha aige. Is é an rud a tharla gur tháinig sé ar cheann – tháinig sé ar chrann a raibh siad flúirseach air! Níor thuig sé gur fhás siad ar chrainn. Ní raibh mórán tráchta ar an bhóthar thuas, seachas carr ag dul thart anois is arís, agus bhí sé ábalta greim a fháil ar na craobhacha ab ísle agus iad a dhreapadh gan mórán stró. Bhain David dhá oráiste de le go mbeadh ceann acu i dtaisce aige. Ansin d'aimsigh sé áit chompordach a dtiocfadh leis suí ar charraig mhín agus shocraigh é féin lena bhricfeasta a ithe. Píosa beag aráin, uisce – a bhí úr agus glan, gan é láibeach leamh mar a bhí an t-uisce sa champa – agus oráiste le críoch a chur leis.

Ach b'fhearr dó dul chun bealaigh; dá mbeadh *siadsan* sa tóir air cheana féin bheadh air imeacht gan mórán moille. Ní raibh grianghraf ar bith acu a dtiocfadh leo úsáid a bhaint as le é a aithint – sin rud amháin a rachadh chun sochair dó. D'éirigh sé ina sheasamh agus bhain cloch scaoilte tuisle as agus chaill sé a ghreim ar a chompás a chuaigh suas san aer agus amach thar imeall na carraige a raibh sé ina shuí uirthi. Sula raibh sé ábalta a lámh a chur amach le greim a fháil air bhí sé rómhall.

Ní thiocfadh leis rud ar bith a dhéanamh ach a shúile a leanúint go dtí gur imigh sé as radharc agus isteach san fharraige a bhí chomh fada sin thíos faoi nach dtiocfadh leis fiú an plab a chluinstin.

Bhí an fharraige an-domhain thíos faoi na carraigeacha, agus bhí a fhios ag David nach dtiocfadh sé air choíche arís. Shuigh sé ar feadh tamaill fhada agus

é ag stánadh ar an áit ar imigh sé as radharc. Bheadh sé caillte anois. Anois *rachadh* sé thart i gciorcail agus choinneodh sé ag teacht ar ais chuig an áit chéanna. Agus thiocfadh *siadsan* air.

Is beag a raibh aige. Anois ní raibh a dhath aige; a dhath ar bith ar chor ar bith lena shaoirse a chosaint.

‘A Dhia!’ ar seisean go séimh. ‘Ó, a Dhia!’

Ní raibh a fhios aige cén fáth a ndúirt sé é. Ba é sin an rud a deireadh na fir sa champa in amanna nuair a bhíodh éadóchas mór orthu. Ach maidir leis féin, ní raibh Dia ar bith aige.

Ní raibh compás aige ach oiread. Bhí an tsaoirse luachmhar, agus ní raibh rud ar bith aige le í a chosaint.

Ansin shocraigh David gur chóir go mbeadh Dia aige: b’fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú. Ach cén Dia a roghnódh sé? Bhí sé tábhachtach go roghnódh sé an Dia ceart. Dá mba rud é go n-éistfeadh sé ní ba chúramaí leis na rudaí a raibh na fir sa champa ag caint orthu! Ní raibh suim aige i rud ar bith eile ach focail nua a fhoghlaim. Dá gcuirfeadh sé níos mó ceisteanna orthu, d’fhoghlaimedh sé níos mó.

Cé na déithe a raibh eolas aige orthu? An Dia a ndearna na Giúdaigh an oiread sin achainí air mar chúiteamh ar a chuidiú? Agus cad é a bhí ag David le tabhairt. A dhath! Agus murar Ghiúdach thú, b’fhéidir nach raibh sé de cheart agat é a roghnú. Bhí an chuma ar an scéal gur fhág Dia na gCaitliceach rudaí faoi chúram mná darbh ainm Muire. Níorbh é go raibh rud ar bith ag David in éadan na mban, ach de dheasca go raibh a laghad sin aithne aige orthu b’fhéidir gurbh fhearr dó

Dia a roghnú a bhí freagrach as a rudaí féin. Ba chóir do Johannes rud éigin faoi Dhia a theagasc dó. Ina áit sin, níor inis sé dó ach faoi fhear ar tugadh David air fosta, a mhair fadó. D’amharc David siar go domhain ina chuimhne: nuair a rinne sé dianmhachnamh air thiocfadh leis cuimhneamh ar chuid mhaith de na rudaí a dúirt Johannes. Nach raibh tagairt éigin ann do dhia éigin sa scéal sin faoi David fosta? Tagairt éigin i bhfocail measartha deacair – bhí dúil riamh aige i bhfocail nua a bhí fada aisteach: bhain sé sult as an chiall a bhí leo a fháil amach.

Go tobann rith sé chuige. Dúirt an David eile faoina Dhia, ‘cuireann Sé fiachadh orm luí síos ar na tailte féaraigh, treoraíonn Sé chuig uiscí suaimhneacha mé.’

Ba é féin an duine a roghnódh a Dhia!

Agus greim daingean aige ar a oráiste, d’amharc sé thart ar dtús le bheith cinnte de nach gcluinfadh duine ar bith é, agus ansin dúirt de ghlór íseal, ‘A Dhia na dtailte féaraigh agus na n-uiscí suaimhneacha, Is mise David agus is Tú an Dia a roghnaím dom féin! Ach le do thoil, caithfidh tú a thuiscint nach dtig liom rud ar bith a dhéanamh duitse, de dheasca go raibh mé tamall fada i ndrocháit nach raibh duine ar bith ábalta smaoineamh ar rud ar bith, foghlaim faoi rud ar bith, nó eolas a fháil ar rud ar bith, agus níl barúil agam cad é ba chóir do dhaoine a dhéanamh ar son a nDé. Ach bhí a fhios ag an David ar labhair Johannes air, fiú mura raibh sé ábalta Tú a fheiceáil, bhí Tú ann agus go raibh tú ní ba láidre ná fear ar bith. Guím go gcuideoidh Tú liom le nach dtiocfaidh *siadsan* orm arís. Ansin is féidir

go mbeidh mé ábalta aithne a chur Ort de réir a chéile le go mbeidh mé ábalta rud éigin a dhéanamh mar chúiteamh Duit. Agus más rud é go bhfuil a fhios agat cén áit a bhfuil Johannes anois, an ngabhfaidh tú mo bhuíochas leis as taisteal liom go Teasaloinicé, agus inis dó go dtig liom a bheith ag smaoineamh air anois agus an tsaoirse agam arís. Is mise David, Áiméan.'

B'fhéidir gur meancóg a bhí ann 'áiméan' a rá de bharr gurbh é sin an rud a dúirt na Caitlicigh, ach bhí a fhios ag David gur focal naofa a bhí ann, agus mura mbeadh focal agat le críoch a chur leis ní bheadh a fhios ag Dia cén uair a bheadh an phaidir críochnaithe agat.

Fuair sé faoiseamh agus mhothaigh sé ní ba láidre go díreach ar an dóigh chéanna ar mhothaigh sé an mhaidin a shocraigh sé ina intinn go mairfeadh sé agus go leanfadh sé ar aghaidh lena shaol. Bhí áthas air gur smaoinigh sé air: bheadh Dia i bhfad ní b'fhéarr ná compás ... cé go mbeadh sé deas an bheirt acu a bheith aige, ar ndóigh.

I rith an tráthnóna is beag nár bhain sé an áit amach a ndeachaigh an cósta ar clé, agus ó threo na gréine thiocfadh leis a dhéanamh amach go mbeadh sé ag dul go garbh siar ó thuaidh dá leanfadh sé air sa treo céanna. Gach tráthnóna, agus gach maidin fosta, nuair a mhúsclódh sé, bheadh sé ábalta an treo a raibh sé ag dul a dhéanamh amach trí amharc ar an ghrian: d'éireodh leis fiú dá mba rud é go raibh a chompás caillte aige.

Lá maith a bhí ann. Bhí gach áit go hálainn, agus i

mbaile beag tháinig sé ar cheann de na sconnáí uisce a mbíonn daoine ag ól astu. B'fhéidir go mbeadh ceann acu ann i ngach baile. Agus níor casadh *iadsan* air in áit ar bith. Ní fhaca sé carr ar bith den chineál carranna ar thiomáin *siadsan* thart iontu ach oiread, agus mhothaigh David cinnte de arís eile go n-éireodh leis agus go mbeadh an tsaoirse aige go ceann tamaill fhada go fóill.

Ba é an easpa aráin an fhadhb ba mhó a bhí aige. Bhí an oiread sin rudaí le hithe san Iodáil go bhfágadh daoine bia ina luí thart gan smaoineamh air – oráiste nó tráta – ach ní fhágtáí arán riamh, agus bhí arán de dhíth mura raibh tú le bás a fháil den ocrais.

Shuigh David ar thaobh an bhealaigh mhóir. Is minic a dhéanadh daoine sin, mar sin de mhothaigh sé go raibh an tsaoirse aige an rud céanna a dhéanamh fosta. I ndiaidh tamaill luigh sé síos ar shlat a bhoilg ar eagla na heagla agus é ag amharc amach ar an bhóthar, ag déanamh cinnte de go dtiocfadh leis a cheann a chúbadh as radharc dá dtiocfadh rud ar bith ina threo. Luigh sé agus é ag machnamh ar rudaí éagsúla. I rith an lae fuair sé amach go mbeadh ainm an bhaile le feiceáil scríofa ar chomhartha píosa maith chun tosaigh, mura baile beag a bheadh ann, agus mura mbeadh ach figiúr amháin scríofa i ndiaidh an ainm ní bheadh an baile céanna i bhfad ar shiúl. Mheas sé gur chiallaigh an figiúr, b'fhéidir, líon na gcileamadar a bhí le dul agat. Smaoinigh sé fosta, mura bhfaigheadh sé arán ar bith an lá dár gcionn, go mbeadh air ceist a chur ar Dhia cuid a fháil dó. Idir an dá linn bhí sé ag éirí dorcha go

gasta, agus stop carr go tobann faoi roinnt slat den áit a raibh sé ina luí.

Chúb David a cheann as radharc. Tháinig fear amach as an charr agus thosaigh a chuardach ruda i gcófra an chairr. D'ardaigh David a cheann – gnáthfhear a bhí ann, ní duine *acusan* a bhí ann. Baineadh corraí tobannach as an fhear agus chuala David é a rá faoina fhiacla 'Ó a Dhia, mo spéaclaí ...!'

Labhair sé i mBéarla, ní san Iodáilis. Agus é ag amharc air ag méarnáil sa chlapsholas ar thaobh an bhóthair, d'éirigh David ina sheasamh. Nuair a chaith daoine spéaclaí, ní thioctadh leo rud ar bith a fheiceáil gan iad.

'Cuideoidh mise leat teacht ar do spéaclaí.'

Dhírigh an fear é féin, chrom chun tosaigh agus d'amharc air idir an dá shúil. Bhreathnaigh David síos, chúlaigh beagán agus aiféala air nach ndearna sé a mhachnamh air ar dtús. Ach rinne an fear aoibh an ghéire agus dúirt, 'Go raibh míle maith agat! Ní fiú spéaclaí a chuardach nuair nach bhfuil siad ort, an fiú?' D'fhreagair David, 'Ní fiú,' go deas múinte, agus thosaigh a chuardach thaobh an bhóthair go cúramach go dtí gur tháinig sé orthu. Shiúil an fear anonn chuig an charr agus bhí sé ag labhairt le duine éigin taobh istigh de agus David ina sheasamh na spéaclaí ina lámh aige. An duine *acusan* a bhí ann, i ndeireadh na dála? An dtiocfadh leis éalú? Cé chomh fada agus a d'éireodh leis dul? Ní dheachaigh ach soicind thart sular thiontaigh an strainséir thart go ndúirt sé. 'Nach dtig leat teacht orthu? Mura dtig, déanfaidh mo bhean

an tiomáint ...'

Shiúil David chun tosaigh go malltriallach. 'Seo duit,' ar seisean, agus dúirt de ghlór stadach, 'a dhuine uasail.' Chuir an fear na spéaclaí air féin agus rinne aoibh an gháire arís, agus mhothaigh David cinnte de nach duine *acusan* a bhí ann. Bhí dreach measartha difriúil air: ní thioctadh le David a shamhlú go mbuailfeadh sé ná go scaoilfeadh sé duine. Chuardaigh sé thart lena láimh ina phóca, bhain rud éigin amach agus thairg do David é. Bhí bonn ina luí ar a bhos. 'Beidh ort glacadh le rud éigin mar gheall ar an stró a tharraing tú ort féin,' ar seisean.

'Ní ghlacfaidh,' arsa David go gasta, agus é ag glacadh céime siar. 'Is é an rud atá mé ag iarraidh a rá – ní ghlacfaidh, go raibh maith agat.'

Bhí an chuma ar a strainséir gur baineadh stangadh as, ansin rinne sé aoibh an gháire agus dúirt sa chás sin go mbeadh ar David glacadh lena bhuíochas agus chuir sé ceist air ar mhaith leis, 'Cad é mar atá tú?' a rá lena bhean.

Ní raibh fonn ar David, ach de bharr nach raibh sé ábalta é sin a rá leis, chuaigh sé leis chuig an charr. Bhí bean ina suí taobh istigh de: ní raibh an gnaoi inti mar a bhíonn i mná na hIodáile, ach bhí boladh cumhra ag teacht uaithi agus ní raibh sé ródhorcha go fóill go dtiocfadh leis a fheiceáil go raibh aoibh an gháire uirthi. Mar sin de, bheannaigh David di.

Ansin labhair an fear léi i bhFraincis. D'fhiafraigh sé di ar tháinig sí riamh ar Iodálach beag siúil a raibh canúint an Bhéarla aige de chuid Áth na nDamh

agus a maslaíodh nuair a tairgeadh airgead dó.

Bhí David ar tí a rá nár maslaíodh é, nuair a tháinig athchomhairle air. Ó tharla gur mhothaigh siad go raibh sé aisteach gur labhair sé i mBéarla cheana féin, b'fhearrde dó gan tabhairt le fios dóibh go raibh Francis aige fosta.

Chuir siad ceist air cad é an t-ainm a bhí air agus cérbh é féin. D'fhreagair David gurbh é David an t-ainm a bhí air agus go raibh sé ar a bhealach bualadh le sorcas ní b'fhaide ó thuaidh. Ar an dea-uair, bhí an chuma orthu nach raibh mórán spéise acu sa scéal, agus an chuma air fosta gur leor leid dóibh mar gheall ar ghontacht a fhreagra nár chuir siad a thuilleadh ceistanna air. Ina áit sin d'inis siad dó gur as Sasana iad, go raibh siad ar saoire agus go mbeadh orthu filleadh roimh i bhfad. Ansin dúirt an bhean go mb'fhéidir gur chóir dóibh rudaí a bheith acu ar thug sí 'ceapairí' orthu. Tharla sé gur bia a bhí iontu – slisíní aráin agus rud éigin eatarthu. D'fhiafraigh siad de David ar mhaith leis ceann acu, agus 'ba mhaith, le do thoil' ar seisean.

Bhí an chuma orthu go raibh siad sásta nuair a ghlac David lena dtairiscint, agus shíl David go mb'fhéidir go mbeadh siad toilteanach ceist a fhreagairt dá gcuirfeadh sé ceann orthu.

'An bhfuil rí i réim i Sasana?' a d'fhiosraigh sé.

D'inis an fear dó go raibh banríon i réim faoi láthair de bhrí nach raibh mac ar bith ag an rí deireanach, ní raibh aige ach iníonacha. Banríon mhaith a bhí inti, ar seisean, agus í gnaíúil fosta, agus coróin bhreá óir aici.

D'amharc David air agus a sháith iontais air. Nach cuma cad é a bhí aici? Is é an t-aon rud a bhí tábhachtach go raibh muintir Shasana saor, mar a bhí daoine sna tíortha úd ina raibh ríthe i réim – nó banríona, ar ndóigh.

D'ith sé an píosa deireanach. 'Tá mé réidh leis, a dhuine uasail. An bhfuil cead agam imeacht anois?'

Chrom an bhean chun tosaigh ina threo. 'Tá, cinnte tá cead agat. Ach ... a David, ba mhaith liom aoibh an gháire a fheiceáil ort.'

Mhóthaigh David míshuaimhneach: bhí dreach míshuaimhneach ar a haghaidh, amhail is go raibh sí ag fanacht leis rud éigin a thabhairt di. Ach ní raibh a dhath aige le tabhairt.

'Tá ... tá mé buartha: níl a fhios agam an dóigh le é a dhéanamh.' Thiontaigh sé giota agus d'fhiafraigh arís, 'An bhfuil cead agam imeacht anois, a dhuine uasail?'

Dúirt an bhean go gasta de ghlór íseal i bhFraincis, 'A Donald, ní thig linn ligean dó imeacht mar sin. Tá sé beagnach ar comhaois lenár gcuid gasúr féin. Is féidir gur Sasanach é. Is léir nach gnáthghasúr siúil é. Na súile sin ... nach dtugann tú rud éigin faoi deara faoina shúile?'

Leag an fear a lámha ar a cuid lámh agus bhris isteach ar a cuid cainte. 'Tugaim, tugaim, agus tá eagla ar an ghasúr: dá fhad a choinníonn tú anseo é is amhlaidh is mó an eagla a bheas air. Ní thig linne baint ná páirt a bheith againn leis an scéal, a Alice, agus tá mé cinnte de nach Sasanach é.'

Ansin labhair sé le David, ‘Ní Sasanach thú, a David, an ea?’

Beagnach sular chríochnaigh sé ag labhairt, d’fhreagair David go gasta, ‘Ní hea, a dhuine uasail. Bhí fear sa ... sorcas agus Sasanach a bhí ann.’ Is beag nach ndúirt sé ‘sa champa’ ach cheartaigh sé é féin in am ‘Nach dtabharfaidh tú cead dom imeacht? Níor ghlac mé le do chuid bia sula ndúirt tú go dtiocfadh liom.’

‘Ar ndóigh tá cead agat imeacht, a David.’ Bhí guth an fhir beagnach cosúil le guth Johannes. ‘Dá mbeadh bealach ar bith ann a dtiocfadh linn cuidiú leat, d’inseofá dúinn, nach n-inseofá?’

‘D’inseoinn, a dhuine uasail. Ach níl. Go raibh maith agat. Slán agaibh.’ Bhí an oiread sin deifre air imeacht, gur bhain stad dó ina chuid cainte. Ansin rith sé leis sula mbeadh siad ábalta é a stopadh arís. Rith sé siar taobh an bhóthair, agus sular bhain an chéad chasadh sa bhóthar amach luigh síos sa díog agus d’amharc siar ar an charr. D’fhan sé ansin ar feadh tamaill fhada sular thiomáin siad ar aghaidh é.

Bhí sé ag éirí measartha dorcha faoin am seo.

Thosaigh David a dhul síos le fána ar a cheithre boinn go malltriallach i dtreo na farraige le háit chodlata a aimsiú dó féin leis an oíche a chaitheamh inti. Bhí sé ag machnamh ar na strainséirí – Sasanaigh as tír a raibh a saoirse aici. Ba léir go raibh siad cineálta, agus go fóill féin ní raibh an chosúlacht ar an scéal go raibh siad sásta ligean dó imeacht, go háirithe an bhean. Bhí an chuma ar an scéal gur shíl sí gur chóir di é a choinneáil

ansin. Ní thioctadh le David é a thuiscint ... ach nuair a chuartaigh sé a intinn don méid a bhí ar eolas aige faoi thíortha a raibh a saoirse acu, d'aimsigh sé an freagra: sna tíortha sin bhí cineál fórsaí slándála nó póilíní acu le cuidiú leo siúd nach ndearna rud ar bith as cosán. Ní raibh sise san áit seo ach ar saoire agus b'fhéidir nach raibh barúil ar bith aici ar cé chomh difriúil agus a bhí rudaí i dtíortha eile. Chuir an smaoineamh sin suaimhneas air: tháinig scaoll air nuair a smaoinigh sé go ndéanfadh sí iarracht é a cheapadh d'aon turas – bheadh sé cineál fealltach bia a thabhairt dó agus aoibh an gháire a dhéanamh leis agus ag iarraidh é a cheapadh ina dhiaidh sin. Ach má bhí sí aineolach ar an scéal, ní raibh rud ar bith mailíseach faoin rud a rinne sí. Ní raibh ann ach go mbeadh airsean a bheith ní ba chúramaí agus cuimhneamh gan amharc ar dhaoine fada go leor go dtugann siad a shúile faoi deara. Bheadh sé ina chuidiú teacht ar scáthán – Dá mba rud é go raibh a fhios aige cad é a bhí cearr lena shúile b'fhéidir go mbeadh sé ábalta rud éigin a dhéanamh fúthu. Agus bheadh air an dóigh le gáire a dhéanamh a fhoghlaim: ó am go ham rinne daoine aoibh an gháire leis sa bhaile, agus ansin bhí an chuma orthu gur cuireadh as dóibh agus go raibh aiféala orthu go ndearna siad é. Dá dtiocfadh leat aoibh an gháire a dhéanamh le duine gach uair a dhéanfadh an duine sin aoibh an gháire leatsa, b'fhéidir gur lú an sonrú a chuirfeadh siad ionat.

Bhí David go díreach ar tí titim ina chodladh nuair a rith smaoineamh leis a shíl sé a bhí measartha

tábhachtach. Bhí an Sasanach ag iarraidh airgead a thabhairt dó! Dhiúltaigh sé é, gan amhras, ach rinne sé amhlaidh de thairbhe go raibh fonn mór air rud éigin deonach a dhéanamh ar son duine eile ... gan duine á ordú le é a dhéanamh, ach é a dhéanamh gan fiachadh a chur air. Mhóthaigh sé amhail is go raibh rud éigin ina sheilbh aige, rud éigin chomh mór sin go dtiocfadh leis cuid de a thabhairt uaidh. Dá nglacfadh sé leis an airgead, ní mhothódh sé mar an gcéanna. Ach amach anseo b'fhéidir go mbeadh sé ábalta teacht ar rudaí le déanamh a saothródh sé airgead astu: ansin bheadh sé ábalta arán a cheannach gach lá. Ní bheadh sé ábalta daoine a sheachaint, ar ndóigh, ach dá mba rud é go dtiocfadh leis a fháil amach cad é a bhí cearr lena shúile agus an dóigh le gáire a dhéanamh a fhoghlaim, b'fhéidir go n-éireodh leis i ndeireadh na dála.

Agus d'éirigh leis i rith na seachtainí ina dhiaidh sin. Ní raibh ach dhá lá ina dhiaidh sin gur tháinig sé ar scáthán, i mbaile darbh ainm Naples. Thit sé de lámh mná a bhí ag siúl ar an tsráid. Briseadh coirnéal de, agus chuir sí grainc uirthi féin agus d'fhág ina luí ansin é. D'fhan David go dtí go raibh sí as radharc agus ansin thóg sé é: thioctadh leat tú féin a fheiceáil ann, ar scor ar bith. Agus greim daingean aige air ina lámh, shiúil sé leis go dtí gur tháinig sé chuig áit a raibh crainn agus féar tirim go díreach i lár an bhaile. Bhí suíochán ann, agus shuigh David ansin agus d'ardaigh an scáthán os comhair a aghaidhe.

Ar dtús bhí a lámh ar crith an oiread sin nach

dtiocfadh leis rud ar bith a fheiceáil mar ba cheart, ach nocht aghaidh roimh i bhfad go soiléir ar an scáthán – a aghaidh féin!

Ní raibh cuma ghránna uirthi. Ní raibh, le fírinne ní thiocfadh leis a aithint cad é a bheadh cearr léi. Bhí sí tanaí, ach bhí aghaidh cuid mhór daoine eile amhlaidh. B'fhéidir nach raibh dath a chuid gruaige go díreach mar ba cheart: b'fhéidir gur chóir go mbeadh dath ní ba dhoinne uirthi. Chuir sé an scáthán cóngarach dá aghaidh le hamharc go géar ar a shúile. Bhí súile gorma ar Johannes. Abhus anseo san Iodáil bhí súile dúdhonna nó dubha orthu uilig. Ach thiocfadh le dathanna eile bheith orthu. Rinne David a dhícheall cuimhneamh ar dhath na súl a bhí ar na fir sa champa, ach ba é an t-aon rud a dtiocfadh leis cuimhneamh air go soiléir go raibh marbhshúile orthu, cé go raibh an chuma ar a chuidse go raibh siad chomh geal agus ba chóir do shúile a bheith. An raibh rud éigin cearr le súile dorcha liatha? B'fhéidir go raibh dath ann a bhí ag dul chun glaise iontu dá n-amharcfá cúramach go leor orthu. Ní thiocfadh leis a dhéanamh amach go fóill cén fáth a raibh siad aisteach, mar sin de chuir sé an smaoineamh as a cheann. Bheadh air go díreach amharc sa treo eile nuair a d'amharcfadh duine ar bith air.

Is iomaí uair sna laethanta ina dhiaidh sin a thóg sé an scáthán amach agus gur chleachtaigh sé an dóigh le gáire a dhéanamh, ach ní thiocfadh leis é a dhéanamh mar ba cheart: ní thiocfadh leis an chuma chéanna a chur air agus a chuirfeadh

daoine eile orthu nuair a dhéanfadh siad gáire, agus sa deireadh is é rud a rinne sé ná gur éirigh sé as.

Chuaigh sé ó thuaidh chomh fada agus a thiocfadh leis. Níorbh é go raibh sé ag iarraidh an rud a d'inis an fear dó a dhéanamh, ach ní raibh an dara suí sa bhuaile ann ach dul bealach éigin, agus ba é sin an treo a lean na Sasanaigh. Gan fhios dó go cinnte, bhí barúil éigin ag David ar chúl a chuimhne go mb'fhéidir go rachadh sé go Sasana.

I rith na chéadlaethanta dá chuid saoirse ní raibh ach smaoineamh amháin ina intinn aige ó mhaidin go hoíche: nuair a mhúsclaíodh sé ba é seo an rud ar smaoineigh sé air, 'Mura dtagann *siadsan* orm roimh thráthnóna ...' agus ag dul a luí dó, 'Mura dtagann *siadsan* orm amárach ...' Thosaigh sé a smaoineamh anois go mbeadh a shaoirse aige go ceann i bhfad – b'fhéidir go dtí teacht an gheimhridh. Agus nuair a d'osclaíodh sé a shúile ar maidin faoi theas na gréine, mhothaíodh sé ó am go ham go mbainfeadh sé tír amach a dtiocfadh leis dul a chónaí inti go slán sábháilte.

Smaoineamh maith a bhí ann airgead a shaothrú. Níor shaothraigh sé airgead ar bith in Naples, ach thug sé caifé chuig daoine a bhí ina suí sa bhialann agus thug an freastalaí builín aráin dó mar chúiteamh ar an stró a chuir sé air féin. Agus i mbaile beag ní b'fhaide ó thuaidh thug roinnt strainséirí a raibh eagla orthu go ngoidfí a gcuid bagáiste as an charr a fhad agus a bhí siad san eaglais airgead dó. Rith sé leis ina dhiaidh sin nach raibh a fhios aige cad é a dhéanfadh sé dá

ndéanfadh duine ar bith iarracht na málaí a ghoid, ach ar an dea-uair ní dhearna duine ar bith iarracht agus tugadh an oiread sin airgid dó go raibh sé ábalta arán a cheannach ar feadh dhá lá.

Ba í an deacracht ba mhó a bhí ag David go gcuireadh daoine an oiread sin ceisteanna air, agus de réir mar a chuaigh sé i dtaithí ar na rudaí uilig a chonaic sé thart air, bhí sé ábalta feabhas a chur ar a scéal faoin sorcas diaidh ar ndiaidh. Ní chuireadh na hIodálaigh an oiread sin ceisteanna air, ach b'fhusa airgead a shaothrú ó na turasóirí a bhí ar saoire as tíortha eile, mar sin de chuir David craiceann ar a scéal go dtí gur mhothaigh sé go raibh cuma na fírinne air. Nuair a fiafraíodh de cén áit a raibh sé ag dul a bhualadh leis an sorcas, chumadh sé ainm éigin le nach mbíodh lucht na gceisteanna ábalta lá tuairisce a fháil air, ba chuma cé chomh hamhrasach agus a bhíodh siad ina dhiaidh sin, ní bheadh lá tuairisce le fáil air.

Choinnigh an ghrian ag lonrú agus bhí sé deas te ó lá go lá, ach é ag éirí fuar san oíche. Bhí David measartha dionghbháilte ina intinn, áfach, nach rachadh sé isteach i dteach in am ar bith. Áiteanna contúirteacha a bhí sna tithe: ní bheadh a fhios agat ach go mbeadh duine éigin ina sheasamh sa doras ag cur cosc ort an áit a fhágáil an bomaite a bhí tú ag iarraidh sleamhnú ar shiúl.

Gach uair a thagadh sé chuig baile, shiúladh sé thart go dtagadh sé a fhad le heaglais. Thug sé gealltanais dó féin mura dtiocfaí air agus dá dtiocfadh sé chuig tír ina mbeadh sé slán sábháilte, go rachadh sé isteach i

gceann acu lena fháil amach cad é an chuma a bheadh uirthi. Níorbh é go raibh sé ag dúil go mbeadh an tsaoirse aige fada go leor faoina choinne sin: b'fhearr dó gan a bheith ag dúil le barraíocht. Ach bhíodh uaireanta ann nuair a bhíodh a sháith ite aige agus áit chompordach le dul a chodladh faighte aige, nuair a shuíodh sé ag stánadh ar na cnoic agus ar na gleannta agus ar an ghrian ag lonrú ar na sléibhte i bhfad i gcéin, gur smaoinigh sé, gan neart aige air, go *mb'fhéidir* go mbeadh seans ann go mbeadh an t-ádh air.

Chuaigh tamall fada thart ó chonaic sé an fharraige, ach ní raibh an chuma ar an scéal go raibh a leithéid de rud ann san Iodáil ar fad agus áit dhúr ghránna. Ní fhaca David ach an radharc gránna liath céanna ó tháinig sé ar an saol, agus anois níor éirigh sé riamh bréan de bheith ag spágáil leis faoin tuath a bhí ag síorathrú. Gach uair a chastaí cor bóthar air bhí eagla air go n-imeodh an áilleacht as radharc, ach gach uair nochtadh áilleacht úr sna cnoic ghlasa dhroimneacha agus sna gleannta roimhe. Bhí a fhios ag David faoin am seo an t-ainm a bhí ar chuid de na crainn. Bhí crainn ológ ann a raibh stoc cnapánach agus duilleoga bánghlasa orthu agus iad ag cogarnach agus ar crith sa bheochán bheag gaoithe amhail is go raibh siad beo, agus bhí cúfróga ann a bhí ard tanaí agus a bhí ag fás aníos chuig an spéir. Ba iad na háiteanna ar shnigh abhainn tríd an ghleann sméar mhullaigh an chnuasaigh. Thiocfadh leis suí ansin ar feadh uaireanta an chloig gan deireadh agus é ag machnamh ar an áit as ar tháinig an abhainn agus ar an áit a raibh sí ag dul.

Thiocfadh leis é féin a ní ansin fosta. Bhí a phíosá gallúnaí éirithe measartha beag faoin am seo, cé nár bhain sé úsáid aisti gach uile lá. Ní bhíodh sé de mhisneach aige é féin a ní sna bailte nuair a líonadh sé a bhuidéal uisce ag an chaidéal uisce, de dheasca nach bhfaca sé duine ar bith á ní féin ansin agus bhí seans ann go raibh cosc air.

Inniu an Domhnach, an lá ba mhó a rinne na daoine gáire ach bhí na siopaí druidte. Ach ní dhearna sé sin difear ar bith ó tharla nár shaothraigh David airgead ar bith le dhá lá anuas agus nach raibh sé ar a acmhainn arán a cheannach cibé. Tháinig sé ar chrobhaing fhíonchaor, áfach, agus bhí sé cleachta le bheith ar bheagán bia. Bheadh an tráthnóna ann roimh i bhfad, agus bhí sé ina shuí ar thaobh an bhealaigh mhóir ag déanamh a mhachnaimh ar phlean a bhí ar intinn aige ón lá roimhe. Ní thiocfadh leis a intinn a dhéanamh suas cé acu a bheadh sé de mhisneach aige é a dhéanamh nó nach mbeadh. An lá roimhe chonaic sé fear ag siúl ar thaobh an bhealaigh mhóir agus nuair a tháinig carr ar an bhóthar d'ardaigh sé a lámh gur stop sé é. Chuir an tiománaí a cheann amach ar an fhuinneog agus d'fhiafraigh den fhear eile an raibh sé ag iarraidh síbe agus dúirt an fear a bhí ag siúl ar an bhóthar go raibh agus go mbeadh sé buíoch de.

Ach b'éigean duit a rá cá háit a raibh tú ag dul – agus abair go n-éireodh an tiománaí amhrasach! Dá n-éireodh sé bhéarfaí ort: Ní bheadh bealach éalaithe ann. Chuir an smaoineamh David ar crith le heagla agus go fóill féin ní thiocfadh leis an smaoineamh a

chur amach as a cheann. Thaisit carr ar nós na gaoithe, agus dá leanfadh sé air sa treo céanna chuirfeadh sé an Iodáil de ag pointe éigin. Bhí sé go hálainn ar fad ansin, ach de réir mar a chuaigh na laethanta thart méadaíodh ar an luach a chuir David lena shaoirse. Nuair a bhain sé an áit amach ar dtús, agus é ina chónaí ar na carraigeacha cois farraige, ní raibh a shaoirse chomh luachmhar sin leis ó tharla nach raibh sé ag dúil ach go mairfeadh sí ar feadh lá nó dhó. Ach anois ní thiocfadh leis smaoineamh ar an saol gan í.

Rinne David a mhachnamh an raibh sé i gcónaí mar sin – nuair a bhí rud éigin agat, ní hé amháin go raibh tú ag iarraidh é sin a choinneáil, ach bhí tú ag iarraidh rud éigin eile chomh maith ... Bhí an chuma air go raibh sé santach, ach ní raibh neart aige air. An tsaoirse agus tír ina dtiocfadh leis dul a chónaí inti go slán sábháilte: bhí David ag iarraidh an dá rud. ‘Ach sin a raibh uaidh,’ a d’inis sé dó féin. ‘Go díreach an dá rud sin agus beidh mo sháith agam. Dúirt Johannes nach féidir le daoine santacha a bheith sona sásta, agus ba bhreá go mór liom a fháil amach cad é mar a mhothaíonn sé le bheith sona sásta. Dúirt Johannes nuair a bhíonn tú ag iarraidh rud éigin nach bhfuil agat, go n-éiríonn tú beag beann ar na rudaí atá agat. Níl mé cinnte an dtuigim, ach is dócha gurbh é an chiall a bhí leis ná nach bhfuil luach leis na rudaí atá agat ach amháin má shíleann tusa go bhfuil luach leo.’

Rinne David iarracht dearmad a dhéanamh go raibh sé ag iarraidh píosa nua gallúnaí fosta. Dá dtiocfadh leis a shaoirse a chaomhnú agus tír a raibh a

saoirse aici a bhaint amach, bheadh air a bheith sásta leis sin. Agus dá mbeadh sé de mhisneach aige síob a iarraidh, ba ghaiste a bhainfeadh sé tír eile amach. Dá mba rud é go dtiocfadh leis a fháil amach cá háit a raibh na tíortha eile sin! Ní raibh sé de mhisneach aige ceist a chur ar dhuine ar bith, dá mba rud é go ndúirt tú go raibh tú bainteach le sorcas bheifí ag dúil leis go mbeadh eolas do bhealaigh agat.

Chuir an fhuaim a rinne carr isteach ar smaointe David. Bhí rud éigin cearr leis an fhuaim, amhail is nach raibh an t-inneall ag rith mar ba cheart. Luigh sé ar shlat a bhoilg ar an fhéar agus d’amharc air agus é ag bogadh ar aghaidh ar luas coisí. Meiriceánach a bhí ann, ní Iodálach: is fada ó d’fhoghlaim sé ciall na litreacha ar uimhirphlátaí.

Is dócha gur daoine maithe iad na Meiriceánaigh, de thairbhe gurbh iad na Meiriceánaigh na daoine ba mhó a raibh fuath *acusan* orthu. Ní raibh a dhath ar bith cearr leo, dar le David, ach amháin go raibh drochBhéarla acu agus go raibh an chuma orthu i gcónaí go raibh bród orthu go raibh an oiread sin ina seilbh acu.

Bhí rud amháin ann, áfach, nach raibh ag an bheirt Mheiriceánach seo, ní raibh peitreal ina seilbh acu, agus ba é sin an fáth nach rithfeadh a gcarr mar ba cheart. Sheas David agus ghlac céim chun tosaigh ionsorthu.

Bhí an bhean ag caint de ghlór ard feargach nach raibh pleisiúrtha ar chor ar bith, agus bhí David ní ba neirbhísí arís ná mar a bhíodh sé de ghnáth sula labhraíodh sé le duine. Ach stop sí nuair a d’fhiafraigh

sé den fhear an gcuideodh sé leis dá bhfaigheadh sé peitreal faoina gcoinne.

Bhí an bheirt acu an-sásta glacadh lena thairiscint, agus dúirt David gur dóigh leis gur chóir dó a gcanna a thabhairt leis agus dul chuig an sráidbhaile ní b'fhaide ar aghaidh ar thaobh an chnoic. 'Ach níl airgead ar bith agam le híoc as an pheitreal,' ar seisean agus é ag fáil greama ar an channa.

Agus an fear ar tí airgead a ghlacadh amach as a phóca, arsa an bhean go gasta, 'Níl ann ach gasúr óg déirce, a Dick! Tig leat a bheith mearsartha cinnte de má thugaimid an t-airgead dó nach bhfeicimid choíche go deo é! Tig leis cuidiú a iarraidh ar lucht an gharáiste thuas ansin ...'

Ní raibh sé de rún aici ar ndóigh go dtuigfeadh David an méid a dúirt sí. Smaoinigh sé ar rud é gur shíl siad go raibh sé bómánta; ba léir gur smaoinigh siad nach dtiocfadh leis iad a thuiscint ach nuair a labhair siad go hiontach mall.

D'fhiafraigh an fear de an dtiocfadh leis iarraidh ar mheicneoir tiomáint anuas le peitreal a thabhairt dóibh. 'Tá an canna sin giota beag róthrom duit le hiompar,' ar seisean.

Thiontaigh David a dhroim leis an bhean. 'Ní maith leis na daoine anseo mórán a dhéanamh ar an Domhnach, agus mar gheall air sin ní thig liom a bheith cinnte de go dtiocfaidh mé ar dhuine a bheas sásta tiomáint anuas,' a mhínigh sé go deas múinte. 'Ach iarrfaidh mé an peitreal ag tabhairt gealltanais go n-íocfaidh mé as níos moille. Sin mura síleann do

bhean, ar ndóigh, go bhfuil mé ag iarraidh do channa a choinneáil.'

Bhí an chuma ar an fhear nach raibh sé ar a shuaimhneas. 'Amaidí, a mhic,' ar seisean, 'chiallódh sé sin go mbeadh ort dul ann faoi dhó! Níorbh é ach go raibh mo bhean ag smaoiniamh go gcaillfeá an t-airgead sa dorchadas ...'

Agus David ag glacadh leis an nóta a tairgeadh dó d'amharc sé idir an dá shúil ar an fhear: 'An dtabharfaidh tú aire do mo bheartán agus mé imithe? Beidh mé ábalta an canna a iompar níos fearr ar an dóigh sin ...'

D'éirigh an fear agus an bhean araon dearg san aghaidh, agus d'imigh David leis gan é ag fanacht le freagra. Tháinig náire orthu leo féin, agus ba é sin an rud a bhí David a iarraidh. Níor thóg sé riamh rud ar bith ar le duine éigin eile é – seachas na torthaí a d'fhás ar chrainn agus ar thoim agus rudaí ar tháinig sé orthu. Ní raibh sé de cheart ag duine ar bith earraí ar le daoine eile iad a ghlacadh: bhí sé cinnte de sin ... Abair go dtógfadh duine éigin a bheartán!

Nuair a chuala siad thuas sa gharáiste sa sráidbhaile gur carr Meiriceánach a bhí rite as peitreal, ní shásódh a dhath iad ach duine d'fhir an gharáiste a chur chuige leis an umar a líonadh, agus de bharr go raibh ar David filleadh ar scor ar bith lena bheartán a fháil, thug an fear síob dó ar a Vespa.

Thug David an nóta nár bhain sé úsáid as don Mheiriceánach agus thóg a bheartán agus thiontaigh ar a shála le himeacht.

‘Fan bomaite, a mhic, beidh ort glacadh le rud éigin as an stró a chuir tú ort féin.’

Bheadh David thar a bheith sásta cúpla bonn a shaothrú: bhí airgead de dhíth go géar air le builín aráin a cheannach don lá dár gcionn. Ach ní ligfeadh a chroí dó glacadh leis anois. Ní raibh sé ag iarraidh é a shaothrú ó dhaoine nach raibh dúil aige iontu.

‘Ní ghlacfaidh, go raibh maith agat,’ ar seisean go daingean. ‘Is maith liom airgead a shaothrú ó am go ham, ach go díreach nuair a bhíonn fonn orm é sin a dhéanamh. Níl cuid ar bith de dhíth orm inniu.’

Ní raibh sé sin fíor, ach mhothaigh sé go maith diúltú dó. Mhothaigh sé amhail is go raibh sé a rá, ‘Is mise David, is le David mé, agus níl smacht ag duine ar bith orm.’

Rith sé leis sa dorchadas ón bhóthar agus lig sé air féin nár chuala sé an Meiriceánach ag gloach ar le teacht ar ais.

Bhí sé stiúgtha ocrach nuair a mhúscaíl sé an mhaidin dár gcionn. Bhí uisce de dhíth air fosta, de deasca nach raibh ach cúpla braon fágtha aige. Bhí píosa fada siúlta aige ó d’fhág sé an sráidbhaile an tráthnóna roimhe, ach thiocfadh leis ceann eile a bhí níos mó a fheiceáil, thíos sa ghleann. B’fhéidir go mbeadh sé ábalta airgead de chineál éigin a shaothrú ansin, ach ní raibh sé cinnte de sin ar chor ar bith. Ba é an tráthnóna an t-am ab fhearr le hairgead a shaothrú, agus an t-am ab fhearr le bheith sa bhaile fosta, de thairbhe go mbeadh sé ábalta éalú go gasta agus dul i bhfolach sa dorchadas.

An iarraidh seo, áfach, bheadh air dul isteach sa bhaile i lár an lae ghil: ní thiocfadh leis fanacht go dtí go mbeadh an tráthnóna ann le tuilleadh uisce a fháil. D’oscail sé a bheartán leis an fuilleach a ól.

Ag bun a bheartáin tháinig sé ar bhosca aisteach, an cineál a úsáidtear faoi choinne toitíní. Agus bhí airgead sa bhosca – níos mó airgid ná mar a chonaic David riamh: dhá mhíle lira!

Níorbh fhiú a dhath lira amháin: ní thiocfadh leat a dhath ar bith a fháil le lira amháin – ach dhá mhíle! Mar aon leis an airgead bhí rud éigin scríofa ar pháipéir. Litir ... ní raibh litir ag David riamh, agus is beag nár mhian leis nach raibh ceann aige anois cionn is gur mhothaigh sé go raibh sé an-deacair an lámhscríbhinn a léamh, agus nár thriail sé riamh Béarla a léamh.

Ach ní éireodh sé as. I ndiaidh uair an chloig bhí sé measartha cinnte den rud a bhí ar an litir. Ba é an Meiriceánach a scríobh í, agus dúirt sé go raibh sé measartha cinnte de nach nglacfadh David le hairgead ar bith agus gur chuir sé i bhfolach ina bheartán é dá bharr sin. Dúirt sé fosta go raibh sé buartha gur shíl siad go mb’fhéidir gur gadaí a bhí ann. ‘Ní bhíonn na gasúir choimthíocha uilig ionraic, bíodh a fhios agat,’ a scríobh an Meiriceánach, ‘ach táimid buartha go raibh muid in amhras faoi ghasúr ionraic. Ní raibh muid ag iarraidh go dtuigfeá an méid a dúirt muid, agus chuirfeadh sé áthas orainn dá mbainfeá úsáid as an airgead seo a chuirfeadh in iúl dúinn nach bhfuil faltanas agat dúinn.’ Agus ansin tháinig ainm nach

raibh David ábalta a léamh.

Ba é an chéad smaoineamh a rith le David go mbeadh sé ábalta barra gallúnaí a cheannach. Bhí a sháith airgid aige le harán a cheannach go ceann roinnt mhaith laethanta, agus bheadh a sháith aige fosta le gallúnach a cheannach – agus b'fhéidir cíor fosta!

D'inis sé dó féin nár chóir dó a bheith santach. Níor thaitin sé le Johannes nuair a bhí daoine santach, agus bheadh sé ciallmhar cuid den airgead a choinneáil i dtaisce aige le tuilleadh aráin a fháil ní ba mhoille anonn. Cheannódh sé gallúnach, agus b'fhéidir rud amháin nó dhá rud eile, ach ní níos mó ná sin. Agus ní bheadh deifir air: dhéanfadh sé a mhachnamh ar dtús ar an rud ba mhó a bhí uaidh.

Ba é an toradh a bhí air gur cheannaigh sé builín aráin, barra gallúnaí agus cíor. Bhí sé nimhneach nuair a chíor sé a chuid gruaige, de bhrí nach raibh cíor ag duine ar bith sa champa le fada agus nár cíoradh gruaig David ó shin. D'amharc sé isteach sa scáthán lena fháil amach cad é an chuma a bhí air: bhí an chuma ar a chuid gruaige go raibh sí ag éirí ní ba ghile. Agus bhí sí iontach fada.

Rinne David a dhianmhachnamh, agus ansin cheannaigh siosúr, peann luaidhe agus cóipleabhar beag fosta: an siosúr lena chuid gruaige a bhearradh le nach mbeadh cuma amhrasach air agus an peann luaidhe agus an cóipleabhar de bhrí gur mhain leis le fada an lá go dtiocfadh leis a bheith ag scríobh. Thosaigh Johannes á theagasc tráth dá raibh; b'fhéidir dá mbeadh sé ábalta a bheith ag cleachtadh go

dtiocfadh leis é a dhéanamh mar ba cheart. B'fhéidir go rachadh sé chun sochair dó dá mbeadh sé ábalta a bheith ag scríobh – ní bheadh a fhios agat cén uair a bheadh sé úsáideach.

Ní raibh sé cleachta le níos mó airgid ná praghas builín aráin a bheith aige, agus bhí sé deacair dó deileáil leis an saibhreas a tháinig aniar aduaidh air. Bhí beagnach leathchuid de caite aige anois – bhí an siosúr costasach. Mar sin féin, bheadh a sháith aige le harán a cheannach go ceann cuid mhaith laethanta eile, agus bhí fonn millteanach air triail a bhaint as cáis. Dá bhfaigheadh sé píosa ar chaoga lira ...

Bhí blas deas uirthi, ní b'fhearr fiú ná mar a bhí cuimhne aige uirthi: bhí sí aige uair amháin sa champa agus arís sa veain ar an bhóthar go Teasaloinicé. Nuair a bhí a sháith ite aige, thosaigh sé a bhearradh a chuid gruaige. Bhí sé ina shuí faoi chrann ológ, agus chuir sé a scáthán ar an chraobh ab ísle le go raibh sé ina sheasamh in éadan an stoic. Ba dhoiligh dó na stothanna gruaige ar chúl a mhuiníl nach dtiocfadh leis a fheiceáil a bhearradh, ach i ndeireadh na dála bhí sé sásta leis an toradh.

Rinne sé a mhachnamh ar chóir dó triail a bhaint as a phlean le síob a fháil. Dá roghnódh sé ceann de na leoraithe a d'iompair earraí bia ... níor thiomáin *siadsan* iad riamh.

Ach gach uair a tháinig leoraí cóngarach dó ní raibh sé de mhisneach aige triail a bhaint as, cé go raibh sé socraithe aige ina intinn go ndéanfadh sé é. Bhí an oiread sin eagla air go dtiocfadh leis a chroí a mhothú

ag bualadh ní ba ghasta ina chliabh agus a scornach ag éirí teann. Ansin smaoinigh sé ar Dhia.

‘A Dhia na dtailte féaraigh agus na n-uiscí suaimhneacha,’ ar seisean go séimh, ‘Is mise David. Agus tá eagla orm ... ní go díreach an ghnátheagla a bhíonn ar dhuine – níos measa ná sin. Ba mhaith liom síob a iarraidh le go mbeinn ábalta tír eile a bhaint amach ní ba ghasta, ach níl sé de mhisneach agam. Más rud é go bhfuil tú cumhachtach go leor le rud éigin a dhéanamh faoin dóigh a smaoiníonn daoine agus faoin dóigh a mothaíonn daoine ar an taobh istigh, ansin an dtógfaidh tú an eagla seo díom, go díreach fada go leor go dtig liom leoraí a stopadh? Agus mura bhfuil sé santach dhá rud a iarraidh san aon uair amháin, an ligfidh tú don chéad fhear eile a thagann an bealach seo a bheith ina fhear maith? Ní thig liom smaoineamh ar rud ar bith a thiocfadh liom a dhéanamh duitse go fóill. Is mise David. Aiméan.’

Bhí an chuma ar an scéal go raibh Dia láidir go leor, mar nuair a tháinig an chéad leoraí eile ar an bhealach ní raibh David róscanraithe níos mó le héirí agus siúl isteach ar an bhóthar.

Bhí an tiománaí leoraí go díreach cosúil leis an mhairnéalach a chosain é ar bord na loinge! Chroith David a lámh, stad an fear in aice leis agus chuir ceist air cá raibh sé ag dul, agus d’fhreagair David, ‘Go Perugia,’ mar a shocraigh sé nuair a rinne sé a chuid pleananna. Bhí Perugia píosa fada ar shiúl – ghlacfadh sé trí lá air siúl chuig an áit.

Agus seo é anois, ina shuí sa leoraí in aice leis an

choimhthíoch a bhí iontach cosúil leis an mhairnéalach. Nuair a d'inis sé a scéal dó den chéad uair faoin sorcas, níor chuir an fear oiread is ceist amháin air faoi, agus eisean ag iarraidh a bheith ag caint an t-am ar fad de réir dealraimh. Angelo an t-ainm a bhí air, agus thug sé an t-úafás eolais do David faoina bhaile agus faoina theaghlach. Bhí idir athair agus mháthair aige go fóill agus cuid mhór deartháireacha agus deirfiúracha, agus ansin bhí bean ann darbh ainm Rita a bhí sé ag iarraidh a phósadh nuair a bheadh go leor airgid i dtaisce aige le leoraí dá chuid féin a cheannach. Ach bhí a athair ag iarraidh air duine darbh ainm Clorinda a phósadh a raibh fíonghort ag a hathair.

Labhair sé air seo ar feadh tamaill fhada amhail is nach raibh sé cinnte de cé acu ba chóir dó pósadh, nó nár chóir agus chuir sé ceist ar David cad é a mheas sé féin.

Rinne David a mhachnamh ar an ábhar. 'An daoine maithe an bheirt acu?' ar seisean sa deireadh. 'Mar má tá difear ar bith eatarthu, an dtuigeann tú, measaim féin gur chóir duit an duine atá lách cineálta a phósadh. Thiocfadh leat féin fíonghort a cheannach, b'fhéidir nuair a bheadh go leor airgid saothraithe agat. Ach sílim go gcaithfidh tú féin an rogha a dhéanamh. B'fhéidir nach raibh d'athair ag smaoineamh ar cé acu a bhí siad cineálta nó nach raibh ... Caithfidh tusa a bheith cinnte dearfa de sin sula roghnóidh tú.'

Chuir Angelo grainc air féin – ansin rinne aoibh an ghaire agus sméid a cheann. 'Sílim gur gasúr an-chliste thú,' ar seisean. 'Déanfaidh mé an rud a dúirt tú ...'

Ansin lean sé air ag cabaireacht faoina chuid pleananna don todhchaí, agus d'éist David leis, ach ní chomh hairdeallach céanna agus a d'éist sé roimhe. Bhí Angelo dobhránta. Fear lách a bhí ann, ach *bhí* sé bómánta. Níor thuig David an cás ar chor ar bith, cionn is gur shíl sé i gcónaí go gcaithfidh sé go raibh daoine lácha ina ndaoine cliste fosta. Rinne sé a mhachnamh air ar feadh tamaill fhada. An raibh dul amú air? Is beag a bhí ar eolas aige faoi rud ar bith. Ach ní raibh, bhí Angelo i mbun a mhéide, agus seo rud amháin a raibh an tsaoirse aige a chomhairle féin a dhéanamh air, agus go fóill féin bhí sé sásta ligean do dhaoine eile an chomhairle a chur air ... ní raibh ann ach dobhrántacht sa dearcadh sin.

Nuair a bhí cuid uaireanta an chloig tiomána déanta acu, stad Angelo an leoraí agus roinn sé a chuid bia le David – thug sé deoch dó as a bhuidéal fíona fosta, agus tamall beag ina dhiaidh sin bhain siad Perugia amach. Baile mór a bhí ann a bhí suite ag barr cnoic. Ach d'íarr David air é a ligean amach agus iad ag dul suas an cnoc, agus nuair a thiomáin Angelo ar aghaidh, shiúil sé ar ais chuig an áit a ndeachaigh an príomhbhóthar i dtreo na tuaithe. Ní raibh arán ná uisce de dhíth air, agus b'fherr leis fanacht amuigh ar an fhairsinge.

D'éirigh go hiontach maith lena phlean an leoraí a stopadh agus síob a iarraidh. B'fhéidir go stopfadh sé ceann eile an lá dár gcionn – ar choinníoll nach mbeadh sé róscranraithe. Ach bheadh air é a dhéanamh ar a chonlán féin: nuair nach dtiocfadh leis smaoineamh ar rud ar bith a thiocfadh leis a dhéanamh mar chúiteamh,

ní thioctadh leis leanúint air ag iarraidh rudaí ar Dhia – bheadh sé santach, agus b'fhéidir go n-éireodh Dia tuirseach roimh i bhfad de ghasúr a bheadh i gcónaí scanraithe agus nach dtiocfadh leis rud ar bith a dhéanamh ar a chonlán féin. Agus abair go n-éireodh sé tuirseach de an lá céanna a tharlódh rud éigin nach dtiocfadh le David a láimhseáil ar a chonlán féin!

Ní raibh a fhios ag David go dtarlódh rud éigin go díreach an lá dár gcionn nach dtiocfadh leis dul i ngleic leis ar a chonlán féin ach go fóill féin ní iarrfadh sé cuidiú ...

A Ceathair

Ní fhaca David foraois riamh roimhe. Fuair sé síob an mhaidin sin agus thaistil sé píosa fada i gcarr, agus cé nach raibh sé ag iarraidh am a chur amú, shíl sé go gcaithfeadh sé uair an chloig nó dhá uair an chloig ag fáil amach faoin chuma a bhí ar fhoraois. Bhí dúil aige inti ar dtús, ach i ndiaidh tamaill thosaigh sé a éirí míshocair. Thiocfadh leat dul i bhfolach ar chúl stoc na gcrann ... ach thiocfadh *leosan* fosta! Mhothaigh sé níos mó ar a shuaimhneas nuair a bhí sé amuigh ar an fhairsinge arís.

Ní thiocfadh leis a intinn a dhéanamh suas go fóill cé acu a bhí *siadsan* sa tóir air nó nach raibh. Má bhí, ní raibh sé amhlaidh de bharr go raibh rud éigin ar eolas aige. Deireadh Johannes i gcónaí, gach uair a thagadh cime nua isteach sa champa, ‘Ná hinis rud ar bith don ghasúr a thiocfadh *leosan* a mhealladh uaidh níos moille.’ Níos faide anonn, nuair a bhí Johannes ar

shlí na fírinne, dúirt daoine eile an rud céanna. Agus bhí sé sin ar eolas ag an fhear. Ach thiocfadh leis tarlú go fóill go mbeadh sé úsáideach mar ghiall: abair, cuir i gcás, go raibh athair aige agus go raibh an t-athair sin ina namhaid *acusán*, b'fhéidir go mbagródh siad é agus fios acu go raibh David gafa acu agus é faoina smacht.

Níorbh é gur shíl David go dtiocfadh leis an scéal sin a bheith amhlaidh: ní thiocfadh leis a shamhlú go raibh athair aige riamh. Ach bhí air smaoineamh go dtiocfadh leis tarlú go raibh fáth *éigin* ann a chuir iallach orthu teacht air, agus ba é sin an scéal ab fhearr a dtiocfadh leis smaoineamh air.

Go tobann mhothaigh sé fuaim in aice leis. D'amharc sé thart go gasta agus chaith sé é féin ar chúl mhothar tom. Seo é arís, ag siúl leis gan é ag smaoineamh fiú cá háit a raibh sé ag dul! Bhí teach ar na gaobhair. Thiocfadh leis é a fheiceáil i measc na gcraon ... teach mór agus cuma ghalánta air, beagnach cosúil le heaglais.

Cad é an fhuaim a bhí ann? Bhí sé aisteach ... bhí, agus go hiontach, fosta!

Nuair a bhí sé in Napoli, chonaic sé éadromán. Dá dtiocfadh leat éadromán a dhéanamh díot féin, b'fhéidir gurbh í an fhuaim sin an dóigh a mothófá ... amhail is go raibh fairsinge mhór taobh istigh díot agus í uilig líonta le haer, aer na bhflaitheas lán de ghlóir bhinne a chuir fiachadh ort eitilt suas agus suas agus a chuir do chroí ag preabadh ní ba ghasa agus ní ba ghasa ... ní cionn is go raibh eagla ort, ach de thairbhe go raibh ... áthas ort? Arbh í sin an dóigh ar mhothaigh

sé le bheith sona?

Agus bhí a fhios ag David go raibh sé ag éisteacht le ceol. Bhí ceoltóir sa champa tráth, agus sula raibh sé ann fada go leor gur thost sé, labhair sé ar cheol agus rinne iarracht an fhuaim a bhí leis a mhíniú. Ach níor thuig David.

Thuig sé anois é, áfach. An fhuaim sin a raibh an chuma uirthi gur eitel sí díreach isteach i do cholainn féin agus a tharraing aníos agus aníos tú – ba iad sin na huirlisí ceoil uilig á seinm le chéile. Agus an fhuaim fhínealta éadrom sin a chuir do chroí ag preabadh chomh gasta sin – caithfidh sé gur veidhlín é!

‘Cad faoi Dhia! A ghadaí óig, ag briseadh isteach i dtailte dhaoine i lár an lae ghil! Taispeánfaidh mise duitse, ... Goitse agus tabhairfaidh mise greasaíl duitse!’

Mhóthaigh an guth mar a bheadh pléascán ann i gcluasa David. Bhí fuaim iontach an cheoil ina luí dúnmaraithe, brúite agus ciceanna tugta di ag guth olc. Ní raibh ann ach gur éirigh leis radharc a fháil ar ghasúr, gasúr a raibh gruaig dhubh air agus olc ina shúile, sula raibh sé i mbun oibre ag iarraidh na buaillí a sheachaint. Bhí sé dodhéanta dó éalú, de bharr go raibh an gasúr chomh mór céanna leis féin, agus dá mbeadh sé ag iarraidh éalú bheadh airsean eisean a bhualadh. Chosain David a cheann ar bhuillí an ghasúir agus theann sé a char ar a chéile. Thosaigh cuid de na buillí a éirí ní ba laige, agus bhí an chuma ar an ghasúr gur baineadh stad as.

‘An rud é mar sin nach dtabharfaidh tú buille ar

bhuille? Tá eagla ort roimh an troid, is dócha?’

Níor thug David freagra air, agus thosaigh an gasúr air arís ach ní chomh foréigneach céanna an iarraidh seo – ach an chuma air gur shíl sé go raibh air é a dhéanamh.

‘Bain úsáid as do dhoirn, a uascáin cháidhigh na mbratóg!’

‘Ní bhainfidh.’

Bhí an chuma ar an ghasúr gur éirigh sé tinn de bheith á bhualadh, i láthair na huaire cibé, agus shuigh David siar agus an fhuil ag doirteadh amach as a shrón.

‘Tá an chuma ort go mbaineann tú sult as greasáil mhaith. B’fhéidir go bhfuil dúil agat ionam cionn is gur thug mé greasáil duit.’ Ba léir óna ghuth go raibh an gasúr ag magadh faoi.

D’amharc David air go ciúin staidéarach. ‘Níl. Níl dúil agam ionat. Tá fuath agam ort – agus tá an oiread céanna fuatha agam ortsa agus a bheadh dá mbuailfeá duine éigin eile. Ba chuma liom dá dtitfeá marbh go díreach anois: ar a laghad bheinn cinnte de nach bhfeicfeá rud ar bith álainn choíche arís!’

Bhí an chuma ar an ghasúr choimhthíoch gur baineadh siar as. ‘cad chuige nach mbíonn tú ag troid mar sin?’ a d’fhiafraigh sé de go crosta.

‘Mar má thugaim buille ar bhuille duit, ní bheinn pioc ní b’fherr ná tusa. Bheinn lán chomh holc agus lán chomh suarach céanna, agus ní bheadh sé de cheart agam a bheith saor!’

Rinne an gasúr coimhthíoch dradgháire air, ach bhí an chuma air fosta go raibh sé éiginnte agus bhog

a shúile go míshuaimhneach. ‘Tá lúb ar lár agat!’ ar seisean. ‘Cé leis, a shíleann tú, a bhfuil tú ag caint?’

‘Níl a fhios agam. Tá a fhios agam. Tá mé ag caint le duine a bhfuil dúil aige sa bhrúidiúlacht. Agus is é sin an fáth nach bhfuil mé ag iarraidh labhairt leat níos mó. Tig leat mé a bhualadh arís más féidir leat breith orm!’

Leis sin, d’éirigh David ina sheasamh go gasta agus as go brách leis. Ní raibh sé ábalta a bheith ag rith chomh gasta sin de bharr gur thosaigh sé a éirí nimhneach gach áit ar bhuaile an gasúr eile é. Ach níor lean an gasúr coimhthíoch é: ní dhearna sé ach, ‘a amadáin’ a scairteadh air. ‘Is cladhaire ceart thú!’

Chonacthas do David go raibh sé ag scairteadh chomh hard sin ar mhaithe leis féin.

Bhí David tinn, agus gach uair a smaoinigh sé ar an choimhthíoch óg mhothaigh sé tinn arís. Bhí sé doiligh dó a thuiscint go mbeadh daoine a bhí ina suí go te anseo san Iodáil, áit a raibh an oiread sin bia acu le hithe agus an oiread sin áilleachta le feiceáil sa timpeallacht, go mbeadh siad go fóill tugtha don fhoréigean. Bhí an gasúr sin go díreach dála na ngardaí sa champa, ba é an t-aon difear amháin a bhí eatarthu nár éirigh na gardaí as tabhairt na mbuillí go dtí gur thit a bhfulangaithe i laige. Ní raibh ag an ghasúr, ar ndóigh, ach a lámha loma le é a bhualadh agus d’éirigh sé tuirseach den iarracht roimh i bhfad.

Ar feadh bomaite bhí fonn ar David smaoineamh nach raibh daoine maithe ar chor ar bith ann taobh

amuigh de na sluachampaí géibhinn, ach ansin chuimhnigh sé ar an mhairnéalach agus ar Angelo agus ar na daoine eile a bhí aineolach b'fhéidir, ach go cinnte nach raibh olcas iontu. Agus ansin nuair a bhí sé ina chónaí i measc na gcarraigeacha a bhí ar crochadh os cionn na farraige bhí an fear ann a raibh na builíní aige. Ní raibh olcas ann ach oiread: is é rud go díreach nach raibh sé cróga go leor ligean do ghasúr imeacht gan a rún a scaoileadh – ní ar feadh níos mó ná roinnt laethanta cibé.

Cinnte, mhothaigh sé go gcaithfidh sé go raibh áit éigin ann ina raibh gach duine lách cineálta, tír a raibh a saoirse aici nár chreid na daoine inti gur rud maith é an foréigean. Agus thiocfadh sé ar thír a raibh a saoirse aici – dá dtiocfadh leis é a dhéanamh sula mbéarfaí air arís. Ach ba é an chéad rud a bheadh air a dhéanamh ná é féin a ní. Mhothaigh sé ó luí an talaimh go mb'fhéidir go raibh abhainn ar na gaobhair.

Agus bhí – ceann mór fosta, cé go raibh sé triomaithe in áiteanna. Bhain David de a chuid éadaigh gur chuir san uisce iad. Sciúr sé é féin ó bhun go barr. Bheadh a chuid gallúnaí tanaí caite roimh i bhfad dá réir sin, ach ba chuma leis – ní thiocfadh leis ball ar bith a ndearna an gasúr teagmháil leis a fhágáil gan ní. Ní mhothódh David saor arís go dtí go mbeadh gach teagmháil a bhí aige leis nite.

Nigh sé a chuid gruaige fosta. Agus ansin bhain sé a chuid éadaigh amach as an uisce gur leag amach le triomú iad. Luigh sé síos in aice leo agus rinne iarracht é féin a chur ar a shuaimhneas agus dearmad a

dhéanamh ar an ghasúr. B'fhearr i bhfad cuimhneamh ar ghlór an cheoil ... an rud é go raibh ceolfhoireann mhór taobh istigh den teach breá sin? Nó an raidió a bhí ann?

Baineadh siar as nuair a chuala sé glóir cóngarach dó. Tharraing sé chuige féin a chuid éadaigh a bhí fliuch go fóill. Thug carraig mhór foscadh dó ar thaobh amháin, agus os a chomhair amach bhí sé ábalta dul i bhfolach ar fad ar chúl stoc chrann ológ agus sraitheanna seanfhíniúnacha cnapánacha a bhí ag fás go dlúth le chéile nuair a chrom sé go gasta.

Páistí ag súgradh a bhí ann a chuala sé agus shocraigh David go n-amharcfadh sé orthu. Is gnách go n-imíodh sé leis ar nós na gaoithe nuair a d'fheiceadh sé páistí. Bhí eagla air rompu. Níor labhair sé riamh le páistí agus ní raibh a fhios aige cá háit a dtosódh sé. Ón chéad lá nuair a chuir sé faoi i measc na gcarraigeacha shocraigh sé ina intinn féin na páistí a sheachaint: bhí siad ní ba chontúirtí ná daoine fásta – seachas *iadsan*, ar ndóigh. Ní thiocfadh le daoine fásta cuimhneamh ar an dóigh ar mhothaigh sé le bheith óg, sin an rud a dúirt Johannes tráth cibé. Ach gheobhadh páistí eile amach roimh i bhfad nach raibh barúil ar bith aige ar na rudaí a ndearna siadsan talamh slán díobh. Ba é sin an rud a ligfeadh a scéal amach go cinnte: ní raibh barúil ar bith aige ar an dóigh le bheith ag súgradh. Bhíodh daoine i gcónaí ag caint ar pháistí ag súgradh, ach bhí an chuma ar an scéal go raibh an oiread sin de chiall difriúil leis gur éirigh David as iarracht a dhéanamh a fháil amach cad é a bhí ann.

Bhí an oiread sin rudaí tábhachtacha le foghlaim aige, agus a fhad agus a sheachnódh sé páistí níor ghá dó a bheith ábalta a bheith ag súgradh.

Ach ó tharla nach dtiocfadh leis imeacht sular imigh siadsan, bhí sé chomh maith aige fanacht ansin agus breathnú orthu. Scar sé na fíniúna óna chéile go hiontach cúramach le go dtiocfadh leis iad a fheiceáil tríothu.

Bhí beirt ghasúr bheaga ann, i bhfad níos lú ná é féin, agus girseach a bhí cineál níos mó, b'fhéidir deich mbliana nó aon bhliain déag d'aois. Bhí siad ag scairteadh agus ag gáire in aon am amháin le chéile agus iad ag rith thart foirgneamh beag – níorbh é an cineál áite é a mbeadh daoine ina gcónaí inti ach áit a gcoinneodh siad uirlisí agus barraí rotha agus ciseáin faoi choinne bhaint na dtorthaí.

Ní thiocfadh le David a shúile a bhaint den ghirseach. Bhí a cuid gruaige dubh catach, iontach fada agus í ceangailte le ribín dearg, agus bhí gach rud faoi dtaobh di go hálainn – ní amháin a gúna deas dearg, ach gach rud. Bhí an gáire a rinne sí mar a bheadh cling ann a chluinfeá ó ghloine shnasta, agus nuair a ghluais sí chuir sí bláth ag gluaiseacht sa ghaoth i gcuimhne dó.

Dúirt siad go raibh siad ag dul a imirt cluiche darbh ainm Davy Crockett agus na hIndiacha. Ar dtús, bhí na gasúir bheaga ag dul a bheith ina nIndiacha. Ghabhfadh siad an ghirseach, chuirfeadh faoi ghlas sa scioból í agus d'imeodh siad leo. Ansin nuair a thiocfadh siad ar ais ligfeadh siad orthu gurbh é Davy

Crockett a bhí iontu agus scaoilfeadh siad saor í.

Mhóthaigh David go raibh sé amaideach – ach is dócha go raibh sé sin amhlaidh cionn is nach raibh a fhios aige an dóigh ar mhóthaigh sé le bheith i do pháiste óg.

Chuaigh an ghirseach isteach sa scioból anois agus ní raibh a dhath ar bith eile le bheith ag amharc air. Bhí sé iontach tuirseach fosta, agus mhóthaigh sé go raibh sé chomh maith aige néal a dhéanamh sula dtiocfadh na gasúir bheaga ar ais. B'fhéidir go n-imeodh siad leo ansin leis an ghirseach agus bheadh David ábalta dul a bhealach féin.

Mhúscail David nuair a mhóthaigh sé scairteadh agus caoineadh ... agus boladh aisteach san aer.

'Tá sí ar thine! Tá sí ar thine! Tá an locht ortsa, a Cecha – smaoineamh s'agatsa a bhí ann! Tá a fhios agat go rímhaith nár chóir dúinn a bheith ag imirt cluichí le tine ...'

An bheirt ghasúr Iodálacha a bhí ann. Agus ba é an scioból a bhí ar thine! Bhí an focal scioból baininscneach san Iodáilis.

'Cad é a dhéanfaimid mar sin? Rith leat agus abair le Carlo, a Cecha. Ó, cionn is nach ndófar í agus muid ar shiúl ...'

Bhí an bheirt ghasúr bheaga ag caoineadh. D'imigh duine acu agus é ag rith sa treo as ar tháinig David; ní dhearna an duine eile rud ar bith ach go díreach fanacht ina sheasamh ansin agus é ag caoineadh.

Bhí sí ar thine ... an ghirseach! Níorbh é an scioból

a bhí i gceist acu, ba í an ghirseach a bhí i gceist acu – bhí an ghirseach bheag a bhí chomh cosúil sin le bláth anois taobh istigh den scioból sin a bhí ar thine!

Léim David ina sheasamh agus shiúil chun tosaigh. Ansin thiontaigh sé thart, agus ag fáil greim ar a chuid éadaigh chaith isteach san abhainn iad agus agus léim isteach ina ndiaidh. Bhí siad anois fliuch báite arís ...

Bhí an oiread sin smaointe ag teacht isteach ina intinn agus é ag rith gur mhothaigh sé go ndeachaigh na huaireanta an chloig thart sular bhain sé an scioból amach. Tháinig fear slán as foirgneamh a bhí ar thine sa champa tráth trí éadaí fliucha a chur thart ar a cheann leis an toit a choinneáil amuigh sa dóigh nach gcaillfeadh sé an aithne, agus níor dódh a aghaidh de thairbhe na n-éadaí. Dá mba rud é go dtiocfadh leis í a thabhairt slán as. Ní raibh an balla á dhó go fíochmhar go fóill, ach bhí an doras ar bharr lasrach. Agus na duilleoga tirime sin uilig agus na gais uilig as a raibh an dion déanta – bheadh air í a thabhairt amach as sula bhfaigheadh an tine greim mar ba cheart air ...

Bhí sé ar tí iarraidh ar Dhia cuidiú léi nuair a rith smaoinemh leis. Is cinnte nach mbeadh Dia ag iarraidh go bhfaigheadh an ghirseach bheag sin bás, girseach bheag a bhí chomh cosúil sin le bláth agus cuma chomh hálainn sin uirthi. Anois, mar sin, seo rud éigin a thiocfadh leis a dhéanamh ar son Dé!

Ní thiocfadh leis é a rá os ard de bharr go raibh sé ag rith chomh gasta sin, agus mar sin de, dúirt sé leis féin é: ‘a Dhia na dtailte féaraigh agus na n-uiscí reatha, ná cuidigh liom, le do thoil. Tá mé ag iarraidh

é seo a dhéanamh liom féin le go mbeidh a fhios agat gur tháinig mé ar rud a thig liom a dhéanamh Duit ... Is mise David. Áiméan.'

Faoin am sin bhí an scioból ar thine bainte amach aige. Bhí an gasúr beag a d'fhan thart ag caoineadh go fóill ... agus thioctadh le David glóir eile a chluinstin thíos cois na habhann, ach ní raibh an t-am aige amharc thart. D'oscail sé a bheartán chomh tiubh géar agus a thioctadh leis agus bhain a scian amach, thóg a chuid éadaigh a bhí fliuch arís agus le leathlámh chuir a bhríste suas in éadan a shróine agus a bhéil. Ansin rith sé isteach sa tine a bhí ar bharr lasrach ar fad.

Níor bhain na bladhairí an taobh istigh de amach i ndáiríre go fóill, cé go raibh sé lán toite. Bhí an ghirseach bheag ina suí ar chathaoir i lár an urláir agus í ceangailte di. Bhí na deora ina rith óna súile, agus idir taomanna casachta bhí sí ag scairteadh agus piachán ina glór ag iarraidh ar dhuine teacht chun tarrthála uirthi.

Ba é an rud a tháinig i gceann David ná rith go díreach ina treo; ansin thuig sé go mbeadh air stopadh lena mhachnamh a dhéanamh ar an rud ba chóir dó a dhéanamh. Bheadh air smaoineamh go gasta, ach go cúramach fosta amhail is go raibh neart ama aige. Bheadh an t-am de dhíth air gearradh tríd na glais ar a lámha. Bhí an tine ón doras ag tosú a scaipeadh go gasta, na bladhairí ag rith trasna an urláir mar a raibh duilleoga tirime in aice leis an bhalla. Ní raibh fuinneog ar bith sa scioból ... bheadh orthu dul amach

arís ar an doras a bhí ar thine. Bhí carnán ciseán agus boscaí ina seasamh in aice leis, a bhog David ar shiúl a fhad agus ab fhéidir leis ón doras, ag fágáil lorg trí nó ceithre phíosá adhmaid ina dhiaidh. Ansin fuair sé greim ar scuab bheithe, a bhí ag cnádadh léi cheana féin agus scuab na duilleoga tirime uilig ar shiúl ó na ballaí eile i dtreo an charnáin ciseán, sa dóigh is go meallfaí an tine sa treo sin in áit an seomra iomlán a líonadh ar an toirt.

Idir an dá linn bhí sé féin ag casachtach chomh maith. Ní thiocfadh leis na héadaí fliucha a choinneáil in éadan a aghaidhe agus na ciseáin a bhogadh agus an t-urlár a scuabadh ag an am céanna.

Ansin dhírigh sé a aird ar an ghirseach. ‘Druid do shúile,’ ar seisean. ‘Agus do bhéal.’ Chas sé a léine fhliuch thart ar a haghaidh, ag déanamh cinnte de go dtiocfadh léi a bheith ag analú gan fadhb ar bith taobh thiar di. Ansin thosaigh sé a ghearradh tríd na glais. Ar ámharáí an tsaoil, ní raibh iontu ach sreang gharbh scaoilte. Dá gceanglódh *siadsan* leis an chathaoir í, ní bheadh sé chomh furasta céanna! Ach ní raibh faobhar ró-iontach ar an scian, agus b’éigean dó é a ghearradh cúpla uair, agus bhí an ghirseach bheag ag tosú a lúbarnaíl a cos. Fuair David greim daingean orthu le cur in iúl di go gcaithfidh sí fanacht socair. Ní raibh sé de mhisneach aige labhairt ar eagla go rachadh tuilleadh toite isteach ina scamhóga, agus bhí an teas dofhulaingthe, ach bhí sé ag dul á dhéanamh, bhí sé ag dul á dhéanamh sin ... *b’éigean dó*.

Gearradh tríd na sreanga sa deireadh thiar thall.

D'éirigh an ghisreach bheag ina seasamh go místuama agus tharraing an léine dá haghaidh. Bhí a súile te agus greadfach iontu, agus b'éigean dóibh a súile a chaochadh i rith an ama, ach chonaic David go raibh sí ag amharc air lena súile móra dubha. Ansin dhruid sí iad agus baineadh tuisle aisti, agus thitfeadh sí murach go bhfuair David greim uirthi. Bhí sí tite i laige. Chiallaigh sé sin nach dtiocfadh léi rith amach leis: bheadh air í a iompar.

Ar feadh bomaite mhothaigh David go raibh gealltanans rómhór tugtha aige do Dhia ... ní bheadh sé ábalta é a dhéanamh. B'fhéidir go bhfuair sí bás mar gheall ar an toit. Leag sé síos ar an urlár í agus chuir a chluas lena hucht, rud a dhéanadh na fir sa champa i gcónaí lena fháil amach cé acu a bhí duine dá gcomhchimí beo nó nach raibh. Thiocfadh leis frithbhualadh a croí a chluinstin.

Chas David a léine thart ar a ceann arís, agus chuir a bhríste thar a cheannsa. Bhí siad smolchaite, mar sin de bhí sé furasta go leor a mhéara a shá isteach i bpoll agus an poll a dhéanamh níos mó. Bheadh air fáil amach cén áit a raibh an doras. Mura mbeadh sé ábalta í a iompar tríd an tine, chaithfeadh sé amach í slán as an tine. Ní bheadh sé ábalta ach méid áirithe a dhéanamh sula bhfaigheadh na bladhairí an lámh in uachtar air. Bhí eagla a chraicinn air go ndófaí chun báis é, ach b'fhéidir go mbeadh sé uilig thart go gasta, chomh gasta céanna beagnach agus dá scaoilfí é. B'fhéarr gan smaoineamh ar a leithéid i láthair na huaire: bheadh air a aird a dhíriú ar í a thógáil arís

agus iarracht a dhéanamh a bheith ag rith. Bhí sí trom. Ba mhaith an rud é nach raibh sí chomh mór céanna agus a bhí sé féin, dá mbeadh sí ní bheadh sé ábalta í a iompar. Ar feadh bomaite stop David os comhair an dorais a bhí anois ar bharr lasrach agus á dhó go fíochmhar. Ansin rinne sé a bhealach caol díreach chuige.

Agus ansin bhí sé uilig thart. D'éirigh leis dul amach agus bhí an ghirseach bheag leis. Ní thiocfadh leis cuimhneamh ina dhiaidh sin ar an ord inar tharla na rudaí. Bhí an bheirt ghasúr bheaga agus roinnt daoine eile ina seasamh taobh amuigh. Fuair an chasacht an lámh in uachtar air, agus is cinnte go dtitfeadh sé mura mbeadh air aire a thabhairt don ghirseach bheag. Bhí na daoine eile ag scairteadh agus ag iarraidh í a ghlacadh, ach bhrúigh sé ar leataobh iad, agus shuigh sé féin agus an ghirseach bheag ar an talamh agus bhain sé na héadaí den aghaidh ón bheirt acu. Is ar éigean a bhí siad fliuch faoin am seo.

Ansin mhothaigh sé go raibh gruaig na girsí bige ar thine. Bhí ceann dá cuid coirníní gruaige ag gobadh amach as a léine. Mar sin de mheas an tine go bhfeallfadh sí air agus go dtabharfadh sí a dhuais léi! Níor mhothaigh David an carr a stop in aice leis, agus níor mhothaigh sé a scread feirge féin. Chaith sé a chuid éadaigh ar leataobh, agus fuair greim ar ghruaig na girsí bige gur bhrúigh sé go teann í idir a dhá lámh gur mhúch sé an tine gan a fhios aige fiú go raibh sé féin á dhó. Bhí na bladhairí beagnach múchta, agus bhrúigh sé a cloigeann in éadan a uchta

leis na drithlí deireanacha a mhúchadh. Ansin bhuail taom eile casachta é, agus mearbhall air chuimil sé a shúile leis an lámh eile. Ansin bhreathnaigh sé síos ar an chloigeann dhubh chatach arís. Bhí, bhí an tine uilig múchta anois ... agus níor bhain sí den ghirseach bheag, seachas a cuid gruaige beagán.

Bhí sí ar tí teacht chuici féin arís, mar a bhí sé ábalta a aithint ó phreabadh beag a mogall. Fuair sé an lámh in uachtar ar an tine agus chomhlíon sé a ghealltanais. Bhí an ghirseach bheag a raibh cuma an bhlátha uirthi go fóill beo. D'oscail sí a súile d'amharc idir an dá shúil ar David, ag déanamh iontais de rudaí, níorbh é amhail is go raibh eagla uirthi ach amhail is go raibh sí cinnte de anois go mbeadh gach rud ceart go leor.

'Cé thusa?' a d'fhiafraigh sí.

Níorbh iad sin na gnáthcheisteanna a chuireadh daoine air, 'Cá has tú?' nó 'Cad é an t-ainm atá ort?' nó 'Cad é atá tú a iarraidh?', ach 'Cé thusa?'

'Is mise David.'

Bhí aoibh ar a haghaidh anois, aoibh bheag, ach ba leor í le loinnir na bhfiacra beaga bána a thaispeáint idir a liopaí dearga. Mhóthaigh David rud éigin ag tarlú ar a thaobh istigh – amhail is gur chuala sé ceol ... rud éigin draíochtúil. Agus tharla rud éigin ar a aghaidh fosta, bogadh beag a tháinig aniar aduaidh air.

'David?' arsa an ghirseach bheag arís, níorbh é nár chuala sí é, ach go raibh rud éigin maith ina ainm ar chóir greim a choinneáil air. Níor tháinig deireadh leis an aoibh ar a haghaidh, agus d'aithin David go raibh aoibh ar a aghaidh féin.

‘Is é,’ ar seisean.

Bhí duine de na daoine sin a bhí ina sheasamh thart orthu agus nár mhothaigh David roimhe ag triomú a shúl: agus níorbh é duine de na gasúir bheaga é, fear fásta a bhí ann. Ach guth a bhí ann a d’aithin sé a chuala sé sa deireadh, guth a dúirt, ‘Agus thug mise cladhaire ceart ort! Ní fhaca mé riamh duine ag déanamh rud ar bith a bhí chomh cróga sin. A Athair, ní fhaca tú an rud a tharla. Cheangail an bheirt bheaga í, agus chuaigh seisean tríd an doras a bhí ar thine gur ghearr sé saor í gur iompair amach arís í tríd an tine.’

‘Sin ceart, chonaic mise é ag teacht amach, a Carlo. Shábháil sé beo Maria – agus go díreach in am. Amharc, tá an díon ar thine anois. Bheadh muidne rómhall, a Carlo. Mura mbeadh seisean ann, bheadh Maria ar shlí na fírinne.’

‘Fiú dá mbeinn ann in am, ní dóigh liom go mbeadh sé de mhisneach agam. Agus a Athair ... chuir mé an ruaig air ar maidin.’

‘Tá an gasúr dóite, a Athair. Amharc air go díreach, tá a chosa agus a lámha uilig dubh, agus níl éadaí ar bith aige ...’ Duine de na gasúir bheaga a bhí ann a stad den chaoineadh sa deireadh a labhair.

Chuala David a nguthanna i gcéin. Ní thiocfadh leis é féin a mhealladh lena shúile a bhaint d’aghaidh na girsí bige, de thairbhe go raibh a fhios aige gurbh ise a chuir aoibh ar a aghaidh. Agus abair go n-imeodh an aoibh dá aghaidh nuair a stopfadh sé de bheith ag amharc uirthi, ansin ní bheadh a fhios aige choíche an dóigh ar tháinig aoibh ar dhaoine. Tháinig aoibh

ar dhuine nuair a bhí aoibhneas air, ar ndóigh! Nó an rud é nuair a bhí áthas air? Dúirt Johannes go raibh difear ann ... d'imigh an t-aoibhneas, ach níor imigh an t-áthas ina iomlán riamh: d'fhanfadh píosa beag de i gcónaí le cur i gcuimhne don duine go raibh sé i gcónaí ann. Ba é an t-áthas mar sin a chuir aoibh ar dhuine.

Agus shuigh David ansin ar an talamh, agus é dóite agus dubh le súiche, lomnocht ach áthas an domhain air agus é caithréimeach, agus greim aige ar an duine nár lig di bás a fháil. Rinne sé an rud a dúirt sé a dhéanfadh sé. Thug seisean, David, gealltanais do Dhia go dtabharfadh sé an ghirseach bheag Dó, leis féin gan cuidiú ar bith – agus bhí an gealltanais comhlíonta aige. Agus ba léir go raibh áthas ar Dhia lena thabhartas: nár thaispeáin Sé dó láithreach an dóigh le haoibh an gháire a dhéanamh? Agus an ghriseach bheag a bhí chomh hálainn sin agus chomh bog sin nuair a leag tú do lámh uirthi – níor chuir sí mórán ceisteanna air: bhí an chuma uirthi go raibh sí sásta gurbh é David é.

'An iompróidh mé duitse í, a David?'

D'amharc David suas agus geit bainte as. Bhí an fear arbh é athair na bpáistí é ag déanamh aoibh an gháire air. Ach ní raibh a lámha sínte amach aige le breith ar an ghirseach bheag. Bhí an chosúlacht air gur thuig sé gur le David anois í a tháinig i dtarrtháil uirthi ón tine, agus ní thabharfadh sé í gan chead.

Mhóthaigh David go tobann cé chomh nimhneach agus a bhí a lámha agus cé chomh marbthuirseach agus a bhí sé. 'Iompair, le do thoil,' ar seisean.

Chuir an ghirseach bheag suas de beagán, agus a luaithe a thóg a hathair í sa dóigh is nach dtiocfadh léi David a fheiceáil a thuilleadh, scairt sí amach, ‘a David ...’

Thosaigh David a éirí ina sheasamh, agus shiúil an gasúr duáilceach darb ainm Carlo chun tosaigh ionsair amhail is go raibh sé ag dul a chuidiú leis éirí ina sheasamh. Ní raibh cuma dhuáilceach air anois, ach tharraing David é féin siar uaidh agus sheas ar a chonlán féin.

‘Ní gá duit a bheith scanraithe, bíodh a fhios agat,’ arsa Carlo go díocasach. ‘Ní raibh a fhios agam, an dtuigeann tú. Is dóigh liomsa gur tusa an gasúr is cróga dá bhfaca mé ariamh agus tá mé iontach buartha ... gur thug mé greasáil duit. Tá mé buartha.’

‘Níl mise scanraithe,’ arsa David go giorraisc. Ansin bhog sé ar shiúl chuig áit a dtiocfadh leis an ghirseach bheag é a fheiceáil agus ar seisean, ‘rachaidh mise leat chuig an charr.’

Rinne an ghirseach aoibh an gháire arís agus shín amach a lámh. Stad David, agus ansin thóg ina lámh féin í. ‘Tá lámh David gortaithe, a Maria,’ arsa a hathair. Ach níor scaoil an ghirseach bheag an greim a bhí aici ar a lámh. Theann sí an greim a bhí aici uirthi beagán ionas go raibh ar David dul léi. ‘A David,’ ar sise.

Thiocfadh le David aoibh an gháire a mhothú ag teacht air arís, agus rinne sé a mhachnamh an rud é aoibh an gháire nach raibh neart ag duine air, rud éigin a tharla as a stuaim féin. Nuair a d’imigh siad

leo sa charr, gheobhadh sé amach an dtiocfadh leis aoihb an ghéire a chur air féin agus é ag smaoineamh ar dhreach na girsí bige – amhail is gur bláth a bhí inti, agus amhail is go raibh sí sásta gurbh é David é.

Ach ní ligfeadh siad dó imeacht. Ní ligfeadh an bheirt ghasúr bheaga a bhí ag iompar a chuid éadaigh eatarthu, ná an bheirt mhóra, Carlo agus an duine eile ar tugadh Andrea air. Agus dúirt a n-athair nach mbeadh plé ar bith air ach go gcaithfeadh David dul abhaile leo.

Rinne David iarracht a mhíniú go raibh air a bheith ar a bhealach, ach nuair a shín sé a lámh faoina chuid éadaigh, thosaigh an bheirt bheaga a léim thart air, agus iad ag géire agus a scairteadh, ‘Ní thig leat iad a fháil! Ní thig leat iad a fháil! Ní go dtí go dtagann tú abhaile linn!’ Rinne an gasúr darb ainm Andrea géire fosta, agus chaith beartán David thar a ghuaillí.

Thosaigh David a éirí feargach. Is féidir go raibh áthas orthu gur tháinig sé i dtarrtháil ar an ghirseach bheag ón tine, ach níorbh ionann é sin agus a rá go raibh sé de cheart acu a insint dó cad é ba chóir dó a dhéanamh. Ní raibh sé de cheart ag duine ar bith a insint dó.

Ansin dúirt athair na bpáistí, ‘Is mise Giovanni di Levana del ‘Varchi, agus is iad seo mo chuid páistí, Andrea agus Carlo, an bheirt bheaga, Cecha agus Guglio, agus Maria ar ndóigh. Ní chuirfimid moill ort más rud é go bhfuil cuid mhór le déanamh agat, ach ná coinnigh uaim an pleisiúr a chuirfeadh sé orm buíochas mar is ceart a ghabháil leat as an méid atá déanta agat.

Agus cad é a déarfadh máthair Maria, i do bharúil, dá ligfinn duit imeacht gan deis a thabhairt dithe buíochas a ghabháil leat as beatha Maria a shábháil? Ní thig a David, ní thig leat é sin a iarraidh ormsa.'

Ní raibh fearg ar David níos mó. Ní raibh siad ag iarraidh a insint dó cad é ba chóir dó a dhéanamh, ní raibh ann ach go raibh siad ag iarraidh air rud éigin a dhéanamh ar a son – le pleisiúr a chur orthu. Ní ligfeadh a chroí dó pleisiúr aon duine a mhilleadh.

Bhí an fear a raibh an t-ainm fada air ag déanamh aoibh an gháire leis, ach ní thiocfadh le David aoibh an gháire a dhéanamh leisean: ní thiocfadh leis é a dhéanamh ach nuair a bheadh sé ag amharc ar an ghirseach bheag. Mar sin de ar seisean agus é lán dáiríre, 'ní iarrfaidh mé ort rud ar bith a dhéanamh, agus ar ndóigh déanfaidh mé an rud is mian leat, signor.'

Chuir sé a lámh amach faoi choinne a chuid éadaigh arís, agus an iarraidh seo thug na gasúir dó iad, ach dúirt a n-athair go gasta, 'ná tabhair a ghasúir, lig do David an blaincéad taistil a bheith aige ón suíochán cúil le cur thart air féin. Tá sí níos boige agus ní chuirfidh sí isteach ar na háiteanna a bhfuil sé dóite an oiread céanna ...'

D'amharc David ar an blaincéad álainn go himníoch: bhí patrún seicear ildathannach uirthi. 'Ach d'fhág an tine dath dubh orm, signor. Déanfaidh mé salach í ...'

Scairt na páistí uilig amach gur cuma sa tsioc faoi sin, mar sin de cuireadh an phluid taistil go cúramach

thart ar David agus chuidigh siad leis dul a shuí ar an suíochán tosaigh in aice le Maria, a luigh isteach leis, cé gur carr mór a bhí ann ina raibh neart fairsinge.

Ar ámharaí an tsaoil, tháinig sé aníos le hainm nua don áit a raibh an sorcas le bheith inti, mar chuir na gasúir an oiread sin ceisteanna air go ndúirt a n-athair leo suaimhneas a thabhairt dó.

Thiomáin siad isteach ar gheata an-ard agus isteach i ngairdín chomh mór sin go raibh an chosúlacht air nach raibh deireadh ar bith leis, agus ba é an teach mór millteach é a raibh na páistí ina gcónaí ann an ceann céanna a chonaic David ní ba luaithe an tráthnóna sin.

Mheas David an suíomh go hiontach gasta ... Ar láimh amháin, bhí teach ina áit chontúirteach. Ach ar an lámh eile bhí áthas orthu gur tháinig sé i dtarrtháil ar an ghirseach bheag. A fhad is nach bhfaigheadh siad amach cá has é, ní bheadh siad ag iarraidh go dtarlódh dochar ar bith dó. Agus rachadh sé chun sochair dó a fháil amach cad é an chuma a bhí ar theach ar an taobh istigh. Mar sin féin, agus David ag siúl suas an staighre leathan cosnocta agus é ag trasnú na tairsí a raibh doras mór snoite go healaíonta uirthi, mhothaigh sé míshuaimhneas nach dtiocfadh leis cur síos a dhéanamh air. Cad é a tharlódh ansin? Rud ar bith a dhéanfadh dochar dó – ach *rud éigin* mar sin féin ... rud éigin difriúil nach mbeadh taithí aige air, rud éigin nach mbeadh sé ag dúil leis nó rud éigin nach mbeadh a fhios aige fiú é a bheith ann. Ní thiocfadh le David an fáth a raibh sé míshuaimhneach a mhíniú, agus bhrúigh an smaoineamh ar leataobh. Bhí sé déanta

aige anois – bhí sé istigh sa teach.

Chuir an oiread sin rudaí a bhí le feiceáil sa teach mearbhall air nach dtiocfadh leis rud ar bith a thuiscint mar ba cheart ag an tús. Bhí an teach lán de rudaí, agus bhí mná ann a bhí ina gcailíní aimsire dar leis, a raibh gúna dubh agus naprún bán orthu. Agus bhí bean álainn ann agus tharla sé gurbh í máthair na bpáistí í, agus rinne sí gáire agus caoineadh in aon anáil amháin beagnach, agus bhí sé doiligh éalú óna cuid póg. Ansin chuir siad fios ar an dochtúir, agus dúirt David gur mhaith leis é féin a ní, ach ní ligfeadh siad dó – ní go dtí go bhfeicfeadh an dochtúir é, ar siadsan, de bhrí nár chóir dó ligint d’uisce dul ar na háiteanna ar a chorp a bhí dóite, agus níorbh fhiú do David a rá nár shíl sé go raibh sé dóite go dona.

Tháinig an dochtúir ansin agus dúirt go raibh David ceart go leor. Níor tharla dochar ar bith do Maria de thairbhe gur iompair David í chomh gasta sin tríd an tine. Thiocfadh le David a bheith buíoch go raibh sála tiubha ar a chosa, ar seisean, agus gur éalaigh sé le mionghortuithe óna eachtra laochais. Bhí sé giota beag dóite ar a lámha, ar a ghéaga agus ar a chosa, ach níorbh fhada go mbeadh sé ar ais ar a sheanléim.

Bhí a fhios ag David gur daoine maithe iad na dochtúirí – b’annamh a thugtaí cead dóibh dul isteach sa champa, agus d’insíodh na cimí eile dó i gcónaí go raibh na dochtúirí ann le cuidiú le daoine nuair a bhíodh siad tinn. Mar sin de, ghéill sé go gasta nuair a chuir an dochtúir a lámh air agus nuair a ghlan sé an salachar

ar shiúl le rud éigin as buidéal. Bhí sé nimhneach an t-am ar fad, agus ansin chuir an dochtúir rud éigin eile ar na háiteanna a raibh a chorp dóite, agus bhí sé sin nimhneach fosta. Ach mhínigh an dochtúir, dá mba rud é nach ndéanfadh sé é, go mbeadh na háiteanna dóite ní ba nimhní an lá dár gcionn. Bheadh ar David dul a chodladh anois, agus mhothódh sé ní b'fhearr nuair a mhúslódh sé.

Bhí an ceart ag an dochtúir fosta. Mhothaigh David ní b'fhearr. Mhothaigh sé go breá, déanta na fírinne, cé go raibh a lámha measartha nimhneach. D'oscail sé a shúile agus chuimhnigh go raibh sé ina luí i leaba! Chorraigh sé beagán ach mhothaigh an leaba breá bog go fóill. Shuigh sé siar lena fháil amach cad é an chuma a bhí uirthi, agus ghéill an leaba slí faoina mheáchan agus luasc go réidh é. Sin an rud atá i leaba mar sin: bosca mór ar chosa, déanta as adhmaid dorcha snasta ... a bhfuil ceannadhairteanna agus braillíní uirthi.

Leoga, bhí sé ag dul a bheith iontach suimiúil a fháil amach cad é an chuma a bhí ar an taobh istigh de theach! Agus smaoinigh sé ar na focail uilig a mbeadh sé ábalta úsáid a bhaint astu anois. Bhí cuid mhaith focal ar eolas aige nár bhain sé úsáid astu de dheasca go raibh eagla air nach raibh a fhios aige na rudaí a raibh siad ag tagairt dóibh agus go mb'fhéidir go mbainfeadh sé úsáid astu go contráilte agus a chuid aineolais a léiriú. Braillíní. Samhlaigh ag dul a chodladh gach oíche ar leaba bhog cosúil leis sin mar nár mhothaigh tú fuar ... agus idir braillíní boga bána, agus fios agat go raibh gach rud thart ort chomh glan

le bonn sé pingne!

Theagasc Johannes dó i gcónaí cuimhneamh ar bhuíochas a ghabháil le daoine as rud ar bith a tugadh dó, agus bhí sé iontach dian maidir leis sin. Sheas sé ar an phointe fiú go ngabhfadh David a bhuíochas *leosan* - nuair a thugadh siad bia dó, cuir i gcás. Ní raibh fonn ar David é sin a dhéanamh ... ní *leosan*. Ach dúirt Johannes, 'Caithfidh tú caitheamh le daoine eile go múinte, nó nuair a léiríonn tú giota beag múinte, éiríonn gach rud níos fusa agus níos fearr. Ach ar an chéad dul síos, caithfidh tú a bheith múinte ar do shon féin. Is tusa David. Agus mura ligean tú do dhaoine eile an dóigh a bhfuil tú i do chroí istigh a athrú, ansin tá rud éigin agat nach féidir le duine ar bith a bhaint díot – fiú *iadsan*. Ná buair do cheann ag iarraidh aithris lom a dhéanamh ar dhaoine eile – caithfidh tusa a bheith i do dhuine féin – is tusa David. An dtuigeann tú cad é atá mé a rá?'

Ina dhiaidh sin ghabhadh sé buíochas i gcónaí nuair a thugtaí bia dó – níorbh é de bharr nach raibh sé ag iarraidh go sílfeadh *siadsan* nach raibh fuath aige orthu, ach le go mbeadh siad ábalta a fheiceáil go raibh sé múinte de bharr gur mhaith *leis féin* a bheith ar an dóigh sin.

Agus dá mba rud é go mbeifeá ag iarraidh a bheith múinte le daoine – fiú *leosan* – thiocfadh leat cuimhneamh fosta mar sin a bheith múinte le Dia. Ní ghlacfaidh sé níos mó ná bomaite, agus thiocfadh leis scrúdú a dhéanamh ar an seomra ina dhiaidh sin.

Stán David go géar ar an bhraillín le nach

gcuirfeadh rud ar bith sa seomra isteach air, agus ansin dúirt go gasta, 'A Dhia na dtailte féaraigh agus na n-uiscí suaimhneacha, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leat de thairbhe gur fhoghlaim mé cad é is áthas ann agus an dóigh le haoibh an ghéire a dhéanamh fosta. Agus go raibh maith agat fosta as a bheith sásta gur tháinig mé i dtarrtháil ar an ghirseach. Tá súil as agam go mbeidh mé ábalta rud éigin eile a dhéanamh duit an chéad uair eile, cionn is go raibh sé sin iontach deacair agus bhí eagla orm roimh an tine, agus b'fhearr liom gan rud ar bith mar sin a dhéanamh go rómhínic. An ligfidh tú dó a bheith mar chúiteamh do na trí huair eile ina dhiaidh seo a bheas do chuidiú de dhíth ormsa, b'fhéidir. Is mise David. Áiméan.'

A luaithe a bhí áiméan ráite aige, d'éirigh sé as an leaba. Bhí cairpéad mór a raibh patrún air ar an urlár agus é deas bog le siúl air. Bhí cathaoireacha agus tábla ann – rudaí a d'aithin sé, ar ndóigh, ach ní fhaca sé riamh cinn chomh galánta sin – agus almóir mór agus ball troic a raibh tarraiceáin ann: ní tábla scríbhneoireachta a bhí ann ... cofrá tarraiceán, b'fhéidir. Agus bhí gach rud snoite go healaíonta i ndearaí duilleog agus torthaí agus cloigne ainmhithe. Bhí an fhuinneog leathan ard, agus ar gach taobh di bhí cúirtíní déanta as éadach éigin tiubh a raibh dath dhuilleoga an chrainn ológ orthu ar crochadh uirthi.

Bhog David thart an seomra gan trup ar bith a dhéanamh, ag scrúdú gach rud go géar, ag cur a lámh ar rudaí agus ag teacht ar ais le hamharc orthu arís. Bhí babhla ar an leaba, agus dhá rud arda chaola, a

ndearna sé iniúchadh orthu go dtí gur tháinig sé ar an tuairim gur coinnleoirí a bhí ann. Bhí siad lonrach ... déanta as airgead? Tá, caithfidh sé go bhfuil siad déanta as airgead. Dúirt David an focal arís agus arís eile leis féin go mall, ag baint suilt as fuaim an fhocail. Rud breá luachmhar a bhí san airgead. Bhí an chuma orthu go raibh siad déanta as airgead, ón méid a bhí ar eolas ag David faoi cibé.

D'amharc sé suas. Bhí pictiúr ann! Níorbh é an cineál céanna é a d'fheicfeá greamaithe de na ballaí taobh amuigh de shiopaí agus thithe, ach ceann a raibh radharc galánta air. Sheas David ar an leaba agus shín é féin suas le radharc níos fearr a fháil air. Pictiúr i ndathanna péinte a bhí ann. Bhí sé cinnte de sin. Bhí sé go díreach cosúil leis an rud ar chuir na fir sa champa síos air dó.

Shuigh David siar ar an leaba agus é cloíte ag an radharc. Dá mba rud é go díreach go dtiocfadh leis cuimhneamh air uilig! Bhí sé chomh hóg sin nuair a bhí fiosracht ar bith aige faoin dóigh a raibh an saol taobh amuigh den champa. Agus níor mhaith le Johannes go n-inseodh na fir eile barraíocht dó faoi. 'An rud nach bhfuil ar eolas ag an ghasúr, ní dhéanfaidh sé dochar dó,' a deireadh sé. Chuala David é á rá seo uair amháin nuair a shíl siad go raibh sé ina chodladh. D'fhreagaíodh siad a chuid ceistanna i gcónaí, ach d'fhágadh siad mar sin é, agus ina dhiaidh sin, nuair a bhí Johannes ar shlí na fírinne, níor labhair sé le duine ar bith.

Bhí an t-ádh air mar sin go raibh rud éigin ar a

laghad, foghlamtha aige agus anois bhí sé ag brath air féin cuimhneamh ar an méid is mó agus a thiocfadh leis agus a bheith ag faire amach le nach bhfaigheadh na páistí agus a dtuismitheoirí amach a laghad a bhí ar eolas aige i ndáiríre.

Rinne sé a mhachnamh ar chóir dó fanacht san áit a raibh sé go dtí go dtiocfadh duine éigin agus go ndéarfadh leis go mb'fhéidir go rachadh sé síos staighre. Nó ar choir dó éirí ina sheasamh de léim agus dul síos? Ach ní raibh a chuid éadaigh ann, agus ní thiocfadh leis siúl thart an teach gan ball éadaigh air.

Sula raibh deis aige tuilleadh machnaimh a dhéanamh air, osclaíodh an doras go deas réidh agus chuir máthair na bpáistí a cloigeann isteach ar an doras.

'Tá tú múscaillte mar sin,' ar sise agus aoibh an gháire uirthi. 'Thug mé roinnt éadaí duit ar eagla gur mhaith leat éirí. Thiocfadh leat fanacht sa leaba dá mba rud é gurbh fhearr leat sin. An bhfuil do lámha nimhneach go fóill? Agus do rúitíní – an bhfuil siad níos measa?'

D'fhreagair David agus dúirt gurbh iad a rúitíní ba mhó a raibh an phian iontu, ach nach raibh sé i bpian ró-olc agus gur mhaith leis éirí. 'Ach ní hiad sin mo chuid éadaigh,' ar seisean agus é ag amharc ar na rudaí a bhí máthair na bpáistí ag leagan amach ar an chathaoir.

'Ní hiad, tá siad á ní. Is iad seo cuid éadaigh Andrea, ach sílim go mbeidh siad ag fóirstean duit.'

D'amharc David orthu go himníoch. 'B'fhéidir go

stróicfinn iad ar chraobh crainn,’ ar seisean.

‘A stór, i ndiaidh an méid atá déanta agat dúinne!’

Rinne David a mhachnamh ar chóir dó a mhíniú nár tháinig sé i dtarrtháil ar an ghirseach bheag ar a son, ach ar a shon féin go huile is go hiomlán lena chuid fiach le Dia a chúiteamh. Shocraigh sé nár chóir, áfach: b’fhéidir nach dtuigfeadh sí, agus b’fhéidir nach raibh a fhios aici faoi Dhia na dtailte féaraigh agus na n-uiscí suaimhneacha. B’fhearr i bhfad gan barraíocht a rá.

Chuir sé na héadaí air – nó ba chóir a rá, chuidigh máthair na bpáistí leis, mar éadaí breátha a bhí iontu a raibh cnaipí agus rud a dtugtar sip-dhúntóir orthu nach raibh David róchinnte ar chor ar bith ar an dóigh le í a úsáid. Bhí bríste ann, bríste gairid donn cosúil leis an chineál a chaith na páistí, agus léine – ní ceann cosúil lena cheann féin, ach fíorléine a raibh cnaipí uirthi. Bhí sí glas. Bhí stocaí ann fosta, agus an cineál bróg ar thug siad cuaráin orthu. Níor bhain David triail as rud ar bith a chaitheamh ar a chosa riamh. Agus bhí pocaí sa bhríste.

D’fhan David ansin ina sheasamh gan mórán corraí as, agus mhothaigh sé go raibh a shúile ag éirí te amhail is go raibh sé ag iarraidh dul a chaoineadh. Níor mheas sé riamh go gcaithfeadh sé éadaí cosúil leo, agus bhí fonn millteanach air a fháil amach cad é an chuma a bhí air agus iad air, lena fháil amach an raibh sé cosúil le gnáthghasúr sa deireadh thiar thall.

Is cosúil gur thomhais an bhean cad é air a raibh sé ag smaoineamh, de bhrí gur oscail sí doras an almóra,

agus ar an taobh istigh de bhí scáthán mór lánfhada.

Bhí sé mór go leor go dtiocfadh le gasúr é féin a fheiceáil ó mhullach go sáil – nó i dtaca leis sin de d'fhear fásta. D'amharc David air féin go grinn. Níor mheas sé go raibh rud ar bith aisteach faoin méid a chonaic sé. Ar ndóigh, ní raibh a chuid gruaige dubh, ach seachas sin bhí sé cosúil le gasúr ar bith eile nach raibh róramhar. Agus bhí dath donn ar a chraiceann de thairbhe go raibh sé faoin ghrian an oiread sin.

Gan smaoinemh, ar seisean, 'tá mé cosúil le gnáthghasúr anois, nach bhfuil?'

'Tá cinnte,' a d'fhreagair sí, ach níor mhothaigh sé uaithi go raibh sí iomlán dáiríre. Ansin ar sise fosta, 'agus is gasúr dathúil thú, agus duine cróga fosta. Goitse liomsa, tá na páistí ar bís le tú a fheiceáil, agus caithfidh sé go bhfuil ocras ort.'

Shiúil sí chomh gasta sin nach raibh David ábalta rud ar bith a fheiceáil mar ba cheart. Bhí a fhios aige go raibh troscán i ngach áit, agus cairpéid agus pictiúir phéinte, ach ní raibh deis aige iad a fheiceáil mar ba cheart. Chuaigh siad síos staighre fada leathan agus tháinig chuig seomraí eile. Bhí doras ag ceann acu a d'oscail amach ar ghairdín mór, agus bhí na páistí agus a n-athair ansin. Bhí cuma bhán san aghaidh ar Maria, ach dúirt a hathair nach sasódh rud ar bith í ach go n-éireodh sí go dtiocfadh sí anuas an staighre le David a fheiceáil arís.

Mhothaigh David go raibh aoibh an gháire air arís eile agus é ag amharc uirthi.

'Ólaigí bhur gcuid bainne anois, a pháistí, agus

ansin tig libh David a thabhairt amach le bheith ag súgradh libh – ach ní go rógharbh, bígí cúramach: caithfidh sibh a bheith cúramach nach ngortóidh sibh na háiteanna a raibh sé dóite.’

Dúirt siad go gcaithfeadh sé fanacht acu ar feadh tamaill, go dtí go mbeadh a lámha agus a chosa cneasaithe arís, cibé ar bith, agus go mbeadh fáilte roimhe fanacht acu ní b’fhaide fiú mura mbeifí ag dúil leis filleadh ar an sorcas láithreach.

Ní raibh David róchinnte de cad é an rud ab fhearr dó a dhéanamh. Bhí sé ag iarraidh imeacht, ach ag an am céanna bhí sé ag iarraidh fanacht leis an oiread agus a thiocfadh leis a fhoghlaim faoin teach.

D’amharc sé suas go géar ar athair agus mháthair na bpáistí: bhí aoibh an gháire ar an bheirt acu. ‘An dtig liom imeacht, go díreach anois, más maith liom?’

D’imigh an aoibh a bhí ar athair na bpáistí agus bhí cuma dhíomách air. ‘Tig, cinnte, a David, más é sin an rud ab fhearr leat a dhéanamh. Ach bheadh muid uilig iontach sásta dá bhfanfa againn go ceann tamaill le go dtiocfadh linn a thaispeáint duit cé chomh buíoch agus atáimid.’

Rinne David a mhachnamh. Dá mba rud é nach mbeadh sé chomh contúirteach sin, ba mhaith leis fanacht acu tamall beag eile agus níos mó faoina stíl mhaireachtála a fhoghlaim. ‘Dá mba rud é go mbeinn ábalta imeacht nuair a bhuailfeadh an fonn orm, ba mhaith liom fanacht tamall eile,’ ar seisean go malltriallach. ‘Ba mhaith, buíochas do Dhia. Ní chaithfidh mé bualadh leis an sorcas go fóill beag. Ach

le bhur dtoil, ná bígí chomh buíoch sin, mar bhí mé ag iarraidh an ghirseach bheag a thabhairt slán as an tine, agus ghabh sibh buíochas liom cheana féin.’

‘Tá a fhios agam, ach beimid buíoch díot go lá ár mbáis, a David. Is rud é nach ndéanfimid dearmad air,’ arsa athair na bpáistí go séimh.

Mhóthaigh David tuirseach traochta an tráthnóna sin. Bhí sé le dul a chodladh uair amháin eile sa leaba bhog sin, agus go fóill féin chuaigh tamall fada thart sular thit a néal air de bharr go raibh sé chomh tógtha sin leis an méid a chonaic sé an lá sin. Ní thioctadh leis cuimhneamh ar an leathchuid de: ní raibh go leor fairsinge ina cheann don oiread sin rudaí nua in aon lá amháin. Ach chuimhnigh sé ar an bhia. Ní dhéanfadh sé dearmad choíche ar an dóigh ar mhóthaigh sé le bheith ag ithe ina leithéid de theach – bhí sé beagnach cosúil le bheith ag éisteacht le ceol!

D’inis Johannes dó faoi uair amháin, agus nuair a chonaic sé é chuimhnigh sé air. Dúirt duine de na cimirud éigin faoi dhaoine ag ithe mar a bheadh muc ann, agus mar sin de d’fhiafraigh David de ar ith daoine ar dhóigh dhifriúil taobh amuigh den champa.

Ach ní raibh sé riamh ábalta é a shamhlú, agus anois bhí sé feicthe aige lena shúile cinn. Shuigh tú ag tábla a bhí clúdaithe le héadach chomh geal sin gur lonraigh sé. Agus bhí plátaí ann – ceann an duine – a raibh bláthanna péinteáilte orthu, agus coinneoirí a raibh coinne iontu agus bláthanna i mbláthchuach. Agus bhí na gloiní ar ól tú astu tanaí sobhriste agus

bhainfí cling astu dá mbuailfeá le forc nó le scian iad. Agus rinneadh na sceana agus na foirc agus na spúnóga uilig as airgead, agus bhí a chuid féin ag gach duine, agus naipcín aige chomh maith lena mhéara a ghlanadh dá n-éireadh siad bealaithe. Bhí eagla ar David nach mbeadh sé ar a chumas an bia a ithe mar ba cheart, ach d’amharc sé ar athair agus mháthair na bpáistí ar dtús agus ansin rinne sé féin aithris orthu. Bhí an t-ádhdh air go raibh sé cleachta le bheith cúramach faoin dóigh ar iompair sé é féin, nó murach sin is cinnte go ndoirtfeadh sé rud éigin. Agus bhí níos mó bia ann ná a thiocfadh leat a ithe ag aon bhéile amháin – rogha gach bia agus togha gach dí, agus bhí blas galánta ar gach rud. Ní raibh sé de mhisneach ag David an oiread sin a ithe, de bharr go raibh a fhios aige go mb’fhéidir go ndéanfadh an bia saibhir tinn é ó tharla nach raibh sé cleachta leis.

Ach le bia a ithe mar ghníomhaíocht éigin álainn a shamhlú! Bhuel, dá mba rud é gurbh é sin an nós itheacháin a bhíodh ag na cimí sa sluachampa géibhinn sular gabhadh iad, thiocfadh leis a thuiscint anois an fáth a ndéarfadh siad go n-íosfadh siad mar a bheadh muca ann.

Thug freastalaithe an bia uilig isteach agus glanadh gach rud ar shiúl sular tháinig an chéad chúrsa eile agus tugadh scian ghlan agus forc glan duit. Agus dúirt na páistí go n-íosfadh siad mar sin gach lá agus roinnt uaireanta in aghaidh an lae.

An lá dár gcionn bhainfeadh sé sult as an taithí seo arís eile.

A Cúig

Shíl David go raibh sé an-deacair a bheith ina chónaí i dteach. Níorbh é an teach féin a bhí ciontach – bhí sé galánta a bheith istigh ann – níorbh é sin é, ach na daoine. Bhíodh siad de shíor ag dúil go ndéarfadh sé rudaí nó go ndéanfadh sé rudaí nach smaoiníodh sé féin orthu ar chor ar bith, agus is é rud go gcuirfeadh na rudaí a bhí ciallmhar agus nádúrtha dósan a sáith iontais orthu...

Seachas sin bhí sé galánta a bheith istigh i dteach – go hálainn ar fad. Rinne David a mhachnamh ar na ceithre fhocal a thug sásamh dó, á rá arís agus arís eile leis féin. Bhí sé sa teach le roinnt mhaith laethanta anois agus bhí sé ag foghlaim i rith an ama. D’fhoghlaim sé, cuir i gcás, na ceithre fhocal sin a úsáid – chiallaigh siad rud éigin a bhí maith. Bhí sé sásta go raibh roinnt focal aige a raibh an chiall chéanna leo a d’fhág go dtiocfadh leis cur síos beacht cruinn a dhéanamh ar cé

chomh maith agus a bhí rud éigin. Bhí sé go díreach mar an gcéanna leis an fhocal ‘galánta’. Thiocfadh leat é a roinnt ina thrí chuid: dá mba rud é gur rud éigin nach raibh chomh galánta sin a bhí ann, bhí sé ‘deas’; dá mba rud é go raibh sé ní ba dheise, déarfá ‘galánta’ agus sa deireadh ‘go hálainn ar fad’.

Bhí sé ina bhuntáiste mór a bheith ábalta focail a úsáid mar ba cheart, mar dá mhéad focal a bhí ar eolas agat is amhlaidh is fearr a thiocfadh leat a bheith ag smaoineamh. Agus ar a bharr sin, ní chuirfeá iontas ar dhaoine leis an méid a déarfá dá mba rud é go mbainfeá úsáid as na focail chearta. Rinne máthair na bpáistí gáire air nuair a dúirt sé go raibh an seomra folctha ‘go hálainn ar fad agus maith’. Ba chóir dó a rá ar ndóigh go raibh sé ‘galánta’.

Chuimhneodh sé i gcónaí ar an seomra folctha agus ar an fholcadán a raibh dath glas geal air agus ar an uisce uilig sin a tháinig amach de rúchladh nuair nach ndearna tú ach sconna a chasadh go díreach. Thiocfadh leat an oiread uisce the agus ba mhaith leat a chur isteach ann agus suí ann agus é suas go dtí do mhúineál. Agus bhí gallúnach ann fosta, píosaí móra di, a raibh boladh i bhfad ní ba dheise orthu ná an dá bharr a thug sé leis. Rinneadh cùr bog a bhí go hálainn ar fad de nuair a chuimil tú in éadan do chraicinn í agus d’fhág sí iontach glan thú. Agus nuair a bhí tú réidh, bhí dhá thuáille mhóra bhoga ghlana ann le tú féin a thriomú. Agus bhí maidí beaga ann le do chuid ingne a ghlanadh, agus thiocfadh leat do chuid fiacla a scuabadh. Níor bhain David triail as sin roimhe, agus

ghortaigh sé a bhéal an chéad uair a bhain sé triail as. Ach bhí sé go hálainn ar fad a bheith chomh glan sin.

Bhí leabhair sa teach fosta – ní ceann amháin, ach cuid mhaith acu. Nuair a bhain sé an áit amach den chéad uair, d’iarr athair na bpáistí air an raibh rud ar bith ar leith ann ba mhaith leis. Rinne David a mhachnamh air go cúramach agus ansin ar seisean, ‘sílím gurb é leabhar le léamh an rud is mó ba mhaith liom.’ Bhí sé ag iarraidh a bheith ag éisteacht le ceol arís fosta, ach ba thábhachtaí é an leabhar. Dúirt sé go gcaithfeadh an leabhar a bheith foilsithe roimh an bhliain 1917. Rinne athair na bpáistí aoihbh an gháire agus chuir ceist air cad chuige, ach ní raibh sé de mhisneach ag David a insint dó go raibh sé ag iarraidh a bheith cinnte de go raibh sé fíor agus ní rud éigin a chum *siadsan*.

Chuir na béilí a d’ith sé sa teach lúcháir air, de thairbhe go raibh an oiread sin de ann le hithe agus de thairbhe go raibh blas chomh deas sin air, ach thairis sin de bhrí go raibh cuma chomh hálainn sin ar fad ar an tábla agus é maisithe leis na gloiní, an airgead agus an éadach bán agus pláta breá air do gach duine.

Bhí sé doiligh dó na daoine a thuiscint. Bhí an chuma orthu nach raibh ciall ar bith acu don rud a bhí deas. Bhí máthair na bpáistí measartha sásta gur thaitin an seomra folctha leis, ach bhí fuath ag na páistí féin air – ag na gasúir cibé ar bith. B’fhéidir nach raibh an ceart aige, ach dá mhéad iarracht a rinne sé, ní raibh neart aige air ach dúil a bheith aige ann. Ní raibh rud ar bith aige in éadan duine a bheith salach: d’éirigh tú salach i gcaitheamh an lae. Ní thiocfadh

leat é a sheachaint. Ach an tsaoirse a bheith agat leis an salachar a ní díot féin nuair a thiocfadh an fonn ort – bhí sé sin, bhí sé sin go hálainn ar fad! Agus go fóill féin ní raibh an chuma ar an scéal gur thuig na páistí sin, agus ní raibh sé de mhisneach aige a insint dóibh cé chomh samhnasach agus a bhí sé an dóigh ar éirigh gruaig na bhfear a bhíodh glan lonrach orthu chomh stothallach clibíneach sin le salachar agus an cár a mbíodh dath bán air fosta chomh salach céanna go mbíodh boladh bréan ar gach ball beatha dá gcuid a d'fhág iad déistíneach agus cuma mhíofar orthu.

Dá n-inseodh sé an méid sin dóibh b'fhéidir go bhfaigheadh siad amach cá has é, agus ansin ní bheadh dul as acu ach cur *faoina gcoinne*.

Níor thuig na páistí ach oiread an fáth a raibh sé chomh tugtha sin do na leabhair. Bhíodh siadsan i gcónaí ag iarraidh air dul amach a shúgradh leo, cé gurbh fhearr leisean a bheith fágtha leis féin ag léamh leabhar. Bheadh eolas as cuimse le fáil sna leabhair dá mba rud é go mbeadh go leor ama agat. Thiocfadh leis leabhar a léamh ní ba ghasa anois, ach ní chomh gasta sin. Bhí air a chuid leabhar a roghnú i dtús báire. Dá mba rud é go dtiocfadh leis iad uilig a léamh! Ach bhí a fhios ag David nach mbeadh mórán ama aige: bheadh air imeacht sula dtiocfadh an geimhreadh. Agus bhí sé tábhachtach dó mar sin leabhair a léamh le heolas a aimsiú a bheadh úsáideach aige.

Is mar gheall ar na leabhair a d'fhan sé ansin an oiread sin laethanta cheana féin. Chuir na daoine, agus na páistí go háirithe, imní air – níor thaitin sé

leis ar chor ar bith a bheith san áit chéanna le Carlos. Thioctadh leis an teach a fhágáil, ach ní gan caitheamh ina dhiaidh a bheith air.

D'fhoghlaim sé nach dtiocfadh leis a bheith ina ghnáthghasúr choíche. Ghoill an smaoinemh sin go mór air, ach níorbh fhiú dó dallamullóg a chur air féin. Ba bhreá leis foghlaim faoin dóigh le bheith ina ghnáthghasúr, an dóigh le bheith ina ghnáthghasúr taobh amuigh den sluachampa géibhinn.

Agus go fóill féin ... bhí na páistí chomh bómánta sin nár thuig David ar chor ar bith iad. Níor thuig sé cén fáth nár thaitin sé leo iad féin a ní. Níor thuig sé cén fáth arbh fhearr leo a bheith beo gan eolas acu ar rud ar bith. Ní raibh an chuma orthu gur shíl siad go raibh gá ar bith leis, amhail is nach raibh difear ar bith idir asal agus duine daonna. Bhí David an-tugtha do na hasail: bhí siad – chuartaigh sé an focal ceart – deas. Ach bhí sé míle uair ní b'fhearr a bheith i do dhuine daonna agus a bheith ábalta rudaí a fhoghlaim.

Níor thuig sé ach oiread cén fáth nár mheas siad gurbh ócáidí áille iad am na mbéilí. Ba mhinic a dhoirteadh siad rudaí ar an éadach bán, agus a shuíodh siad go míshocair agus a bhíodh siad ciotach anásta lena scian agus forc go dtí nárbh fhada go dtógadh siad raic ag an tábla a bhí leagtha amach go hálainn ar fad.

Ach ba é an rud ba chontúirtí fúthu nach dtiocfadh leat an rud a bhí ar intinn acu a leanúint. Bhíodh siad i gcónaí ag iarraidh cluichí a imirt, agus bhí fonn ar leith ar David an dóigh le cluichí a imirt a fhoghlaim.

Agus thiocfadh leis giota beag imeartha a dhéanamh anois. Bhí a fhios aige an dóigh le cluiche liathróide a imirt. Bhí an liathróid cuartha agus deas le láimhseail, agus bhí dathanna breátha geala uirthi. Thaitin sé leis í a chaitheamh chuig Andrea agus breith uirthi arís. Thaitin an rásaíocht i gcuideachta Andrea, an dreapadh crann agus an léim thar rópa a d'éirigh ní b'airde agus ní b'airde leis fosta ... Bhí dúil aige sna cineálacha cluichí a thug le fios dó cé chomh maith agus a dhéanfadh a cholainn an rud a bhí sé ag iarraidh uirthi a dhéanamh. Agus thaitin na cineálacha cluichí leis ab éigean duit rud éigin a dhéanamh, ag déanamh rudaí a thiocfadh leat a fheiceáil as roinnt piosaí admhaid.

Ach is minic a bhíodh na páistí ag iarraidh cluichí a imirt ag déanamh aithrise ar dhaoine eile. Ligeadh duine acu air féin gur ghrósaer é agus thagadh duine eile chuige le rudaí a cheannach uaidh. Nó dhéanadh siad aithris ar mháthair, athair agus pháistí; nó ar fhoghlaithe farraige fiú. Nuair a deireadh siad go dtiocfadh le David an duine ar mhaith leis féin aithris a dhéanamh air a roghnú ar dtús, d'fhreagraíodh sé i gcónaí gurbh é David an duine a bheadh ann, a tháinig le hamharc orthu.

Tráth dá raibh bhí siad ag iarraidh cluiche a imirt a rá go mbeadh cuid acu ina saighdiúirí agus go ngabhfadh siad na daoine eile.

'Agus beidh mise i mo chaptaen ar na saighdiúirí!' a scairt Carlo, ag rá go gasta ina dhiaidh sin fosta, 'Mura bhfuil tusa ag iarraidh a bheith ann, a David.'

D'amharc David idir an dá shúil air. 'Ní imreoidh

mé rud ar bith a bhfuil an t-olc agus an t-uafás ann,' a d'fhreagair sé.

Dúirt Maria láithreach mura n-imreodh David nach n-imreodh sise ach oiread, ach dúirt Andrea agus mothú feirge uirthi, 'Is aisteach an diúlach thú, a David. Cad é mar atá olc agus uafás ann sin?'

D'fhan David go dtí go raibh sé cinnte de nach mbeadh crith ina ghlór. 'Níl mé iontach maith ag imirt cluichí, ach tig liom a fheiceáil go ndéanann sibh iarracht aithris a dhéanamh ar an rud atá fíor, agus ní bheidh baint ná páirt agam le haithris a dhéanamh ar dhaoine a ghabhann daoine eile ... rud olc uafásach atá ann. Níl sé de cheart ag duine ar bith duine éigin eile a ghabháil. Tá sé de cheart ag gach duine a shaol féin agus a shaoirse bheith aige.'

'Tá a fhios agam, ach a David' – ní raibh mothú feirge ar ghlór Andrea níos mó, ach mothú suime – 'cad é a tharlódh dá mbeadh dúnmharfóir ann, nár chóir go gcuirfí i bpríosún é ach oiread? Nó dá mbeadh gadaí, nó duine mar sin ann?'

Chuir David grainc air féin. 'Níl a fhios agam. Tá an ceart agat, ba cheart go gcuirfí dúnmharfóir i bpríosún le stop a chur leis tuilleadh daoine a dhúnmharú; ach níor chóir go leagfaí lámh air ná go dtabharfaí ocras dó. Níl ceart ag duine ar bith ar dhuine ar bith eile.'

'Tá a fhios agam, ach tá ceart ag Athair agus Máthair orainn,' arsa Andrea.

'Ní hea, ní ceart é – cibé, ní dóigh liom gurb ea. Chuirfinn síos air mar ... dhualgas. Is é an rud atá mé ag iarraidh a rá, de bharr gurbh iad do thuismitheoirí

iad, caithfidh siad bia agus éadaí a thabhairt daoibh, agus na rudaí nach bhfuil ar eolas agaibh a theagasc daoibh, le go mbeidh sibh ábalta seasamh ar bhur gcosa féin nuair a thiocfaidh ann daoibh. Is rud maith é an méid a dhéanann siad. Ní hé sin an chiall atá agam le ceart a bheith agat ar dhuine. Is rud náireach é ceart a bheith agat ar dhuine eile. Tá sé ag baint úsáid as an lámh láidir.'

Ag an phointe sin thosaigh an bheirt ghasúr bheaga a mhéanfach. 'Nach bhfuilimid ag dul a dhéanamh rud ar bith?' a d'fhiafraigh siad go mífhoighneach. 'Tig le David a rogha cluiche a dhéanamh más maith leis.'

Mhóthaigh David go bhfuair sé faoiseamh. B'éigean dó Andrea a fhreagairt, ar ndóigh, agus iarracht a dhéanamh rudaí a mhíniú dó. Ach bhí an chuma ar an scéal nár thuig Andrea go fóill cad é air a raibh sé ag caint, agus bhí David i gcónaí eaglach go ndéarfadh sé rud éigin gan smaoinemh nár chóir dó a rá dá ndéanfadh sé barraíocht cainte. Agus cibé ar bith ní bhíodh fonn air barraíocht cainte a dhéanamh nuair a bhíodh Carlo i láthair.

Rinne Carlo iarracht plámás a dhéanamh le David an chéad chúpla lá le bheith mór leis ach bhí David breá cleachta leis an chineál cur chuige sin. Labhair sé go deas múinte le Carlo nuair a bhí gá leis, go díreach ar an dóigh chéanna a labhraíodh sé *leosan*, ach thuig Carlo anois nach dtiocfadh leis a bheith ag dúil le rud ar bith breise uaidh.

Mar sin féin ní raibh sé ródheas. Bhí Carlo chomh maith sin ag an chur i gcéill nach gcreidfeá nach raibh

ann ach gasúr óg. Rinne sé iarracht iontach mór lena chur ina luí ar David nach drochdhuine a bhí ann, agus nuair a d'aithin sé nach raibh David ag dul a ligean dó é a mhealladh le plámás, lig sé air gur ghoill sé air. Ba mhaith an rud é go bhfaca David an oiread sin cur i gcéill sa champa nár lig sé dó bob a bhualadh air, ar an dóigh chéanna ar bhuaile sé bob ar an bheirt ghasúr bheaga agus ar Maria. Ní raibh a fhios acu gur drochdhuine a bhí in Carlo. Mhóthaigh David míchompordach ina chuideachta dá bharr sin.

Bhí dúil ag David sa bheirt ghasúr bheaga. Níor thuig sé iad, agus bhí sé measartha cinnte de nach raibh sé féin riamh chomh beag céanna. Ach bhí siad deas, mar a bheadh dhá ainmí bheaga ann á n-únfairt féin go callánach gan iad ábalta fanacht socair ar feadh bomaite. Bhí a fhios aige fosta, dá mbeadh sé féin ina ghnáthghasúr, go mbeadh an-dúil go deo aige in Andrea. Bhí sé cairdiúil cothrom, agus nuair a déarfá leis go raibh rud éigin go hálainn ar fad, thioctadh leis a fheiceáil gurbh álainn ar fad a bhí sé. Níor mhill sé rudaí ar an dóigh chéanna agus ar mhill Carlo agus an bheirt ghasúr bheaga iad. Ach bheadh sé contúirteach éirí róchairdiúil leis – seans go ndéanfadh David dearmad a bheith cúramach faoin méid a ndéarfadh sé agus go sílfadh Andrea go raibh sé aisteach mar gheall air sin agus go dtosódh sé a chur ceistanna air.

Níor mhóthaigh David ar a shuaimhneas le duine ar bith seachas Maria. Bhí sí i gcónaí leis, agus bhíodh sí ábalta a mhóthú i gcónaí nuair a déarfadh duine rud éigin a chuirfeadh ar a mhíshuaimhneas é. Nuair

a tharlaíodh sé seo deireadh sí féin rud éigin agus bhaineadh sí aird na ndaoine eile de, nó thugadh sí freagra ar a shon le nach mbeadh le rá aige ach, ‘Sin é, sin go díreach an rud a bhí mé ag iarraidh a rá.’

Ach an méid sin ráite níor mhothaigh sé aineolach ina cuideachta. Bhí sí ag iarraidh barúil s’aige a fháil ar gach rud agus ní raibh an chuma uirthi in am ar bith gur mhothaigh sí go raibh sé aisteach. Chomh maith leis sin, thioctadh leis cuidiú léi le cuid mhaith rudaí, de bharr nach raibh sí iontach láidir. Agus bhí sí chomh feiceálach sin, agus bhí gach rud fúithi chomh caoin ceanúil sin, gur mhothaigh sé go raibh sé de dhualgas air aire a thabhairt di.

Nuair a bhíodh sé ag iarraidh éisteacht le ceol, chasadh sí an gramafón dó, agus bhí sí i gcónaí sásta dul thart an teach leis agus insint dó faoi.

Bhí bunús na rudaí ann iontach sean – dhá nó trí nó fiú ceithre chéad bliain d’aois, agus tháinig siad anuas chuig athair agus máthair na bpáistí óna dtuismitheoirí *féin* agus tháinig siad chucu ón ghlúin roimhe sin agus go díreach siar chuig an ghlúin nuair a bhí na rudaí úrnua. Agus bhí siad i gcónaí san áit chéanna. Thioctadh leis na huaireanta an chloig a chaitheamh le Maria ag caint ar na daoine a mhair ann fadó – ar an chuma a bhíodh orthu, ar na héadaí a chaitheadh siad agus ar an bhia a d’itheadh siad agus ar na rudaí a mbíodh siad ag smaoineamh orthu.

In amanna d’insíodh Maria dó faoin scoil, agus chuireadh sé sin i gcuimhne dó cé chomh difriúil agus a bhí sé. Bhí Maria ar nós cuma liom faoin scoil,

cé gur shíl David go raibh sí go hiontach ar fad. An smaoineamh go raibh daoine ann arbh é an t-aon dualgas a bhí orthu rudaí nach raibh ar eolas ag páistí a theagasc dóibh! Le bheith ábalta rudaí a fhiosrú gan cuma aisteach ná amhrasach a bheith ort! Bhí sé soiléir nárbh í ceann *dá gcuid* scoileanna í, mar de réir mar a thuig sé ó Maria é, níor insíodh do na páistí cad é ba chóir dóibh a bheith ag smaoineamh. D'fhoghlaim siad rudaí mar ba cheart – faoi stair agus thíortha an domhain – agus teagascadh an dóigh le léamh go gasta agus an dóigh le scríobh gan meancóga a dhéanamh dóibh.

Thosaigh David a smaoineamh anois gur mhian leis go raibh scéal eile cumtha aige faoi féin, de bharr gur chuir a scéal faoin sorcas na páistí agus a dtuismitheoirí ag smaoineamh go raibh sé eolach ar chuid mhaith tíortha. Dá gcumfadh sé scéal eile, bheadh sé ábalta ceisteanna a chur orthu faoi thíortha eile, an áit a raibh siad suite agus an chuma a bhí orthu. Ní thiofadh leis ceisteanna a chur orthu anois agus bhí sé doiligh dó an méid a bhí sé ag iarraidh a fháil amach fúthu as na leabhair.

Bhí sé ag éirí fuar tráthnóna anois: bhí fómhar na bhfíniúnacha ann anois agus é in am dó imeacht leis faoi dheifir.

Ansin lá amháin chonaic sé an chruinneog. Bhí sí ina seasamh i seomra Andrea, taobh istigh de chófra. Ní raibh a fhios ag David ar dtús cad é a bhí ann. Chonaic sé liathróid ceangailte de slat. Bhí sé fiosrach agus chuir ceist cad chuige a raibh sí ceangailte ar an

dóigh sin.

‘Cruinneog atá ann, ar ndóigh!’ a d’fhreagair Andrea agus iontas uirthi. ‘Is é an domhan é. Amharc, tig leat é a chasadh thart le go dtig leat an t-iomlán a fheiceáil.’

Thosaigh croí David a bhualadh go gasta agus sceitimíní an domhain air. Bhí an domhan ar fad tarraingthe ag Andrea ar liathróid – agus na tíortha uilig uirthi!

Ach ní raibh teorainneacha ar bith tarraingthe uirthi: ní raibh ach na sléibhte, na gleannta agus na haibhneacha le feiceáil. Bhí díomá mhór ar David. Ach bhí Andrea i gcónaí sásta labhairt leis nuair a bhí David ag iarraidh rud éigin a phlé. ‘Sin í an Iodáil,’ ar seisean, ag síneadh a mhéire ar pháosa fada talaimh a bhí ag gobadh amach os cionn na farraige. ‘Agus sin í an Fhrainc,’ arsa Maria fosta, ag síneadh a méire uirthi. Nuair a mhothaigh siad go raibh an oiread sin suime ag David iontu, shínigh siad a méara ar an Spáinn, ar an Ghearmáin, ar an Ostair, ar an Eilvéis agus ar Shasana.

Ach chuaigh siad síos tríothu chomh gasta sin! Mhachnaigh David cé acu a bheadh sé ábalta cuimhneamh ar gach rud a d’inis siad dó fúthu nó nach mbeadh agus ba mhian leis go mbeadh sé ábalta a fheiceáil cé chomh fada agus a shín gach tír.

‘An dtig leat an Danmhairg a fheiceáil?’ a d’fhiafraigh sé.

Tír measartha beag a bhí ann, agus chonaic David go raibh sí suite páosa fada ón Iodáil. Ní bheadh seans

ar bith ann go mbeadh sé ábalta dul chomh fada sin roimh theacht an gheimhridh, sula dtiocfadh *siadsan* air arís.

Ach bheadh air imeacht. Luigh David ar a leaba bhog the agus fios aige go mbeadh air imeacht an lá dár gcionn, nó ar a laghad taobh istigh de lá nó dhó. Ba leis an teaghlach an teach agus ní raibh baint ná páirt aige leis.

Bhí siad go fóill an-bhuíoch de gur thug sé Maria slán as an tine. Agus bhí sé cinnte de go raibh siad cineálta, gach duine seachas Carlos, ba chóir dó a rá. Ach is cinnte go dtarlódh rud éigin roimh i bhfad a thabharfadh le fios dóibh cé chomh difriúil agus a bhí sé. D’amharcadh máthair na bpáistí air in amanna go fiosrach, agus ní dhéanadh sí iarracht níos mó é a mhuirniú. Leagadh sí a lámh go héadrom ar a chuid gruaige roimh dhul a luí dóibh, ach bhí a fhios ag David nach ndéanadh sí é seo de bharr go mbíodh sí ag iarraidh é a dhéanamh. Ní raibh ann ach go raibh sí ag iarraidh a bheith cineálta leis le nach mothaíodh sé chomh difriúil sin lena cuid páistí féin. Ní raibh a fhios ag David go cinnte cén fáth ar mhothaigh sé seo: ach mhothaigh.

Níorbh é gur thaitin sé leis nuair a leag duine lámh air. Bhí fuath aige air: mhothaigh sé teann ar an taobh istigh nuair a tharla sé. Ach in amanna nuair a d’fheiceadh sé na páistí agus a dtuismitheoirí ag leagan lámh ar a chéile, mhothaigh sé pian mar a bheadh scian á cur ann agus chuimhnigh sé ar Johannes. B’fhéidir go raibh sé ar an dóigh chéanna leis na daoine eile uilig ag

an tús; b'fhéidir nárbh é go dtí go bhfuair Johannes bás gur tháinig athrú ar rudaí.

Rinne David iarracht gan smaoineamh air, ach b'éigean dó a admháil nach raibh fuath aige air nuair a leagadh Maria a lámh air. In amanna thugadh sí a lámh dó nuair a shiúladh siad taobh le taobh, agus bhí a lámh beag bog, gan í ar dhóigh ar bith cosúil le ceann gasúir. Agus nuair a thugadh Maria a lámh dó, bhí sé amháil is go raibh siad ag labhairt ar rudaí deasa le chéile gan focal a rá. Agus go fóill féin, mhothaíodh sé i gcónaí rud beag míshuaimhneach dá bharr, amháil is gur imigh rud éigin tábhachtach as a intinn.

Thiontaigh David ina leaba. Bhí rud éigin eile ann a ndearna sé dearmad air – cad é a bhí ann? Rud éigin faoin Danmhairg, rud éigin a raibh sé ar tí cuimhneamh air an chéad lá ar bhain sé an áit amach.

Bhain sé leis an fhear a d'inis dó go mbeadh air dul ó thuaidh go dtiocfadh sé chuig an Danmhairg. Go tobann bhí a fhios aige cad é a bhí ann – bainne!

Bhí tuismitheoirí na bpáistí iontach maith dóibh. Thug siad gach rud dóibh a bhí de dhíth orthu agus labhair cuid mhaith faoi rudaí a rachadh chun sochair dóibh. Gach lá thugtaí bainne do na páistí agus rudaí ar tugadh vitimíní orthu. Thugtaí do David iad fosta. *Agus bhí bainne aige roimhe ...*

Dhá uair sa tseachtain lena chuimhne, ar an Mháirt agus ar an Aoine, b'éigean dó dul trasna chuig ceathrú an fhir, agus thugadh an fear rud éigin bán dó le hól. Bhí blas millteanach air, ach d'inis an fear dó go *mbeadh air* é a ól agus mura n-ólfadh go scaoilfeadh sé

duine de na cimí. Bhagair sé air fosta go scaoilfeadh sé cime dá n-inseodh David do dhuine ar bith cén áit a ndeachaigh sé agus cad é a rinne sé. Níor tharla rud ar bith ach amháin go n-óladh David an leacht bán gránna sin. Mhóthaigh David an t-am sin gur léirigh sé cé chomh bómánta agus cé chomh holc fosta agus a bhí *siadsan*. Ní dhéanadh sé tinn é, agus ní bhfuair sé bás ach oiread. Caithfidh sé gur thuig an fear nach raibh sé nimhiúil go leor le é a mharú agus go fóill féin lean sé air ag tabhairt na dí do David.

Ní raibh blas gránna ar an bhainne a tugadh dó anseo, agus bhí sé ní ba bháine fosta, ach mar sin féin bhí sé mar an gcéanna. Agus an chéad uair a tharla sé gur chogain David ceann de na piollaí agus gur ól sé an bainne díreach ina dhiaidh, bhí blas gránna air go díreach ar an dóigh chéanna a mbíodh sé sa champa.

Rud éigin a bhí maith dó a bhí tugtha ag an fhear dó mar sin! Rud éigin a dhéanfadh láidir é agus ní lag tinn i gcónaí ar an dóigh a raibh na gcimí eile.

Cad chuige? Shuigh David siar ar an leaba agus é iomlán múscailte. Cad chuige ar cuireadh fiachadh air rud éigin a ól a dhéanfadh maitheas dó? Dá mbeadh tábhacht éigin ag baint leis mar ghiall, ba léir nach gceadófaí dó bás a fháil mar sin ... ach sa chás sin cad chuige ar inis an fear do David éalú as an áit? Tharla sé uilig go díreach mar a d'inis an fear dó: bhí an beartán ina luí faoin chrann, agus d'éirigh leis dul go Teasaloinicé, agus bhí long ansin ...

D'éirigh David gur chuir sé air a chuid éadaigh. Ní thiocfadh leis dul a chodladh, ní thiocfadh leis fanacht

taobh istigh den teach. Bheadh air a mhachnamh a dhéanamh ar rudaí ...

Ach ba chuma cé chomh fada agus a rinne sé a mhachnamh air, níor éirigh leis freagra ar bith a fháil. Shiúil sé síos staighre agus isteach sa gharraí le nach gcluinfadh duine ar bith é. Ach cé gur stán sé amach ar an dorchadas agus go raibh sé ag machnamh ar an fhear chomh mór agus a thiocfadh leis, go fóill féin ní thiocfadh leis bun ná barr a dhéanamh de. Bhí fuath ag an fhear air. Bhí taithí mhaith ag David ar an fhuath, agus bhí sé cinnte de go raibh fuath ag an fhear air.

Bheadh orthu giall a bhí tábhachtach dóibh a choinneáil beo ... ach ní bheadh cead aige éalú, an mbeadh? Dá mba rud é go mbeadh níos mó ar eolas aige faoi. Dá mba rud é go mbeadh rud éigin ar eolas aige faoin Danmhairg. Dá mba rud é go mbeadh rí sa Danmhairg, bheadh air iarracht a dhéanamh dul ann. Caithfidh sé go raibh fáth ann ar dúradh leis éalú. Ar feadh bomaite amháin shíl sé go raibh a fhios aige cad é a bhí ann. Ní thiocfadh leat breab a thabhairt do dhaoine ionraice, ach thiocfadh leat breab a thabhairt *dóibhsean*. Is ionann breab a ghlacadh agus rud éigin a dhéanamh nach bhfuil ceadaithe go díreach ar mhaithe le rud éigin a fháil duit féin.

Ach cé a thabharfadh breab don fhear go díreach le ligean do David éalú? Ní raibh ann ach David, gasúr a bhí i gcónaí ina chime. Duine éigin ar ghlac sé a áit mar ghiall gan fhios dó? Ach cé a bheadh ann? Agus *dá mba rud é* gur ghiall tábhachtach a bhí ann, ansin ní bheadh sé de mhisneach ag an fhear ligean dó éalú.

Sa tír sin bhí eagla a gcaicinn ar gach duine roimh a chéile. B'fhéidir dá mba rud é go mbeadh an breab mór go leor ... ach dá mba rud é gurbh é sin an freagra, bheadh *siadsan* ar a lorg i ngach áit agus bheadh air a bheith ag faire amach de lá agus d'óiche.

Ní thig leis a bheith fíor. Chuir David a lámha lena chroí a bhí ag bualadh go gasta. Caithfidh sé go raibh fáth ann nár thuig sé féin: ní raibh sé ag iarraidh a bheith ina ghiall tábhachtach de bharr nach dtiocfadh leis cur suas leis an eagla a bhí air mórán ní b'fhaide. An mhaidin dár gcionn chuirfeadh sé ceist ar athair na bpáistí an mbeadh rí sa Danmhairg. Agus dá mbeadh, d'imeodh sé ar an toirt, agus thaistealódh sé i gcarr chomh minic agus a thiocfadh leis nó is é rud nach mbeadh sé in ann an turas a chur de. Ach ní chuideodh sé leis a chreidiúint gur giall tábhachtach a bhí ann, mar dá mba rud é go gcreidfeadh ní bheadh sé de mhisneach aige síob a iarraidh, airgead a shaothrú ná arán ná rud ar bith eile a cheannach.

Ach níor éirigh leis ceist a chur ar athair na bpáistí an raibh rí sa Danmhairg.

Shocraigh sé go sleamhnódh sé isteach sa leaba arís; ach go díreach agus é ag dul thart leis an seomra suí mór a chuaigh amach ar an lochtán, lasadh an solas agus tháinig athair agus máthair na bpáistí isteach sa seomra.

Bhrúigh David é féin i gcoinne an bhalla gan corraí as. Nuair a thosódh siad a labhairt le chéile d'imeodh sé leis go fáilí sa treo eile le nach bhfeicfeadh siad é.

Chonaic sé máthair na bpáistí ag fuáil tríd na

bearnaí sna comhlaí fuinneoige. Chuir sí síos uaithi í chomh gasta céanna agus thiontaigh chuig a fear céile agus ar sise, ‘a Giovanni, sílim go mbeidh ort rud éigin a dhéanamh faoi David.’

Bhog David ar shiúl ó na comhlaí fuinneoige go hiontach cúramach: in amanna nuair a bheifeá ag amharc ar dhaoine mhothódh siad thú. Bhain sé taca as an bhalla agus dhruid a shúile.

‘Cad é ba chóir dom a dhéanamh faoi, a Elsa? An bhfuil rud éigin cearr leis?’

Ní dhéanfadh David dearmad choíche ar an rud a dúirt siad.

‘Rud éigin cearr ... Tá, is é an rud atá mé ag iarraidh a rá, cé chomh fada agus ba chóir dó fanacht anseo i do bharúil?’

‘An bhfuil rud ar bith agat in éadan an ghasúir, a stór?’

‘Tá ... níl ... Ó, tá sé d’fhiachadh orm grá a bheith agam do pháiste a shábháil beo mo pháiste féin. Ach is é rud nach dtuigim é. Mura mbeadh sé chomh seafóideach sin é a rá, bheadh claonadh orm a rá go gcuireann sé eagla orm.’

‘Is gasúr neamhghnách é, ligim leat é sin. Ach ní thuigim cad é atá agat ina éadan.’

‘Bhuel, déarfadh mé mar seo é. Níl rud ar bith agam in éadan David mar David, ach ní maith liom é go mbíonn sé i gcuideachta mo chuid páistí féin. Caithfidh sé an áit seo a fhágáil, a luaithe is féidir.’

‘Nach dtig leat a insint dom go díreach cad é atá ann faoi nach maith leat?’

‘Níl a fhios agam cé atá ann. Níl a fhios agam cá has é agus níl a fhios agam cén áit a bhfuil sé ag dul. Ní chreidim go bhfuil sé ag insint na fírinne. Níl craiceann na fírinne ar an scéal sin atá aige go bhfuil baint aige le sorcas, a Giovanni! Dá mbeith baint aige le sorcas tá rudaí ann ba chóir a bheith ar eolas aige, ach gur soiléir nach bhfuil. Agus ag an am céanna tá an scéal curtha le chéile chomh cúramach sin aige – amhail is gur bréagóir beag déanta a bhí ann.’

‘Agus súile mar sin aige, a Elsa?’

‘Cinnte ... Agus cuireann a shúile eagla orm fosta. Súile seandúine atá iontu, seandúine a bhfuil an oiread sin feicthe aige gur cuma leis a bheith beo a thuilleadh. Níl siad fiú éadóchasach ... ach iad go díreach ciúin agus ag dúil le rud, agus iontach, iontach uaigneach, amhail is go raibh sé ar an uaigneas as a stuaim féin. A Giovannai, ní bhíonn an chuma sin ar shúile páiste! Tá rud éigin cearr ansin. Agus an aoibh a bhíonn air – mura mbeadh sé chomh dochreidte sin, is beag a bhéarfadh orm a rá go bhfuil an chuma air nár tháinig aoibh air riamh sular leag sé a shúile ar Maria. Ní dhéanann sé aoibh leis an chuid eile againn: níl ann ach go n-amharcann sé orainn go múinte agus go hiontach dáiríre, agus nuair a dhéanann sé aoibh le Maria, tá sí ...’

‘Go hálainn ar fad, a Elsa. Chonaic mé féin í. Tagann sí air chomh stadach sin ach go fóill féin chomh ceanúil sin.’

‘Ó, mothaím i mo dhuine cruachróioch ag éisteacht leat! Ach caithfidh mé tús aite a thabhairt do mo chuid

páistí féin agus aire mhaith a thabhairt dóibhsean. Agus tá rud éigin cearr le páiste a dhéanann aoibh ar an dóigh sin. Cá has é? Is léir nach bhfuil dlúthghaolta ar bith aige, ach tugann sé le fios dúinn gan fiacal a chur ann nach maith leis é má cheistimid é. Freagraíonn sé go múinte, ach bíonn cuma airdeallach air agus bíonn na freagraí chomh gairid agus a thig leis. Ní hé go bhfuil mé ag iarraidh a bheith fiosrach, a Giovanni, ach caithfidh tú a admháil gur páiste aisteach é! Tagann sé anseo as lár na soininne, agus é gléasta i mbriste agus i léine agus an bheirt acu chomh gioblach sin go mbeadh drochmheas ag an duine déirce ba bhoichte orthu. Tá scian agus buidéal folamh aige agus é soiléir go síleann sé gur rudaí riachtanacha iad. Agus go fóill féin tá an Iodáilis aige amhail is gur duine uasal as Flórans a bhí ann!’

‘Tá, agus an Fhraincis amhail is gur ball sinsearach as Acadamh na Fraince a bhí ann!’

‘*Cad é atá aige?*’

‘Tháinig mé air an lá faoi dheireadh agus leabhar Fraincise aige agus d’iarr sé orm cúpla líne as a léamh dó. Shíl mise ar ndóigh go raibh sé ag iarraidh orm iad a aistriú, ní raibh ann, áfach, ach go raibh sé ag iarraidh comparáid a dhéanamh idir fuaim an fhocail agus cuma an fhocail i gcló! Is léir nach bhfaca sé an Fhraincis scríofa roimhe, ach labhraíonn sé í amhail is gur cainteoir dúchais é. Agus mar a bheadh duine dúchais ann atá cumasach agus dea-oilte fosta!’

‘Tuigim, agus ansin is dócha gur mhínigh sé é ag rá, “Bhí fear sa sorcas a bhí ina Fhrancach?”’

‘Sin é go díreach. Is ag Dia atá a fhios cén cineál sorcais atá ann!’

‘Tá mé measartha cinnte de nach bhfuil sorcas ar bith i gceist. Nach dtig leat a fheiceáil go bhfuil rud éigin rúnda agus cearr leis seo uilig? Ar dtús, mheas mé gur rith sé ar shiúl ón scoil nó rud éigin mar sin, ach óna chuid cainte shílfeá gur shíolraigh sé ó theaghlach a rachadh as a mbealach i bhfad roimhe seo le teacht air. Agus go fóill féin níl iomrá ar bith ar chuardach do pháiste atá ar iarraidh i measc na ndaoine a bhfuil aithne againn orthu. Cá háit a bhfuair sé a chuid cainte mar sin? Agus ní labhraíonn sé mar a bheadh páiste ann ar chor ar bith. Labhraíonn sé mar a bheadh duine fásta ann, agus is minic nach dtuigeann sé cad é atá na páistí ag iarraidh a rá go dtí go míníonn siad dó é ... Cuireann sé ag machnamh thú i ndáiríre nár labhair sé le páiste ar bith eile roimhe seo!’

‘Cibe áit as a dtagann sé, a Elsa, táimid faoi chomaoin aige, agus ó tharlaíonn sé go gcuireann sé inní air má cheistítear faoina chúlra é, is cóir dúinn ligean dó. Agus ní fheicim ach oiread go bhfuil sé mífhóirsteanach mar chuideachta dár gcuid páistí ó na rudaí a luaigh tú. Labhraíonn sé go hálainn ar fad, tá sé thar a bheith múinte – go minic níos múinte ná ár gcuid páistí féin. A Elsa, a Elsa, cad chuige nach mbaineann tú úsáid as do shúile? Ní thig leis drochthionchar a imirt orthu. Is é David an gasúr is séimhe dár casadh orm riamh i mo shaol! Agus chuaigh sé i bhfeidhm ar ár gcuid páistí féin – ní fhaca mé iad ag troid fiú uair amháin ó tháinig sé!’

‘Ní fhaca, agus tá sé ar bharr mo theanga a rá leat gur mian liom go bhfaca! Cuireann tú ceist orm cad é atá agam in éadan David: ní maith liom an dóigh a gcaitheann sé le Carlo, agus ní thaitníonn an caidreamh atá aige le Maria liom. Nach bhfaca tú go bhfuil fuath ag David ar Carlo? Ní ar an dóigh a mbíonn gasúir ag troid le chéile agus a dhéanann dearmad de cionn is nach rud ar bith dáiríre é a raibh siad ag troid air. Tá fuath ag David ar Carlo ar an dóigh chéanna agus a bhíonn fuath ag duine fásta ar dhuine eile. Ní labhraíonn sé leis ach amháin nuair is gá dó, agus ansin labhraíonn go múinte agus go fuarbhruite agus diúltaíonn amharc air. Bain triail as amharc ar Carlo níos géire amárach! D’éirigh sé ciúin ann féin, agus nuair a fheiceann sé David agus Andrea ag geabaireacht le chéile, níl ann ach go mbíonn sé ina sheasamh ansin agus cuma anróiteach air. Tá an chuma air go bhfuil a fhios aige go gcuirfeadh David deireadh leis an chomhrá ar an toirt go múinte agus go n-imeodh sé leis dá nglacfadh sé páirt ann. Is gasúr maith é Carlo. Tá sé beagán fiáin agus tiarnúil; ach seachas sin níl dochar ar bith ann. An síleann tú go dtaitníonn sé liom an mac is sine agam a fheiceáil ag plámás le fánach bréagach agus á chur ó dhoras agus fuath agus dímheas aige air?’

‘Ní shílim, ar ndóigh. Ach nach síleann tú go mb’fhéidir go mbeadh dul amú ort? Abair gur chuir muid ceist ar David...’

‘Agus is beag orm an tionchar atá aige ar Maria fosta. Is aoibhinn léi an talamh a luíonn a bhróg air. Tá gach rud a smaoiníonn, a deir agus a dhéanann

David iomlán ceart. Ní aithníonn sí go bhfuil a cuid deartháireacha ann ach amháin nuair a fhóireann sé do David. Is é an rud is mó a thaitníonn léi a bheith le David gan duine ar bith eile ina gcuideachta – an lá faoi dheireadh shuigh sí gan corraí aisti agus í ag éisteacht leis an ghramafón leis: coinséartó veidhlín Mozart! Cad é do bharúil de sin? Agus tá Maria chomh ceolmhar le traonach sa ghort!’

‘Bhuel, tuigim, ach ... ní thig leis dochar ar bith a dhéanamh, a stór. Is minic a bhreathnaíonn girseacha beaga le haoibhneas ar ghasúir atá giota beag níos sine ná iad féin. Agus caithfidh tú cuimhneamh air gurbh é David a thug slán as an tine í. Tá sé nádúrtha go mbeidh sí ag breathnú air le haoibhneas. Ba ghnách léi breathnú ar Carlo agus ar Andrea le haoibhneas fosta.’

‘Ach ní ar an dóigh chéanna. Bhreathnaigh sí ar an bheirt ghasúr mhóra le haoibhneas de bharr gur láidre agus gur misniúla iad ná í. Ach maidir le David is é an duine féin a mbreathnaíonn sí air le haoibhneas. Tá an chuma uirthi go bhfuil sí ag iarraidh a bheith eolach ar gach rud a shíleann sé agus é a thuiscint ionas go mbeidh sise ábalta a bheith ag smaoineamh ar an dóigh chéanna í féin. A Giovanni, ní cheadóidh mé é! D’éist mé leis an bheirt acu le chéile nuair nach raibh a fhios acu mé a bheith ann. Tá David ciúin dúnta leis an chuid eile againn, ach labhraíonn sé le Maria de bharr nach ritheann sé chuici é a cheistiú in am ar bith, seachas ceist a chur air faoin bharúil atá aige de rudaí. Insíonn sé na rudaí is gráiniúla di – faoi rudaí olca, anróiteacha agus brúidiúla ... agus faoi rudaí

fealltacha fosta. Agus d’inis sé di fosta an dóigh a dtig leat bás a fháil le nach mbeidh sé pianmhar. Níl a fhios agam cá has a bhfaigheann sé é uilig, agus le fírinne is cuma liom. Caithfidh an gasúr imeacht!’

‘Níor mheas mé riamh go raibh intinn bhrúidiúil ag David ná go raibh claonadh chun cruálachta ann.’

‘Níl. Insíonn sé a leithéid de rudaí di le go mbeidh sí ábalta aire a thabhairt di féin agus go dtuigfidh sí cé chomh hádhúil agus atá sí. Ach ní cheadóidh mé do dhuine óige shoineanta neamhbhuartha Maria a mhilleadh ag eolas ar olcas nach bhfuil barúil dá laghad aici air. Bíonn a gcuid trioblóidí féin ag páistí – níor chóir go mbeifí ag dúil go n-iompródh siad pian agus anró shaol na ndaoine fásta.’

‘Bhuel, ó tharlaíonn go mothaíonn tú chomh láidir sin faoi, ansin ... Ach nach síleann tú go mb’fhéidir gur chóir domsa labhairt leis an ghasúr faoi?’

‘An síleann tú go ndéanfadh rud ar bith a déarfadh duine ar bith le David lá difir den bharúil atá aige? An síleann tú go dtiocfadh le duine ar bith ar chlár na cruinne cosc a chur ar David é féin a iompar mar a iompraíonn sé é féin?’

‘Ní shílim, a stór, ní shílim go dtiocfadh leo, agus caithfidh mé a rá go bhfuil meas agam air mar gheall air sin. Níl an gasúr ceanntreán ná ceandána, agus ba mhaith leis rudaí a fhoghlaim, ach tá sé de cheart aige a chomhairle féin a dhéanamh agus ní gheillfidh sé a phearsantacht. Agus is rud maith é sin: léiríonn sé go bhfuil neart ann.’

‘A Giovanni, níl mé cruachróioch. Tá mé buíoch de

le fírinne, agus tá mé sásta rud ar bith a dhéanamh don ghasur ach amháin é a choinneáil anseo. Ní dóigh liom go bhfuil dochar ar bith ann, agus tuigim go bhfuil an ceart agat faoi chuid mhaith de na rudaí a deir tú faoi. Mura mbeadh sé ina pháiste is dócha go mbeadh dúil agam ann ar na fáthanna áirithe sin. Ach ní thuigim é, agus ní cheadóidh mé dó tionchar a imirt ar mo chuid páistí féin. An dtig leat eolas éigin a fháil amach faoi? Déan iarracht a insint dó go nguimid gach rath air agus a fháil amach cá has é? Dá mbeadh rud éigin éagórach déanta aige, thiocfadh leat an tionchar atá agat ar na póilíní a úsáid. Thiocfadh linn é a chur chuig dílleachtlann nó chuig mainistir nó chuig áit éigin mar sin agus íoc as a chuid oideachais. Ach beidh air an fhírinne a insint duit le go dtig linn an socrú is fearr a dhéanamh dó.'

'Ceart go leor, a Elsa, mar is toil leat féin é.'

'Ná bí ag smaoineamh ar an chostas – is cuma faoi sin. Beidh an chuid is fearr de gach rud aige – éadaí, bia, oideachas – ar mhaithe le Maria – agus de bharr go dtiocfadh liom an oiread sin grá a bheith agam dó dá ligfeadh sé dom...'

Shuigh David ar leac na fuinneoige agus é ag stánadh ar an dorchadas roimhe. Bhí gach focal a dúirt na tuismitheoirí greanta ar a aigne. Bhí a fhios aige go mbeadh air imeacht, agus imeacht roimh i bhfad, ach níor thuig sé go dtí seo go raibh sé i gcontúirt san áit seo. Agus anois tugadh le fios dó gach rud a bhí cearr leis féin ... agus bhí a fhios aige nach gcuirfeadh sé

ina cheart choíche é. Níor mheas sé féin go raibh an oiread sin cearr leis, ach ba léir gur mheas daoine eile go raibh.

Dhéanfadh athair na bpáistí é a cheistiú ar maidin, agus chuirfeadh sé fios ar na póilíní – agus é ag déanamh go dtiocfadh leis aire a thabhairt do David go fóill fiú i ndiaidh *dóibhsean* a lámha a leagan air.

Bheadh air imeacht leis an oíche chéanna.

Bhain David a bheartán amach as an chófra, maraon lena bhuidéal, a scian agus a ghiota beag gallúnaí. Ar feadh bomaite amháin smaoinigh sé ar phíosa níos mó a thabhairt leis as an seomra folctha. Ba mhaith leis spúinse agus a scuab fiacla a thabhairt leis fosta, agus coinneal agus roinnt cipíní úra. Ansin, áfach, shocraigh sé nach dtabharfadh. Bheadh air imeacht agus cuid éadaigh Andrea air, de bhrí nár thug máthair na bpáistí a chuid éadaigh féin ar ais dó agus dúirt sí go dtiocfadh leis an chuid eile seo a choinneáil. Ach seachas cuid éadaigh Andrea ní thabharfadh sé rud ar bith eile leis.

Níor dhaoine olca iad. Chaith siad go cineálta leis, agus cé go raibh siad réidh é a thabhairt ar lámh an dlí anois, bhí siad aineolach de bharr nach raibh barúil ar bith acu cad é a tharlódh dó nuair a bhéarfadh *siadsan* air arís. Bheadh air a bheith píosa maith ar shiúl ón teach sula mbainfeadh *siadsan* an áit amach an lá dár gcionn, ach scríobhfadh sé litir chucu le go dtiocfadh leis ar a laghad a bhuíochas a ghabháil leo. Bhí an páipéar agus an peann luaidhe aige a cheannaigh sé féin. Ghlacfadh sé cuid mhór ama, agus bheadh air

deifir a dhéanamh le go dtiocfadh leis a bheith ar a bhealach go maith roimh mhaidin, ach ní raibh neart air.

Shuigh David agus rinne a mhachnamh ar feadh tamaill fhada. Ansin scríobh sé go hiontach mall ar fad agus go hiontach cúramach.

Chuala mé gach rud a dúirt sibh. Imeoidh mé anois, a luaithe a chríochnóidh mé an litir. Ní raibh mé ag iarraidh fanacht anseo ach amháin nuair ba mhian libhse go bhfanfainn. Beidh orm cuid éadaigh Andrea a choinneáil de bharr nár thug sibh mo chuid éadaigh féin ar ais dom. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh as ligean dom a bheith ag éisteacht le ceol agus a bheith ag léamh leabhar, agus de thairbhe go bhfuil gach rud chomh hálainn anseo. Agus gabhaim buíochas libh as an bhia a thug sibh dom agus as ligean dom dul a chodladh i leaba.

Níor dhúnmharaigh mé duine ar bith riamh, níor bhain mé úsáid as an lámh láidir agus níor ghoid mé ó dhuine ar bith riamh. Níor bhain mé áthas ná sonas ná saoirse ná earraí de dhuine ar bith. Agus níor fheall mé ar dhuine ar bith riamh. Tá mé á insint seo daoibh de bharr go bhfuil sibh ag iarraidh eolas a fháil ormsa agus lena chur in iúl daoibh gurb é sin an méid atá mé ag dul a insint daoibh. Má bheireann na póilíní orm gheobhaidh mé bás, ach ní inseoidh mé níos mó dóibh. Tá sé tábhachtach nach ngéilltear do dhaoine a bhfuil dúil acu sa lámh láidir agus a shíleann go bhfuil sé de cheart acu saol agus saoirse

duine eile a bhaint de. Agus mura ligeann tú dóibh do bharúlacha féin agus na rudaí a gcreideann tú iontu a athrú, tá leat. D'inis fear an méid sin dom tráth. Agus is é sin an fáth a mbeidh mé dílis dom féin i gcónaí – do David, slán a bheas mé.

Tá mé sásta gur inis mé do Maria go bhfuil an t-olc ann. Níor mhaith liom go mbeadh eagla uirthi, ach is rud é a gcaithfidh tú a bheith eolach air. Nach dtuigeann sibh go bhfuil sé de cheart ag páistí a bheith eolach ar an rud is fírinne ann? Má tá contúirt ann, caithfidh tú í a aithint, sin nó ní bheidh tú ábalta aire a thabhairt duit féin.

Tá mé ag scríobh chugaibh le mo bhuíochas a ghabháil libh as na rudaí a thug sibh dom, agus le hinsint daoibh as mo stuaim féin an méid a inseoidh mé choíche.

David

Ghlac sé cuid mhór ama air an litir a scríobh. D'amharc David ar an chlog ar an chófra tarraiceán. Bhí sé leath i ndiaidh a haon ar maidin anois. Bhí sé ag iarraidh rud éigin faoi Maria a scríobh, rud éigin a chuirfeadh fiachadh orthu aire mhaith a thabhairt di, ach ní raibh a fhios aige cad é mar a scríobhfadh sé é.

Go tobann, amhail is gur chuala sí a chuid smaointe ag dul thairsti, bhí sí ina seasamh ansin sa doras. Bhí cuma eaglach uirthi.

'A David.'

'Fuist!' a dúirt David i gcogar agus eagla air féin. Tháinig Maria isteach sa seomra, ag druidim an dorais

ina diaidh.

‘A David, mhúscail mé agus an oiread sin eagla orm. Shíl mé go raibh tusa sa tine agus nach dtiocfadh liom tú a aimsiú.’

‘Caithfidh mé imeacht, a Maria,’ arsa David.

‘Ó, a Dhia, a David! Cad chuige?’

D’inis David di a raibh ráite ag a tuismitheoirí agus é ina sheasamh taobh amuigh i raon na gcluas. ‘Mar sin de tuigeann tú go gcaithfidh mé imeacht anois agus an oíche ann ar fad,’ ar seisean mar fhocal scoir nuair a bhí gach rud cluinte aici.

Ar an dea-uair ní raibh amhras ar bith ar Maria ach go raibh an ceart ar fad aige faoin méid a dúirt sé. Níor chuir sí suas dó: ní raibh ann ach gur amharc sí air agus go ndúirt sí i gcogar leis, ‘a David, tiocfadh tú ar ais, nach dtiocfaidh? Fiú mura dtagann go ceann tamaill fhada – abair go dtiocfaidh tú ar ais?’

D’amharc David uirthi gan focal as. ‘Ní thig liom é sin a rá. Más féidir liom teacht ar ais lá éigin, tiocfaidh mé ... ach níl a fhios agam, mar sin de ní gheallfaidh mé duit de bharr gur rud tábhachtach é an gealltanais.’

‘Ach, a David, cé a chuirfidh ar an eolas mé faoi gach rud nuair a bheas tú imithe?’

Ó, go díreach, cé a thabharfadh aire do Maria? Ach mura n-imeodh sé, thiocfadh *siadsan* go dtabharfadh siad ar shiúl é, agus ní bheadh sé in ann aire a thabhairt di cibé.

Ansin rinne David rud éigin nach raibh déanta aige riamh roimhe: dá dheoin féin chuir sé a lámh ar dhuine éigin eile. Leag sé a lámha ar ghuailí Maria agus

d’amharc uirthi idir an dá shúil. Ansin dúirt sé seo go mall ar an dóigh go mbeadh sí ábalta cuimhneamh ar na focail a dúirt sé agus go dtuigfeadh sí iad, ‘Caithfidh tú féin é a dhéanamh, a Maria! Caithfidh tú eolas faoi rudaí a theagasc duit féin. Nuair nach mbíonn duine ar bith eile ann le rudaí a dhéanamh duit, caithfidh tú iad a dhéanamh duit féin. Caithfidh tú éisteacht go cúramach leis na daoine a shíleann tú atá maith – le d’athair agus do mháthair agus leis na daoine a theagascann rudaí duit ar scoil. Ansin caithfidh tú do mhachnamh a dhéanamh ar na rudaí a deir siad agus do chomhairle féin a dhéanamh ar an méid a shíleann tú atá ceart. Ach caithfidh tú a bheith cúramach, de bharr nach é an rud atá ceart i gcónaí an rud atá de dhíth ort, agus má dhéanann tú meancóg, beidh aiféala ort ina dhiaidh sin.’

‘Ach a David, níl mé cliste go leor. Ó cad chuige a gcaithfidh tú imeacht? B’fhearr i bhfad liom dá dtiocfadh leat fanacht! An dtabharfaidh tú mise leat?’

‘Ní bheadh sé ceart ná cóir. Bheadh eagla ar d’athair agus ar do mháthair, agus níl sé de cheart agat eagla a chur ar dhuine ar bith. Ar bhealach, is ionann é agus an lámh láidir a úsáid. Ar a bharr sin ní bheadh dúil agat ann. Is minic nach mbíonn bia ar bith ná áit chodlata agam.’

‘Ba chuma faoi sin dá mbeifeá féin ann.’

‘Tig leat smaoineamh orm, a Maria, agus ansin ní bheidh mé imithe ar fad.’

‘An smaoinoidh tú ormsa, fosta?’

‘Smaoinoidh.’

‘Go deo?’

‘Smaoineoidh.’

‘A David, an dtig leat croí isteach a thabhairt dom sula n-imíonn tú, le go mbeidh cuimhne agam ar an dóigh ar mhothaigh sé nuair a bhí tú cóngarach dom?’

Sméid David a cheann. Chuir sé a chíor, a pheann luaidhe agus a chuid páipéar ina bheartán. Bhí deireadh aige anois. Idir an dá linn, bhí Maria ina seasamh ag amharc air. Ansin ar sise, ‘a David, fan anseo bomaite.’

D’fhan David ina sheasamh, agus é measartha cinnte de nach sceithfeadh sí air. Tháinig sí ar ais bomaite ina dhiaidh sin agus crois bheag óir ina glac aici a bhí clúdaithe le mionphéarlaí beaga bídeacha. ‘Sin duitse, a David, le tabhairt leat.’

Bhí an crois ar crochadh ar shlabhra tanaí, agus sheas sí ar a barraicíní gur cheangail sí thart ar mhúineál David é.

‘Go raibh maith agat,’ arsa David. ‘Tá mé ag imeacht anois.’ Leag sé a bheartán ar an tábla, chuir a lámha thart uirthi agus thug croí isteach mór di, go díreach ar feadh bomaite. Bhí sé go díreach mar a bhí sé an lá a thug sé slán as an tine í.

‘Slán agat, a Maria.’

‘Slán leat, a David.’

D’imigh David leis go gasta, gan amharc siar uirthi arís agus dhruid an doras go ciúin ina dhiaidh.

A Sé

Shiúil David go trom ar aghaidh agus ar aghaidh. Bhí sé chomh cleachta leis an chéad chuid den bhealach nár chuir an dorchadas isteach air – is minic a bhíodh sé ar an bhóthar sin leis na páistí. D’inis sé dó féin go mbainfeadh sé na bróga de chomh luath agus a bheadh an mhaidin ann, de bharr gur mhothaigh sé go n-éireodh bróga seanchaite nuair a bhí sé sa teach, agus gur chóir dó iad a choinneáil go dtí níos moille nuair a d’éireodh sé ní b’fhuaire nó nuair a bheadh air taisteal san oíche agus nuair nach mbeadh sé ábalta na clocha faoina chosa a fheiceáil.

Smaoinigh sé fosta ar an bhealach a bheadh air siúl. Bheadh air dul isteach i mbaile mór darb ainm Flórans, de bharr nach raibh bia ar bith aige ar ndóigh. Ar ámharaí an tsaoil bhí cuid mhór airgid aige go fóill a thug an Meiriceánach dó a bhfuair sé an peitreal dó, mar sin de níor ghá dó stopadh sa bhaile le tuilleadh

a shaothrú. Ach nuair a bhíodh sé ag smaoineamh ar bhia d'éiríodh sé iontach míshuaimhneach, de bharr go dtosaíodh sé a smaoineamh ar bhainne agus ar vitimíní, agus ansin bhíodh sé ag smaoineamh arís cé acu a bheadh sé ina ghiall tábhachtach nó nach mbeadh.

Ach bhí cuid mhór foghlamtha aige ón am a chaith sé sa teach. An chruinneog – bheadh air cuimhneamh ar smaoineamh ar an chruinneog an t-am ar fad le nach ndéanfadh sé dearmad ar an treo ar dhírigh Andrea agus Maria a méara air. Bheadh air an Eilvéis a bhaint amach ar dtús, agus ansin an Ghearmáin, agus sa deireadh an Danmhairg. Bhí a chuid éadaigh ina chuidiú mór aige anois fosta – bhí siad i bhfad ní b'fhearr ná an chuid a bhí aige roimhe, agus bhí níos mó acu ann. Bheadh siad ina gcuidiú mór anois agus é ag éirí fuar sna hoícheanta.

Bhí sé go fóill míshásta in ainneoin na mbuntáistí uilig ar chuimhnigh sé orthu ón am a chaith sé sa teach.

Le himeacht na laethanta níor mhothaigh sé mórán ní b'fhearr, cé go raibh na háiteanna uilig ar tháinig sé chucu lán chomh hálainn agus na cinn a ndeachaigh sé tríothu sular tháinig sé chuig an teach. Bhí cnoic chruinne áille, agus gleannta agus aibhneacha agus gach cineál crann le feiceáil. Bhí an chuma ar gach rud go raibh sé mar an gcéanna leis an dóigh a raibh sé roimhe agus go fóill féin bhí cuma dhifriúil air.

Ar feadh roinnt laethanta ag an tús ní raibh sé de mhisneach aige taisteal i gcarr: ní bhainfeadh sé triail as síob a iarraidh go dtí go mbeadh sé píosa fada ar

shiúl ón teach. Rinne sé deifir Firenze a fhágáil fosta, cé go raibh an oiread sin rudaí le feiceáil ann – abhainn leathan a raibh droichid mhóra anonn uirthi, agus ar dhroichead amháin bhí sráid chúng a raibh seantithe ar gach taobh di ann. Agus bhí cearnóg a raibh dealbha móra uirthi, agus eaglais a raibh cuma ... uirthi, ní thiocfadh le David smaoineamh ar rud ar bith a dtiocfadh leis comparáid a dhéanamh léi, bhí sí chomh hálainn sin.

Agus é ag cur faoi sa teach chuala sé go raibh na mílte pictiúr álainn i bhFlórans a bhí gach duine ábalta a fheiceáil, agus ba bhreá leis dul le iad a fheiceáil. Ach ba é an rud ab fhearr imeacht ón teach chomh gasta agus a thiocfadh leis.

Níor cheistigh duine ar bith é go dtí seo. A fhad agus a bheadh airgead aige le harán a cheannach, ní bheadh gá ar bith aige labhairt le turasóirí, agus b'iadsan ba mhó a chuirfeadh na ceisteanna. Ní raibh na hIodálaigh ach ag iarraidh a ainm agus a thriall a fháil amach. Bhí David an-chúramach nuair a labhair sé ar an sorcas anois, ach in ainneoin gach rud mhothaigh sé go fóill gurbh é an scéal ab fhearr é a thiocfadh leis a chumadh.

Smaoinigh sé uaireanta ar an méid a dúirt tuismitheoirí na bpáistí faoi. Chuir sé isteach air, ach ní an oiread sin, de bharr go raibh a fhios aige an t-am ar fad go raibh sé aisteach agus go raibh rud éigin cearr leis. Ach níor shíl sé gur mhínigh máthair na bpáistí go soiléir *cad é* go díreach a bhí cearr leis. A chuid cainte, cuir i gcás: chuala sé, ar ndóigh, cuid mhaith Iodálach a labhair ar dhóigh a bhí difriúil – ach ina dhiaidh sin

labhair tuismitheoirí na bpáistí ar an dóigh chéanna agus a labhair sé féin! Dála an tsagairt Iodálaigh sa sluachampa géibhinn. Agus is cinnte go raibh a chuid Fraincise go maith, de bharr gurbh í teanga Johannes féin í, an teanga a raibh David chomh cleachta sin léi gur mhinic a ritheadh an focal Fraincise chuige sula mbíodh sé ábalta cuimhneamh ar an fhocal Iodáilise. Agus de bhrí gurbh é Johannes é a bhí ní ba chríonna agus ní b'fhearr ná duine ar bith eile a labhair Fraincis ar an dóigh sin, caithfidh sé gurbh í an dóigh cheart í. Ní thiocfadh leis a bheith mícheart an chuid ab fhearr den Iodáilis a labhairt, fiú dá mba rud é gur fear siúil thú. Bhain an dóigh ar labhair tú leis an dóigh ar smaoinigh tú, ní le cúrsaí airgid.

Agus maidir le fuath a bheith aige ar Carlo, bhí, bhí sé fíor go raibh. Thuig sé go maith an fáth nach dtaitneodh sé seo le máthair na bpáistí, de bharr nach raibh a fhios aici ar ndóigh go raibh olcas in Carlo. Ach ní thiocfadh leis deireadh a chur leis an fhuath a bhí aige ar Carlo, fiú dá mba í Maria féin í a bheadh á impí air. Caithfidh fuath a bheith agat i gcónaí ar an rud atá olc, é sin nó d'éireofa féin chomh holc céanna *leosan*.

D'iarrfadh sé síob an lá dár gcionn ionas go dtiocfadh leis an baile darb ainm Bologna a bhaint amach go gasta: mar ó d'fhág sé Firenze d'éirigh na sléibhte measartha crochta agus bhí an dreapadh aníos ag glacadh níos mó ama air.

Thosaigh David a smaoinreamh ar an Eilvéis. Thiocfadh sé ar shléibhte arda ansin a mbeadh a mullaigh clúdaithe le sneachta. Thuig sé an méid sin

ó Andrea an uair a d’amharc siad ar an chruinneog le chéile.

Ach bhí an chuma air nach raibh sé ábalta a chuid smaointe a dhíriú mar ba cheart: bhí siad trom agus tuar tubaiste leo. Go díreach roimh an chasadh sa bhóthar thug sé baile beag faoi deara nach raibh i bhfad ar shiúl, agus shocraigh anois go ndéanfadh a dhícheall a mhisneach a ghlacadh dul isteach san eaglais.

Bhí cuma fháilteach ar na tithe, agus de bharr go raibh sé ag tarraingt ar mheán lae is beag duine a bhí ar na sráideanna. Sheas David san fhairsinge mhór a bhíodh i gcónaí le fáil os comhair eaglaise agus mhachnaigh sé an nglacadh sé a mhisneach. Is fada a bhí sé ag iarraidh a fháil amach cad é an chuma a bheadh ar eaglais. Ba í an eaglais an áit ar labhair tú le Dia inti. San Iodáil, ar ndóigh, ní aimseodh sé ach Dia na gCaitliceach Rómhánach, ach go fóill féin – abair go mbeadh a Dhia ar cuairt ansin! Agus abair go mbuailfeadh sé Leis i ndáiríre! Ach b’fhéidir nach dtabharfadh déithe cuairt ar a chéile ... Ba é an dóchas beag go dtabharfaí sólas dó inti a thiomáin é le dul isteach.

Bhí an doras an-trom. B’éigean dó é a bhrú go láidir le é a oscailt.

Bhí marbhsholas ar an taobh istigh di. D’fhan David ina sheasamh agus é go díreach taobh istigh den doras go dtí gur éirigh a shúile cleachta leis an athrú ón solas geal gréine ar an taobh amuigh go dtí an doiléire bhog ar an taobh istigh di.

Bhí sé iontach ciúin. Agus go hálainn ar fad. Chuir

sé an teach i gcuimhne dó beagán, cé go raibh sí an-difiriúil ar mhórán bealaí. Bhí pictiúir agus adhmaid snoite ann agus gloine dhaite sna fuinneoga. Bhí coinne ar lasadh os comhair chuid de na pictiúir agus ag taobh na heaglaise.

Ach ní raibh sé iomlán ciúin. Chonaic súile David, a bhí cleachta anois leis an mharbhsholas, deilbh dhorcha de dhuine a bhí thíos ar a ghlúine os comhair cheann de na pictiúir. Bhí an fear ag rá rud éigin, go hiontach bog.

Théaltaigh David aníos chuige go fáilí. Dá mba dhuine é a bhí ag guí, ba mhaith leis a bheith ag éisteacht leis. B'fhéidir go bhfoghlaimedh sé rud éigin. Ach ní thioctadh leis na focail a thuiscint. Laidin ..., is é, Laidin a bhí ann, agus seachas roinnt focal, ní raibh mórán Laidine aige.

D'éirigh an deilbh dhorcha de dhuine ina sheasamh. 'Go mbeannaí Dia duit, a mhic. An bhfuil tú ar lorg rud éigin?'

'Níl, a dhuine uasail,' a d'fhreagair David go múinte. Thug sé céim ar gcúl agus thug sracfhéachaint thar a ghualainn le bheith cinnte de go raibh a fhios aige cá háit a raibh an doras.

'Ná bíodh eagla ort romham. Mar a fheiceann tú, is sagart mé.'

Thuig David go raibh an ceart aige. Chaitheadh sagairt fallaingeacha fada dubha – taobh amuigh den sluachampa géibhinn. Agus ní raibh sagart riamh ina dhuine *acusán*. Stad David de bheith ag amharc ar an doras, agus d'amharc ar an phictiúir ina áit sin.

‘An é sin do Dhia, a dhuine uasail?’

‘Ní hé, is é sin Naomh Críostóir.’

‘Nach é dia é?’

‘Níl ach an t-aon Dia amháin ann, a mhic.’

Chuir David grainc air féin. Ní raibh sé sin fíor: bhí *a fhios* aige go raibh roinnt acu ann.

‘Cé thusa, a mhic?’

‘Is mise David.’

‘Is tusa David mar sin. Agus cé hé do Dhia, a David?’

‘Is é Dia na dtailte féaraigh agus na n-úiscí suaimhneacha é ...’

D’amharc an sagart air agus aoibh an gháire air. ‘ “Is é an Tiarna m’aoire. Ní bheidh aon ní de dhíth orm. Cuireann sé i mo luí mé i móinéar féar uaithne. Seolann sé ar imeall an uisce mé. Mar a bhfaighim suaimhneas. Seolann sé mé ar rianta díreacha, mar gheall ar a ainm. Fiú dá siúlfaínn i ngleann an dorchadais. Níor bhaol liom an t-olc. Agus tú faram le do shlat agus do bhachall. Le sólas a thabhairt dom.” ... Is é an Dia céanna é, a David.’

D’éist David go cúramach leis. Bhí an-dúil aige i bhfoghraíocht na bhfocal aisteach nár bhain daoine mórán úsáide astu, agus bhí an chuma ar an sagart go raibh aithne mhaith aige ar a Dhia féin.

‘Ní hé an Dia céanna é, a Athair. Ba é an Dia é do dhuine ar tugadh David air fosta.’

‘Ba é, is fíor duit. Tagann na focail a labhair mé as Salm 23 de chuid David. Glacaim leis gur coimhthíoch thú agus nach ball dár nEaglais thú. Ach, creid uaim é,

a David, is é an Dia céanna é. Tugann an cine daonna an oiread sin ainmneacha éagsúla air, ach nuair a bhímid ag guí ar lorg cuidithe nó sóláis, is é an Dia céanna go fóill é a éisteann lenár bpaidreacha.’

B’fhéidir gur labhair an sagart an fhírinne. Cad é mar a thiocfadh leis a bheith cinnte de, nuair a bhí an oiread sin rudaí ann nach raibh sé eolach orthu? Ach nuair a bheadh an rogha déanta agat, bheadh ort seasamh leis, agus dá mbeadh dul amú ar an sagart, níor chóir go ligfeá dó tionchar a imirt ort.

‘B’fhearr liom mo Dhia féin a bheith agam, mura miste leat, a Athair. Tá sé iontach láidir, agus cuidíonn Sé leat nuair a bhíonn eagla ort. Agus níor chóir duit d’intinn a athrú an uair amháin a bheadh do rogha déanta agat, de bharr gur chóir go mbeadh meas agat ar an méid atá ráite agat ...’

Dúirt David na focail seo go hiontach múinte de bharr nár mhaith leis goilleadh ar an sagart.

Ach ní raibh an chuma ar an sagart gur ghoill sé air ar chor ar bith. Bhí aoibh an gháire air i gcónaí agus ar seisean i nguth chomh híseal sin go raibh an chuma air gurbh é Johannes é, ‘Tá an ceart ar fad agat, a David, agus tá rogha mhaith déanta agat. Is cinnte de nach mbeidh aon rud de dhíth ort. An dtuigeann tú brí an fhocail “díth”?’

‘Tuigim, ciallaíonn sé go bhfuil rud éigin in easnamh ort. Ach is fearr liom an focal eile: tá sé níos cosúla le – níos cosúla le ceol.’

Shíl David go raibh an sagart ag dul a chur a láimhe amach roimhe chuige agus theann sé é féin. Ach ní

raibh an ceart aige: níor leag an sagart a lámh air, ní dúirt sé ach, 'tá mise ag dul abhaile le rud éigin a fháil le hithe, a David. Má tá ocra ort, tig leat teacht abhaile liomsa. Nó b'fhéidir go dtiocfadh liom cuidiú leat ar dhóigh éigin eile?'

Rinne David a mhachnamh. Ní bheadh dochar ar bith i sagart, agus bheadh sé amaideach aige gan glacadh le tairiscint a chuideodh leis eolas a fháil ar na rudaí a raibh spéis aige iontu.

'Go raibh maith agat,' ar seisean. 'Níl ocra orm, ach dá mbeadh léarscáil agat a léiríonn an chuma atá ar an Iodáil, ansin ba mhaith liom a fháil amach cá háit a dtosaíonn an Eilvéis.'

Ar an taobh eile de Bologna ní raibh an tír chomh hálainn céanna. Bhí an talamh chóir a bheith cothrom agus an bóthar liath deannachúil. B'fhéidir go mbeadh cuid de na cúlhbhóithre ní ba dheise. Fuair David amach gur mhinic a bhí sé sin amhlaidh. Ach bhí sé faoi dheifir, agus ní raibh a thuilleadh tráichta ar na príomhbhóithre. Bhí ainmneacha na mbailte a mbeadh air dul tríothu ar a bhealach chun na hEilvéise breactha síos aige ar pháipéir, agus bhí sé ag éirí giota beag ní b'fhuaire gach oíche, níor stad David ach amháin nuair a d'éirigh a chuid aráin gann.

Bhí an t-airgead uilig ar thosaigh sé amach leis caite aige, agus ba sna bailte amháin a thiocfadh leis airgead a shaothrú. Ach ní raibh an oiread sin turasóirí thart níos mó, agus mhachnaigh David an rachadh siad uilig abhaile nuair a d'éireodh an aimsir iontach fuar.

Dá rachadh, bheadh an chontúirt ann go bhfaigheadh sé bás den ocras de bharr go raibh na hIodálaigh ábalta an chuid is mó de na rudaí a dhéanamh dóibh féin agus nach raibh gasúr de dhíth orthu le cuidiú leo. Ar a bharr sin, cé go raibh sé píosa measartha fada ón teach faoin am seo, ní dheachaigh an smaoineamh as a intinn riamh go mb'fhéidir gur chuir siad fios ar na póilíní faoi. Mhóthaigh sé go mbeadh sé ní ba shábháilte fanacht amach ó na hIodálaigh, seachas tiománaithe cairr agus leoraí.

Bhí siadsan measartha sábháilte. Ní raibh an t-am acu sonrú a chur i ngasúir choimhthíocha; bhí siad i bhfad róghnóthach ag smaoineamh ar an áit a raibh siad ag dul agus ar an rud a bhí siad ag dul a dhéanamh nuair a bhainfeadh siad an baile amach. A fhad is a bhí tú sásta éisteacht leis an méid a d'inis siad duit fúthu féin agus faoina dteaghlach, bhí siad sásta. Bhíodh siad i gcónaí ag rá cé chomh deas agus a bhí sé go raibh duine ann a dtiocfadh leo comhrá a dhéanamh leis, Ach shíl David gurbh é an rud ba chóir dóibh a rá ná 'labhairt leis', de bharr nach mbíodh mórán gá aige le rud ar bith níos mó ná 'is ea' nó 'ní hea' a rá. Ach bhí sé sin ag fóirstean go maith dósan. A fhad is nach raibh suim acu i rud ar bith eile ach iontu féin, bhí baol níos lú ann go gcuirfeadh siad barraíocht ceisteanna airsean. Agus rud eile de, is annamh nár roinn siad a gcuid bia leis i gcónaí.

Chuir duine de na tiománaithe David ar an eolas faoi na stáisiúin traenach. Is minic a d'fheiceadh sé na traenacha, ach níor rith sé leis riamh gur stop siad ag

áiteanna áirithe cinnteacha ná go raibh a leithéid de rud ann agus stáisiún traenach. Tháinig athrú air sin nuair a bhain sé Milano amach. D'inis David don fhear a bhfuair sé síob uaidh an dóigh ar tháinig tinneas air in Napoli agus go raibh sé anois ar a bhealach le bualadh le muintir an tsorcais arís. D'fhiafraigh an fear de an raibh a sháith airgid aige, agus nuair a d'fhreagair David gur shaothraigh sé beagán anois agus arís, rinne an fear amach gur shaothraigh sé ag na stáisiúin traenach é.

Mar sin de nuair a bhain sé Milano amach, fágadh David ag an stáisiún. Agus a leithéid de dhóigh mhaith le hairgead a shaothrú! Bhí na daoine ag dul ar bord traenacha nó ag tuirlingt díobh agus ba mhinic a bhí duine de dhíth orthu lena gcuid málaí a iompar, agus bhí cuid mhór turasóirí go fóill ag an stáisiún nach raibh Iodáilis acu agus a bhí buíoch de dhuine a thuig an méid a dúirt siad agus a bhí ábalta a fháil amach cén t-ardán as a n-imeodh na traenacha nó cén áit a raibh an bhialann. Chaith David an tráthnóna ar fad ag an stáisiún agus shaothraigh sé go leor airgid le harán a cheannach a mhairfeadh roinnt laethanta.

Ba san áit sin a chonaic sé an páipéar nuachta.

Ní raibh an oiread sin suime aige sna nuachtáin níos mó. Nuair a thioctadh sé ar cheann acu nó nuair a bhíodh a chuid aráin clúdaithe leis, léadh sé é le léitheoireacht ghasta a chleachtadh. Ach bhí cuid mhaith de faoi rudaí nach raibh sé ró-eolach orthu, agus ní raibh dóigh ar bith aige le fírinne an méid a léigh sé a fháil amach, go háirithe nuair nach raibh a

fhios aige cé a scríobh na hailt. Dá mba rud é gurbh *iadsan* a scríobh iad, b'fhearr i bhfad mar sin gan iad a chreidiúint.

Go tobann chonaic sé a ainm féin!

Bhí sé ag ligean a scíthe ar shuíochán, de bharr go raibh an mála deireanach a d'iompair sé an-trom agus bhí sé tuirseach anois. Bhí Iodálach ina shuí in aice leis, agus nuair a d'éirigh sé le himeacht d'fhág sé a pháipéar nuachta ina dhiaidh.

Agus ansin ar an leathanach cúil, leigh sé: 'A David. Ná bíodh eagla ort. Nílimid sa tóir ort. Ach bheadh muid an-sásta dá dtiocfá ar ais agus dá rachfá a chónaí linn arís. Creidimid a ndúirt tú. Tuismitheoirí na bpáistí.'

Bhí sé seolta chuige – ní raibh lá amhrais faoi sin – agus ar feadh tamaill bhig mhothaigh sé sona sásta.

Bhí sé fuar sa díog. Ní raibh sé de mhisneach aige síob a iarraidh tráthnóna de bharr gur shíl daoine nár cheart go mbeadh gasúr ar an bhóthar an t-am sin den lá. Ghlac sé tamall fada air Milano a chur de, agus ní thiocfadh leis áit ar bith a aimsiú le dul a chodladh anois seachas an díog seo. Ba mhaith an rud é gur éirigh sé cleachta leis an fhuacht sa champa. Arís eile smaoinigh David ar an litir sin ar an pháipéar nuachta. Bhí sé sásta gur scríobh siad chuige. Ba dhaoine maithe iad, iad uilig seachas Carlo.

Agus go fóill féin bhí a fhios aige nach dtiocfadh leis dul ar ais chucu. Bheadh fuath aige ar Carlo i gcónaí, agus bheadh sé i gcónaí ina éan corr. Agus ní

bheadh sé ábalta a insint dóibh an rud a bhí uathu, agus dá n-inseodh sé bheadh fiachadh orthu é a chur ar ais *chucusan*.

Go tobann thuig David an fáth nach raibh an chuma ar rud ar bith go raibh sé go díreach mar ba cheart ó d'fhág sé an teach. Chuimhnigh sé ar a mhíshuaimhní a mhothaigh sé agus é ag dul suas na céimeanna leithne an chéad lá a bhí sé ann – amhail is go raibh baol éigin ag fanacht leis ar chúl na ndoirse sin. Nach trua nach ndeachaigh sé ar a bhealach an t-am sin gan dul isteach sa teach! Bhí sé sásta roimhe ... bhí, sásta. Nuair a bhí sé ina chónaí i measc na gcloch agus nuair a shiúil sé na bóithre, bhí sé ina mháistir air féin agus cead a chinn aige. Bhí áilleacht i ngach áit thart timpeall air, thaitin blas an aráin agus na dtorthaí leis, agus thiocthadh leis é féin a ní nuair ba mhaith leis agus imeacht nuair a bhuaileadh an fonn é. Ach nuair a chuaigh sé isteach sa teach, chonaic sé rudaí nach mbeadh aige choíche. Ní bheadh rud ar bith chomh maith céanna choíche agus a bhí roimhe. Fiú dá mba rud é nach mbeadh fuath aige ar Carlo, ní dhéanfadh sé lá difir. Bhí gaol agus dáimh ag na páistí lena dtuismitheoirí agus ag na tuismitheoirí lena gcuid páistí, agus mhothaigh David go mbeadh sé ar an imeall i gcónaí. Ní raibh sé ... *mar an gcéanna*. Bhí sé difriúil le páistí eile nár tógadh i sluachampa géibhinn. Ní raibh gaol aige le duine ná dáimh aige le háit ar bith. Anois agus fios acu nach raibh olcas ar bith ann, dhéanfadh siad a ndícheall leis an chuma a chur ar an scéal go raibh gaol agus dáimh aige leo. Ach ní bheadh an fhírinne ann. Bheadh sé ina

dhuine ann féin i gcónaí, David a bheadh ann, gasúr a bhí ina theifeach gan a fhios aige cá háit a bhfaigheadh sé tearmann.

Níor chóir dó dul isteach sa teach sa chéad dul síos. Maria ... Nuair a d’amharc sé ar Maria agus nuair a chuir sí aoibh air, bhí a fhios aige go raibh dearmad déanta aige ar rud éigin, ar rud éigin tábhachtach.

Bhí dearmad déanta aige ar an mhothú a lig dó a bheith beo: nach n-éireodh sé choíche ceanúil ar dhuine ar bith. Nuair a fuair Johannes bás shíl sé go bhfaigheadh sé féin bás fosta. Ach nuair a tháinig sé chuige féin arís agus nuair a thuig sé nach raibh sé ag dul a fháil bháis, thuig sé fosta nár chóir éirí ceanúil ar dhuine ar bith choíche arís – choíche. Ní thiocfadh leat ligean duit féin a bheith beo ach amháin dá mbeifeá beag beann ar dhaoine. Ba é sin an smaoineamh a choinnigh sé ina intinn ar feadh na mblianta uilig ina dhiaidh sin – go dtí go bhfaca sé Maria.

Agus anois ní bheadh rud ar bith mar an gcéanna choíche arís: fiú mura mbeadh *siadsan* sa tóir air, fiú dá dtiocfadh lena shaoirse a bheith aige agus dá dtiocfadh leis an fuacht agus an t-ocras a sheachaint. Ní bheadh sé mar an gcéanna choíche arís, de bharr go mbeadh air a bheith ionraic leis féin i gcónaí, gasúr nach raibh gaol aige le duine ná dáimh aige le háit.

‘A Dhia,’ ar seisean, ‘A Dhia na dtailte féaraigh agus na n-úiscí suaimhneacha. Níl mé ag guí ar son cuidithe, de bhrí gur mise David agus nach bhfuil neart air sin. Ach tá mé ag iarraidh tú a chur ar an eolas nach leor iad na tailte féaraigh agus na huiscí suaimhneacha le

bheith beo, agus nach leor saoirse ach oiread. Ní leor iad nuair atá a fhios agat gurbh ann don ghrá agus nuair nach bhfuil gaol agat le duine ar bith de bharr go bhfuil tú difriúil agus nach bhfuil ionat ach gasúr ar a sheachaint. Tá mé á rá seo le hinsint duit nach gá duit cuidiú liom éalú *uathusan* níos mó. Is cuma. Gabhaim buíochas leat as na hamanna a chuidigh tú liom nuair a mheas mé gurbh fhiú a bheith beo tamall beag eile. Is mise David, Áiméan.'

Caithfidh sé gur thit David ina chodladh, nó nuair a d'amharc sé thart bhí an mhaidin ann agus an ghrian ag soilsiú. Caithfidh sé go raibh sí ag soilsiú ar feadh tamall measartha fada, de bharr nár mhothaigh sé préachta leis an fhuacht níos mó ar an dóigh ar mhothaigh sé i rith na hoíche.

D'éirigh sé, thóg a bheartán agus thosaigh a shiúl. Bhí sé chomh maith aige a bheith ag siúl ná a bheith ina shuí ansin ag fanacht.

Níor mhachnaigh sé ar rud ar bith ar leith. Níor ghá dó machnamh ar rud ar bith anois agus é ar nós cuma liom faoin rud a tharlódh.

Bhí an teorainn sa chéad sráidbhaile eile, agus bhí a fhios ag David láithreach go raibh fuath aige uirthi. Bhí cláí custaim trasna an bhóthair agus saighdiúirí air a scrúdaigh pasanna na ndaoine sula raibh cead acu tiomáint ar aghaidh. Bhí an chuma air uilig go raibh sé iontach cairdiúil, agus ní raibh an chuma ar dhuine ar bith go raibh eagla air. Bhí a gcuid páipéar in ord acu uilig, ar ndóigh, agus mar sin de bhí cead acu dul ar

aghaidh. Ach níor thaitin an chuma a bhí ar an scéal le David. Dá ngabhaí é, ba chóir dó tarlú in áilleacht na sléibhte, agus ní anseo ag claí custaim.

Rinne sé a bhealach amach as an sráidbhaile arís agus síos cúlbhóthar cúng, agus níor thiontaigh sé ó thuaidh go dtí go raibh sé ag siúl ar feadh uair an chloig. Chuala sé sa sluachampa géibhinn gurbh é seo an dóigh le dul trasna na teorann, ag áit éigin nach dtiocfadh le duine ar bith tú a fheiceáil. In amanna bhéartaí ort ina aineoinn sin, ach tharla sé sin de thaisme agus ní de bharr go raibh claí custaim ann.

Ar feadh tamaill fhada shiúil sé go trom ar a bhealach ar shiúl ón bhóthar agus suas thar na fíonghoirt, ag coinneáil chomh cóngarach agus a thiocfadh leis ó threo na gréine ag dul ó thuaidh. Bhain sé cuid mhaith as anois de bharr go raibh sléibhte ann arís, ach bhí sé ag iarraidh a bheith iomlán cinnte de go dtrasnódh sé an teorainn sula bhfillleadh sé ar na bóithre arís. Ansin tháinig sé a fhad le sráidbhaile darb ainm Mendrisio agus d'oibrigh sé amach láithreach go ndeachaigh sé ar seachrán de bharr gur labhair na daoine ar an tsráid an Iodáilis i gcónaí. Chonaic sé fógra ansin in airde os cionn an dorais a raibh an focal 'Svizzera' scríofa air, agus bratach nárbh í bratach na hIodáile í. Chuimhnigh sé ansin gurbh é an focal Iodáilise é 'Svizzera' ar an Eilvéis. Labhair siad an Iodáilis san Eilvéis fosta mar sin.

Shocraigh David go rachadh sé ar an bhóthar arís; ba é an claí custaim amháin a bhí sé ag iarraidh a sheachaint. Ní raibh eolas ar bith aige ar an Eilvéis, gan

eolas dá laghad. Ní raibh riamh Eilvéiseach sa champa: go hádhúil ar fad, b'fhéidir ... níorbh é go ndéanfadh sé lá difir anois.

Go mall san iarnóin tháinig sé chuig an loch arís, nó seans gur loch eile a bhí ann. Bhí sé go hálainn ar fad, beagnach chomh hálainn céanna agus a bhí an cósta mar ar chónaigh sé tamall i measc na gcarraigeacha. Bhí sráidbhailte beaga taibhseacha breactha thuas agus thíos ar fhánaí an tsléibhe, agus bhí báid á seoladh ar an loch. I ndiaidh dó a bheith ag siúl ar bhruach an locha ar feadh tamall measartha fada, chuaigh an bóthar thar dhroichead chuig taobh eile an uisce. Ba chóir gurbh é Lugano an chéad bhaile eile; cheannódh sé builín aráin ansin, agus b'fhéidir go gceannódh sé píosa cáise fosta.

Ach níor bhain David Lugano amach. Bhí an bóthar suite idir na sléibhte agus imeall an locha, agus giota beag os cionn an bhóthair fuair sé amharc ar chrann oráistí. Thosaigh sé a chrúbadach aníos taobh an chnoic lena fháil amach ar thit oráiste ar bith de. Tháinig sé ar cheann acu, agus sheas ansin ag stánadh ar an loch thíos a raibh cuma an-álainn ar fad air ón áit seo thuas. Chuaigh sé ar a bhealach i measc na gcrann ní b'fhaide aníos an fhána, agus shuigh ansin ar bhalla íseal a bhí te ag teas na gréine. Bhain sé amach a scian agus thosaigh a bhaint an chraicinn den oráiste agus é ag stánadh anois agus arís ar an loch thíos.

'Haló, a ghasúir!'

Thiontaigh David thart le hamharc. Thiontaigh sé go measartha ciúin staidéarach de bharr gur chuma leis cé a thioctadh air anois. D'éirigh sé ina sheasamh

ansin. Bean a bhí ann. D'éiríodh athair na bpáistí ina sheasamh i gcónaí nuair a thagadh a máthair isteach sa seomra, agus thugadh sé ar na gasúir éirí ina seasamh fosta.

'Ba mhaith liom go dtabharfá cead dom tú a phéinteáil, dá mbeadh an t-am agat.'

D'amharc David uirthi. 'Tá neart ama agam,' ar seisean go deas múinte. 'Ach níl a fhios agam cad é mar atá sé má tá duine ag iarraidh tú a phéinteáil. Cén áit ar mhaith leat an pictiúr a dhéanamh?'

Thosaigh an bhean a chur rud éigin ar thacas. Bhí cás ina sheasamh taobh léi. 'Anseo,' ar sise.

Shiúil David ionsuirthi agus d'amharc ar an tacas. 'Ó, ní raibh a fhios agam go raibh tú ag iarraidh pictiúr a phéinteáil díom. An dtig leat pictiúir áille a phéinteáil, a bhean uasal?'

Rinne an bhean gáire. 'Ní thig, tá siad uafásach! Ach is rud ann féin é go díreach an iarracht, nach ea? Bíonn tú i gcónaí dóchasach go n-éireoidh leat lá éigin.'

'Bíonn. Ach is féidir go dtiocfaidh an lá nuair a thuigfidh tú nach bhfuil tú ábalta.'

D'amharc an bhean air amhail is go raibh sí ag dul a rá rud éigin, ach mhothaigh David cinnte de nárbh é an rud a dúirt sí an rud a bhí sí ag dul a rá ar dtús. Ní raibh ann ach gur iarr sí air fanacht socair.

Dúirt David go bhfanfadh, agus rinne sí gáire agus dúirt go raibh sí cinnte de gur bréag a bhí ann, ach ceathrú uair an chloig ina dhiaidh sin ghabh sí a leithscéal: ba léir go dtiocfadh leis fanacht socair. Ach thiocfadh leis a cheann a bhogadh agus labhairt anois

dá mba mhaith leis, a fhad agus gur fhan an chuid eile dá cholainn socair.

D'fhreagair David go múinte nach raibh ábhar comhrá aige, agus ní raibh an chuma ar an bhean gur shíl sé go raibh rud ar bith aisteach faoi sin. Lean sí uirthi ag péinteáil an phictiúir agus d'fhág David ansin le hamharc uirthi ar a shuaimhneas.

Ní raibh sí ina bean óg, ach ní raibh sí aosta ach oiread. Bhí sí tanaí, agus ní raibh a fhios ag David i ndáiríre an raibh dúil aige sa chuma a bhí uirthi. Ní raibh sí ina hIodálach de bharr nár labhair sí an teanga mar ba cheart: thiocfadh léi rud ar bith ba mhian léi a rá, ach ní raibh a fhios aici i gcónaí na focail a bhí firinscneach agus na focail a bhí baininscneach san Iodáilis. Bhí a cuid gruaige measartha fionn agus a súile liath. Ní raibh sí álainn ná dóighiúil, agus go fóill féin ní raibh rud ar bith faoina haghaidh nár thaitin leis. Agus bhí sí cliste: thiocfadh leat a rá i gcónaí ó aghaidh na ndaoine cé acu a bhí siad cliste nó nach raibh.

Níor mheas sí gurbh éigean di é a cheistiú ná labhairt leis, agus nuair a dúirt sí rud ar bith leis labhair sí mar ba cheart, ní ar an dóigh amaideach agus a labhraíonn cuid de na daoine nuair a bhíonn siad ag labhairt le páistí, amhail is go raibh tú bómánta gan amhras de bharr go raibh tú i do pháiste.

Chuaigh roinnt uaireanta an chloig thart. Chuaigh an ghrian ní b'ísle agus ní b'ísle sa spéir, agus d'éirigh an spéir ní ba dhorcha. Go tobann dúirt an bhean, 'is amadán thú, a ghasúir. Cad chuige nach ndúirt tú go

raibh sé mall? Caithfidh sé go bhfuil tú spíonta agus tú i do shuí go socair an t-am seo uilig!’

‘Níl, ní miste liom é,’ a d’fhreagair David.

‘Bhuel, má tá ocras ort, tá sé chomh maith agat cuidiú liom na rudaí seo a phacáil, agus ansin tig linn dul abhaile agus greim le hithe a fháil.’

Bhí sí ina cónaí i dteach álainn. Ní raibh sé iontach mór, ach lonraigh sé agus cóta úr péinte buí air. Bhí comhlaí glasa fuinneoige air agus balcóin bheaga taobh amuigh de na fuinneoga, agus bhí garraí timpeall an tí a raibh crainn chúfróg agus phailme istigh ann. Bhí an taobh istigh den teach go hálainn, fosta. Bhí pictiúir agus rudaí suimiúla eile ar crochadh ar na ballaí a raibh aoldath orthu, agus bhí an troscán iontach innealta agus é an-difriúil ar fad le rud ar bith a chonaic David roimhe.

Dúirt an bhean go dtiocfadh leis an tábla a leagan amach agus é a dhéanamh réidh agus ise ag ullmhú béile dóibh – dá mbeadh sé ábalta, ar ndóigh. Ach bhí sé le bheith cúramach nach mbrisfeadh sé rud ar bith.

Ba mhór an spraoi é. Ba mhinic a deireadh na páistí go raibh spraoi mór le rud éigin, agus ní raibh David iomlán cinnte den rud a bhí siad a rá. Ach is cinnte go raibh spraoi leis seo – fágtha leis féin i seomra álainn leis na rudaí cearta a aimsiú le iad a chur ar an tábla agus á gcur in ord ar a mhian féin.

‘A Dhia ár sábháil!’ arsa an bhean go hard agus í ag teacht isteach sa seomra. Ní raibh David ábalta teacht ar éadach bán, agus ní raibh plátaí airgid ann ach oiread le cur faoi na cinn ar ith tú astu. Ach tháinig

sé ar phíosa éadaigh a raibh dath an tsléibhe air áit ar chónaigh sé cois na farraige – rud éigin idir dearg agus donn. Bhí plátaí áille ag an bhean agus bhí an sceanra déanta as airgead. Bhí earraí gloine galánta aici fosta, a bhí curtha ar leataobh i gcúl cófra, agus chuir David ceann den dá choinnleoir a fuair sé as an chófra tarraiceán ag ceann an tábla. Agus bhí babhla dubh ann, a raibh cuma ghalánta air, a chuir David in aice leis an choinnleoir. Thóg sé bláth bándearg ó leac na fuinneog taobh amuigh agus chuir sa bhabhla é.

‘Cén áit ar fhoghlaim tú an dóigh le tábla a leagan amach, a ghasúir óig?’

D’amharc David uirthi. ‘Taitníonn sé liom go mbíonn cuma ghalánta air – go hálainn ar fad – tá mé ag iarraidh a rá, agus mé ag ithe,’ ar seisean de ghlór dáiríre.

‘Gabh mo leithscéal. Ní raibh lá rúin agam a bheith fiosrach, agus tá an ceart ar fad agat: ba chóir go ndéanfaí na rudaí a dhéanfa gach lá chomh hálainn agus a thiocfadh leat. Tá sé iontach ciallmhar ceart.’

Is ea, bean iontach cliste a bhí inti. Mhottaigh sí nár thug sé freagra díreach uirthi.

Bhí David ag cur níos mó dúile inti giota ar ghiota. Labhair siad faoi chuid mhór rudaí agus iad ag ithe, faoi bhia, thoscán agus dhathanna, agus ní raibh an chuma uirthi in am ar bith gur chuir an méid a bhí le rá aige iontas air. Agus labhair sí leis an t-am ar fad amhail is gur duine a bhí ann a thuig an rud a bhí sí a rá. Shocraigh David go gcuirfeadh sé ceist uirthi faoi na rudaí uilig a raibh sé ag iarraidh eolais

orthu. Ní inseodh sé di cá has é, agus ba chuma anois dá músclódh sé amhras inti ... agus ba mhaith an rud é ceisteanna a chur, an iarraidh seo, gan é a bheith buartha an raibh sé ag scaoileadh rúin.

Agus ba chuma cad é an cheist a chuir David, níor inis sí dó ach an méid eolais a bhí de dhíth air gan ceist ar bith a chur airsean. Sa deireadh arsa David, ‘an bhfuil rí i réim sa Danmhairg?’

‘Tá, tá rí ann. Caithfidh mé a fháil amach an dtig liom pictiúr a aimsiú de. Cad é mar a bhí a fhios agat gur as an Danmhairg mé? Ar ndóigh, is dócha go bhfuil tú i do chónaí thíos sa sráidbhaile.’

‘Ní raibh a fhios agam. Ní raibh a fhios agam gur aisti tú. Ní raibh ann ach go raibh mé ag iarraidh a fháil amach an raibh rí ann.’

‘Bhuel, is as an Danmhairg mé, ar scor ar bith. Sophie Bang is ainm dom.’

‘David is ainm domsa.’

Níor chuir an bhean ceist air, ach shíl sé go raibh sé de cheart aici go mbeadh a fhios aici cérbh é nuair a d’inis sí dósan cérbh í féin.

‘David?’ arsa an bhean. ‘Is annamh a chluintear an t-ainm sin taobh amuigh den Bhreatain.’

‘An bhfuil tú ag déanamh gur ainm Briotanach é?’

‘Níl, is as an Bhíobla a thagann sé – tagann an chuid is mó acu ó bhunús. Bíonn sé le cluinstitín i gcuid mhaith áiteanna, agus ní raibh aithne agam féin ach ar dhuine amháin a raibh an t-ainm sin air – agus ní fhaca mé riamh é fiú ...’

D’amharc David uirthi agus suim aige sa méid a

bhí sí a rá agus d'fhan go n-inseodh sí tuilleadh dó, ach ar sise go gasta, 'ach ní fheicim fáth ar bith ar chóir dom insint duit faoi sin: scéal an-bhrónach a bhí ann, scéal an-olc ar fad a bhí ann.'

Labhair siad faoi rudaí eile mar sin. Thaispeáin sí iris dó a raibh pictiúr mór ar an chlúdach, grianghraf a léirigh rí agus banríon na Danmhairge. D'amharc David go géar air. Bhí an rí ag caitheamh éide a raibh guailleíd uirthi agus neart ord ar a brollach, agus bhí gúna mór fada gan mhuintille ar an bhanríon. Bhí píosa mór seodra á chaitheamh aici ar a cloigeann.

'Bhuel, an síleann tú gur grianghraf maith atá ann?' arsa Signora Bang.

'Níl a fhios agam cad é an chuma ba chóir a bheith ar rí agus bhanríon,' a d'fhreagair David. 'Ach níl an chuma orthu gur daoine iad a rachadh siar ar a gcuid gealltanais ná a shílfeadh go raibh sé de cheart acu saoirse agus beatha dhaoine eile a bhaint díobh. Caithfidh sé go bhfuil siad maith go leor mar sin ... Go raibh maith agat as an phictiúr a thaispeáint dom.'

Chuaigh David a luí ar leaba arís an oíche sin. D'inis Signora Bang dó go dtiocfadh leis fanacht thar oíche mura mbeadh rud ar bith eile le déanamh aige agus an lá dár gcionn a chaitheamh léi. D'inis David a scéal faoin sorcas di cheana féin. Níor thaitin sé leis é a insint, ach cad é eile a thiocfadh leis a rá? Agus b'éigean dó rud éigin a rá léi nuair a d'fhiafraigh sí de ar chóir dó a bheith áit ar bith eile.

Bhí sé suimiúil labhairt léi. Dá dtarlódh sé sular shocraigh sé nárbh fhiú dó a shaol a chaitheamh,

thabharfadh an t-am a chaith sé léi cuid mhór taitnimh agus sásaimh dó. Ach ba chuma sa tsioc leis anois. Ach bhí rudaí deasa thart timpeall uirthi agus bhí sé go hálainn cois locha, agus mar sin de bhí sé chomh maith aige an lá a chaitheamh ann. D’inis sí dó gur bh éigean di dul chun na Róimhe an lá dár gcionn.

Ba dheacair do David titim ina chodladh. Ní raibh sé chomh hanróiteach céanna níos mó. I ndeireadh na dála, bhí a fhios aige i gcónaí gur chuma cé acu a fuair tú bás nó nach bhfuair: ní raibh ann ach gur éalaigh sé gur mhothaigh sé gur mhaith leis fanacht beo. Ach ní thiocfadh leis a chuid sean-nósanna a fháil ar ais. Lean sé air ag dul siar ar rudaí ina intinn, agus ní thiocfadh leis cuimhneamh ar rud ar bith dár theagasc sé dó féin a dhéanamh sa champa.

Nuair a mhúscaíl sé an mhaidin dár gcionn thiocfadh leis an signora a chluinstin ag labairt le duine éigin agus shocraigh sé go bhfanfadh sé ina luí go dtí go mbeadh sí léi féin arís. Bhí siad ag labhairt i bhFraincis, agus fear a bhí ann a bhí ag iarraidh uirthi dul amach a sheoltóireacht leis. D’inis sí dó nach dtiocfadh léi de bharr go raibh cuairteoir aici, gasúr a raibh sí ag péinteáil pictiúir de. D’fhiafraigh an fear di ar dhuine de na hógánaigh as an sráidbhaile é agus dúirt an signora nárbh é, go raibh baint aige le sorcas. Ach ní dúirt sí gur ‘ghasúr aisteach é’ ina dhiaidh sin, rud a raibh David ag dúil leis. ‘Tá an misneach a bhí ann briste ag duine éigin’, ar sise.

Dúirt an fear nárbh fhurasta misneach gasúir a bhriseadh, agus d’fhreagair an signora nár mheas sí gur

briseadh go furasta é ach gur éirigh leo é a bhriseadh sa deireadh.

Mheas an fear gur chóir di rud éigin a dhéanamh faoi. Dá mba rud é go raibh drochdhóigh ar an pháiste i ndáiríre, ar seisean, agus é ag dul thart ina aonair, bhí sé de dhualgas orthu scéal a shaoil a fhiosrú agus cuidiú leis. Ní dúirt an signora ach, ‘Cad é an leigheas atá ar bhriseadh croí? Agus maidir le scéal a shaoil, níl sé de cheart agam mo ladar a chur ann. Thiocfadh le duine airgead a thabhairt dó le go mbeadh sé ábalta dul leis an traein le bualadh leis an sorcas ar an dóigh nár ghá dó siúl, ach níl airgead le spáráil agatsa ná agamsa, a Pierre, agus ní dhéanfaidh sé dochar don ghasúr a bheith ag siúl. Tuigim cibé ar bith go mbíonn sé ag síobshiúl an chuid is mó den bhealach ... sin an nós atá acu na laethanta seo.’

Nuair a bhí an strainséir imithe, chuaigh David síos staighre agus mhothaigh sé go raibh bricfeasta déanta ag an signora dó. Ansin shuigh sé ar feadh tamaill di, agus nuair a bhí siad ag ligean a scíthe i ndiaidh an lóin, dúirt sí go dtiocfadh leis amharc tríd a cuid leabhar.

Níor shocraigh sé le rud ar bith a léamh, áfach. Bhí albam mór grianghraf ar an leabhragán. Bhí grianghraif ann a glacadh i gcuid mhór tíortha agus bhí logainmneacha scríofa faoi chuid acu. Bhí grianghraif de dhaoine ann fosta, agus d’aithin sé an signora i gcuid acu. Bhí cuid de na grianghraif ina luí scaoilte san albam, agus ó chúl an albaim thit ceann acu amach a bhí níos mó ná an chuid eile.

Ní raibh a fhios ag David cá fhad a bhí sé ina shuí agus an grianghraf ina lámh aige nuair a tháinig an signora isteach.

‘Cé hé sin?’ a d’fhiafraigh sé di, agus é ag taispeáint an ghrianghraif di.

‘Sin cara de mo chuid. Edith Hjorth Fengel is ainm di.’

‘An inseoidh tú dom rud éigin fúithi?’

‘Cad chuige?’

‘Mar tá an chuma ar a súile go raibh ... cuid mhór ar eolas aici, agus go fóill féin tá sí ag gáire.’

‘Is cliste an gasúr thú, a David. Is brónach a scéal den chuid is mó. Bhí sí ina cónaí thar sáile lena fear céile i dtír ... arbh éigean dóibh a bheith an-chúramach inti mar gheall ar chúrsaí polaitíochta. Agus ní raibh a fear céile ... Is scéal é do na daoine fásta, a David, agus tá súil as agam gur scéal é nach dtuigeann tú de thairbhe nach bhfuil tú aosta go leor. Ghabh na póilíní é oíche – an triúr acu, a fear céile, í féin agus gasúr beag s’acu nach raibh ach bliain d’aois – b’eisean an gasúr ar tugadh David air, do dhála féin, agus duine nach bhfaca mé ... mharaigh siad a fear céile agus an páiste, agus is é an t-aon fáth ar éalaigh Edith go raibh aithne ag duine de na gardaí uirthi agus bhí sé i ngrá léi. Fuair sé páipéir di agus thug trasna na teorann í faoi choim, agus anois tá cónaí uirthi sa Danmhairg agus tá sí ... go maith, chomh maith agus a thiocthadh leat a bheith nuair a d’fhulaing tú an oiread sin. Tagann deireadh le gach fulaingt, a David, más rud é go bhfanann tú fada go leor. Déan iarracht cuimhneamh air sin. Bíonn

a sheal ag an bhrón dála na ndaoine. Tagann an brón,
maireann sé agus faigheann sé bás. Agus nuair a
bhíonn sé curtha cailte, bíonn duine fágtha ina dhiaidh
le cuimhneamh air. Go díreach dála na ndaoine.'

A Seacht

Bhí gaorth pholltach ag séideadh agus bhí an sneachta ag titim chomh trom sin nach dtiocfadh le David a mhéar a fheiceáil roimhe. Bhí a fhios aige gur bheag an fuinneamh a bhí fágtha ann, agus go fóill féin stretchail sé ar aghaidh céim ar chéim. Bhí sé go daingean ina intinn nach raibh sé ag dul a fháil bháis. Rachadh sé ar aghaidh agus ar aghaidh go dtí go mbainfeadh sé an Danmhairg amach agus go dtiocfadh sé ar an bhean arbh í a mháthair í, dar leis, gan dabht ar bith. Ní ligfeadh sé do rud ar bith bac a chur air anois. Ní chuirfeadh sneachta ná fuacht ná sléibhte bac air. Ba é David é, gasúr ar a sheachnaint, ach duine a raibh a thriall ar eolas aige.

Fuair sé síob i gcarr an lá roimhe ó Lugano. Ach nuair a bhain siad áit darb ainm Faido amach, ní rachadh an tiománaí ní b'fhaide. Dúirt sé go raibh an aimsir go dona agus nach mbeadh sé ábalta an tslí a

shiúl. Chodail David i stábla taobh amuigh den bhaile, agus an mhaidin sin streachail sé ar aghaidh ar an bhóthar a bhí ag dul suas agus suas agus an t-aer ag éirí ní b'fhuaire agus ní b'fhuaire go dtí gur tháinig an sneachta sa deireadh.

D'inis an bhean as an Danmhairg dó go dtiocfadh leis filleadh uirthi nuair a thiocfadh sí ar ais ón Róimh. Dúirt sí leis go raibh sé le hiarraidh uirthi an dtiocfadh léi cuidiú leis ar dhóigh ar bith, agus dúirt sí fosta mura mbeadh dúil aige sa sorcas agus mura mbeadh dlúthghaolta aige a dtiocfadh leis dul chucu go mbeadh sí sásta ligean dó dul a chónaí aici. Ach níor thug David ach leathchluas don méid a bhí sí a rá.

Ar an dea-uair, bhí sé breá cleachta lena chuid smaointe agus mothúchán a chur i bhfolach. D'fhreagair sé go múinte agus chuimhnigh a bhuíochas a ghabháil léi, agus chuaigh ar aghaidh amhail is nár tharla rud ar bith. Agus d'inis sé di go raibh uncail dá chuid sa sorcas a bhí iontach maith dó. D'inis sé bréag ar bith di a tháinig ina cheann, agus níor mhothaigh sé go raibh sé mícheart ina dhiaidh sin. Bhí air an Danmhairg a bhaint amach, agus bheadh air bréaga a insint le bac ar bith a chuirfí roimhe a shárú nó le rud ar bith a chuideodh *leosana* bheith ar a lorg. Nár labhair an Francach faoi scéal a bheatha a fhiosrú? Níor chóir go stopfadh duine ar bith ná rud ar bith anois é. Cé go raibh a fhios aige féin go dtuigfeadh an signora as an Danmhairg é, ní thiocfadh leis insint di.

Chuir sé ceist uirthi cad é an t-ainm a bhí ar gharda an sluachampa, agus ba é an fear é. Thuig David gach

rud anois ... nó beagnach gach rud. Lig an fear a beo leis an bhean de thairbhe go raibh dúil aige inti, ar an dóigh a raibh dúil ag daoine móra i nduine a bhí siad ag iarraidh a phósadh. Níor lig an fear a bheo lena fear céile de bharr go raibh fuath aige air de bharr gurbh é a fear céile é. Lig sé a bheo le David de bharr gur páiste a bhí ann. Níor inis sé di go raibh an páiste beo go fóill, áfach, b'fhéidir de bharr nach mbeadh sé ábalta páipéir a fháil ach do dhuine amháin, cé nár shíl David gurbh é sin an t-aon chúis amháin a bhí leis. Bhíodh *siadsan* i gcónaí ag iarraidh díoltas a bhaint amach. De bharr nach raibh dúil ar bith ag an bhean ann, bhain an fear a dhíoltas amach trí David a chur i sluachampa géibhinn ... Sea, sin an dóigh a raibh sé. Agus go fóill féin d'fhéach an fear chuige nach bhfuair sé bás. Thugadh sé bainne agus vitimíní dó agus sheas sé ar an phointe i gcónaí 'nach raibh rud ar bith ar eolas ag an ghasúr'.

Thosaigh David a thuiscint cuid mhaith rudaí anois. Lig *siadsan* do Johannes a bheith cíocrach conáilte agus thug siad air obair a dhéanamh, fiú nuair a bhuaileadh tinneas é, ach seachas sin níor chaith siad go dona leis ar an dóigh chéanna agus ar chaith siad leis na cimi eile. Agus shíl David nach raibh sé de mhisneach acu a lámha a leagan ar Johannes nuair a d'amharcadh sé idir an dá shúil orthu. Ach thuig sé anois nárbh é sin an t-aon chúis amháin ... D'fhéach an fear chuige go mbeadh Johannes ann le haire a thabhairt do David.

Dúirt Johannes dá aosta a d'éirigh duine gurbh amhlaidh gur casta a d'éirigh a chuid mothúchán, agus

in amanna bhí siad ag teacht salach ar a chéile, mar, cuir i gcás, nuair a bhí tú ag iarraidh fanacht múscailte agus ag an am céanna dul a chodladh. Ba é sin an dóigh ar mhothaigh an fear. Bhí fuath aige ar David mar gheall ar a mháthair nach mbeadh baint ná páirt aici leis, agus ag an am céanna thug sé aire dó, mar gheall ar a mháthair fosta.

Agus ba é sin an dóigh ar mhothaigh David féin faoin fhear. Níor thug duine ar bith breab don fhear. Ní raibh duine ar bith ann le é a dhéanamh ó tharla nach raibh a fhios ag duine ar bith go raibh David ann. Agus dá mbeadh eolas ar bith agat *orthusan*, bheadh a fhios agat, gur chuir an fear é féin i gcontúirt mhór fosta ag ligean don chime éalú. Agus go fóill féin lig sé dó.

Mhoilligh coiscéimeanna David an t-am ar fad. Ní raibh aon mhothú ina chosa aige anois agus bhí sé fliuch go craiceann. Bhí an sneachta ag titim go fóill. Tháinig fonn millteanach air luí síos, mura mbeadh ann ach ar feadh bomaite. Ach ní raibh sé de mhisneach aige géilleadh – b'fhéidir go bhfaigheadh sé bás den fhuacht taobh amuigh sa sneachta. Ní raibh sé ábalta an bóthar a leanúint ina dhiaidh sin. Bhí gach rud clúdaithe le brat sneachta, agus ní thiocfadh leis a dhath ar bith a fheiceáil tríd na calóga móra tiubha a bhí ag titim anuas. Ní fhaca sé comhartha bóthair le fada.

Sa deireadh ní raibh aon mhothú ina intinn, agus mar a tharla ar an bhóthar go Teasaloinicé, d'iompair a chosa é ar aghaidh gan fhios dó féin.

Go tobann ní raibh áit ar bith ann roimhe lena chos

a leagan uirthi. Chaith David é féin siar, thit sé agus chuaigh thar a chorp. Aill a bhí ann! Is beag nár thit sé le haill! Sular éirigh sé chomh spíonta sin chonaic sé an chontúirt. Sular thosaigh an sneachta a thitim chonaic sé cé chomh furasta agus a bhí sé go mbainfí tuisle asat agus go dtitfeá síos an sliabh.

Bheadh air a bheith iontach airdeallach an t-am ar fad gan ligean dó féin scíth a thabhairt dá intinn ar feadh oiread is soicind. Ní raibh sé de mhisneach aige a bheith ag siúl ina dhiaidh sin, mar sin de thosaigh sé a lámhacán ar a cheithre boinn agus é ag síneadh a lámh amach go cúramach roimhe agus á gcur ar an talamh le bheith cinnte de nach raibh sé ar bhruach aille.

Ní raibh a fhios aige cá mhéad uair an chloig a chuaigh thart agus é ag gabháil dó seo. Bhí sé i bpian ó mhullach go sáil, agus bhí an sneachta ag titim i gcuaifeach gaoithe móire a chuaigh go smior ann. Bhí sé dall agus bodhraithe aige, agus d'éirigh an phian ina cholainn chomh géar sin gur mhothaigh sé nach mairfeadh sé bomaite amháin eile. Bhí sé níos measa ná rud ar bith a dtiocfadh leis smaoineamh air ... ní ba mheasa ná an campa, ní ba mheasa ná *iadsan* fiú. Agus ní thiocfadh leis iarraidh ar Dhia cuidiú leis de bharr gur séideadh na focail ar shiúl taobh istigh dá chloigeann, iad scuabtha ar shiúl leis an ghaoth mhór agus leis an bhrat mhór bhán a bhí thart timpeall air agus a dhall é.

Ní raibh bealach ar bith amach as ach an bás. Bhuail David a cheann in éadan rud éigin crua. Thit sé, agus

ansin ní raibh sé ag cur sneachta ina dhiaidh sin. Scairt duine amach, 'Cén sórt gadaí óig é seo atá ag dul thart agus na cosa ag imeacht uaidh sa chineál seo aimsire?' Chuir David saothar mór air féin a shúile a oscailt go leor le feiceáil gur tháinig sé ar dhuine *acusan*.

Ní raibh a fhios a dhath ar bith ina dhiaidh sin.

Bhí an geimhreadh seo ar an cheann ab fhaide dár mhothaigh David riamh.

Duine cruachróioch a bhí san fheirmeoir. Tháinig David slán as an ghaoth mhór agus as an sneachta agus anois bhí sé ina chime faoi ghlas ag an fhear seo ina theach. Ba é comhla an stábla an rud ar bhuail David a cheann ina éadan, agus ba é an stábla a fhoscadh don gheimhreadh – agus níor fhoscadh maith a bhí ann ach oiread. B'éigean dó a bheith ag obair agus ag luain an lá ar fad chomh crua agus a thioctadh leis, agus ní ba chrua dá mb'fhéidir é. Bhí an feirmeoir go díreach ar nós duine *acusan*. Bhain sé úsáid as bagairtí le tabhairt ar David obair a dhéanamh agus dúirt go gcuirfeadh sé fios ar na póilíní mura n-éistfeadh sé leis.

D'fhoghlaim David an dóigh ar labhair baill teaghlaigh go deas múinte lena chéile agus aoibh ar a n-aghaidh. Ní raibh sé amhlaidh san áit seo. Bhí an feirmeoir fuarchróioch brúidiúil fiú lena bhean agus lena bheirt pháistí, ach níor mhothaigh David trua ar bith dóibh, mar ba bhean chiotach chiúin í a bhean chéile a raibh faobhar ar a teanga aici, agus maidir leis na páistí – níor shíl David go dtiocfadh le duine ar bith a bhí go fóill ina pháiste a bheith chomh cruálach sin.

Ba é an gasúr ab óige é, agus bhí sé go díreach cosúil lena athair. Bhí a chuid gruaige righin agus dath an fhéir uirthi agus a shúile tláithghorm, agus nuair a bhíodh sé ag súgradh scriosadh sé rud éigin, sin nó bhíodh sé ag cothú ceilge. Bhí sé cruálach leis na hainmhithe, cé go raibh a fhios aige go dtabharfaí greasáil dó féin dá bhfaigheadh duine ar bith amach – níorbh é go raibh rud ar bith ag an fheirmeoir in éadan an fhoréigin ann féin, ach bhí luach airgid leis na hainmhithe agus mar sin de níor chóir drochíde a thabhairt dóibh. Mar sin féin ní raibh an gasúr ábalta a lámha a choinneáil ar shiúl uathu: ba é an rud ba mhó a thug pléisiúr dó rud a bhí beo a ghortú.

Dúirt Johannes tráth gurbh iad an foréigean agus an chruálacht na dóigheanna a bhí ag an bhómán le haird a tharraingt air féin, de bharr gur fusa do lámha a úsáid le buille a bhualadh nó d'intinn a úsáid le réiteach cóir cothrom a fháil ar an fhadhb.

Mar sin féin, rinne sé David tinn cruálacht an ghasúir a fheiceáil. Agus ní raibh an ghirseach mórán ní b'fhearr. Maith go leor, ní raibh sí cruálach leis na beithígh, ach ní raibh sí cineálta ach oiread. Nuair a smaoinigh David air go raibh sí a bheag nó a mhór ar an aois chéanna le Maria, bhain an dearcadh difriúil a bhí acu siar as. Bhí Maria an-cheanúil ar gach duine, ar dhaoine fásta, ar pháistí, ar ainmhithe fosta – agus fiú ar ghasúr ar a sheachaint agus bhíodh aoibh ar a haghaidh i gcónaí ... agus an ghirseach, ní dhearna sí rud ar bith le háthas a chur ar dhuine – fiú ar a máthair féin!

Chaith siad uilig le David mar a bheadh madadh ann. Chaith siad a chuid bia chuige agus thug siad maslaí air. Ach níor leag siad lámh air. D'fhág siad ina luí sa stábla é go dtí go raibh sé ar ais ar a bhoinn agus ansin chuir siad ar obair é. Ach nuair a bhí an feirmeoir ar tí é a bhualadh lá de na luathlaethanta a chaith sé san áit, dúirt an bhean leis ligean don ghasúr. 'Bhí tú riamh bómánta, a Hans!' ar sise, 'Tig leis obair a dhéanamh – agus ní bheidh mise ag plé leis sin – agus tá an stábla maith go leor dó. Tá a fhios ag gadaí óg mar sin an rud atá ar a leas agus ní thógfaidh sé ceist faoi sin. Ach má leagann tú do lámha air, maróidh sé muid uilig nuair a bheimid inár luí. Tig leat an méid sin a rá le hamharc air! Agus b'fhearr don mhuintir óga fanacht ar shiúl uaidh mura bhfuil siad ag iarraidh go dtabharfar greasáil dóibh, tig leat a bheith cinnte de sin! Tá oibrí saor in aisce agat don gheimhreadh, agus is leor an méid sin. Tig linn fios a chur ar na póilíní san earrach.'

Shíl David go raibh an t-iomlán acu bómánta – agus olc, ach bómánta fosta. Dá leagfeadh siad lámh air bheadh air dul amach sa sneachta arís agus bás a fháil den fhuacht, ach ní bhainfeadh sé úsáid as an lámh láidir ina n-éadan choíche. Bhí fuath aige orthu, ach b'fhearr leis féin bás a fháil ná aithris a dhéanamh orthu.

Bhí sé greannmhar ar dhóigh. Ba é 'greannmhar' an focal ceart gan amhras. Cé nár bhuaileadh siad é d'fhéach siad chuige go mbeadh a shaol chomh hanróiteach agus a thiocfadh leo é a dhéanamh dó, agus go fóill

féin bhí sé ag dul chun sochair dósan!

Bhí a fhios aige anois nach mairfeadh sé an geimhreadh dá mbeadh sé ag siúl na mbóithre. Gheobhadh sé bás de dheasca an ocrais agus an fhuachta. Ar a laghad bhí foscadh aige anseo, agus bia aige gach lá.

Bhí an stábla fuar, agus in amanna bhí an sneachta á shéideadh agus á chruinniú ina ráthanna go dtí go raibh sé chomh hard leis an díon taobh amuigh. Ach dé réir mar a dlúthaíodh le chéile é, d'éirigh an stábla níos teo taobh istigh, agus chuir na hainmhithe beagán leis an teas.

Níor tugadh mórán bia dó, seachas arán tirim nó na fuílligh, agus go fóill féin bhí níos mó le hithe aige anseo ná mar a bhí sa champa, agus ní raibh blas ní ba mheasa air, in amanna, déanta na fírinne, b'fhearr an blas a bhí air.

Shíl siad go raibh siad ag cur cruá air agus iad á fhágáil ina aonar le dul a chodladh sa stábla dorcha, ach ba é an oíche an t-am ba mhó a thaitin leis!

Ní raibh eagla ar David roimh an dorchadas. Ní raibh ann ach gnáthuirlisí an lae thart air, agus na hainmhithe ina gcodladh go sámh. Níor chuir sé isteach ná amach airsean: níor athraigh an dorchadas rud ar bith. Ba iad na daoine a raibh eagla airsean rompu.

Ba leisean an stábla san oíche. Sa champa ní raibh sé riamh leis féin, agus thaitin sé le David a bheith fágtha leis féin lena mhachnamh a dhéanamh gan chur isteach.

Ansín tháinig an madadh.

Mhóthaigh David i gcónaí gur naimhde iad na madaí – *uirlisí s’acusan*. Bhíodh sé mar chaitheamh aimsire acu tabhairt ar na madaí greim a bhaint as na cimí. Ó d’éalaigh sé chun na hIodáile, áfach, mhóthaigh sé ar ndóigh gur choinnigh daoine maithe madaí fosta, ach choinnigh sé fad sciathán uaidh iad i gcónaí, ar eagla na heagla.

Ach nuair a bhí sé cuachta istigh sa stábla, ní thiocfadh leis an stábla a sheachaint. Tháinig sé oíche nuair a bhí sé ag cur sneachta go trom agus nuair a bhí gaoth mhór ag séideadh taobh amuigh. Luigh David gan corraí as agus in éadan a thola lig sé dó a bheith ag smúrthacht thart air. Labhair an feirmeoir agus a chlann leagan aisteach den Ghearmáinis: b’fhéidir gurbh é sin an fáth ar labhair David leis san Iodáilis fosta.

‘Tá eagla orm romhat,’ ar seisean go séimh agus de ghlór chomh calma agus a thiocfadh leis. ‘Is cinnte go dtabharfaidh tú faoi deara gurbh as an champa a tháinig mé, agus ansin is cinnte go mbainfidh tú plaic asam. Agus ní thig liom rud ar bith a dhéanamh faoi.’ Thiocfadh le David an madadh a fheiceáil agus é ag smúrthacht thart air mar a bheadh scáil mhór dhubh ann os comhair an dorchadais. Ansin luigh sé síos in aice leis, á bhrú féin agus ag tiontú go dtí go raibh siad ina luí droim le droim. Rinne sé méanfach ard, thiontaigh, lig osna agus thit ina chodladh.

Níor bhain sé plaic as, agus ní raibh David chomh fuar céanna san oíche, de bhrí gur madadh mór a bhí ann agus choinnigh sé te é. Rí an t-ainm a bhí air.

Ba mhínic a bhíodh sé ag tafann le páistí an fheirmeora, agus bhí a fhios ag David nach raibh sé rócheanúil ar an fheirmeoir féin ach oiread, cé gurbh annamh a bhuaileadh sé é, ar ndóigh de bharr gur madadh maith caorach a bhí ann, agus sa samhradh nuair a bhíodh na hainmhithe amuigh ag innilt ní thiocfadh leis teacht gan é.

Ach nuair a d'fheiceadh an madadh David chroitheadh sé a ruball, agus chuaigh sé a chodladh leis gach oíche.

D'éirigh David ceanúil air de réir a chéile. Oíche dá raibh agus é ina luí ag smaoineamh an dtiocfadh deireadh choíche leis an gheimhreadh, shín sé a lámh amach chuig an mhadadh nuair a tháinig sé le luí in aice leis. Rinne sé gan smaoineamh é. B'fhéidir gur chonaigh sé é agus gur mhaith leis teacht agus a chuid teasa a roinnt leis. Mhóthaigh sé go raibh a lámh ar a cheann, agus é ag mothú chruinneas an chloiginn faoina lámh agus thaitin an mothú teann te leis. Níor chorraigh an madadh, agus lig David dá lámh sleamhnú go caoin thar fhionnadh tiubh an mhadaidh, go díreach uair amháin.

Ansin thug sé a lámh siar agus luigh gan corraí as arís.

Thóg an madadh a cheann gur amharc sé ina threo, agus mhóthaigh David a theanga the fhliuch ag lí a láimhe go cúramach.

Agus mar sin de d'éirigh David agus an madadh mór le chéile.

Ach bhí David ag tosú a éirí mífhoighneach. Bhí an

chuma ar an scéal go mairfeadh an geimhreadh go deo na ndeor, agus bhí sé ag iarraidh a bheith ina shuí agus an bóthar a bhualadh, ag siúl leis go dtí go mbainfeadh sé an Danmhairg amach áit a dtiocfadh leis iarracht a dhéanamh an bhean a aimsiú a d'athraigh gach rud. Ina dhiaidh sin ní bheadh sé go díreach ina ghasúr a bhí ag spaisteoireacht go fánach agus cuma aisteach air i gcónaí ag na daoine eile, ach duine a mbeadh a thriall ar eolas aige.

Rinne sé iarracht gan glacadh leis go cinnte go mbeadh áthas uirthi go raibh sé go fóill beo, de bharr nach dtiocfadh leis a bheith cinnte de go mbeadh ar ndóigh. Agus ise ag déanamh i gcónaí go raibh sé marbh, b'fhéidir go mbeadh sé deacair uirthi éirí cleachta leis an scéal gurbh é David é.

Ach bhí sé doiligh air gan ligean dá chuid smaointe a bheith ag rith leo! Anois agus arís bheadh sé in aisling iontach áthasach agus d'fheicfeadh sí láithreach gurbh é David é agus agus ba mhaith léi grá a thabhairt dó ar an dóigh chéanna ar thug athair agus máthair na bpáistí grá dóibh. Bheadh áit aige ansin a raibh ceangal aige léi agus thiocfadh leis a fháil amach faoi na rudaí nach raibh ar eolas aige. Déarfadh sí, 'a mhic' nuair a labharfadh sí air, agus ní bheadh ábhar buartha air choíche arís.

Agus de réir mar a rith a chuid smaointe ar aghaidh, déarfadh sé leis féin go raibh earraí breátha thart timpeall uirthi, gur thuig sí ceol agus go raibh grá agus meas aici ar an áilleacht. Smaoinigh sé ar na rudaí uilig a thiocfadh leis a insint di. Níor mhaith leis rud ar

bith a rá faoi na rudaí uafásacha a bhí feicthe aige, ach labharfadh sé ar Johannes agus ar a bhfaca sé agus ar ar fhoghlaím sé ó d'éalaigh sé. Agus ar Maria. Bheadh sé cosúil le bheith ag stopadh ag Signora Bang, ach i bhfad ní b'fhéarr de bharr go mbeadh gaol aige léi.

Bhí rí i réim sa Danmhairg fosta – tír a bhí ann a raibh a saoirse aici. Dá dtiontódh sé uilig amach mar sin ní thiocfadh leis smaoineamh ar rud ar bith maith go leor a thiocfadh leis a dhéanamh mar chúiteamh do Dhia na dtailte féaraigh agus na n-uiscí suaimhneacha.

Ní thiocfadh leis a bheith go díreach mar sin, ní chomh hiontach sin uilig, ach bheadh sé maith. Bhí David ag tnúth go mór le deireadh an gheimhridh le go dtiocfadh leis an bóthar a bhualadh.

Ansin, maidin amháin, shnámh solas na gréine isteach sa stábla ar fhuinneog bheag bhídeach a bhí thuas go hard ar an díon, fuinneog a bhí clúdaithe le sioc tiubh an t-am ar fad ó bhí sé ag an fheirmeoir.

Thosaigh croí David a bhualadh ní ba ghasa. Agus é ina luí ansin gan corraí as mhothaigh sé dá mba rud é go gcorródh sé, go n-imeodh an ga beag gréine leis go deo. Bhí sé chomh fada sin ó chonaic sé an ghrian gur bheag nach ndearna sé dearmad go raibh sí ann ar chor ar bith.

Dá n-éireodh sé agus dá sínfeadh sé é féin chomh hard agus a thiocfadh leis, b'fhéidir go mbeadh sé ábalta teagmháil a dhéanamh leis an gha bheag gréine lena lámh. Go tobann ag an bhomaite sin ba é an rud ba thábhachtaí ar domhan leis teagmháil a dhéanamh leis an gha ghréine, ach dá fhadacht a shín sé a lámh

amach ní bhainfeadh an ghrian ach barr a mhéar amach.

An tráthnóna sin agus é ina luí múscaillte, chuala sé an feirmeoir ag brú an bharra mhóir isteach ina áit trasna ar dhoras an stábla!

Ansin bhí a fhios ag David go raibh an t-earrach ag teacht. Thiocfadh sé ar dtús chuig an ghleann thíos. Rinne an feirmeoir cinnte de anois nach mbeadh deis ag David amharc síos ansin, le nach bhfeicfeadh sé teacht an earraigh. Thiocfadh an t-earrach chuig tailte féaraigh an tsléibhe níos moille. Bhí David ag obair go cruá gach lá, agus mar sin de, choinneodh an feirmeoir faoi ghlas é chomh fada agus a thiocfadh leis. Agus nuair nach dtiocfadh leis teacht an earraigh agus imeacht an tsneachta a cheilt níos mó, a chuidigh leis David a choinneáil faoi ghlas, chuirfeadh sé fios ar na póilíní. Bheadh an deireadh ann ansin. Thiocfadh *siadsan* go dtabharfadh siad ar ais chuig an champa é.

Bhí David ag stánadh roimhe isteach sa dorchadas. Ní éalódh sé choíche, ní éalódh sé choíche. Bhí an barra chomh tiubh le stoc crainn, agus ghlacfadh sé cuid mhór oícheanta air é a ghearradh lena scian. Agus d'fheicfeadh an feirmeoir an áit a raibh sé ag obair air an chéad mhaidin.

'A Dhia na dtailte féaraigh agus na n-uiscí suaimhneacha, cad chuige a ndearna tú é?' a d'fhiafraigh David. 'Cad é an éagóir atá déanta agam? Thug mé Maria slán as an tine agus shábháil mé í le go dtiocfadh liom mo bhuíochas a ghabháil leat ... Agus ní dhearna mé gearán ar bith i rith an gheimhridh fhada

seo, agus níor iarr mé ort é a dhéanamh ní b'fhearr, cé go bhfuil dhá ghar fágtha agam ón am sin le Maria ... Caithfidh sé go bhfuil a fhios agat gur daoine olca iad an feirmeoir agus a theaghlach agus go bhfuil fuath agam orthu. Agus mheas mé gurbh fhéidir gur Tusa a réitigh go bpéinteálfadh Signora Bang pictiúr dom le go dtiocfadh liom teacht ar phictiúr na mná atá ina máthair agam. Roghnaigh mé Tusa, agus ní thig liom é sin a athrú anois, ach ba mhaith liom go mbeadh a fhios Agat go sílimse go bhfuil Tú cruálach, go díreach dála an fheirmeora anseo, agus dála Carlo, agus a mbaineann *leosan*. Agus is dócha nach gcuideoidh Tú liomsa choíche arís, má tá cuidiú éigin dlite dom, de bharr go bhfuil Tú tinn tuirseach díom. Is trua liom nár roghnaigh mé Dia ní b'fhearr. Is mise David. Áiméan.'

Mhóthaigh David beagán ní b'fhearr anois. Ba mhaith an rud é a chur de. Ansin thosaigh sé a éirí eaglach. Abair go n-éireoidh Dia iontach feargach leis nuair a cháinfi é! Abair go gcoinneodh sé cimí *a ndála féin* go díreach ... ansin b'fhéidir go dtarlódh rud olc do Maria. Ní bheadh sé ábalta mórán eile a dhéanamh ar David seachas ligean dó bás a fháil. Ó, ar ndóigh, agus ní ba mheasa ná sin: thiocfadh leis ligean dó go dtabharfaí ar ais chuig an champa agus tabhairt air dul a chónaí ann. Ach ba mheasa i bhfad é dá ligfeadh sé do rud ar bith tarlú do Maria.

Ach *b'fhíor dó* go raibh sé cruálach. D'fhan David go foighneach i rith an gheimhridh ar fad agus chuir suas le rudaí gan ghearán gan chaoineadh. Agus ansin lig Dia don fheirmeoir barra a chur trasna ar an doras,

agus ba é an oíche an t-aon am amháin a thioctadh leis éalú as an áit.

Chuir David dhá oíche luachmhara amú sula raibh a fhios aige cá háit a raibh an deacracht.

Agus ba chóir go mbeadh a fhios aige láithreach, de bharr gur inis Johannes dó tráth. Chuala siad duine de na gardaí ag cur an lochta ar neamart éigin a rinneadh sna dualgais ar gharda a dúirt ina dhiaidh go raibh an locht ar an tríú fear, agus dúirt Johannes é seo le David, ‘ná cluinim thú ag cur lochta ar dhuine éigin eile choíche. Is minic a bhíonn, ach níor chóir do chuid freagrachtaí féin a sheachaint choíche. Bíonn cuid den locht ortsa i gcónaí, fosta, agus ba chóir go n-aimseofá an locht sin agus go n-aithneofá é agus go nglacfa leis an toradh ... ní hé amháin de bharr gurb é an t-aon rud ionraic le déanamh, ach de bharr gurb é an bealach is fusa i gcónaí fosta é. Ní thig leat daoine eile a athrú, ach tig leat locht atá ort a chur ina cheart.’

D’inis sé go lom do Dhia cé air a raibh an locht! Dúirt sé go raibh Dia cruálach dála Carlo agus an fheirmeora agus na ndaoine olca uilig, agus seans nach raibh ann ach go raibh Dia ag iarraidh a thaispeáint dó go raibh cuid den locht air féin! Bhí sé féin cruálach. Níorbh é an t-aon duine amháin a d’fhan go foighneach gan gearán a dhéanamh. D’fhan Carlo fosta ... agus níor thug David faoina aird é. Ghabh Carlo a leithscéal, roinnt uaireanta, agus dhiúltaigh David maitheamh dó. Ach abair nach raibh Carlo olc i ndáiríre ar chor ar bith, abair nach raibh ann ach go raibh sé measartha bómánta ... Ní dhearna sé iarracht riamh díoltas a

bhaint amach nuair nach labharfadh David leis. A mhalairt a bhí fíor, d'inis máthair na bpáistí dá n-athair go ndearna Carlo a sheacht ndícheall éirí cairdiúil le David agus gur ghoill sé air nuair nach raibh David sásta caitheamh leis ar an dóigh chéanna.

Shuigh David siar sa dorchadas. Bheadh air éalú as an áit seo. Caithfidh sé go raibh bealach éalaithe éigin ann, agus bheadh air é a aimsiú. Chuimhnigh sé ar sheoladh an tí; thiocfadh leis litir a scríobh agus stampa a cheannach. Dá ligfeadh sé dó féin fanacht ina chime anseo, ní bhfaigheadh Carlo amach choíche gur aithin David nach raibh sé chomh holc céanna ar chor ar bith i ndeireadh na dála, ach bómánta go díreach.

Ní bheadh sé ábalta éalú amach ar an doras, ní bheadh sé sin indéanta agus bhí an fhuinneog róbheag ...

Ach mura mbeadh deifir ar an earrach a bhealach a dhéanamh aníos an sliabh, b'fhéidir go mbeadh sé ábalta leas a bhaint as an sneachta! Thiocfadh leis poll a ghearradh i mballa an stábla, sa taobh is faide ón teach le nach gcluinfadh duine ar bith é ag gabhail dó, agus ansin tollán a thochailt tríd an sneachta a bhí ina luí ina ualach ar an díon, agus imeacht leis ar an dóigh sin, píosa fada ar shiúl ón teach!

I rith na laethanta a tháinig ina dhiaidh sin bhí David chomh codlatach sa lá go ndearna sé prÁCás de gach rud. B'éigean dó fanacht múscailte le linn na hoíche le go n-éireodh lena phlean. Ar an dea-uair, foirgneamh adhmaid a bhí sa stábla. Baineadh an faobhar dá scian de réir a chéile, ach sa deireadh

d'éirigh leis poll mór cearnógach a ghearradh a bhí mór go leor le go dtiocfadh leis dul tríd.

Chuir sé na cláir scaoilte ar ais gach maidin agus chuir buicéad os a gcomhair le cinntiú nach dtiocfadh an feirmeoir ar an pholl. Thosaigh sé a thochailt amach an sneachta ina dhiaidh sin. Bhí an buicéad úsáideach agus d'fholmhaigh sé an sneachta a thochail sé amach isteach i ndabhach bia na mbeithíoch. Ba mhaith an rud é go raibh an feirmeoir chomh bómánta sin nár rith sé leis nach raibh tart ar na hainmhithe níos mó! Mar sin féin, bhí níos mó oibre ann ná mar a bhí David ag dúil leis, agus b'éigean dó beagán codlata a fháil gach oíche. Bhí eagla a chraicinn air go dtiocfadh an t-earrach go luath agus go dtosódh sé a choscairt an tsneachta, nó b'fhéidir go dtitfeadh an sneachta anuas air fiú agus é sa tollán. Bhí eagla air fosta go dtosódh an feirmeoir á cheistiú féin cad chuige a raibh David chomh tuirseach sin i rith an lae in áit a bheith ag gearán leis go díreach.

Níor leag sé lámh ar David go dtí seo. Bhuailfeadh sé lá é mura gcuirfeadh an madadh é féin os comhair David agus é ina sheasamh ag tafann. Tháinig mearbhall ar David, ach nuair a thuig sé go raibh an madadh réidh lena chosaint ar an fheirmeoir, chuaigh sé isteach sa stábla agus shíl sé deoir. Tháinig tocht air go raibh ainmhí ag iarraidh cosaint a dhéanamh air cé nach raibh sé tuillte aige, dar leis.

Ach an tráthnóna céanna sin tharla gur chuala David an feirmeoir ag insint dá bhean chéile go mbeadh orthu an duine óg a thabhairt do na póilíní de bharr go raibh an madadh faoi smacht aige.

A leithéid d'amaidí, a smaoinigh David go feargach. Ní raibh duine riamh faoi smacht aige agus ní raibh sé ag iarraidh go mbeadh. Agus dá dtarlódh sé go mbeadh, gan neart aige air, ní bhainfeadh sé úsáid as. Daoine a chur faoi smacht, an lámh láidir agus foréigean, níor smaoinigh *siadsan* ar rud ar bith eile.

Bheadh air éalú an oíche sin.

Bhí an tollán dhá oiread chomh fada agus a bhí sé féin. Ní raibh a fhios aige an raibh sé fada go leor, ach ní raibh rogha ar bith ann anois – ní raibh tuilleadh ama aige. Nuair a d'éirigh sé dorcha agus nuair a bhí an feirmeoir agus a theaghlach ag ithe a gcuid suipéir, shleamhnaigh David amach agus sháigh maide fada scuaibe tríd an sneachta ar chúl an stábla áit ar tháinig deireadh leis an tollán, dar leis. Bhí leathchuid den mhaide ag gobadh amach as an sneachta!

Chiallaigh sé sin go mbeadh sé ábalta dul tríd an oíche sin. Ach chiallaigh sé fosta dá bhfeicfeadh an feirmeoir an maide go mbeadh a fhios aige cad é a bhí ar bun ag David ...

D'fhan David agus a chroí ina bhéal aige le go gcluinfedh sé coiscéimeanna an fheirmeora agus é ag teacht leis an bharra a chur trasna ar an doras. An siúlfaidh sé thart ar an áit anois nuair nach raibh sé ag cur sneachta níos mó?

Ach chuaigh an feirmeoir caol díreach isteach arís – bhí sé go fóill iontach fuar taobh amuigh.

Throid David in éadan an taom tinnis a tháinig air – mhothaigh sé tinn i gcónaí agus eagla a chraicinn air. Ach an oíche sin ní raibh am ar bith aige le

machnamh a dhéanamh air. Ní *bheadh sé* tinn. Ach ina ainneoin sin, bhí sé ...

Bhí an madadh míshocair an tráthnóna sin. Ar dtús, luigh sé ansin ag amharc air agus é ag obair ar an tollán, a shúile ag lonrú sa dorchadas, agus ansin rinne sé iarracht cuidiú le David leis an tochailt, ag sodar soir agus siar agus ag crúbáil leis sa sneachta go díreach san áit a raibh David ag dul a chur an bhuicéid. I ndiaidh tamaill smaoinigh sé ar a dhá lapa tosaigh a chur ar an bhuicéad ionas go ndeachaigh sé isteach sa sneachta níos réidhe. Bhí an madadh ag fuarchaoineadh anois agus arís agus lean David ansin lena shúile agus é ag cuardach a bheartáin agus ag cur a chuid rudaí le chéile. Ar an dea-uair níor aimsigh an feirmeoir rud ar bith ann a shíl sé a bheadh úsáideach! Chuaigh sé tríd go mion agus chaith siar chuig David é.

Chuir David slacht air féin chomh maith agus a thiocfadh leis sa dorchadas, agus bhain an chrois a thug Maria dó agus a bhí ceangailte de chríos a bhríste le cinntiú nach gcaillfí í as aimhréidhe go cúramach. Agus é ag ceangal an tslabhra thart ar a mhuineál labhair sé go séimh leis an mhadadh, 'Caithfidh mise imeacht anois. Go raibh maith agat as mé a choinneáil chomh te sin san oíche, a Rí, ach thar rud ar bith eile as mé a chosaint *orthu*. Ní raibh a fhios agam riamh cad é mar a mhothaigh sé duine a bheith ann a bhí ag iarraidh cosaint a dhéanamh orm. Slán agat.'

Fuair sé greim daingean ar mhuineál te tiubh an mhadaidh agus chuir a cheann in éadan a chinnse, agus luigh Rí go díograiseach ar a smig é.

Ansin chuaigh David isteach sa tollán ar a cheithre boinn agus chuaigh leis go dtí gur tháinig sé ar an pholl a rinne sé nuair a bhí sé ag lúbarnaíl an mhaide scuaibe. Lean an madadh é, ach arsa David leis, ‘Ná tar, a Rí. Caithfidh tusa fanacht anseo áit a bhfaighidh tú bia gach lá. Slán agat.’

Agus leis sin bhí sé amuigh faoin aer. Bhí sé iontach, iontach fuar, ach ó bheith ag éisteacht leis an chomhrá idir an feirmeoir agus a bhean chéile fuair sé amach an dóigh le dul síos an bóthar a chas thart tríd na sléibhte, agus b’fhéidir nach mbeadh sé chomh fuar céanna ní b’fhaide thíos an sliabh anois agus an t-earrach ag teacht. Bhí mí Aibreáin ann cheana féin.

Dheifrigh David leis chomh gasta agus a raibh sé de mhisneach aige. Bhí an oíche ciúin, agus geal go leor le go dtiocfadh leis a bhealach a fheiceáil. Chuaigh uair an chloig thart agus é idir shiúl agus streachailt síos chuig an áit ar chóir don bhóthar a bheith – agus ansin chonaic sé uaidh é.

Thosaigh fir á ghlanadh le bealach a dhéanamh tríd an sneachta, ach ghlacfadh sé tamall measartha go fóill sula mbeadh carr ábalta tiomáint air. Thiocfadh le David lorg an bhóthair a fheiceáil, áfach, agus thiocfadh leis siúl gan mórán stró. Agus d’éireodh a bhealach ní b’fhusa roimh i bhfad, de bhrí go raibh a fhios aige go raibh sé thuas i gcomharsanacht ina raibh an bealach darb ainm Naomh Gotthard, agus bheadh an t-earrach ann cheana féin thíos.

D’amharc sé siar thar a ghualainn ar an sliabh bán. Bhí an geimhreadh thart sa deireadh, agus bhí an

tsaoirse aige arís. Bhí áthas air gur thuig sé an chiall a bhí leis an bharra a chur trasna ar an doras. Chuaigh gach rud go réidh ó shin. Sea, bhí rogha mhaith déanta aige i ndeireadh na dála nuair a roghnaigh sé Dia na dtailte féaraigh agus na n-uiscí suaimhneacha! Bhí sé iontach cumhachtach, agus ba chuma go raibh sé ag dúil go smaointeofá duit féin agus rud éigin a dhéanamh mar chúiteamh ar a chuidiú, ar an dóigh go dtiocfadh leat rudaí a oibriú amach.

Ní raibh a fhios ag David cá fhad a mhothaigh sé go raibh an spota dubh thuas ar thaobh an tsléibhe. Bhí sé ag teacht ionsair.

Ní raibh sé saor go fóill! Thiontaigh sé gur rith sé. Bhí an ghealach ag lonrú anois. Dá dtiocfadh leis casadh an bhóthair a bhaint amach áit a ndeachaigh sé thart ar sháil carraige, b'fhéidir go mbeadh sé ábalta poll a thochailt sa sneachta sula dtiocfadh an feirmeoir ar an láthair.

Ní raibh a fhios ag David cad é mar a d'éirigh leis é a dhéanamh. D'éirigh gach rud dubh os comhair a shúl agus é ina lúí sa sneachta.

Ansin mhúscaíl sé nuair a mhothaigh sé rud éigin te fliuch ar a aghaidh.

Níorbh é an feirmeoir é i ndeireadh na dála! Ba é an madadh é a bhí ag iarraidh dul leis!

Bhí sé ag sodar in aice leis, in amanna ag rith ar aghaidh chun tosaigh ach ag teacht ar ais i gcónaí le cuideachta a choinneáil leis, agus gach uair dá labhraíodh sé chroitheadh sé a ruball.

Bhí a anáil i mbarr a ghoib ag David, agus ba ar

éigean a thug sé faoi deara an ghoimh san aer. Ba é David é. Bhí sé saor agus bhí sé láidir. Bhí sé ar a bhealach arís, ach fios aige an t-am seo cá háit raibh a thriall. Seans go mbeadh cuid mhaith deacrachtaí roimhe sula mbainfeadh sé a sprioc amach, ach shárófaí na deacrachtaí céanna. Bhí gealltanais amháin eile go fóill le fáil ó Dhia aige, agus bhí an madadh aige a bhí ag dul leis as a stuaim féin. Bhí an geimhreadh fada thart, agus bhí sé ag dul síos le bualadh leis an earrach.

A hOcht

Bhí an t-earrach go hálainn ar fad. Bhí sé fuar go fóill an chéad oíche a chaith sé amuigh faoin spéir, ach d'aimsigh sé stábla agus chodail sé féin agus an madadh cóngarach dá chéile. Tháinig an t-earrach i ndáiríre an lá dár gcionn.

Bhí deacrachtaí aige lena chuid airgid. Bhí airgead aige go fóill ón Iodáil, de thairbhe gur shaothraigh sé cuid mhaith in Milano agus nár chaith sé uilig é sular tháinig an geimhreadh agus fágadh ina chime é ar an fheirm. Ach nuair a chuaigh sé isteach i siopa dúradh leis nach raibh maitheas ar bith lena chuid airgid san Eilvéis agus go mbeadh air é a athrú i mbanc. Bhí eagla air dul ann ar eagla gur chuir an feirmeoir na póilíní ar an eolas faoi. Ach chuaigh sé mar sin féin, de bhrí go raibh arán de dhíth air agus nach raibh Rí cleachta le bheith chomh hocrach sin.

Ach d'éirigh leis airgead a shaothrú fosta a thiocthadh

leis a úsáid san Eilvéis. Bhí an t-ádh air, de bharr nach raibh sé chomh furasta céanna dó obair a fháil i measc na nEilvéiseach – bhí cuma chomh dúrúnta sin orthu uilig, amhail is nach ndearna siad gáire riamh.

Bhí an tír s'acu go hálainn ar fad. Bhí an ghrian ag lonrú ar mhullaigh bhána na sléibhte móra a chuir dath bándearg luisneach orthu. Bhí dath glas geal ar an fhéar sna gleannta, agus bhí crainn timpeall na dtithe a bhí clúdaithe i mbláthanna bána agus bándearga. An chéad uair a chonaic David é, mhothaigh sé go raibh aoibh an gháire ar a aghaidh.

Chuir an bláth geal fínéalta Maria i gcuimhne dó. Bhí crann faoi bhláth ar na rudaí ab áille ar domhan, agus tháinig aoibh ar aghaidh David as a stuaim féin. Bhí, bhí sé maith a bheith beo.

Nuair a bhí airgead faighte aige a dtiocfadh leis úsáid a bhaint as, cheannaigh sé stampa agus clúdach. Ní raibh an litir róshlachtmhar, de bhrí gur scríobh sé í agus é ina shuí ar an fhéar agus an leabhar nótaí ar a ghlúin aige. Ach ní bheadh sé ar a shuaimhneas go dtí go mbeadh sí déanta – ní raibh sé ag iarraidh go sílfeadh Dia go raibh dearmad déanta aige ar an cheacht faoin doras a raibh barra trasna air!

Mar sin de scríobh David:

Chuir Carlo.

A Charlo, tá mé ag iarraidh a chur in iúl duit go sílim nach bhfuil tú go holc níos mó. Is féidir go bhfuil tú bómánta go díreach. Agus mar sin de ní bheidh fuath agam ort, de bharr nach bhfuil fuath

agam ar dhuine ar bith ach amháin orthu siúd atá olc. Ach má bhaineann tú úsáid as an lámh láidir choíche arís agus má fhaighim amach gur bhain, beidh fuath agam ort arís mar sin. An ndéanfadh tú mo bhuíochas a ghabháil le do thuismitheoirí as an litir a scríobh ar an pháipéar nuachta sa chéad dul síos. Chonaic mé í. Agus an ndéarfadh tú leo gur scríobh mé chugat? Abair le do thuismitheoirí agus le Andrea agus leis an bheirt óga agus le Maria. Abair le Maria ar dtús, agus abair léi go bhfaca mé crann faoi bhláth agus gur chuir sé ise i gcuimhne dom.

David

Scríobh sé ‘Carlo’ ar a chlúdach, agus ansin ainm iomlán athair na bpáistí agus ainm an bhaile a raibh an teach cóngarach dó agus sa deireadh ‘An Iodáil’. Ghlac sé am air a fháil amach an chuma a bhí ar bhosca poist san Eilvéis, ach d’éirigh leis sa deireadh.

Bhí gach rud thar barr. Ar feadh lae iomláin shiúil David de chois locha a raibh dath glas air a bhí ní ba ghlaise ná an crann ba ghlaise i measc na sléibhte arda. Bhain David an oiread sin suilt as an tsiúlóid nár bhac sé le síob a fháil. Ach is dócha go raibh fáth eile leis sin fosta, de bharr gur rud é nach raibh sé ar a shuaimhneas le muintir na hEilvéise – ní raibh an chuma orthu go raibh siad chomh cairdiúil céanna le muintir na hIodáile. Agus bhí trácht na dturasóirí uilig ag dul sa treo eile.

Mhóthaigh sé go raibh buntáiste eile leis na stáisiúin

traenach: is minic a bhí léarscáil ann a dtiocfadh leis amharc uirthi. Bhí a fhios aige go raibh air dul ó thuaidh, ach seachas sin ní raibh aige ach buille faoi thuairim den tslí a chaithfidh sé dul.

D'éirigh leis cuid airgid a shaothrú ag an stáisiún ag Lucerne. B'éigean dó tuilleadh airgid a chaitheamh anois agus an madadh le beathú aige. Bhí dóchas aige go mbeadh turasóirí ag taisteal ó thuaidh roimh i bhfad. Bhain sé cathair darbh ainm Basle amach. Bhí sé cineál as a bhealach, ach thug sé faoi deara in Lucerne go raibh cuid de Basle suite sa Fhrainc: an Fhrainc arbh as do Johannes – áit darbh ainm Alsace. Agus cé go raibh sé ag iarraidh dul ar aghaidh chomh gasta agus a thiocfadh leis, shíl sé go mbeadh air stopadh agus breathnú ar an áit.

Ach fuair sé amach go mbeadh air dul trasna abhann móire leis an Fhrainc a bhaint amach, agus rith an teorainn taobh léi tríd an bhaile. Bhí bacbhóthar ann agus saighdiúirí agus pasanna a mbeadh scrúdú le déanamh orthu – agus mar sin de ní dheachaigh David isteach chuig Alsace.

Ina áit sin ghlac sé le síob ó dhuine de mhuintir na hEilvéise, i ndeireadh na dála. D'fhág sé Basle ar an bhóthar a raibh comhartha bóthair chun na Gearmáine air. Bhí na mullaigh arda a bhí clúdaithe le sneachta fágtha ina dhiaidh aige anois, agus d'éirigh na sléibhte cruinn glas gan iad chomh hard céanna. Ach bhí an tír go hálainn ar fad go fóill, agus thaitin an chuma a bhí ar na tithe le David. Bhí siad measartha difriúil leis na cinn a bhí san Iodáil: ní raibh siad chomh hálainn

céanna, ach bhí siad an-ghlan ar fad, agus bhí cuma dheas orthu agus na boscaí fuinneog lán le bláthanna.

Ansin mhothaigh sé go raibh sé ag clái custaim eile. Bhí póilíní thart, ach ní raibh ach cúpla duine ann agus iad gnóthach ag scrúdú páipéar fir – fear ard as an Eilvéis a bhí ann agus é ag tiomáint carr mór. Mar sin de thiontaigh David isteach ar an bhóthar chúng, agus nuair a bhí sé as radharc, rith sé suas taobh an tsléibhe agus ar ais chuig an bhóthar ar an taobh eile den chlaí custaim agus isteach sa Ghearmáin.

Ní raibh sé ag siúl ach ar feadh bomaite, áfach, nuair a stop carr os a chomhair – an ceann a chonaic sé go díreach ansin ag an chlaí custaim! Bhí eagla ar David. Níor amharc sé go géar ar an fhear ní ba luaithe. B'fhéidir gur duine *acusán* a bhí ann ... cad chuige eile a stopfadh sé?

Bhí an chuma ar Rí gur mhothaigh sé an eagla a bhí air: chuir an madadh é féin os a chomhair agus é ag tafann leis an fhear.

'Bhuel, a spáilpín bhig, shleamhnaigh tú trasna na teorann go measartha éasca ansin, nár shleamhnaigh?'

Stop Rí de bheith ag tafann, agus d'amharc David suas go gasta idir an dá shúil air. Bheadh sé doiligh a rá go raibh an chuma ar an fhear go raibh sé de nós aige gáire a dhéanamh: a mhalairt a bhí fíor, bhí cuma bhuartha dhúranta air, agus cuma chineálta chairdiúil air fosta. B'fhéidir go raibh cuma chomh brónach sin air de bharr go raibh a cheannaithe leagtha amach ar dhóigh aisteach.

'Shleamhnaigh,' arsa David. Cad é eile a thiocfadh

leis a rá?

‘Hm. Cén áit a bhfuil tú ag dul, mar sin?’

‘Go Brunswick.’

‘Bhuel, níl mé ag dul chomh fada leis sin, ach tig liom síob a thabhairt duit go Frankfurt más féidir le do mhadadh é féin a iompar go maith.’

Ghabh David buíochas leis, agus dúirt gur shíl sé go suífeadh Rí go socair ach nach raibh a fhios aige go cinnte, agus rinne an tEilvéiseach gáire agus dúirt go raibh sé ionraic, cibé ar bith.

Mhóthaigh David míshuaimhneach. Ba é seo an chuid ba mheasa de: ba mhaith leis a bheith ionraic, ach mhóthaigh sé go raibh fiachadh air i gcónaí bréaga a insint. Cheistíodh daoine é, agus bhíodh air fillleadh ar an scéal a chum sé féin. Ba é a ainm an t-aon rud a raibh sé ionraic faoi, *de bhrí gurbh eisean David*, agus b’ín rud nach séanfadh sé choíche. Graf an t-ainm a bhí ar an Eilvéiseach, agus níor thaitin sé ar chor ar bith le David ag insint dó faoin sorcas agus faoin tinneas a tháinig air in Napoli. Bhí sé in éadan a thola bréaga a insint do dhuine a raibh an chuma air go raibh sé cineálta caomh.

Mhóthaigh David go raibh an bia a thug an fear dó iontach blasta. Fuair Rí rud éigin le hithe fosta, agus nuair a bhain siad Frankfurt amach (ghlacfadh sé cuid mhaith laethanta ar David an turas a dhéanamh de shiúl na gcos) thug an fear roinnt airgid do David – cúig cinn de na boinn ar bhain siad úsáid astu sa Ghearmáin: mairg an t-ainm a bhí orthu.

‘Níl mé cinnte de nach bithiúnach beag thú,’ arsa

an fear. 'Ach tá radharc soiléir i do shúil agat agus tá grá ag do mhadadh duit, caithfidh sé gur gasúr maith atá ionat cibé rud eile atá ionat. Níor rith tú ar shiúl ó do thuismitheoirí, ar rith? An fhírinne, a David!'

D'amharc David idir an dá shúil air. 'Níor rith, níor rith mé ar shiúl ó mo thuismitheoirí. Is í sin an fhírinne. Agus go raibh maith agat as an bhia a thug tú domsa agus do mo mhadadh agus as an síob chomh fada sin a thug tú dúinn.'

D'fhan an tEilvéiseach ina sheasamh ansin ag amharc air go dtí gur bhain sé coirnéal na sráide amach. Ansin thóg sé a lámh gur chroith sé leis í. Thóg David a cheann féin go héiginnte agus chroith leis í – go measartha ciotach, de bharr nár chroith sé lámh le duine riamh roimhe.

Sna laethanta ina dhiaidh sin fuair David roinnt síob, agus d'fhoghlaim Rí go raibh air a bheith ina luí go socair thar chosa David ar an dóigh nach dtiocfadh le duine ar bith a chur ina leith go raibh sé míshocair. Bhíodh daoine i gcónaí neirbhíseach leis ar dtús, de bharr go mbíodh an chuma air go minic go mbainfeadh sé greim asat, agus de bhrí go raibh sé an-mhór. Ach nuair a d'fheiceadh siad cé chomh ceansa agus a rinne sé gach rud a d'iarr David air, dhéanadh siad gáire agus thugadh siad caora in éadaí mic tíre air, de bharr go labhraíodh David go ciúin béasach leis ar dhóigh a shíl siad nárbh fhéidir labhairt le madadh. Ach ba chuma le David. Roghnaigh Rí dul leis, agus ní raibh sé ag dul a ghabháil míbhúiochais leis trí orduithe a thabhairt dó. Bhí fuath ag David féin ar na horduithe,

agus ar ghlóir arda údarásacha, agus a fhad agus a bheadh sé leis, bheadh Rí ina mhadadh saor.

Madadh cliste a bhí ann fosta. Chuala David daoine ag rá go raibh madaí 'chomh cliste céanna le duine daonna', ach shíl seisean gur amaidí a bhí ann. Madadh ba ea madadh, agus fear ba ea fear, agus ní thiocfadh leat a bheith chomh cliste le rud éigin a bhí iomlán difriúil. Ach is cinnte go dtiocfadh le madadh a bheith cliste ar dhóigh na madaí, agus bhí Rí cliste. Agus maith.

Bhí gach rud go breá ó shleamhnaigh sé ar shiúl ón fheirmeoir gur choinnigh sé cuideachta leis. Bhí amanna ann, ar ndóigh, nuair a bhíodh sé fuar ocrach; ach níor tharla a dhath a chuir eagla air, agus ní fhaca sé duine ar bith a bhí cosúil *leosán*, agus bhí a fhios aige cá háit a raibh a thriall.

Thóg sé cian de go raibh an madadh leis. Ní thiocfadh leis dreas comhrá a bheith aige leis, ar ndóigh, ach ba mhaith an rud é go raibh a fhios aige go raibh sé ann, á choinneáil te san oíche agus é i gcónaí réidh cosaint a dhéanamh air. Bhí a fhios ag David nach raibh dtiocfadh leis a bheith ag brath barraíocht ar chosaint an mhadaidh, in ainneoin go dtiocfadh leis greim a bhaint as duine, ní thiocfadh leis an ceann is fearr a fháil ar fhear – ní ar dhuine *acusán*, cibé ar bith: bhíodh airm leo i gcónaí. Ach thóg sé cian de go díreach agus fios aige go raibh sé ag iarraidh é a dhéanamh.

Bhí David leis an mheancóg a rinne sé a fhoghlaim.

B'fhéidir gur tharla sé de dheasca go raibh sé faoi bharraíocht deifre. Bhí sé ábalta a bhealach a phleanáil ó na léarscáileanna a fuair sé ag na stáisiúin traenach, agus d'éirigh sé measartha maith ag oibriú amach cá fhad a ghlacfadh bealach áirithe air lena thaisteal dá bhfaigheadh sé síob nó dá mbeadh air é a dhéanamh de shiúl na gcos. Bhí a fhios aige nach nglacfadh sé mórán laethanta eile air an Danmhairg a bhaint amach. B'fhéidir gur tharla sé fosta, de bharr go dtiocfadh leis dearmad a dhéanamh beagnach ar a chuid buarthaí anois. Bhí sé cleachta go mór leis an eagla le bheith iomlán saor uaithi, ach ní raibh sé chomh holc sin anois. De bharr go raibh sé ar intinn ag an fhear i ndáiríre go mbainfeadh sé an Danmhairg amach. Ní raibh gaiste ar bith ann. Agus níor sceith tuismitheoirí na bpáistí air ach oiread. Ní raibh ann ach an feirmeoir agus shíl David go raibh seisean róbhómanta le samhlú go mb'fhéidir gur rith David ag éalú *uathasan*.

Caithfidh sé go raibh *siadsan* go fóill sa tóir air, ar ndóigh: bhí teorainn le tionchar an fhir agus ní bheadh sé ábalta é a chosc. Ach ní raibh a fhios ag duine ar bith cá *háit* faoin spéir a gcuartódh siad é. Agus anois bhí an Danmhairg beagnach bainte amach aige – an Danmhairg agus an bhean arbh í a mháthair í.

Caithfidh sé go raibh sé ag siúl ar feadh leathuair an chloig sular mhothaigh sé go tobann go raibh eagla air agus fios aige gur chóir dó an chontúirt a aithint ní ba luaithe. Bhí sé ag éirí dorcha agus ní raibh rud ar bith eile ar a intinn aige ach áit a fháil a dtiocfadh leis dul a chodladh.

Bhí rud éigin cearr. An foirgneamh ní b'fhaide thíos an sliabh ... agus an fear a bhí ina sheasamh taobh amuigh de.

Labhair sé le Rí go séimh, i gcogar.

Bhí sé tagtha ar ais *chucusan!*

Luigh sé chomh ciúin le luchóg ar chúl toim. Ba mhaith an rud é go ndéanadh Rí i gcónaí an rud a iarradh sé air agus é ina luí chomh ciúin céanna in aice leis. Cad é mar a tharla sé? Ní raibh amhras ar bith ann: bhí sé ar ais *ina measc*. D'aithin David na comharthaí go rómhaith. Bhí sé róchleachtach leis an chuma a bhí *orthusan*. Caithfidh sé gur tharla sé nuair a d'imigh an madadh leis de rith trasna na bpáirceanna. In amanna bhíodh David ag súgradh leis an mhadadh. Ritheadh sé leis agus cloch nó maide ina bhéal aige, ag dúil go rithfeadh David ina dhiaidh. Shíl David go raibh sé gan chiall, i ndáiríre, gan é chomh greannmhar sin ach oiread, ach bhí dúil ag an mhadadh ann agus ghlacadh David páirt le é a shásamh.

Ach ba chóir go mbeadh a fhios aige go raibh rud éigin cearr chomh luath agus a chuaigh siad ar ais ar an bhóthar; ba chóir go gcuirfeadh an triúr a casadh air ar an bhealach amhras air. Bhí an chuma sin i gcónaí ar dhaoine áit ar chónaigh *siadsan* – mar a bheadh cimi i sluachampa géibhinn ann, cloíte, liath san aghaidh, eaglach; dobhronach agus tromchroíoch, amhail is go raibh dearmad déanta acu go dtiocfadh leis an saol a bheith sona, amhail is nár smaoinigh siad ar rud ar bith ar chor ar bith.

D'amharc an madadh air go fiosrach agus thosaigh

a gheonaíl go ciúin. Chuir David a lámh thar a shoc agus chuir cosc air, ach choinnigh sé air ag amharc air. Bhí an tom róthanaí, a dhuilleoga úra glasa róbheag. Rinne David dearmad ar cé chomh hálainn agus a shíl sé a bhí an t-earrach an mhaidin sin go díreach, agus a chuid duilleog beag gealghlas. Is é an t-aon smaoinemh a bhí aige anois go dtiocfadh le duine amharc tríd an tom air agus é a fheiceáil ina luí ar an talamh – agus ba é David é, gasúr a theith *uathusan*.

Bheadh liosta acu ina mbeairicí de na daoine uilig a bhí faoi amhras agus a bhí le gabháil ar an chéad amharc. Bhíodh liosta mar sin ag a ngardaí i gcónaí. Bheadh ainm le feiceáil ar an liosta sin: ‘David. Gasúr tanaí a raibh a chuid gruaige donn, a d’éalaigh as sluachampa géibhinn.’ Agus faoi cheannteideal ‘Comharthaí Sóirt’ bheadh sé seo ann: ‘Is léir ón chuma atá ar a shúile nach gnáthghasúr é ach cime go díreach.’

Mura mbeadh na fir ag caint chomh hard sin, thabharfadh siad faoi deara cheana féin é. Bhí siad i bhfad róchóngarach dó, agus ní bheadh sé ábalta éalú choíche. Fiú dá mba rud é go bhfanfadh sé go dtí go mbeadh sé iontach dorcha, chluinfadh siad é chomh luath agus a chorródh sé.

Chríochnódh a theitheadh san áit ar thosaigh sé – ag deireadh raidhfil.

Mar bhí a fhios aige nach stopfadh sé nuair a ghlaofadh siad air. Dá stopfadh sé ní scaoilfeadh siad urchar, ach cheisteadh siad é ina áit sin agus chuirfeadh ar ais chuig an champa é. Agus ansin, ba chuma cé chomh láidir sláintiúil agus a bhí sé, ghlacfadh sé am

fada air bás a fháil.

Ní stopfadh, nuair a ghlaofadh siad air, rithfeadh sé, agus ansin scaoilfí an t-urchar a raibh sé ag fanacht leis ón oíche sin nuair a shiúil sé go ciúin staidéarach chuig an chrann ar an bhealach chuig an mhianach taobh amuigh den champa. An iarraidh seo, áfach, ní bheadh sé ábalta siúl uathu go ciúin staidéarach. Bhí a fhios aige anois cé chomh hiontach agus a thiocfadh leis bheith beo, agus spreagadh an mhian ann a bheith beo é le dul ar aghaidh. Rithfeadh sé – bhí a fhios aige an méid sin. Agus d'éireodh *leosan*.

Chuimhnigh David ar an phian agus ar an saol searbh a bhí aige – agus thiocfadh leis cuimhneamh ar chuid mhór taobh istigh d'am gairid! Agus chuimhnigh sé fosta, ar na rudaí maithe uilig a d'fhoghlaim sé ó fuair sé a shaoirse – ar áilleacht agus gháire, cheol agus dhaoine cineálta, Maria, agus ar chrann faoi bhláth bándearg, ar mhadadh ag siúl taobh leis, agus ar áit a dtiocfadh leis dul ...

Bheadh an deireadh ann anois. Bhrúigh sé a aghaidh isteach i bhfionnadh fada an mhadaidh le nach gcluinfadh duine ar bith é, agus chaoin sé. Chaoin sé go measartha ciúin, ach d'éirigh an madadh míshocair agus é ag iarraidh a bheith ag geonaíl arís.

Stop David den chaoineadh. 'A Dhia,' ar seisean i gcogar, 'A Dhia na dtailte féaraigh agus na n-uicsí suaimhneacha, tá gealltanais amháin eile cuidithe fágtha agam, ach tá sé rómhall anois. Ní thig leat rud ar bith a dhéanamh faoi seo. Níl mé ag iarraidh a bheith drochmhúinte, de bharr go bhfuil a fhios agam go

bhfuil Tú iontach láidir agus go dtiocfadh Leat tabhairt ar na fir thíos ansin siúl ar aghaidh ar feadh píosa. Ach ní shiúlfaidh. Níl aithne acu Ortsa, an dtuigeann Tú, agus níl eagla orthu Romhat. Ach tá eagla orthu roimh an cheannfort de bharr go bhféachfaidh sé chuige go scaoilfear iad má fhágann siad a bpost. Mar sin de, tuigeann Tú nach dtig Leat rud ar bith a dhéanamh anois. Ach impím Ort gan smaoineamh go bhfuil mé ag cur an lochta Ortsa. Orm féin a bhí an locht nach bhfaca mé an chontúirt in am. Rithfidh mé ... B'fhéidir go bhféachfaí chuige go ndíríonn siad a gcuid gunnaí go díreach le nach mbeidh sé pianmhar sula bhfaighim bás. Tá an oiread sin eagla orm roimh rudaí atá pianmhar. Rinne mé dearmad. Níl ach gealltanais amháin eile cuidithe fágtha agam, agus is tábhachtaí go gcuideofaí leis an mhadadh éalú agus daoine maithe a aimsiú le dul a chónaí acu. B'fhéidir go scaoilfeadh *siadsan* láithreach, ach mura scaoilfeadh níl neart air: caithfidh Tú an madadh a thabhairt slán as de bharr go ndearna sé iarracht mé a chosaint tráth. Go raibh maith agat as a bheith i mo Dhia: tá mé sásta gur roghnaigh mé Thú. Anois caithfidh mé rith, nó má dhéanaim moill ní bheidh sé de mhisneach agam bás a fháil. Is mise David. Áiméan.'

Choinnigh an madadh á bhroideadh. Bhí sé ag iarraidh orthu dul siar an bealach ar tháinig siad, ar shiúl ón áit ar mhothaigh sé go raibh an chontúirt ag fanacht leo.

'Ní thig,' arsa David de chogar, 'ní thig linn dul siar – tá sé rómhall. Caithfidh tú fanacht socair, a Rí; agus

nuair a bheas mise buailte acu, is féidir go mbeidh tú ábalta éalú leat féin.'

Luigh an madadh a leiceann go díograiseach, á bhroideadh go mífhoighneach arís agus ag corraí go míshocair amhail is gur mhaith leis éirí. Bhroid sé uair amháin eile é – agus ansin d'éirigh ina sheasamh de léim sula raibh David ábalta é a chosc.

Taobh istigh de shoicind ghasta thuig David an rud a bhí an madadh a iarraidh. Níor rith sé siar an bealach ar tháinig siad. Madadh caorach a bhí ann agus mhothaigh sé an chontúirt ... bhí sé ag dul a ghlacadh áit David!

Agus é ag tafann go hard léim sé i dtreo na bhfear sa dorchadas.

'Rith!' a d'inis rud éigin taobh istigh de féin do David. 'Rith ... rith!' Ba é sin an rud a bhí an madadh ag iarraidh air a dhéanamh.

Mar sin de rith sé. Stad sé ar feadh bomaite agus ansin rith sé an méid a bhí ina chraiceann ní ba ghasta ná mar a rith sé riamh roimhe. Agus é ag rith, chuala sé na fir ag scairteadh agus ag rith fosta, ach i dtreo eile ... Bhí duine acu ag scairteadh i bpian – ansin chualathas scaoileadh an urchair agus gloimneach ard aisteach an mhadaidh.

Bhí a fhios ag David go raibh an madadh marbh.

Choinnigh sé ag rith. Bhí sé píosa maith ar shiúl anois, agus níor chuala *siadsan* é. Ach rith sé leis go dtí go raibh an pháirc mar ar fhág siad an bóthar uair an chloig roimhe giota maith ina dhiaidh. Ansin, chaith sé é féin síos i ndíog agus é ag caoineadh, agus a anáil i

mbarr a ghoib aige.

Mhóthaigh sé amhail is nach mbeadh sé ábalta stad den chaoineadh choíche. Lig Dia na dtailte féaraigh agus na n-uiscí suaimhneacha, atá chomh láidir sin go dtig leis tionchar a imirt ar smaointe duine agus ainmhí, lig sé don mhadadh rith chun tosaigh, cé go raibh a fhios aige go scaoilfí é.

‘Ó, ní cóir duit é a dhéanamh!’ bhí David ag smeacharnach leis. ‘Lean an madadh mé, ach ní raibh mé riamh ábalta aire mar ba cheart a thabhairt dó. Ní thiocfadh liom fiú a sháith bia a thabhairt dó agus b’éigean dó rudaí a ghoid le bia a fháil. Tháinig an madadh liom as a stuaim féin, agus ansin bhí air bás a fháil go díreach dá bharr sin.’

Go tobann ansin, áfach, d’aithin David nach raibh an ceart aige. Ní raibh an madadh marbh de bharr gur lean sé é. Chuaigh an madadh leis as a stuaim féin, agus fuair bás as a stuaim féin, le David a chosaint *orthusan*. Madadh caorach a bhí ann, agus bhí a fhios aige cad é a bhí sé a dhéanamh. Thaispeáin sé do David cad é a bhí sé ag iarraidh airsean a dhéanamh, agus ansin chuir sé é féin i gcontúirt in áit David de bharr go raibh sé á iarraidh sin.

Shílfeá go ndúirt a ghloimneach ‘Rith, rith!’ agus é ag léim chun tosaigh. Agus nuair a bhí David ag rith, bhí a fhios aige nár chóir dó dul ar ais le hiarracht a dhéanamh teacht i dtarrtháil air. Ní thiocfadh leis ligean do ghníomh an mhadaidh a bheith in aisce: bhí air glacadh leis. Mar sin de, thiocfadh le duine rud éigin a fháil saor in aisce i ndeireadh na dála?

Bhí David ina sheasamh sa chathair mhór agus é ag amharc thart air féin.

Bhí focail ar chomharthaí siopaí agus ar phóstaeir nach raibh sé go hiomlán ainchleachta leo, ach bhí an teanga measartha coimhthíoch a bheag nó a mhór. ‘An Danmhairg,’ ar seisean leis féin. ‘Tá mé sa Danmhairg.’

Is ar éigean a bhí a fhios aige cad é mar a bhain sé an áit amach. Ó bhí an mhaidin ann mhúscaíl sé agus fios aige go bhfuair an madadh bás ar a shon, mhothaigh sé nach ndeachaigh rud ar bith isteach ina chuid smaointe.

Fuair sé síoba an chuid is mó den bhealach, agus roinn na tiománaithe a gcuid bia leis. Bhí siad uilig buartha faoi agus dúirt go raibh an chuma air go raibh sé chomh tinn sin. Mhothaigh sé ní b’fhéarr agus é ina shuí i leoraí. Mhothaigh sé an t-am ar fad agus é ag siúl go dtiocfadh leis an madadh a fheiceáil ag rith go díreach os a chomhair, cé go raibh a fhios aige nach dtiocfadh le seo a bheith fíor.

Agus ansin bhain sé an Danmhairg amach. Tháinig sé díreach trasna na teorann. Bhí sé ag taisteal i leoraí mór agus chuir an tiománaí i bhfolach é taobh istigh de. Bhí sé in éadan an dlí, ach dúirt an tiománaí go raibh gasúir dá chuid féin aige agus nach raibh sé de chroí aige David a thabhairt do na hoifighigh chustaim agus an bhail a bhí air. Bheadh na hoifighigh cineálta go leor leis, arsa an tiománaí, ach bheadh an oiread sin páipéarachais le dul síos tríd, agus ba é an rud ba mhó a bhí de dhíth ar David ná an teaghlach ar labhair sé faoi a bhaint amach chomh gasta agus a thiocfadh leis

agus dul isteach i leaba mhaith the.

Chuaigh an tiománaí i dteagmháil le cara leis i mbaile darbh ainm Kolding a thabharfadh David ar aghaidh go Copenhagen a dúirt sé. Thosaigh David a phiocadh suas giota beag den teanga. Dúirt an bheirt fhear rud éigin faoi ‘phas nó gan phas, ní thiocfadh le rud ar bith dáiríre a bheith i leith gasúir bhig, a dhála féin, agus thiocfadh le duine ar leathshúil a fheiceáil nach mairfidh sé mórán níb’fhaide eile.’

Casadh roinnt tiománaithe de bhunadh na Danmhairge air sa Ghearmáin, fir chiúine a bhí iontu uilig gan mórán le rá acu, agus bhí siad uilig cineálta leis.

D’amharc David ar an tírdhreach agus é ag dul thart. Ní raibh sléibhte, ná aibhneacha móra ann. Bhí gach rud brúite le chéile, ach é geal agus pleisiúrtha fosta: na tithe, na daoine, na coillte, gach rud. Níor shamhlaigh David riamh go dtiocfadh leis na coillte a bheith ar an chuma seo, bhí dath geal fínéalta orthu a bhí cosúil leis an ghrian ag lonrú ar cheann de chuid gúnaí Maria. Bhí áilleacht sa Danmhairg fosta, ach í ar dhóigh eile. Ach mhothaigh sé róthuirseach le hamharc uirthi mar ba cheart.

Bhí sé ar bord loinge fosta. Cheannaigh an tiománaí ticéad dó ionas nach raibh air dul i bhfolach fiú. Nuair a tháinig siad chuig an chathair mhór darbh ainm Copenhagen, rinne David iarracht misneach a ghlacadh. Dúirt an tiománaí dá dtiocfadh le David an seoladh a thabhairt dó go díreach go bhfágfadh sé ag an áit cheart é.

Ach ní thiocfadh leis, ar ndóigh. D’inis sé don tiománaí go raibh sé ina bheartán ar chúl an leoraí. Níorbh í sin an fhírinne. Dá mbeadh a fhios ag an fhear nach raibh seoladh ar bith aige le dul chuige, d’éireodh sé amhrasach. Ba thír í seo a raibh a saoirse aici, ach ní thiocfadh leat a bheith cúramach go leor. Dá dtiocfadh siad ar ghasúr coimhthíoch nach raibh áit ar bith le dul aige, b’fhéidir go sílfeadh siad go mbeadh sé de dhualgas orthu é a thabhairt *dóibhsean*, go háirithe murar dhuine de bhunadh na Danmhairge é. Ní raibh ach rud amháin ar intinn ag David le linn na laethanta seo uilig ó fuair an madadh bás – bheadh air an bhean sa Danmhairg a bhaint amach. Dá dtarlódh sé go bhfuair an madadh bás ar a shon in aisce, b’uafásach an scéal é amach is amach, amhail is go raibh drochmheas aige ar íobairt an mhadaidh. Agus ní thiocfadh le sin a bheith amhlaidh choíche.

D’amharc David ar an tiománaí agus é ag déanamh glaoch gutháin. Chuaigh sé isteach i gcineál de bhoth bheag a bhí déanta as gloine, agus bhí leabhair ann a dtiocfadh leat na huimhreacha agus seoltaí a aimsiú de na daoine a raibh tú ag iarraidh glaoch a chur orthu. Ní raibh le déanamh aige ach sleamhnú ar shiúl nuair nach raibh an tiománaí ag amharc air agus both eile a aimsiú.

Stop siad ar chearnóg mhór, agus dúirt an tiománaí rud éigin le David a lig sé air féin nár thuig sé. Bhí an fear ag dul a cheannach rud éigin ar thug sé ‘brocaire te’ air le tabhairt dó. Chomh luath agus a d’fhág sé an leoraí thuirling David de ar an taobh eile. Bhí an

áit dubh le daoine agus bhí sé furasta go leor dó dul i bhfolach ina measc.

Ní raibh sé múinte nuair a bhí an tiománaí chomh cineálta sin leis, ach ní raibh bealach ar bith eile as. Mhothaigh David go mbeadh a chuid fuinnimh ídithe roimh i bhfad, agus sula dtarlódh sé sin bheadh air iarracht a dhéanamh an bhean a aimsiú.

Rith sé leis ó shráid go sráid, ag dul thart ar choirnéil an t-am ar fad, go dtí gur mhothaigh sé slán sábháilte. Ní raibh deacracht ar bith aige teacht ar bhoth teileafóin agus bhí na heolaithe gutháin ann agus iad uilig in ord!

Tháinig sé ar sheisear ar tugadh Hjorth Fengel orthu, ach ní raibh ach duine acu a raibh 'E' roimh an ainm. Ba é Strandvejen 758 an seoladh a bhí ann.

Caithfidh sé gur sráid fhada a bhí ann, agus shocraigh David go gcuirfeadh sé ceist cad é mar a rachadh sé chuici. Bhí neart daoine ann a thuigfeadh thú dá labharfá Béarla leo. Sheas sé ansin ar feadh bomaite nó dhó agus an t-eolaí ina láimh aige agus d'amharc thart air. Ach sula dtiocfadh leis a intinn a dhéanamh suas cé air a gcuirfeadh sé ceist, labhair bean leis. Chuir sí ceist air an dtiocfadh léi cuidiú leis ar dhóigh ar bith. D'fhreagair David go múinte i mBéarla agus thuig sí an méid a dúirt sé.

D'inis sí dó go raibh an seoladh píosa fada ar shiúl. D'amharc sí uirthi ansin agus ar sise, 'Ach tá mé féin ag dul an bealach sin. Tig liom tú a thabhairt an chuid is mó den bhealach sa charr.'

Chuir sí ceist air cár bh as é agus d'inis David di

gur Francach a bhí ann, le nach dtiocfadh leis a rá ar ndóigh nárbh as áit ar bith é. Bhí an chuma ar an scéal ansin gur mhothaigh sí go raibh sé tuirseach, mar ina dhiaidh sin is beag a dúirt sí agus bhí David ina shuí agus é ag amharc amach ar an fhuinneog. Níorbh fhada gur tháinig siad chuig an fharraige, agus shíl David go raibh sí beagnach chomh gorm céanna agus a bhí sí san Iodáil mar ar chónaigh sé i measc na gcarraigeacha. Mhothaigh sé go raibh sé sin i bhfad siar anois.

Bhí David ina sheasamh ar feadh tamaill fhada agus é ag amharc ar uimhir 758. Mhothaigh gach rud úr taitneamhach. Bhí crainn gach áit a raibh bláthanna bána, buí agus liathchorcra orthu. Bhí an ghrian ag soilsiú, bhí dath gealghlas ar na duilleoga agus dath dúghorm ar an fharraige. Bhí an Danmhairg go hálainn fosta – b'fhéidir go raibh na tíortha uilig go hálainn, áit ar bith nach mbeadh *siadsan*.

Ní raibh ach roinnt slat idir é féin agus an doras, agus go fóill féin mhothaigh David nach mbainfeadh sé amach choíche é. Ní thiocfadh lena chosa é a iompar ní b'fhaide agus bhí sé ar tí titim i laige. Mhothaigh sé le tamall fada anuas dá ndéarfadh an bhean a chónaigh ansin leis cad é ba chóir a dhéanamh agus cá háit ar chóir dó dul, go mbeadh sé ábalta glacadh leis, anois, áfach, bhí a fhios aige nach mbeadh. Dá dtiocfadh an tuar faoin tairngreacht ina chuid aislingí, thiocfadh leis dul ar aghaidh leis an saol: mura dtiocfadh, ba é seo an deireadh.

Ba í an Fhraincis an teanga ab fhearr dá raibh aige. Thóg David a bheartán, shiúil a fhad leis an doras agus

bhuail ar an chloigín. Nuair a d'oscail an bhean é, bhí a fhios aige gurbh í an bhean ar an ghrianghraf í, an bhean a bhfaca a súile an oiread sin agus a bhí ábalta aoi bh an gháire a dhéanamh go fóill.

Ansin arsa David i bhFraincis, 'a Bhean uasal, Is mise David. Is mise ...'

Ní raibh sé ábalta tuilleadh a rá. D'amharc an bhean idir an dá shúil air agus dúirt go soiléir agus go cinnte, 'A David ... Mo mhac David ...'

‘Luigh David gan corraí as i ndorchadas an champa, ag fanacht leis an chomhartha.’

‘Caithfidh tú éalú anocht,’ a d’inis an fear dó. ‘Bí i do dhúiseacht le go mbeidh tú réidh go díreach sula n-athrófar an garda. Nuair a fheicfidh tú mé ag lasadh cipín, gearrfar an sruth aibhléise agus tig leat dreapadh thar an tsreang dheilgneach - beidh leathbhomaite agat, gan aon soicind níos mó.’

Éalaíonn David as sluachampa géibhinn agus teitheann sé trasna ha hEorpa.

Tá sé leis féin go huile agus go hiomlán - cén duine a mbeadh muinín aige as nó aisti?
Cad é a bheidh ag fanacht leis sa bhaile?

Bíonn a fhios aige i dtólamh gur féidir go mbéarfaidh siad air...

Ar na leabhair is fearr do pháistí san fhichiú haois de réir vóta i mBronntaí mílaoise Keith Barker

Maisiú clúdaigh le David Kearney

Cóipcheart © Anne Holm 1963
Eagrán CCEA arna fhoilsiú 2013

